COMHAIRLE CONTAE CHIARRAI

Plean Ceantair Áitúil Cheantair Feidhme an Daingin 2012 - 2018

Aonad Polasaí Pleanala Comhairle Contae Chiarraí

Glacadh leo as 18th. Meitheamh 2012 - le héifeacht ón 16th. Iúil 2012

IMLEABHAR 1 Ráiteas Scríofa & Léarscáileanna

Clár Ábhar

Mír 1	**Réamhrá**	**1-34**
Mír 2	**Pleannanna Lonnaíochtaí**	**35-145**
	Daingean Uí Chúis	**35-64**
	Aguisín 1 Limistéar Caomhantais Ailtireachta	**65-82**
	Aguisín 2 Struchtúir Chosanta Reatha	**83-95**
	Aguisín 3 Suíomhanna Deise	**96-99**
	Daingean Uí Chúis ,Láthair – Léarscail 1	*99(a)*
	Daingean Uí Chúis ,Criosú úsáid talún - Léarscail 2a-c	*99(b)*
	Daingean Uí Chúis ,Bonneagar - Léarscail 3	*99(c)*
	Daingean Uí Chúis ,Oidhreacht Ailtireachta - Léarscail 4	*99(d)*
	Abhainn an Scáil & Léarscáil chriosaithe talún	**100-107**
	Aguisín 1 Limistéar Caomhantais Ailtireachta	**108-111**
	Baile an Fheirtéaraigh & Léarscáil chriosaithe talún	**112-118**
	Baile na nGall & Léarscáil chriosaithe talún	**119-125**
	Ceann Trá & Léarscáil chriosaithe talún	**126-130**
	Dún Chaoin & Léarscáil chriosaithe talún	**131-136**
	Lios Póil & Léarscáil chriosaithe talún	**137-140**
	An Mhuiríoch & Léarscáil chriosaithe talún	**141-145**
Mír 3	**An Blascaod Mór**	**146-164**
	Aguisín 1 Oidhreacht Seandálaíochta	**155**
	Aguisín 2 Gnáthóga & Fiadhúlra	**156**
	Aguisín 3 Taifead na Struchtúr atá Faoi Chosaint	**158-164**
	An Blascaod Mór, Hainmniúchain Reath – Léarscail 1	***164(a)***
	An Blascaod Mór , Oidhreacht Ailtireachta – Léarscail 2	***164(b)***
Mír 4	**Ceantar Tuaithe**	**165-200**
	Aguisín 1 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Molta	**183-190**
	Aguisín 2 Struchtúir Chosanta Molta	**191-195**
	Aguisín 3 Struchtúir Chosanta Reatha	**196-200**
	Criosú Ceantar Tuaithe Léarscail Ru-1	***200(a)***
	Láithreáin seandálaíochta Léarscail Ru-2	***200(b)***
	Léarscail Ru-3	***200 (c)***
Mír 5	**Ráiteas SEA**	**201-227**
Mír 6	**Ráiteas HDA**	**228-240**

RANNÁN 1

LIMISTÉAR FEIDHME AN DAINGIN
RÉAMHRÁ

1.0. Réamhrá
Ullmhaíodh Plean Ceantair Áitiúil Limistéir Fheidhme an Daingin de réir fhorálacha an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010.

Beidh Plean Ceantair Áitiúil ag teacht le cuspóirí an Phlean Forbartha Contae agus beidh ráiteas scríofa agus plean nó pleananna ann a mb'fhéidir go n-áireofaí iontu:

- Cuspóirí maidir le criosú talún le húsáid d'aon toisc nó go príomha ar cheantair ar leith d'fheidhmeanna ar leith,

- Cuspóirí eile de réir pé sonraí a shocródh an tÚdarás Pleanála do phleanáil ceart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann sé ar a n-áirítear sonraí ar áiseanna agus conláistí pobail agus ar chaighdeáin do dhearadh na bhforbairtí agus na struchtúr.

Fanfaidh an plean seo i bhfeidhm do thréimhse suas le 6 bliana ón dáta ar a nglactar leis, mura gcuireann an tÚdarás Áitiúil athbhreithniú ar an bPlean siar de réir Ailt 12 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010.

Is é atá i Rannán 1 den Phlean seo ná réamhrá ar Limistéar Feidhme an Daingin ina bhfuil an straitéis fhoriomlán a sholáthraíonn ráiteas soiléir, comhtháite ar pholasaithe agus chuspóirí ar gá iad a chur i bhfeidhm d'fhonn soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe.

Is é atá i Rannán 2 ná polasaithe agus léarscáileanna criosaithe do lonnaíochtaí móra Dhaingean Uí Chúis, Abhainn an Scáil, Bhaile an Fheirtéaraigh agus Cheann Trá, le teorainneacha sainithe do gach lonnaíocht ar leith. Tá polasaithe ann maidir le forbairt inbhuanaithe na lonnaíochtaí níos lú atá scaipthe is iad sin An Mhuiríoch, Baile na nGall, Dún Chaoin agus Lios Póil.

Is é atá i Rannán 3 ná polasaithe d'fhorbairt inbhuanaithe agus chaomhnaithe don Bhlascaod Mór. Déanfar forbairt laistigh de theorainneacha na lonnaíochtaí de réir Chuspóirí Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 chomh maith le haon chuspóirí sonracha a bheadh in aon phlean lonnaíochta ar leithligh. Baineann aon chuspóirí nó polasaithe a bhíonn in aon phleananna lonnaíochta ar leithligh le lonnaíochtaí ar leithligh agus níl sé ar intinn ná i gceist go mbeadh baint acu le haon tailte lasmuigh de na teorainneacha forbartha a bhíonn sainithe.

Tá na polasaithe agus criosú na dtailte lasmuigh de theorainneacha na lonnaíochta, faoi mar atá sainithe ar na léarscáileanna i Rannán 2, i bPlean Forbartha contae 2009-2015 le roinnt cuspóirí sonracha sa bhreis do cheantair thuaithe i Rannán 4 den phlean seo. Cé go gcaithfidh cuspóirí an Phlean Ceantair Áitiúil teacht le cuspóirí an Phlean Forbartha Contae, má bhíonn débhrí i gceist in aon chás, beidh tosaíocht ag forálacha, polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae.

Is í aidhm fhoriomlán an phlean seo ná creat cuimsitheach pleanála áitiúil a sholáthar do limistéar feidhme an Daingin a leagann polasaithe agus cuspóirí amach go soiléir dá fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe. Nuair a thógtar i bpáirt leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnach agus an Plean Forbartha Contae é críochnóidh sé an creat pleanála don cheantar. Leagfaidh an plean amach go soiléir na polasaithe agus na cuspóirí d'fhorbairt inbhuanaithe gach lonnaíochta agus déanfar fís an Údaráis Phleanála don cheantar soiléir d'úinéirí talún, d'fhorbróirí agus don phobal i gcoitinne.

Agus polasaithe agus cuspóirí an phlean seo á gceapadh thóg an t-údarás pleanála ceann de na doiciméid seo a leanas:

- Plean Forbartha Náisiúnta (2007 – 2013)
- Straitéis Spáis Náisiúnta (2002 – 2020)
- Forbairt Inbhuanaithe – Straitéis d'Éirinn 1998
- Treoirlínte Pleanála na Roinne
- Meitheal Chiarraí
- Plean Forfheidhmithe Dhearbhaithe Barcelona
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha an Iardheiscirt 2010-2022
- Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015
- Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála; Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an RCORÁ. (2008)
- Plean Bainistíochta don Bhlascaod Mór 2004
- Beartas Forbartha Údarás na Gaeltachta 2005-10
- Staidéar Teangeolaíochta na Gaeltachta
- An Daingean, Ráiteas Dearaidh Céim 1 & 2 (2006, 2009)
- Cuan an Daingin, Staidéar um Scóip Acmhainne (2002)
- An Daingean; Plean Bainistíochta Tráchta (2008)
- RCORÁ Ciorclán PSSP6/2010 Treoir Creat Uisce an AE
- An Plean Bainistíochta um Abhantrach an Iardheiscirt
- An Clár um Ghnímh i leith Uisce Cósta agus Idirchriosach
- An Creat Polasaí Náisiúnta Rothaíochta
- *Straitéis Spásúil agus Pleanáil Bóithre Náisiunta, RCPRA 2012*

Tá dualgas ar an gComhairle, agus a feidhmeanna á gcomhlíonadh, ceann a thógáil de pholasaithe agus treoirlínte an rialtais, agus is laistigh de chomhthéacs na ndoiciméad seo a dhéantar forbairt ar pholasaithe áitiúla.

De réir na reachtaíochta, caithfidh pleananna ceantair áitiúil teacht le forálacha agus polasaithe an Phlean Forbartha Contae.

Ar an gcuma chéanna caithfidh Pleananna Forbartha Contae teacht le forálacha agus polasaithe na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha. Freastlaíonn seo ar aistriú comhréireach, comhleanúnach ar straitéisí pleanála d'ord níos airde ó leibhéal réigiúnach go leibhéal áitiúil agus cinntíonn sé go n-oibríonn polasaí ag gach leibhéal leis na spriocanna straitéiseacha níos leithne don réigiún a bhaint amach.
Tá straitéis i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 maidir le pleananna ceantair áitiúil a ullmhú a roinneann an Contae ina limistéir fheidhme bunaithe ar a rólanna straitéiseacha agus soláthar seirbhíse dá gcúlchríocha. Is é Mol Thrá Lí Chill Airne, sonraithe faoin Straitéis Spáis Náisiúnta, an pointe fócasach d'fhorbairt an Chontae i gcomhthéacs Náisiúnta, agus tá sé ar cheann de na Tairsigh agus na Moil ar fud an Chontae atá aitheanta maidir le cothromaíocht fhorbartha réigiúnach a chur chun cinn. De réir fhorálacha Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015, is Príomhlimistéar Feidhme é an Daingean.

Sa **Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN),** tá an Limistéar Feidhme suite laistigh de Cheantar Éagsúlaithe, atá sainmhínithe san SSN mar seo a leanas:-

Tá ceantair, ar an gcósta thiar ach go háirithe, a raibh rath ar a n-éagsúlú le blianta beaga anuas. Tá athstruchtúrú a ngeilleagar bunaithe ar ghníomhaíochtaí éagsúla eacnamaíochta a fhorbairt. Go traidisiúnta bhí na heacnamaíochtaí seo ag brath den chuid is mó ar an earnáil talmhaíochta. Ar bhonn thorthaí dhaonáirimh 2002, tá méadú ar dhaonra a lán de na ceantair seo ó 1996. Ar a shon sin, ba chóir do na húdaráis áitiúla bainistiú cúramach agus cothabháil a dhéanamh ar an bpróiseas éagsúlaithe seo sa todhchaí trí dhíriú ar chaomhnú a dhéanamh ar tharraingteacht na tírdhreacha agus dreach bhailte an cheantair a thacaigh leis an bpróiseas éagsúlaithe sa chéad áit. Is féidir leis na húdaráis áitiúla an ról seo a chomhlíonadh tríd an gcóras pleanála le díriú ar a chinntiú go mbíonn forbairt nua ar an gcaighdeán is airde maidir le dearadh agus láthair.

Sna **Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (TPRanna)** tá Limistéar Feidhme an Daingin suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéiseach an Iarthair, fig 1. I Rannán 4.3.5 deirtear: "*Cur chuige níos cothroime maidir le forbairt d'fhonn pobail bheoga tuaithe a choimeád, le leibhéal comhionann fáis uirbeach agus tuaithe. Sna bailte den réigiún lasmuigh den Tairseach agus na moil, beidh fás measartha daonra ag teacht le deiseanna fostaíochta áitiúla*".

Sa Straitéis Lonnaíochta Réigiúnach (féach Tábla 4.7 den TPR) is í an phríomhaidhm do bhaile an Daingin agus don limistéar feidhme ná iad a neartú agus fás inbhuanaithe a spreagadh i bhforbairt gheilleagrach dhúchasach, fad atá leibhéil oiriúnacha fáis inbhuanaithe ceadaithe sna príomh-shráidbhailte agus sna lonnaíochtaí beaga.



Figiúr 1.1: Ceantair Phleanála Straitéiseacha agus na príomhlonnaíochtaí i Réigiún an Iardheiscirt

Croístraitéis

Ordaítear in Alt 7 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010 go gcaithfidh croístraitéis *ar bhonn fianaise* a bheith sna pleananna forbartha, ar aidhm di Straitéis Spáis meán agus fadtéarma cainníocht-bhunaithe a chur in iúl. Dearbhphrionsabal lárnach den chroístraitéis is ea cloí le **spriocanna daonra Náisiúnta agus Réigiúnacha, le hordlathais lonnaíochta uirbigh agus forbairt inbhuanaithe tuaithe.** Soláthraíonn an Croístraitéis faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha contae creatpholasaí do chriosú úsáide talún ag leibhéal áitiúil chomh maith le ceisteanna eile polasaí. Tá an straitéis sonrach maidir le spriocanna daonra agus le riachtanais tithíochta a leagan síos. Ceadaíonn seo measúnacht chruinn ar an méid talún atá ag teastáil le freastal ar na spriocanna daonra.

Tá an Plean don Limistéar Feidhme de réir na Croístraitéise i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15 atá dá réir ag teacht leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha an Iardheiscirt 2010-22 maidir le tacú le forbairt chothromúil ar fud an Chontae. Tá forfheidhmiú na Croístraitéise indéanta de bharr:

- An Struchtúr Lonnaíochta a shainmhíníonn ordlathas na lonnaíochta agus a thugann le fios conas ba chóir fás an daonra sa todhchaí a leithdháileadh ar fud an Chontae agus an limistéir fheidhme.

- Na Riachtanais Talún Forbartha ina dtugtar imlíne ar na treoirphrionsabail agus ina leagtar amach polasaithe straitéiseacha maidir le criosú talún chun cónaithe agus d'úsáid eile le linn saolré an Phlean.
- An Creat Spásfhorbartha (faoi mar atá leagtha amach sa PFC) a leagann amach polasaithe straitéiseacha ar láthair forbartha cónaithe agus bainteach le fostaíocht, creat iompair agus cáilíocht comhshaoil.

Tá tacaíocht ag an bPlean Limistéir Fheidhme ó pholasaithe straitéiseacha forbartha geilleagracha, polasaithe tithíochta tuaithe agus na polasaithe straitéiseacha a bhaineann le hiompar agus infrastruchtúr faoi mar atá sonraithe sa Phlean Forbartha Contae.

Úsáideadh réamhfhigiúirí ó dhaonáireamh 2011 mar is dóigh linn gur figiúirí cruinn reatha iad siúd seachas mar a bhí in úsáid sa Straitéis Lárnach. Ina dhiaidh sin meastar na spriocanna daonra chomh fada le 2017 de réir an ráta fáis a bheartaítear sna RPG. Leirítear an méid sin go léir i dTábla 1.1 agus 1.2.

Socraíodh leithdháileadh an spriocfháis daonra ar fud an limistéir fheidhme de réir na Croístraitéise agus an ordlathais lonnaíochta go dtí Daingean Uí Chúis agus na lonnaíochtaí níos lú agus na ceantair thuaithe.

Soláthraítear tuilleadh sonraí ar an straitéis fáis do Limistéar Feidhme an Daingin agus na lonnaíochtaí ar leithligh i Rannán 1.6.3 de Straitéis Fáis an phlean.

FIG. 1.2 ORDLAITHEAS NA BPLEAN



TABLE 1.1 POPULATION AND GROWTH TARGETS 2011 - 2017

SOUTH WEST REGION POPULATION 2011 663,176	**SOUTH WEST REGION** POPULATION 2017 732,325
COUNTY KERRY POPULATION 2011 145,048	**COUNTY KERRY** POPULATION 2017 160,641
TRALEE KILLARNEY HUB POPULATION 2011 35,307	**TRALEE KILLARNEY HUB** POPULATION 2017 40,252
BALANCE OF COUNTY POPULATION 2011 109,741	**BALANCE OF COUNTY** POPULATION 2017 120,389

Table 1.2 FUNCTIONAL AREA POPULATION TARGETS

2011	2017
WIDER HUB AREA 79843	WIDER HUB AREA 89067
DINGLE 7026	DINGLE 7733
CAHERCIVEEN 5074	CAHERCIVEEN 5571
CASTLEISLAND 9976	CASTLEISLAND 10913
KENMARE 6325	KENMARE 7084
KILLORGLIN 7866	KILLORGLIN 8573
LISTOWEL 16479	LISTOWEL 18143
BALLYBUNION 2687	BALLYBUNION 3006
CASTLEGREGORY 2069	CASTLEGREGORY 2230
RATHMORE 4407	RATHMORE 4768
SNEEM 1244	SNEEM 1341
WATERVILLE 2052	WATERVILLE 2212

1.1 Limistéir Fheidhme agus Rólanna Comhfhreagracha

Agus an Plean Forbartha Contae á ullmhú, déanadh anailís ar fheidhmiúlacht an Chontae agus aithníodh ceantair ar bhonn soláthair seirbhíse na bpríomhbhailte, a réimse tionchair agus a ról straitéiseach i bhforbairt an chontae. Aithníodh an daingean mar cheann de na sé phríomhlimistéar feidhme.



Fig 1.3: Limistéir Fheidhme an Phlean Ceantair Áitiúil de réir Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015

1.2 Príomhlimistéir Fheidhme

Soláthraítear seirbhísí d'ord níos airde ar na ceantair seo ó phríomhlonnaíocht / baile ceantair (Daingean Uí Chúis) mór a síneann a réimse tionchair thar achar leathan geografach. Tá ról straitéiseach ag Daingean Uí Chúis i bhfreastal ar na ceantair thuaithe chomh maith le tacú le agus tiomáint a dhéanamh ar gheilleagar tuaithe an Chontae. Feictear go bhfeidhmeoidh an baile mar phointe fócasach do chruthú jabanna sa todhchaí laistigh d'achar inbhuanaithe comaitéireachta dá ndaonra. .

Is é an straitéis don phríomhlonnaíocht (Daingean Uí Chúis) sa Phríomhlimistéar Feidhme seo ná:

- An soláthar seirbhíse reatha a choimeád agus a mhéadú d'fhonn taca a chur le hinmharthanacht na gcúlchríocha tuaithe.
- Feidhmiú mar phríomhionad fostaíochta don cheantar.
- Feidhmiú mar phointe fócasach don infheistíocht atá riachtanach do neartú an cheantair.

Tá tacaíocht ag Daingean Uí Chúis ó thrí lonnaíocht níos lú, is iad sin Abhainn an Scáil, Baile an Fheirtéaraigh agus Ceann Trá, le teorainneacha sainithe do gach lonnaíocht ar leith. Freastlaíonn na sráidbhailte seo ar riachtanais laethúla a gcúlchríocha.

Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh na lonnaíochtaí seo an daonra agus na seirbhísí atá iontu agus go bhfeidhmeoidís mar lonnaíochtaí idirmheánacha idir na cónaitheoirí tuaithe agus na bailte níos mó.

Is é príomhlimistéar feidhme na straitéise do na lonnaíochtaí beaga (An Mhuiríoch, Baile na nGall, Dún Chaoin agus Lios Póil) ná:

- A chinntiú go gcoimeádann siad an leibhéal reatha soláthair seirbhíse agus go dtagann forbairt orthu ar bhealach inbhuanaithe mar lonnaíochtaí tarraingteacha ach go gcoimeádfaidís a saintréithe reatha.
- Soláthar infreastruchtúir a chinntiú d'fhonn a rólanna a dhaingniú ar bhealach inbhuanaithe



Fig1.4: Limistéar Feidhme an Daingin ag léiriú lonnaíochtaí agus fairsinge an cheantair thuaithe

1.3 Ceisteanna Straitéiseacha

Tá sainmhíniú ar choincheapa nascachta, mais chriticiúil agus acmhainneachta sa Phlean Forbartha Contae. Is deacair é **Acmhainneacht** cheantair, na bacanna ar fhorbairt agus riachtanais an cheantair lena acmhainneacht a bhaint amach a aithint, agus réimse leathan grúpaí eacnamaíochta agus cultúrtha i gceist ann. Tá gá le comhordú idir na hearnálacha éagsúla seo d'fhonn cur chuige comhtháite, comhordaithe a fhorbairt maidir le hacmhainn an limistéir fheidhme a bhaint amach.

Ceann de na príomhdheacrachtaí atá ag an gcontae ná a **imeallacht,** ina theannta sin, tá sráidbhailte Phlean Ceantair Áitiúil Limistéir Fheidhme an Daingin imeallach laistigh den Chontae. Ceaptar go mbeidh leibhéal an tsoláthair seirbhíse laistigh de Lonnaíochtaí Chiarraí thiar ag teacht le méid na lonnaíochtaí agus an daonra seirbhísithe. Go sonrach, freastlófar ar an éileamh ar sheirbhísí d'ord níos airde sa chéad áit i nDaingean Uí Chúis agus ansin ar mhéadú ar sholáthar seirbhíse laistigh d'ionaid Réigiúnacha Thrá Lí agus Chill Airne.

Coimeádfaidh mais chrititciúil an daonra laistigh den cheantar réimse méadaithe seirbhísí agus áiseanna rud a chuirfidh le dóchúlacht níos mó infheistíochta isteach. Tá sé tábhachtach, mar sin, go soláthrófaí **nascacht** idir Lonnaíochtaí Chiarraí thiar agus an Mol, d'fonn éascú a dhéanamh ar rochtain ar na seirbhísí seo.

Tá '**Nascacht**' ar cheann de na príomhchoincheapa a bhfuil imlíne tugtha air sa Straitéis Spásúlachta Náisiúnta. Is é sin go bhfuil an nascacht iomchuí le Mol Thrá Lí Chill Airne i gcomhthéacs iompair, dea-nasc leathanbhanda i gcomhthéacs teilechumarsáide agus an eangach náisiúnta i gcomhthéacs fuinnimh. Le hamanna taistil timpeall 40 agus 50 noiméad faoi seach is iad na príomhnascanna bóthair idir Daingean Uí Chúis agus an Limistéar Feidhme go dtí Mol Thrá Lí – Chill Airne ná an N86 (Trá Lí go dtí Daingean Uí Chúis) agus an R561 & R563. Tá na bóithre seo aitheanta mar chonairí straitéiseacha / idir-réigiúnacha sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha reatha don Réigiún Thiar Theas (2010-2022). Tá an R561/563 aitheanta mar bhóthar straitéiseach i dTábla 5.1 den doiciméad seo agus léiríonn Figiúr 5 den doiciméad sin an N86 mar chonair thábhachtach idir-réigiúnach. Tugtar faoi deara go bhfuil pleananna atá beagnach críochnaithe ann le huasghrádú a dhéanamh ar an N86 idir an Cam agus Abhainn an Scáil. Tacaíonn an plean seo le prionsabail a leithéid de thograí, a laghdódh amanna turais idir an Limistéar Feidhme agus Mol Thrá Lí – Chill Airne agus Aerfort Chiarraí ag An bhFearann Fuar, ar aerfort idirnáisiúnta é a bhfuil tábhacht réigiúnach leis, faoi mar atá aitheanta sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha reatha don Iardheisceart (2010-2022).

Tá tábhacht ar leith straitéiseach do phlean an limistéir fheidhme le láthair an chalafoirt / an chuain i nDaingean Uí Chúis. Tá an áis seo aitheanta in S5.5.12 de na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha reatha don Iardheisceart (2010-2022) mar chalafort / chuan a bhfuil tábhacht réigiúnach leis. Tá a lán feidhmeanna ag an gcalafort / gcuan ar a n-áirítear iascaireacht, fóillíocht mhara agus turasóireacht.

D'fhonn go soláthródh an limistéar réimse áiseanna agus seirbhísí atá ag teastáil ón daonra, caithfidh sé leibhéal áirithe daonra a bhaint amach agus a choimeád. Beidh éagsúlacht ag baint leis an **mais chriticiúil** den daonra ag brath ar leibhéal na seirbhísí a bhíonn ag teastáil, i dtreo is go bhfuil an mais chriticiúil atá riachtanach go gcoimeádfaí seirbhísí traidisiúnta shráidbhaile beag éagsúil leis sin do bhaile níos mó. Sa tréimhse 2006-2011, tháinig laghdú beag ar dhaonra an ionaid cheantair, sráidbhaile agus sráidbhailte beaga/nóid fhorbartha Limistéir Fheidhme an Daingin.

Fig 1.5 Céatadán an athraithe daonra 2006 – 2011 (SOÉ)

Tá a lán den fhás a bhfuiltear ag súil leis do cheantar an phlean ag brath ar inimirce. Is gá do lonnaíochtaí limistéir Fheidhme an Daingin, mar sin, cúiseanna a aithint maidir le cén fáth a bhfuil sé níos fearr lonnú ansin seachas i gceantair eile atá in iomaíocht leis. Is é an príomhthosca atá inaitheanta go héasca ná "**Cáilíocht na Beatha".** Tá fáil éasca ar thimpeallacht ghlan, áiseanna maithe oideachais, seirbhísí maithe sláinte, áiseanna sóisialta agus cultúrtha agus conláistí ardchaighdeáin. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de na sóchmhainní seo agus caithfear leanúint le hiarrachtaí cáilíocht na n-áiseanna a choimeád agus a fheabhsú agus gan ach forbairtí de chineál inbhuanaithe a éascú.

Laistigh den Chontae, aithnítear Trá Lí agus Cill Airne mar phríomhláithreacha miondíola laistigh den Ordlathas Miondíola. Is amhlaidh go leanfar leis. Socrófar láthair forbartha miondíola laistigh de lonnaíochtaí ag tógáil ceann de **inmharthanacht, beogacht agus tathag** lár an bhaile chomh maith le haon srianta infreastruchtúir nó achar urláir a thiocfadh chun cinn.

Forbraíonn lonnaíochtaí de ghnáth mar fhreagra ar a dtréithe, a srianta agus a gcomhshaol nádúrtha. Tá na bailte agus na sráidbhailte ar fud an Chontae tar éis teacht chun cinn ar an mbealach sin. Srian amháin a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis is ea an cumas ar eisilteach cóireáilte a dhiúscairt. Níl aon chroí sainithe sráidbhaile i gcuid mhór de na lonnaíochtaí ar fud an limistéir fheidhme agus dá réir sin is beag acmhainne atá iontu le heisilteach cóireáilte a dhiúscairt. Ceaptar gur chóir go gcoimeádfadh a leithéid de lonnaíochtaí a saintréithe agus a bpatrún lonnaíochta reatha.

De bharr an riocht atá ar an ngeilleagar faoi láthair, tá mórán limistéar den Chontae ann a raibh tionchar ag **dídhaonrú tuaithe** orthu. Caithfear polasaithe a fhorbairt le neartú na lonnaíochtaí sna ceantair seo a chur chun cinn le feidhmiú mar chatalaíoch dá n-athspreagadh agus na coinníollacha agus an timpeallacht d'fhás daonra a chruthú. Ba chóir go ndíreodh na polasaithe seo ar chomhábhair d'fhás sna lonnaíochtaí níos mó a sholáthar ar dtús. Ba chóir go bhfeidhmeodh na lonnaíochtaí seo mar phointe fócasach d'fhorbairt infrastruchtúir, fás daonra agus soláthar seirbhíse, agus gurb é aidhm na lonnaíochtaí beaga comhdhlúthú a dhéanamh ar a bpatrún lonnaíochta agus a gcáilíochtaí agus a saintréithe bunúsacha a choimeád.

	Na Gleannta	Ceann Trá	Dún Chaoin	Daingean Uí Chúis	Cill Chuáin	Dún Urlann	Cill Maoil chéadair	Baile an Bhóthair	Baile na Cúirte	Cinn Aird	An Mhin Aird	Márthain	Iomlán
2002	1471	460	212	1647	453	422	549	421	219	366	383	243	6846
2006	1496	413	159	1775	462	455	508	509	226	381	387	276	7047
2011	1816	415	172	1488	443	432	476	531	268	355	388	242	7026

Tábla 1.3 Daonra na dToghcheantar do Limistéar Feidhme iomlán an Daingin (SOÉ)

Tá rath na gcéimeanna a bhfuil imlíne orthu sa phlean ceantair áitiúil seo ag brath den chuid is mó ar fhás daonra atá ann féin ag brath go mór ar chruthú fostaíochta. Le blianta beaga anuas tá an limistéar feidhme tar éis forbairt a dhéanamh ar roinnt tionscal inbhuanaithe de chineál tinteáin / micrithionscal bunaithe ar bhia agus ceardaíocht agus margaí eile nideoige. Is sár-láthair é Limistéar Feidhme an Daingin, lena aeráid séimh, íomhá glan/glas, daoine cruthaitheacha agus spiorad fiontraíoch, do bhunú agus d'fhás a leithéid de thionscail. Beidh an tÚdarás Pleanála gníomhach ag éascú forbartha inbhuanaithe na dtionscal seo ag láithreacha iomchuí laistigh de cheantar an phlean.

Ag micrileibhéal ceaptar go bhfuil jabanna teicneolaíochta agus déantúsaíochta riachtanach d'fhonn fritháireamh a dhéanamh ar an gcaillteanas fostaíochta a tharla le déanaí san earnáil tógála, agus le deiseanna a bheadh níos fearr b0fhéidir le fostaíocht a sholáthar ná turasóireacht, atá séasúrach, iomaíoch agus an-íogair i dtaobh imeachtaí idirnáisiúnta. Tá dúshlán ag baint le tionsclaíocht a mhealladh chun na Gaeltachta, go háirithe de bharr go gceaptar iad a bheith imeallach agus lag ó thaobh infrastruchtúir. Bunaíodh réimse leathan tionscal, cuideachtaí agus **deiseanna fostaíochta** áfach, ar fud Ghaeltachtaí Chiarraí. Thug Údarás na Gaeltachta cúnamh do mhórán de na fiontraíochtaí seo.
Tá an tÚdarás tar éis bonneagar agus áiseanna mar eastáit tionscail/páirc gnó a fhorbairt in áiteanna éagsúla sa cheantar: Baile na Buaile, Baile an Mhuilinn, An Choill, Cúilín, An Ghlaise Beag, Baile an Fheirtéaraigh, Baile an Éanaigh agus Baile an Ghóilín chun gnó a mhealladh isteach sa cheantar agus chun cabhrú le forbairt tionscal dúchasacha na háite. Tá na háiseanna úd ríthábhachtach ó thaobh cruthú fostaíochta de agus aithníonn Comhairle Contae Chiarraí pobal tuaithe inmharthana ar an gculráid agus aithnítear go mba chóir féachaint ar láithreacha áirithe sna ceantair nach bhfuil ainmnithe mar shaincheantair i dtreo forbairt oiriúnach gnó a spreagadh de réir gá.

Le fás fadtréimhseach na lonnaíochtaí seo a bhaint amach, is gá timpeallacht tarraingteach ardcháilíochta a nascadh le deiseanna fostaíochta má táthar le teacht i dtír ar an acmhainn atá ann maidir le cáilíocht na beatha. Tá méadú ag teacht ar an mbrú iomaíoch ó na margaí domhanda, go háirithe maidir le ceisteanna saothair. Feictear go bhfuil soláthar **tionsclaíochta ard-bhreisluacha faisnéise bhunaithe / Tionsclaíocht Chruthaitheach** mar chuid shuntasach de sholáthar fostaíochta inbhuanaithe sa réigiún.
Caithfear an coincheap seo a nascadh le cothú na tallainne dúchasaí le táirgí a sholáthar atá sainiúil don cheantar agus **teacht i dtír ar thallann chruthaitheach áitiúil.**

Clúdaíonn **Gaeltacht Chorca Dhuibhne** réimse fairsing laistigh de Limistéar Feidhme an Daingin agus is cuid thábhachtach é de thraidisiún teanga, sóisialta agus cultúrtha an chontae. Tá saibhreas sa cheantar seo freisin ó thaobh nósanna traidisiúnta, béaloideas, scríbhneoireacht agus suíomhanna stairiúla agus seandálaíochta. Caithfear gach iarracht a dhéanamh ar thraidisiúin na Gaeltachta a chaomhnú agus a choimeád.

Tháinig laghdú ar líon iomlán na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil idir 2002 agus 2006. Mar chéatadán de dhaonra na Gaeltachta tá sé laghdaithe go 35.1%. Mar tháscaire ar neart na teanga sa todhchaí, tá % an daonra ina tháscaire níos fearr ná na figiúirí iomlána. Faoi mar a laghdaíonn an céatadán, méadaíonn ar an mbrú seachtrach ar an teanga. Údar imní is ea sa treocht seo

	Na Gleannta	Ceann Trá	Dún Chaoin	Daingean Ui Chúis	Cill Chuáin	Dún Urlann	Cill Maoil chéadair	Cinn Aird	An Mhin Aird	Márthain	Iomlán
2002	584	249	132	385	317	317	417	140	163	161	2865
%	39.7%	54.1%	62.3%	23.3%	75.1%	75.11%	75.9%	38.2%	42.5%	66.2%	46.7%
2006*	355	162	89	282	289	273	277	86	151	111	2075
%	32.2%	49%	74%	15.8%	62.6%	71%	63%	24%	39%	62%	35.1%

Tábla 1.4 % den daonra a labhraíonn Gaeilge go laethúil i dToghcheantair Ghaeltacht Chiarraí

***Nóta : baineann le haois 3+, gan an córas oideachais a chur san áireamh. Féach SOÉ**

***Nóta: tá Baile an Bhóthair agus Baile na Cúirte suite i Limistéar an Phlean ach níl siad sa Cheantar Gaeltachta**

Ba é céatadán na gcainteoirí laethúla i nGaeltacht Chiarraí i 1996 ná 57.4%, i 2002 60.4% a bhí ann agus i 2006 ní raibh ann ach 44%.



Léarscáil 1.6 An Ghaeltacht

Tá **oidhreacht chultúrtha** leithinis Chorca Dhuibhne an-láidir. Tugann a tírdhreach, béaloideas, stair, seandálaíocht, ceol, éagsúlacht teanga agus litríochta cáilíocht sainiúil don cheantar agus féiniúlacht nach bhfuil le fáil in áiteanna eile sa Chontae ná ar fud na tíre. Is seoid sainiúil cultúrtha atá sa cheantar ar gach slí agus caithfear gach iarracht a dhéanamh traidisiún na Gaeltachta a choimeád agus a chaomhnú. Aithnítear an ceantar ach go háirithe as ucht a **oidhreacht teanga,** toisc é a bheith ar cheann de na ceantair atá fágtha sa tír mar a bhfuil an Ghaeilge á labhairt. Tá an-tábhacht ag baint le caomhnú na Gaeilge don cheantar agus don Chontae ar fad.

Tá tionchar suntasach ag an mBlascaod Mór ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Samhlaítear an t-oileán le fada an lá le croí na Gaeilge agus an chultúir agus é mar cheann scríbe go traidisiúnta ag turasóirí agus ag mic léinn ar shuim leo staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, ar chultúr agus ar scéalta an cheantair.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh de thábhacht na turasóireachta don cheantar. Tá cáil dhomhanda ar Dhaingean Uí Chuis agus ar leithinis Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe turasóireachta le radharcanna tíre den scoth, sráidbhailte sainiúla agus oidhreacht (nádúrtha, tógtha agus cultúrtha) a bhfuil suntas idirnáisiúnta ag baint léi. Dá réir sin, beidh torthaí tábhachtacha straitéiseacha ag tionscal na turasóireachta sa todhchaí ar fhorbairt sa todhchaí. Caithfear **fás turasóireachta** a spreagadh agus a éascú ar bhealach inbhuanaithe lena chinntiú nach ndéantar cáilíocht fhoriomlán an táirge a chreimeadh agus nach mbíonn rath fadtéarmach i mbaol.

Tá forbairt siúlóide, dreapadóireacht ar chnoic agus shléibhte, fairtheoireacht éan, fóillíocht mhuirí agus rothaíocht mar chaitheamh aimsire ag méadú an t-am ar fad agus tá éagsúlacht na tuaithe laistigh de limistéar an phlean an-oiriúnach le teacht i dtír ar an réimse fáis seo. Tá an-acmhainn fáis sa rothaíocht ach go háirithe a bhfuil gá le hinfheistíocht suntasach ann má tá lánacmhainn le baint as sa cheantar. Beidh ról lárnach ag **Turasóireacht** i gcónaí i bhforbairt an cheantair. Tá inoiriúnaitheacht agus caighdeán ar dhá cheann de na nithe atá i ndán don tionscal seo de réir mar a bhíonn níos mó rochtana ar mhargaí atá in iomaíocht leis.

Tá níos mó tábhachta ná riamh ag baint le soláthar agus sláine **fuinnimh** don todhchaí. Ina theannta sin tá costas bhreosla iontaise le héirí sna blianta atá romhainn le tionchar dá réir ar chostais táirgíochta agus iomaíochais. Tiocfaidh méadú ar an spleáchas ar fhuinneamh inathnuaite agus tá sé tábhachtach, ar na cúiseanna a luadh chomh maith leis na deiseanna fostaíochta san earnáil seo, go spreagtar forbróirí cónaithe agus tráchtála le hionchorprú a dhéanamh ar dhearaí / meicníochtaí a bhíonn coigilteach ar fhuinneamh.

Le radharc tíre den scoth, oidhreacht chultúrtha agus féiniúlacht shainiúil an cheantair tá ardéileamh ar **thithe saoire.** Ní cheadaíonn Plean Forbartha Contae 2009-15 tithe saoire i gceantair tuaithe. Tá ag éirí go han-mhaith leis an bpolasaí seo tírdhreach an cheantair a chosaint, ag coimeád na hacmhainne atá fágtha do mhuintir na háite chomh maith le suíomhanna níos saoire do mhuintir na háite. Tá timpeall 1200 teach saoire agus dara teach laistigh den limistéar feidhme.

Caithfear féachaint ar cheist na dtithe saoire sna lonnaíochtaí ar roinnt slite. Ní chuireann soláthar forbairtí tithe saoire, atá folamh d'fhormhór na bliana, le forbairt phobal áitiúil gníomhach, beoga agus feidhmíonn siad mar bhac ar dhaoine áitiúla ar mhian leo cónaí sna sráidbhailte. Go dtí le fíordhéanaí ba mhó go mór an t-éileamh a bhí ar thithe saoire ná an t-éileamh áitiúil agus, sa bhfadtéarma, is é atá mar thoradh ar sin ná gur dócha go bhfanfaidh sciar na dtithe saoire ard le hais na dtithe buanchónaithe. Tá seo le feiceáil i nDaingean Uí Chúis mar a bhfuil roinnt scéimeanna tithíochta saoire. Níl a leithéid seo inmhianaithe go sóisialta ná go cultúrtha. Ina theannta sin, mar a dúradh roimhe seo, caithfear saintréithe na lonnaíochtaí, a thugann a bhféiniúlacht sainiúil dóibh, a choimeád.

Déanadh forbairt ar roinnt eastát tithíochta i nDaingean Uí Chúis le blianta beaga anuas. Ar a shon sin, le cúrsaí eacnamaíochta faoi mar atá faoi láthair tá roinnt teach laistigh de na heastáit tithíochta seo nach bhfuil críochnaithe agus atá fós folamh.

Sa deireadh, caithfear féachaint ar thionchar na dtithe saoire ar an nGaeilge. Níl aon dabht ach gur féidir leis an soláthar tithe saoire drochthionchar a bheith acu ar an nGaeilge sa cheantar. Léiríonn figiúirí ón daonáireamh is déanaí, a bhfuil imlíne orthu i dTábla 4.2, cé chomh mór agus atá an Ghaeilge tar éis laghdú mar theanga labhartha an cheantair. Cé gur féidir diospóireacht a bheith ann maidir leis na cúiseanna éagsúla atá leis an bhfíric seo, tá sé tábhachtach go nglacfaí cur chuige cúramach maidir le polasaithe úsáide talún a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar, nó cur le, meath na teanga.

Cé go mb'fhéidir go bhfuil impleachtaí ann do thurasóireacht le haon srian ar thithe saoire, <u>níl aon fhoráil ar leith i bPlean Ceantair Áitiúil Limistéir Fheidhme an Daingin d'fhorbairt thithe saoire.</u>

Tá diúscairt eisiltigh ó roinnt lonnaíochtaí beaga ag brath ar uiscí glactha áitiúla. I mórán cásanna tá na huiscí glactha seo ag, nó cóngrach do, lánacmhainn maidir le glacadh le heisilteach cóireáilte. Nuair is ann do bheagán acmhainne, caithfear méadú fadtéarmach a leithéid de shráidbhaile sa todhchaí a scrúdú i dtéarmaí an tionchair a bheadh ag an méadú ar shaintréithe agus nádúr an tsráidbhaile. Is tosaíocht é soláthar **áiseanna uisce agus cóireála fuíolluisce** d'fhorbairt inbhuanaithe na lonnaíochtaí ar fud an cheantair.

1.4 Straitéis Foriomlán Forbartha

Tá an straitéis do Limistéar Feidhme an Daingin ag brath ar chomhdhlúthú agus fás inbhuanaithe geilleagrach na lonnaíochtaí. Ní féidir seo a bhaint amach ach trí fhostaíocht a chruthú agus daoine a mhealladh chun cónaithe sna lonnaíochtaí, ag neartú a struchtúr uirbeach dá réir sin agus ag cruthú éilimh le tacú le seirbhísí áitiúla.

Cuireann na TPR cur chuige níos cothroime chun cinn maidir le forbairt d'fhonn pobail bheoga tuaithe a choimeád, 'le leibhéal comhionann fáis uirbeach agus tuaithe'.

4.3.33. Caithfidh cothromaíocht fáis daonra a bheith idir na bailte agus an ceantar tuaithe ag díriú ar fheidhmeanna bunaithe na mbailte a neartú agus ag féachaint ag an am gcéanna ar éagsúlacht a chruthú sa gheilleagar áitiúil.

'I mbailte eile den réigiún lasmuigh den Tairseach agus na moil, beidh fás measartha daonra ag teacht le deiseanna fostaíochta áitiúla'. Lena chóngraí atá na lonnaíochtaí sa limistéar feidhme do mhórbhailte mhoil Thrá Lí agus Chill Airne is rogha inmharthana iad do dhaoine a dteastaíonn stíl mhaireachtála faoin tuath uathu. Tá an tábhacht atá le lonnaíochtaí tarraingteacha a fhorbairt riachtanach mar sin le hinimirce a mhealladh go dtí an gceantar.

Straitéis Lonnaíochta Réigiúnach

Cuspóir Forbartha RSS-07de TPR-07 Lonnaíochtaí i gCeantar an Iarthair

Is cuspóir é rólanna eacnamaíochta agus turasóireachta na mbailte agus na sráidbhailte a neartú agus nascanna níos láidre a dhéanamh lena gcúlchríocha máguaird agus leis na ceantair imeallacha agus feabhas a chur ar rochtain ar cheantair imeallacha ar shlí inbhuanaithe. Sna ceantair thuaithe atá ag fulaingt ó mheath ar a ndaonra, caithfear straitéisí ar leith a fhorbairt le héascú a dhéanamh ar éagsúlacht inbhuanaithe an gheilleagair thuaithe. Ba chóir go mbeadh a leithéid d'éagsúlú tuaithe suite i gceantair ina seachnaítear tionchair shuntasacha chomhshaoil. Déanfar aon fhás ar an daonra a dháileadh ar shlí go mbíonn cothromaíocht ann idir an baile agus na sráidbhailte/ceantair tuaithe. Ba chóir go mbeadh rialúcháin ann do cheantair thuaithe faoi bhrú ó thithíocht a ghintear go huirbeach.

Beidh Limistéar Feidhme an Daingin ina áit ina:

- Soláthróidh a cáilíochtaí intreacha láthair sainiúil agus cáilíocht beatha dá cónaitheoirí agus dá cuairteoirí.
- nDéanfar an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn mar theanga bheo a úsáidtear go laethúil agus tacófar leis na pobail Ghaeltachta d'fhonn a ngreásán sóisialta, a chothaíonn an Ghaeilge mar theanga pobail, a mhéadú.
- Déanfar íoslaghdú ar dhrochthionchair na forimeallachta trí sholáthar inbhuanaithe infrastruchtúir agus caidrimh imleor.
- Cuirfear áiseanna ann le héagsúlú inbhuanaithe an gheilleagair tuaithe a chur chun cinn go leanúnach.
- Coimeádfar saintréithe na timpeallachta tógtha trí dhearadh ardchaighdeáin sna lonnaíochtaí ar fud an cheantair.
- Feidhmeoidh lonnaíochtaí an cheantair mar phointe fócasach do sheirbhísí ag freastal ar a gcúlchríocha máguaird. Beidh leibhéal an tsoláthair seirbhíse ag teacht le méid na lonnaíochta agus an éilimh ón gcúlchríoch thuaithe ar a bhfuiltear ag freastal.
- Beidh pobail bheoga ar leithligh i lonnaíochtaí an cheantair a mbeidh rólanna ar leith acu agus a fhreastlaíonn ar riachtanais sóisialta, eacnamaíochta agus fostaíochta a gcónaitheoirí agus a n-abhantrach tuaithe ar shlí inbhuanaithe. Tiocfaidh forbairt orthu mar láithreacha tarraingteacha le cónaí agus oibriú iontu agus soláthróidh siad réimse leathan roghanna cónaithe.
- Éascóidh soláthar imleor áiseanna uisce agus cóireála fuíolluisce forbairt inbhuanaithe na sráidbhailte gan drochthionchar a bheith acu ar an timpeallacht.
- Baineann daoine taitneamh as cónaí, oibriú agus cuairt a thabhairt. D'fhonn é seo a éascú, beidh réimse leathan cineálacha cóiríochta / cónaithe inbhuanaithe ar fáil d'fhonn tacú le fás inbhuanaithe.
- Ní dhéanfar soláthar d'fhorbairtí tithe saoire d'fhonn ceadú do lonnaíochtaí a bhfuil daonra buan iontu i gcaitheamh na bliana. Éileoidh seo seirbhísí agus áiseanna i gcaitheamh na bliana rud a chruthóidh áit tarraingteach do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon, agus a dhéanfaidh an Ghaeilge a chosaint.

Cuspóir Uimh	**Cuspóirí Foriomlána** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
	Straitéis forbartha agus Gheilleagrach
OO-1	Caighdeán feabhsaithe maireachtála a sholáthar do gach saoránach sa cheantar trí acmhainn gheilleagrach an cheantair a chur chun cinn, ag cosaint a timpeallachta nádúrtha agus tógtha agus ag cosaint a oidhreachta cultúrtha.
OO-2	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt an cheantair ar shlí atá inbhuanaithe agus a thugann cosaint dá shóchmhainní sóisialta, cultúrtha, comhshaoil agus geilleagrach do na glúinte atá le teacht.
OO-3	Soláthar a dhéanamh d'fhás cothrom ar fud an cheantair trí neartú na bpobal tuaithe a chur chun cinn agus infrastruchtúr a sholáthar le héascú a dhéanamh ar chruthú fostaíochta agus éagsúlacht sna ceantair seo ar shlí inbhuanaithe. Gníomhaíocht fhiontraíochta áitiúil a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do ghníomhaíocht nuálach agus inbhuanaithe gheilleagrach.

Cuspóir Uimh	Cuspóirí Foriomlána Is cuspóir ag an gComhairle é:
	Straitéis forbartha agus Gheilleagrach
OO-4	An baile agus na sráidbhailte ar fud an cheantair a neartú; feabhas a chur ar an infrastruchtúr atá ann, forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar an mais chriticiúil atá riachtanach leis an soláthar seirbhíse iontu a choimeád agus a mhéadú, agus iad a dhéanamh níos tarraingtí le cónaí iontu.
OO-5	Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar thionscail dhúchasacha eolas bhunaithe, cultúrtha agus cruthaitheach mar shlí le bonn eacnamaíoch an cheantair a neartú agus le feidhmiú mar fhócas d'infheistíocht isteach.
OO-6	Éascú a dhéanamh ar mhargaí fheirmeoirí agus tionscnaimh dá leithéid ag láithreacha oiriúnacha agus táirgeacht bhia áitiúil a spreagadh agus cultúr bia áitiúil a chur chun cinn laistigh den limistéar feidhme.
OO-7	Giniúint fhuinnimh inathnuaite agus céimeanna caomhnaithe fuinnimh a chur chun cinn chomh maith le patrúin oiriúnacha lonnaíochta d'fhonn giniúint fhuinnimh / caomhnú fuinnimh áitiúil agus pobail inbhuanaithe agus patrúin taistil a chur chun cinn.
OO-8	A chinntiú go gcomhlíontar "Treoirlínte an Chórais Phleanála agus Bainistíocht ar Bhaol Tuile d'Údaráis Phleanála" (RCORÁ 2009).
	Criosú chun Cónaithe
OO-9	A chinntiú go gcuirtear 20% den talamh atá criosaithe chun cónaithe, nó do mheascán cónaithe agus úsáide eile, ar fáil le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar.
OO-10	A chinntiú go gcomhlíonann an criosú talún chun cónaithe forálacha na gCritéar Criosaithe atá in Alt 2.10.7.1 den Phlean Forbartha Contae.
	Infrastruchtúr
OO-11	A chinntiú go mbíonn forbairt talún criosaithe laistigh de na lonnaíochtaí seo ag brath ar sholáthar imleor infrastruchtúir uisce agus fuíolluisce faoi mar atá leagtha amach in S1.3 de rannán Cheisteanna Straitéiseacha an phlean seo agus ar sholáthar infrastruchtúir eile chriticiúil.
OO-12	Feabhas a chur ar sholáthar uisce i gceantar an phlean, ag tógáil ceann ar leith de Liosta Gníomhaíochta Leasúcháin an GCC. Caighdeán uisce óil agus foinsí soláthair uisce poiblí a chosaint, ag tógáil ceann ar leith dá gcriosanna tionchair.
OO-13	A chinntiú go n-ionchorpraíonn forbairtí nua céimeanna ar an láthair de réir Chórais Dhraenála Inbhuanaithe Uirbeach nuair is cuí d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar thóchair, spreagadh a thabhairt d'fhásra dúchasach cois uisce agus úsáid ghiolcarnaí agus pábháil tréscaoilteach a chur chun cinn le truailleáin a ionsú agus rialú a dhéanamh ar rith chun srutha uisce stoirme.
OO-14	A chinntiú go ndéantar moltaí nua draenála stoirme agus bréanuisce a dhraenáil le domhantarraingt, ach amháin nuair a mheastar don Chomhairle go bhfuil a mhalairt riachtanach. 'Na Rialacháin um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh' 2001 agus 2004 a chomhlíonadh.

	Infrastruchtúr
OO-15	Aghaidh a thabhairt ar mholtaí Doirteadh Fuíolluisce in Éirinn do Dhaonra ar Ionann níos mó ná 500 Duine – Tuarascáil do na Blianta 2006 agus 2007 (An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil – GCC, 2009).
OO-16	Éascú a dhéanamh ar cheadúnú dhoirteadh fuíolluisce, ar a n-áirítear doirteadh uisce stoirme a thagann faoi scóip 'Na Rialacháin um Dhoirteadh Dramh-Uisce (Údarú)' 2007.
OO-17	A chinntiú go ngabhann gach tionscadal infrastruchtúir agus conláistí a aithnítear de láimh Measúnú Treorach maidir le Gnáthóga de réir dea-chleachtais agus treorach maidir lena dtionchar ar shuíomhanna Natura 2000 mar chuid den phróiseas phleanála agus chinnteoireachta agus na láithreacha is oiriúnaí nó an scála soláthair don tionscadal á meas go seachnaítear drochthionchar.
OO-18	Cleachtais inmharthana comaitéireachta a spreagadh (nuair is féidir) i gCeantar Feidhme Daingean Uí Chúis.
OO-19	Géilliúlacht a chinntiú don Straitéis Spásúil agus Pleanáil Bóithre Náisiúnta, ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 2012
	Seandálaíocht agus Oidhreacht
OO-20	Cosaint agus feabhas a chur ar struchtúir atá áirithe i dTaifead na Struchtúr Cosanta nó atá molta le háireamh ach a éileamh: • Nach ndeánfaí aon fhoirgneamh dá leithéid a scartáil. • Nach ndéanfadh cothabháil, athrú, fairsingiú, athsholáthar nó aon ghné nó páirt shuntasach a chur isteach aon dochar do shaintréith an struchtúir. • Déanfar forbairt a dhéanamh agus a dhearadh go báúil ag tógáil ceann de shaintréith ailtireachta an struchtúir agus den láthair. • Nach ndéanfaidh tógáil aon struchtúir laistigh den chúirtealáiste, le hais, nó i gcóngracht an struchtúir dochar do shaintréithe an struchtúir agus an suímh, agus beidh sé suite agus deartha le teacht go báúil le saintréithe an struchtúir agus an tsuímh. • Beidh cead pleanála ag teastáil d'aon oibreacha a mbeadh tionchar ábhartha acu ar shaintréithe struchtúir chosanta nó struchtúir a bhfuil sé beartaithe a bheith faoi chosaint.
OO-21	A chinntiú go dtógtar ceann de threoirlínte an ÚBN ar mheasúnachtaí seandálaíochta sna tograí tionscadal bóthair.
OO-22	A chinntiú go gcaomhnaítear gach séadchomhartha seandálaíochta a áirítear i dTaifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RPM) faoi mar a bunaíodh faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasuithe) 1994. Agus a leithéid de chaomhnú á chinntiú, tógfaidh an Chomhairle ceann de chomhairle agus de mholtaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus gníomhaireachtaí eile reachtúla. Maidir le suíomhanna atá aitheanta, ach nach bhfuil curtha leis an TSÁ, tógfaidh an rannóg phleanála ceann de chomhairle agus de mholtaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Seandálaí an Chontae.

OO-23	Ceann a thógáil de chomhairle agus de mholtaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus gníomhaireachtaí eile reachtúla maidir le haithint agus cosaint gach láthair seandálaíochta nach raibh ar eolas roimhe seo.
OO-24	A chinntiú nach ndéanfaidh tógáil aon struchtúir le hais nó i gcóngracht shéadchomhartha nó ghné dochar do shaintréithe an séadchomhartha/gné ná dá shuíomh, agus beidh sé suite agus deartha le teacht go báúil le saintréithe an séadchomhartha/gné agus dá shuíomh.
OO-25	Feasacht a chur chun cinn i measc an phobail agus éascú a dhéanamh ar threoir chomhairleach maidir le cosaint oidhreachta seandálaíochta an chontae.
OO-26	A chinntiú go gcuirtear aon fhorbairt mholta laistigh de na tailte marcáilte ma cheantar mianach seandálaíochta thart ar shéadchómhartha a bheadh sa Taifea Séadchomharthaí agus Láithreacha (RMP) ar aghaidh chuig Roinn n Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtai Áitiúil. Bheadh a leithéid d'fhorbairt faoi réir ag measúnú tioncha seandálaíochta agus d'fhéadfadh gá a bheith le maolú seandálaíochta in dhiadh sin – zón eadarghabhála/zón toirmisc, monatóireacht, tástái réamhfhorbartha seandálaíochta nó tochailt seandálaíochta sula dtógfa cinneadh.
	An Timpeallacht Tógtha
OO-27	Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt struchtúir lonnaíochta inbhuanaithe agus comhdhlúth ach a chinntiú go mbíonn forbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna cúlchríche talún agus láithreacha líonta isteach. Ardchaighdeán dearaidh a sholáthar i bhforbairt phríobháideach agus phoiblí, ag méadú ar chaighdeán an fhearainn phoiblí agus ag coimeád saintréithe, foirm agus patrún lonnaíochta na lonnaíochtaí ag an am gcéanna.
OO-28	Cur chun cinn ar ullmhú agus fhorfheidhmiú "Straitéis um Chaomhnú Fuinnimh" agus an feachtas feasachta a bhaineann léi laistigh d'achar an Phlean.
OO-29	Cur chun cinn ar fhorbairt fhoirgneamh a bhíonn tíosach ar fhuinneamh (éighníomhach/ísealfhuinneamh) agus forbróirí a spreagadh le tithe/foirgnimh a dhearadh agus a thógáil i dtreo chaighdeán ráta 'A' a bhaint amach faoi mar atá leagtha amach ag modheolaíocht náisiúnta Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (RFF).
	An Timpeallacht Nádúrtha
OO-30	Tacú le forfheidhmiú Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chiarraí 2008-2012 agus doiciméad an ÚBN (2008) "Bainistiú Fhiailí Díobhálacha agus Speicis Ionracha Phlandaí ar Bhóithre Náisiúnta agus aon uasdhátú ina dhiaidh sin, ar a n-áirítear céimeanna le speicis choimhthíocha a shrianadh / a bhainistiú i gcomhairliúchán leis an tSeirbhís um Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
OO-31	Comhlíonadh iomlán a chinntiú ar riachtanais Threoracha 79/409EEC (Treoir maidir le hÉin) agus 92/43/EEC (Treoir maidir le Gnáthóga) maidir le 'Measúnú Iomchuí / Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga' ar aon phleananna nó tograí forbartha ábhartha.

	Mar chuid de seo ba chóir go ndéanfaí scagthástáil ar aon leasuithe / éagsúlachtaí a bhíonn molta ar an bplean nó ar thograí forbartha maidir leis an tionchar a fhéadfadh a bheith ar shuíomhanna Natura 2000 agus an riachtanas le "measúnú iomchuí / Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga" de réir Airteagail 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.
OO-32	Cur chun cinn a dhéanamh ar chosaint agus fheabhsú acmhainní uisce dromchla, screamhuisce agus na ngnáthóga agus na speicis a bhaineann leo, ar a n-áirítear iascaireachtaí.
OO-33	A chinntiú nach mbíonn tionchar do-ghlactha ag aon fhorbairt ar acmhainní uisce an cheantair, ar a n-áirítear cáilíocht agus cainníocht uisce dromchla agus screamhuisce, aon chúrsa uisce, inse ,conairí aibhneacha agus na bogaigh shuntasacha a bhaineann leo.
OO-34	Foráil a dhéanamh do chosaint, a bhainistiú, agus mar is cuí, feabhsú na gnáthóga bogaigh atá ann cheana féin nuair a chosaint ó thuilte / bainistíochta bearta a mheastar a bheith riachtanach.
	An Timpeallacht Nádúrtha
OO-34	Soláthar a dhéanamh do chosaint, do bhainistiú agus, nuair is cuí, d'fheabhsú ghnáthóga na mbogach mar a gceaptar céimeanna cosanta/bainistíochta tuile a bheith riachtanach.
OO-35	Cosc a chur ar dhó, ar dheascadh agus dhiúscairt neamhdhlíthiúil fhuíollábhair trí úsáid na gcumhachtaí reachtúla agus neamhreachtúla na n-údarás áitiúla.
OO-36	A chinntiú go n-áiríonn na Straitéisí, na Tionscadail agus na Gníomhaíochtaí Turasóireachta agus Áineasa ceisteanna bithéagsúlachta, go háirithe maidir le suíomhanna atá ainmnithe go hidirnáisiúnta mar shuíomhanna a bhfuil tábhacht maidir le caomhnú an dúlra ag baint leo agus i gceantair nach bhfuil ainmnithe ina mbíonn gnáthóga agus gnéithe tábhachtacha..
OO-37	A chinntiú nach gceadaítear aon tionscadal ar dhóichí go mbeidh drochthionchar suntasach aige go díreach, go hindíreach nó go tánaisteach ar iomláine aon láthair Natura 2000 ag tógáil ceann dá gcuspóirí, ar bhonn an Phlean seo (go hindibhidiúil nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile) mura bhfuiltear in ann cúiseanna riachtanais leasa sáraitheacha poiblí a léiriú agus nach mbíonn aon réiteach indéanta mar rogha air.
	Gaeltacht Chorca Dhuibhne
OO-38	An Ghaeltacht a chur chun cinn agus a fhorbairt mar ionad oidhreachta teanga agus cultúrtha in éineacht le polasaithe a thabharfaidh spreagadh d'fhorbairt inbhuanaithe gheilleagrach d'fhonn pobail bheoga a chinntiú.
OO-39	Iarracht a dhéanamh ar fheabhas a chur ar an bhféiniúlacht sainiúil chultúrtha agus inbhuanaitheacht na bpobal Gaeltachta a chinntiú don todhchaí.
OO-40	A chinntiú gur i nGaeilge amháin a bhíonn gach comharthaíocht a chuirtear in airde sa Ghaeltacht nó go gcomhlíontar Cuspóir SG 9-44 den Phlean Forbartha Contae agus Rannán 3.10 de Scéim na Gaeilge 2010-2013.
OO-41	A chinntiú go léiríonn gach Tionónta nua Tithíochta Sóisialta na Comhairle i nGaeltacht Chatagóir A líofacht sa Ghaeilge labhartha agus dea-thionchar ar úsáid na Gaeilge sa cheantar.

	Turasóireacht
OO-42	Éascú a dhéanamh ar sholáthar Straitéise Comhtháite Bainistíochta Turasóireachta.
OO-43	Éascú a dhéanamh ar éiceathurasóireacht agus margaí eile nidóige a fhorbairt. Éascú a dhéanamh ar mhéadú inbhuanaithe agus ar éagsúlú áiseanna do thurasóirí.
	Bainistíocht Chreasa Chósta
OO-44	Tacú le forbairt ar chur chuige comhtháite maidir le bainistíocht chreasa chósta agus cothú a dhéanamh, ach go háirithe, ar fheidhmiú an choincheapa seo i gcriosanna iomchuí cósta ar fud Cheantar an Phlean.
OO-45	Éascú a dhéanamh ar phlean comhtháite chreasa cósta a ullmhú do cheantar an phlean.
	Forbairt Tithíochta Tuaithe
OO-46	A chinntiú gur áit chónaithe buan é gach aon aonad cónaithe.
OO-47	Bainfidh na polasaithe tithíochta tuaithe atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae 2009-15 le gach forbairt cónaithe sna ceantair thuaithe. Tabharfaidh an túdarás pleanála fé iarratais ó dhaoine sa teaghlach ar gabháltais an teaghlaigh go fábharach, de réir pleanáil ceart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair
	Ionnaíochtaí Tuaithe
OO-48	A chinntiu go bhfuil gach forbairt nua ar siúl laistigh den teorainn forbartha
OO-49	Spreagadh a thabhairt d'fhorbait sráidbhaile dlúth le struchtúr agus inbhuanaithe , trína chinntiú go bhfuil forbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt ata ann cheanna féin agus déanann sé úsaid eifeachtach as talamh cúil agus suímh inlíonta.
OO-50	Sraid-dreach mealltach a chur chun cinn agus cur chuige I sráidbhailte agus a chaomhnú agus ar na gnéithe den timpeallacht thógtha agus nádúrtha a shainiú carachtar uathúil an tsráidbhaile a fheashsú.

1.5 Straitéis Lonnaíochta

1.5.1 Ordlathas Lonnaíochta

Tá na lonnaíochtaí laistigh de Limistéar Feidhme an Daingin sonraithe de réir an rangúcháin seo a leanas:

• Is ionann na **hIonaid Cheantair** agus lonnaíochtaí imeallacha laistigh de na príomhlimistéir fheidhme. Is lonnaíochtaí móra iad a sholáthraíonn réimse seirbhísí do bhailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe ina n-abhantrach. Tá daonra sa bhreis ar 1,000 duine iontu. Tagann a bhfeidhmeanna leis na hionaid réigiúnacha agus lena chéile. Tá feidhm thábhachtach fostaíochta réigiúnach acu freisin laistigh dá n-abhantrach máguaird. Tá Daingean Uí Chúis sainithe sa phlean seo mar ionad ceantair.

• Soláthraíonn **Sráidbhailte** áiseanna agus riachtanais laethúla agus deiseanna fostaíochta ar scála beag do na daoine atá ina gcónaí iontu agus don daonra tuaithe mórthimpeall.

Ina theannta sin soláthraíonn siad seirbhísí pobail ag leibhéal áitiúil, mar bhunscoileanna, séipéil, áiseanna áitiúla spóirt agus halla pobail. Is sráidbhailte iad Abhainn an Scáil, Baile an Fheirtéaraigh agus Ceann Trá i Limistéar Feidhme an Daingin.

• Is dúichí iad **Sráidbhailte Beaga/Nóid Fhorbartha** le patrún forbartha scaipthe a sholáthraíonn réimse áiseanna áitiúla pobail, mar bhunscoil, club spóirt, siopa nó oifig an phoist. Níl an patrún lonnaíochta comhtháite, ach is minic pobail láidre geografacha a bheith mar shaintréith acu. Is sráidbhailte beaga/nóid fhorbartha iad An Mhuiríoch, Baile na nGall, Dún Chaoin agus Lios Póil. Chun éascaíochta tagartha léirítear na lonnaíochtaí seo ar Fhigiúr 1.4.

1.5.2 Straitéis Forbartha

Is cuspóir ag an TPR é go ndéanfar spriocfhás ar an daonra i gceantar an phlean a dháileadh ar shlí go mbíonn cothromaíocht idir an baile agus na sráidbhailte/ceantair thuaithe. Leanann straitéis forbartha an phlean seo an cur chuige sin agus tá sí dá réir.

Cuireann an straitéis forbartha Daingean Uí Chúis chun cinn mar phríomhfhócas d'fhorbairt laistigh de cheantar an Phlean ag tairiscint na hacmhainne is fearr d'fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha.

Féachtar ar Abhainn an Scáil, Baile an Fheirtéaraigh agus Ceann Trá mar ionaid thábhachtacha do sheirbhísí áitiúla agus feidhmíonn siad mar aonaid cobhsaithe seirbhíse dá gcúlchríocha tuaithe. Fanfaidh an Mhuiríoch, Baile na nGall, Dún Chaoin agus Lios Póil mar lonnaíochtaí scaipthe tuaithe, ag coimeád a saintréithe tuaithe agus ag freastal ar riachtanais an daonra áitiúil.

Sna sráidbhailte agus sna lonnaíochtaí, is é an cur chuige maidir leis an bPlean Ceantair Áitiúil seo ná 'teorainn forbartha' a shonrú ar an léarscáil chriosaithe don sráidbhaile/lonnaíocht ar leith. Níl sé ar intinn go n-ainmneofaí talamh ar leith do thogra úsáide cónaithe toisc nach mbeadh brí le hachar beag talún criosaithe. Tá talamh oiriúnach chun forbartha agus d'aonaid chónaithe laistigh den teorainn forbartha. Agus aon fhorbairt nó athrú úsáide á mheas cuimhneofar go háirithe ar chonláistí cónaithe agus ar aon chúinsí pleanála agus inmharthana cuí a bhainfidh leis an bhforbairt agus/nó leis an dúthaigh máguaird Déanfaidh an córas bainistíochta agus rialaithe forbartha an talamh a chosaint ar fhorbairt mhíchuí a chuirfeadh teorainn le fás pleanáilte agus inbhuanaithe an tsráidbhaile sa todhchaí.
Spreagfaidh an plean seo forbairt ar struchtúir shráidbhaile comhdhlúth agus inbhuanaithe. Beidh tithe nua suite go comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus bainfear úsáid éifeachtach as an infrastruchtúr agus as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach.

Is féidir go mbeadh cuspóirí eile oiriúnach do shráidbhailte ar leith ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna mar bhaol tuile nó infrastruchtúr riachtanach nó áiseanna pobail a sholáthar. Sa phlean seo, mar sin, is ionann an teorainn forbartha agus fócas d'fhorbairt nua i ngach sráidbhaile ar leith. Is é an roghacheantar é d'fhorbairt nua, faoi réir chuspóirí eile an phlean.

1.5.3 Straitéis Fáis

Tá réamh-mheastacháin ar an daonra riachtanach d'fhonn measúnú beacht a dhéanamh ar an éileamh a bheidh ar thithíocht, conláistí, infrastruchtúr agus fostaíocht sa todhchaí. Maireann tréimhse an phlean seo go dtí 2017 agus ullmhaíodh réamh-mheastacháin ar an daonra do thréimhse an phlean ar an mbonn sin.

Socraíodh leithdháileadh an spriocfháis daonra ar fud an Chontae agus gach limistéar feidhme de réir na Croístraitéise agus an ordlathais lonnaíochta go dtí na limistéir fheidhme agus na lonnaíochtaí agus na ceantair tuaithe.

I nDaonáireamh 2006 ba é daonra an Limistéir Fheidhme iomlán ná 7,047 duine agus i 2011 is 7,026 a bhí ann. Comhlíonann na spriocanna fáis daonra do 2017 na TPRanna agus an Croístraitéis ag léiriú daonra de 7,733 duine. Tá méadú daonra 707 duine sa Limistéar Feidhme ar fad sa tréimhse 2011-2017.

	2002 daonáireamh	**2006 daonáireamh**	**2011 daonáireamh**	**2017 réamh-mheastachán**
Limistéar Feidhme an Daingin	**6,846**	**7,047**	**7,026**	**7,733**
Daingean Uí Chúis*	**1,828**	**1,920**	**1,692**	**2,069**

* áirítear an cur thar maoil go dtí Na Gleannta

Tábla 1.1 Figiúirí agus réamh-mheastacháin daonra i Limistéar Feidhme an Daingin 2002-2017

De réir na Croístraitéise tá sé ar intinn go dtiocfadh méadú 377 duine ar dhaonra an Daingin sa tréimhse 2011-2017. Tá sprioc 2,069 duine ann don Daingean faoi 2017.

Feictear go mbeidh méadú réamh-mheasta de 377 duine sa Daingean. Le ráta áitíochta de 2.6 duine is ionann seo agus 145 teaghais le meándlús de 5 theaghais/acra (12/ha), ag léiriú éilimh ar 29.7 acra (12.1Ha) de thalamh criosaithe. Leis an bhfigiúr seo in éineacht le lamháil do spás cloiginn le rogha a chinntiú do mhargadh talún forbartha ar ionann é agus méadú suas le 50% ar an bhfíor-riachtanas talún tithíochta, ag teacht le Treoirlínte na bPleananna Forbartha d'Údaráis Áitiúla (RCORÁ, 2007) faightear figiúr foriomlán de 44.7 acra (18.1ha). Is ionann seo agus táirgeacht iomlán de 217 aonad tithíochta.
Tá an spás breise cloiginn áirithe le ceadú d'iomaíocht, go seachnófaí monaplacht sa mhargadh agus gan fáil a bheith ar thailte criosaithe. Dá bhrí sin is gá 44.7 acra (18.1 ha) a chriosú le héileamh na tithíochta cónaithe uirbigh a chomhíonadh thar thréimhse an phlean.

Is é an Daingean an t-aon lonnaíocht sa Limistéar Feidhme ina bhfuil talamh atá criosaithe go sonrach d'fhorbairt cónaithe.

Déanfar an fás daonra eile de 330 duine a dháileadh idir an ceantar tuaithe agus lonnaíochtaí Abhainn an Scáil, Baile an Fheirtéaraigh agus Ceann Trá agus sráidbhailte/lonnaíochtaí beaga An Mhuiríoch, Baile na nGall, Dún Chaoin agus Lios Póil.
Déantar an fás daonra seo a leithdháileadh ar gach lonnaíocht thuas agus ar an gceantar tuaithe atá fágtha.

Tá an spás breise cloiginn de 50% áirithe sna lonnaíochtaí le ceadú d'iomaíocht, go seachnófaí monaplacht sa mhargadh agus gan fáil a bheith ar thailte criosaithe. Tá an miondealú ar an leithdháileadh daonra idir an ceantar tuaithe agus na lonnaíochtaí bunaithe ar chóimheas daonra an LA agus daonra foriomlán an limistéir fheidhme.

Lonnaíocht	*Soláthar Tithíochta Réamh-mheasta (uimh.)*	*Méadú Réamh-Mheasta ar an Daonra*
Daingean Uí Chúis	145	377
Lonnaíochtaí & Sráidbhailte Abhainn an Scáil, Baile an Fheirtéaraigh Ceann Trá ,An Mhuiríoch, Baile na nGall, Dun Chaoin, Lios Póil	40	104
Tuath	86	226
IOMLÁN	**271**	**707**

Tábla 1.2 Soláthar réamh-mheasta tithíochta & méadú daonra i Limistéar Feidhme an Daingin 2011-2017

I dTábla 1.2 léirítear dáileadh fáis daonra 481 duine ar an nDaingean agus ar na lonnaíochtaí eile. Déantar an fás daonra atá fágtha de 226 duine a dháileadh ar an gceantar tuaithe.

Is deacair fás na mbailte agus na sráidbhailte níos lú a réamh-mheas toisc bonn íseal daonra a bheith iontu. Is féidir le figiúirí fáis agus criosú ar leith talún feidhmiú mar bhac ar fhorbairt.

Ceaptar dá réir sin, seachas leithdháileadh a dhéanamh achair shaintreoracha talún criosaithe do shráidbhailte agus lonnaíochtaí níos lú, gur fearr an fás a bhainistiú ar shlí a choimeádfadh a saintréithe agus a chruthódh pobail a bheadh feidhmiúil, tarraingteach agus dea-dheartha.

Go ginearálta, níl na catagóirí 'bunaithe' criosúcháin a úsáideadh i bpleananna roimhe seo, le sainmhíniú a thabhairt ar úsáidí oiriúnacha sna ceantair fhorbartha atá ann, le fáil sna pleananna nua. Is "físráitis" atá sna pleananna anois seachas cur chuige suirbhéireachta úsáide talún.

Déanfar gach togra forbartha agus athruithe úsáide laistigh de cheantair bhunaithe agus fhorbartha a mheas de réir aon chuspóirí sa phlean ceantair áitiúil a bhaineann leis an láthair áirithe sin, saintréithe an cheantair máguaird, conláistí cónaithe, fáil a bheith ar infreastruchtúr agus aon cheisteanna eile pleanála agus forbartha inbhuanaithe a cheaptar a bheith ábhartha don togra nó dá thimpeallacht.

Níl léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún ach criosú úsáide, sonrú agus cuspóirí na dtailte atá beartaithe do gach sráidbhaile agus nód lonnaíochta.

1.5.4 Critéir Chriosaithe

Tá sé tábhachtach go ndéantar an criosú atá beartaithe laistigh de lonnaíochtaí ar shlí loighiciúil agus eolach a sholáthróidh d'fhorbairt inbhuanaithe fadteármach na lonnaíochtaí. Tá na critéir a úsáideadh agus cinneadh á dhéanamh ar fhairsinge agus láthair an chriosaithe cónaithe atá beartaithe leagtha amach sa Chroístraitéis agus i rannán 2.10.7.1 den Phlean Forbartha Contae.

1.5.5 Bainistíocht Forbartha

Tá sé ar intinn go dtiocfaidh an fhorbairt ar Limistéar Feidhme an Daingin leis na caighdeáin bainistíochta forbartha atá leagtha amach i gCaibidil 13 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015.

Cuspóir Uimh.	**Bainistíocht Forbartha** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
DM-1	A chinntiú go gcomhlíonann tograí forbartha na caighdeáin forbartha atá gCaibidil 13 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015

1.5.6 Tuilebhainistíocht

Is polasaí na Comhairle é nach mbeadh forbairt faoi réir bhaol mhíchuí ó thuilte ná nach gcuirfeadh sé lena leithéid de bhaol ag láithreacha eile. Chuige seo ba chóir go dtógfadh iarratasóirí ar fhorbairt ceann ar leith de na Treoirlínte a d'eisigh an RCORÁ "An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile 2009".Is cuspóir ag na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha é don Iardheisceart, a chinntiú go soláthraíonn forbairtí suntasacha i gceantair ardtalún, mar fhorbairtí fheirme gaoithe, tógáil bóithre, draenáil portaigh agus tograí foraoiseachta go leor tanúcháin d'uisce stoirme d'fhonn creimeadh abhann nó tuilte le sruth a sheachaint. Tacaíonn an plean seo leis an gcuspóir sin.

1.6 An Cultúr agus An Ghaeilge

Éilíonn Alt 10 (2)(m) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 go n-áireodh an chomhairle cuspóirí maidir le *'cosaint oidhreachta teanga agus cultúir na Gaeltachta ar a n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail'*.

Tá tábhacht Náisiúnta le cosaint na Gaeilge agus tá sí riachtanach dár bhféiniúlacht náisiúnta. Tá an cheist a bhaineann le caomhnú na Gaeilge deacair agus casta agus tá gá le réimse céimeanna i bhfad níos leithne ná mar is féidir a áireamh i bplean úsáide talún mar seo. Tá sé tábhachtach, áfach, go mbeadh na polasaithe sa phlean leathan agus fadréimseach go leor le héascú a dhéanamh ar aon straitéisí agus tionscnaimh a thiocfadh chun cinn sa todhchaí.
Is iad na príomhnithe is gá féachaint orthu maidir le caomhnú na Gaeilge ná: Déimeagrafacht, Cúrsaí Eacnamaíochta, Áiseanna agus Infreastruchtúr.

Le blianta beaga anuas bhí an Chomhairle an-réamhghníomhach maidir le ceantair Ghaeltachta Chiarraí a chur chun cinn. Tá Scéim Gaeilge 2008-2011 Chomhairle Contae Chiarraí dírithe ar chur chun cinn a dhéanamh ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge do mhuintir na Gaeltachta. Tá tábhacht le céimeanna réamhghníomhacha dá leithéid le slánú na Gaeilge an cultúr Gaeltachta a bhaineann léi a chinntiú.

Is sóchmhainní tábhachtacha don cheantar iad forbairt chonláistí mar Ionad an Bhlascaoid Mhóir agus an tIonad Oidhreachta i mBaile an Fheirtéaraigh agus tá siad riachtanach do thuiscint a fháil ar oidhreacht shaibhir an cheantair chomh maith le bheith ina gconláistí a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu.

Tá ardcháilíocht radhairce / conláistí ag baint le ceantar an phlean, agus tá brú suntasach forbartha ann ó thithe saoire agus ó thithe buana. Leis an mbrú óna leithéid d'fhorbairt níl ann ach ceist ama go dtí go mbeidh tionchar ag inimirce ag daoine gan Ghaeilge ar inmharthanacht na Gaeilge. Tá sé tábhachtach go soláthrófaí áiseanna a éascódh múineadh na Gaeilge dóibh sin a dteastaíonn sin uathu.

Cuireadh na cuspóirí seo a leanas le chéile d'fhonn an teanga a chur chun cinn agus a chosaint.

Cuspóir Uimh.	**Is cuspóir ag an gComhairle é:**
G-1	Éascú a dhéanamh ar sholáthar áiseanna do mhúineadh/d'fhoghlaim na Gaeilge agus do shiamsaíocht dhúchasach a chur ar siúl agus leis an gcultúr a chur i láthair trí mheán na Gaeilge.
G-2	A éileamh go mbeadh gach comharthaíocht tráchtála agus treorach sna ceantair Ghaeltachta i nGaeilge nó dátheangach. Sa chás go mbíonn comhartha dátheangach, beidh an fhoclaíocht den leagan Gaeilge in uachtar. Ní úsáidfear ach an leagan Gaeilge de logainmneacha na Gaeltachta de réir an Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004.
G-3	Measúnú a dhéanamh ar iliarratais phleanála tithíochta (2 aonad cónaithe nó níos mó) i gceantair Ghaeltachta i dtéarmaí an tionchair is dóichí a bheadh ag a leithéid d'fhorbairt ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht.

1.78 SAINMHÍNITHE & MAITRÍS CHRIOSAITHE ÚSÁIDE TALÚN

1.7.1 Cónaithe

Is í aidhm an chriosaithe seo soláthar a dhéanamh do cheantair nua cónaithe, le cosaint a dhéanamh agus feabhas a chur ar na ceantair chónaithe atá ann agus áiseanna agus conláistí a sholáthar a bhíonn teagmhasach leis na ceantair chónaithe sin. Tá sé ar intinn réimse iomlán cineálacha tithíochta a sholáthar atá ag teastáil le freastal ar éileamh agus déimeagrafach atá ag athrú. Tá sé ar intinn go bhfreastlaítear ar dhlús níos airde, faoi réir ag dea-dhearadh, níos cóngraí do lár an bhaile.
Tá teorainn leis an réimse úsáide breise ar féidir tuiscintí éagsúla a bhaint astu laistigh den chriosú cónaithe mar ar féidir a léiriú go bhfuil gá lena leithéid d'áiseanna agus nach mbeidh tionchar acu ar nádúr cónaithe den chuid is mó an cheantair ná ar bheogacht agus inmharthanacht chroílár na lonnaíochta.

Ní tharlóidh forbairt cónaithe ach i bpáirt le soláthar na seirbhísí/áiseanna riachtanacha fisiciúla, sóisialta, pobail, oideachais agus áineasa. Níl na tailte a úsáideadh mar cheantair ghlasa / conláistí laistigh d'fhorbairtí cónaithe aitheanta go sonrach mar chuid den phlean seo ach tá toimhde in aghaidh forbartha a leithéid de thalamh.

1.7.2 Lár an Bhaile

Soláthar a dhéanamh go príomha do mheascán úsáide ar a n-áirítear úsáid miondíola, cónaithe, oifige, foirgneamh cathartha, institiúidí airgeadais, seirbhísí gairmiúla agus aon úsáid eile a bhíonn oiriúnach do lá an bhaile. Ba chóir go gcuirfeadh na tograí forbartha feabhas ar bheogacht agus inmharthanacht láir an bhaile agus freastlóidh siad ar riachtanais an bhaile agus a cúlchríocha. Déanfar iarratais indibhidiúla a mheas ar bhonn na forbartha a bhíonn beartaithe chomh maith leis an úsáid atá ann, agus na dtograí eile atá sa chomharsanacht. Ní cheadófar forbairtí a gceapann an tÚdarás Pleanála go mbeadh tionchar míchuí acu ar shaintréithe, cháilíocht agus chonláistí an bhaile. Spreagfar éagsúlacht úsáide de ló agus d'oíche agus beidh teacht ag gach úsáideoir go héasca orthu.

D'fhonn conláistí an bhaile a chosaint agus ar mhaithe le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an bhaile, beidh uaireanta oscailte na n-asraon beir leat agus mearbhia de réir mar a cheapann an tÚdarás Pleanála a bheith oiriúnach. D'fhonn cosaint a dhéanamh ar an bhfeidhm miondíola, ar chonláistí agus bheogacht láir an bhaile, déanfar gach asraon beir leat/mearbhia a mheas i gcomhthéacs an leibhéil soláthair atá ann cheana féin.

1.7.3 Úsáid Mheasctha

Tá sé ar intinn go bhfreastlódh criosú do mheascán úsáide ar mheascán úsáide lasmuigh de lár an bhaile ar a n-áirítear siopaí áitiúla, stáisiúin peitril, oifigí, cóiríocht do thurasóirí agus úsáidí eile tráchtála atá inghlactha lasmuigh de lár an bhaile. Déanfar na forbairtí seo a fhorbairt le meascán comhlántach úsáide nuair is féidir é. Ní bhainfidh forbairt ar a leithéid de shuíomhanna ó bheogacht agus inmharthanacht lár an bhaile. Tá úsáid miondíola ar scála beag inghlactha ar na suíomhanna seo i bhfoirm shiopaí áitiúla comharsanachta le hachar iomlán urláir nach mó ná 500mcr.
Beidh aon fhorbairt cónaithe ar na suíomhanna seo tánaisteach do phríomhúsáid tráchtála/miondíola. Beidh an suíomh agus aon fhorbairt cónaithe ag teacht leis an bpríomhúsáid.

1.7.4 Trádstóras Miondíola

Is ar scála mór de ghnáth a bhíonn trádstórais mhiondíola, stórais aonair mhiondíola ag freastal ar an gcustaiméir i gcarr agus ag sainfheidhmiú i dtáirgí bhulcearraí mar throscán, cairpéid, tíleanna, DFÉ agus earraí leictreonacha etc. Éilíonn trádstórais miondíola achair fhairsinge spáis seomra taispeántais, mar a ndéantar stóras ar urlár an tsiopa. Bheadh gá le híosmhéid stórála breise de ghnáth. Go ginearálta, ní féidir freastal go héasca ar thrádstórais miondíola i láithreacha i lár an bhaile de bhun a méid agus a riachtanais pháirceála. Ní cheadófar forbairtí eile miondíola ar a leithéid de shuíomhanna.

1.7.5 Áiseanna Poiblí/Pobail/Institiúide/Oideachais

De ghnáth ceadófar áiseanna Poiblí/Pobail/Institiúide agus Oideachais ar a n-áirítear scoileanna, séipéil, ionaid chúraim lae, áiseanna um chúram leanaí, foirgnimh phobail agus áiseanna sláinte. Ní cheadófar ach úsáid teoranta cónaithe nó gnó nuair a bhaineann siad le feidhm agus iad coimhdeach le háiseanna pobail ag an suíomh.

1.7.6 Tionsclaíocht

Déantar talamh a chriosú do thionsclaíocht le freastal ar thionsclaíocht/dhéantúsaíocht.

1.7.7 Tionsclaíocht Éadrom

D'fhonn an talamh seo a chaomhnú d'úsáid tionsclaíochta éadrom, ní cheadófar úsáid nach mbaineann go díreach le gníomhaíochtaí tionsclaíochta mar thithíocht, miondíol agus úsáid an phobail. Ní dhéanfaidh úsáidí dochar do chonláistí cónaithe an cheantair. Ceadófar seomraí coimhdeacha taispeántais a bhaineann leis an bpríomhúsáid ar an suíomh d'achar urlár suas le 100mcr ach ní cheadófar aonaid miondíola.

1.7.8 Spás Oscailte Éighníomhach/Conláistí

Baineann spás oscailte éighníomhach go ginearálta le húsáid mar pháirceanna baile agus limistéir shúgartha do leanaí agus áiteanna atá ar intinn a úsáid mar cheantair do chonláistí nádúrtha gar do ghnéithe nádúrtha mar aibhneacha. Ní cheadófar úsáid neamhghaolmhar mar shiopaí agus tithe. Déanfar plé ar fhorbairt charrchlóis choimhdeach agus áiseanna coimhdeacha a bhaineann leis. Ní bhainfidh na húsáidí seo ón bpríomhúsáid mar spás oscailte éighníomhach, áfach. Ba chóir go ndéanfaí forbairtí in aice láimhe a dhearadh le féachaint anuas ar na spásanna seo agus faireachas éighníomhach a sholáthar.

1.7.9 Spás Oscailte Gníomhach/Conláistí

Is le soláthar úsáide áineasa amháin a bhaineann an criosú seo. Ar an úsáid ghníomhach áirítear páirceanna imeartha, cúirteanna leadóige etc. a sholáthar. Ní cheadófar úsáid neamhghaolmhar mar shiopaí agus tithe. Féachfar ar fhorbairt fhoirgneamh áineasa agus ar charrchlóis a bheadh riachtanach d'úsáid na gconláistí. Ní bhainfidh an úsáid seo ón bpríomhúsáid mar spás oscailte gníomhach, áfach.

1.7.10 Miondíol

Tá láithreacha atá criosaithe d'úsáid miondíola curtha in áirithe d'fhorbairt miondíola amháin. Ceadófar ollmhargaí agus/nó ionaid siopadóireachta ar na suíomhanna seo. Ní cheadófar forbairtí trádstórais miondíola ar a leithéid de shuíomhanna.

1.7.11 Gnó / Eolaíocht / Teicneolaíocht

Tá réimse gníomhaíochtaí i gceist le húsáid gnó ó chuideachtaí teilidhíola agus ríomhchlárúcháin go dtí ceannárais chuideachtaí etc. Is iad na saintréithe atá acu ná gur gníomhaíochtaí glana neamhthruaillitheacha iad, a chuireann táirgí ar fáil ach nach bhfreastlaíonn ar an bpobal go díreach. Is minic a úsáidtear criosú Gnó / Eolaíochta / Teicneolaíochta d'úsáid mar oifigí, taighde agus forbairt nó cuideachtaí cumarsáide. Ní cheadaítear forbairtí nach mbaineann go díreach le húsáid gnó/eolaíocht/teicneolaíocht, mar thionscal trom, úsáid chun cónaithe nó miondíola go ginearálta.

1.7.12 Úsáid Tráchtála

Déanfar rialú ar fhorbairt talún criosaithe chun tráchtála i Limistéar Feidhme an Daingin (féach léarscáil Ru 1) de réir fhorálacha Thábla 1.2 den Mhaitrís Chriosaithe agus an Plean Forbartha Contae.

1.7.13 Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuan/muirí

Tailte atá criosaithe go sonrach do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuan/muirí. Ceadófar cothabháil bád, stóráil agus trealamh iascaireachta de ghnáth. Freastlófar de ghnáth ar mhuiríní agus úsáid eile muirí, turasóireachta agus fóillíochta.

Tabharfar spreagadh do phróiseáil éisc agus do sheirbhísí a bhaineann leis a bheith suite i láthair(láithreacha) oiriúnach(a) lasmuigh le theorainn (lár) an bhaile d'fhonn conláistí fisiciúla agus radhairce an cheantair taobh le farraige a chosaint. Déanfar rialú ar fhorbairt talún criosaithe do na gníomhaíochtaí seo sa Daingean (féach léarscáil) de réir fhorálacha Thábla 1.2 den Mhaitrís Chriosaithe.
Déanfaidh an Comhairle iarracht méadú agus feabhsú a chur ar áiseanna páirceála carr, atá ann cheana féin i lár an bhaile, ar thaobh na farraige sa chrios a bhaineann le gníomhaíochta an chalafoirt agus na mara.

1.7.14 Turasóireacht/Fóillíocht

Tailte atá criosaithe go sonrach d'úsáid a bhaineann le turasóireacht agus fóillíocht, mar óstáin, áiseanna spóirt agus áineasa faoi dhíon, ionaid ghníomhaíochta. Is féidir go n-áireofaí éiceathurasóireacht agus margaí eile nideoige san úsáid.

1.7.15 Carrchlós

Talamh criosaithe do charrchlós poiblí ina bhféadfaí soláthar a dhéanamh do pháirceáil do chóistí.

1.8 SAINMHÍNITHE AR ÚSÁID & AR FHEABHSÚ TALÚN

1.8.1 Meascán Úsáide Sráid-Dreacha

Nuair a léirítear talamh mar 'Mheascán Úsáide Sráid-Dreacha Uirbeach' féachfar ar réimse de mheascán úsáide. Caithfidh forbairt nua ionchorprú a dhéanamh ar luachanna traidisiúnta ailtireachta na sráid-dreach atá sa bhaile i dtéarmaí mórdhlúthaithe, scála, foirme agus éadanais sráide. Déanfar gnéithe ailtireachta áitiúla a ionchorprú i ndearadh na struchtúr nuair is cuí.

1.8.2 Sráid-Dreach Cónaithe

Mar a chéile le meascán úsáide sráid-dreacha ach gur chun cónaithe amháin é.

1.8.3 Feabhsú Sráidbhaile

Is cuspóir do lonnaíochtaí beaga é na sráidbhailte a fheabhsú agus é ar intinn feabhas a chur go ginearálta ar dhreach agus ar thimpeallacht thógtha an tsráidbhaile. Áirítear ann feabhsú an tsráid-dreacha agus feabhsú/soláthar chosán agus an riachtanas le soilsiú agus tírdhreachú bog agus crua nuair a cheaptar sin a bheith iomchuí.

1.8.4 Suíomhanna Deise

Is suíomhanna iad suíomhanna deise a bhfuil tábhacht phríomha leo i bhforbairt an bhaile. Tagair le do thoil don fhaisnéis fhorbartha atá sa phlean ceantair áitiúla chun tuilleadh eolais a fháil.

1.8.5 Páirc Charbhán

Ceadófar tithe soghluaiste, carbháin agus áiseanna campála d'aonaid den chineál céanna nach ngluaiseann laistigh den chriosú seo. Is chun cónaithe sealadach amháin iad na haonaid seo.

1.8.6 Croílár an tSráidbhaile

Soláthar a dhéanamh go príomha do mheascán úsáide agus d'aon úsáid eile a bhíonn oiriúnach do chroílár an tsráidbhaile. Ba chóir go gcuirfeadh forbairtí a bhíonn beartaithe feabhas ar bheogacht agus inmharthanacht chroílár an tsráidbhaile agus go bhfreastlóidís ar riachtanais an tsráidbhaile agus a chúlchríocha. Déanfar iarratais indibhidiúla a mheas ar bhonn na forbartha a bhíonn beartaithe chomh maith leis an úsáid atá ann, agus na tograí eile atá sa chomharsanacht. Ní cheadófar de ghnáth forbairtí a gceapann an tÚdarás Pleanála go mbeadh tionchar míchuí acu ar shaintréithe, cháilíocht agus chonláistí an bhaile.

1.8.7 Úsáid Neamhchomhréireach

Tá mórán úsáidí i láithreacha nach bhfuil siad de réir na gcuspóirí úsáide criosaithe sonraithe atá leagtha amach don cheantar sin agus ar úsáidí bunaithe fadtéarmacha iad de ghnáth a tháinig chun cinn thar am. Nuair atá curtha le, nó feabhas curtha ar fhoirgneamh a bhíonn ag freastal ar na húsáidí seo a bhíonn beartaithe, féachfar orthu go léir de réir a bhfiúntas agus is féidir go dtabharfaí cead nuair is féidir a léiriú nach mbíonn drochthionchar ag an togra ar chonláistí sa chomharsanacht agus go bhfuil sé ag teacht le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

	Cón	LA	ÚM	TM	PPIO	T	TÉ	SOÉ	SOG	Mior	GET	TRÁ	CM	TF
Cláir Fógraíochta	N	O	O	O	N	O	O	N	N	P	O	O	N	O
Stuara Siamsa	N	O[1]	O	N	N	N	N	N	N	O	N	N	N	O
Banc/Comhar Creidmheasa/Cumann Foirgníochta	N	P	O	N	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Leaba agus Bricfeasta/Teach Aíochta	O	O	O	N	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Oifig Ghealltóireachta	N	O[2]	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Caifé/bialann	O	P	O	O	O	O	O	O[3]	O[3]	P	o	o	o	o
Lárionad Glaonna/Teilidhíol	N	o	o	N	N	N	N	N	N	N	P	o	N	N
Carrchlós/ilstórach (tráchtála) 4	N	P	P	P	N	o	o	N	N	P	P	N	o	N
Corr-Thrádáil	N	o	o	N	N	N	N	o	o	o	N	N	o	N
Íoc agus Iompair	N	N	o	P	N	N	o	N	N	N	N	o	N	N
Reilig	N	N	N	N	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Áis um chúram leanaí	o	o	o	o	P	N	o	N	N	o	o	o	N	N
Pictiúrlann/Amharclann	N	P	o	o	o	N	N	N	N	o	N	N	o	P
Ionad taitneamhachta pobail	N	N	N	N	N	o	o	N	N	o	N	o	o	N
Halla/Saoráid Phobail	o	P	P	o	P	N	N	N	N	N	N	N	o	o
Ionad comhdhála	N	P	P	N	o	N	N	N	N	N	P	N	N	o
Foirgneamh Cultúrtha/Oidhreachta	o	P	P	o	P	N	N	o	o	o	N	N	o	o
Lárionad sonraí/Lárionaid óstála gréasáin	N	P	P	o	o	N	o	N	N	N	P	o	N	N
Bialann na mótar	N	N	o	o	N	N	N	N	N	P	N	N	N	N
Tirimghlantóirí	N	P	o	N	N	N	N	N	N	P	N	N	N	N
Oideachas (lá agus/nó oíche)	o	P	P	N	P	N	N	N	N	o	o	N	N	N
Mearbhia/Beir leat	N	O[2]	O	O	N	N	O	N	N	O	O	N	N	N
Teach tórraimh	N	O	O	N	O	N	N	N	N	N	N	O	N	N
Ionad garraíodóireachta	N	N	N	O	N	N	N	N	N	O	N	O	N	N
Gairmithe um chúram sláinte	O	P	O	O	P	N	N	N	N	O	N	N	N	N
Siopa gruagaireachta/sciamhlann	O	P	O	O	O	N	N	N	N	O	N	N	N	N
Páirceáil d'fheithiclí troma tráchtála	N	N	N	N	N	P	P	N	N	N	N	O	N	N
Ospidéal	O	O	O	N	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Brú	O	O	O	N	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Óstán	O	P	P	N	O	N	N	N	N	O[5]	N	N		O

	Cón	LA	ÚM	TM	PCEI	T	TÉ	SOÉ	SOG	Mion	GET	TRÁ	CM	TF
Iosta breosla teaghlaigh	N	N	N	N	N	O	O	N	N	N	N	O	N	N
Tionscal/Tionscal éadrom le seomra taispeántais[6]	N	N	N	O	N	O	O	N	N	N	N	O	N	N
Meáin taifeadta agus úsáid a bhaineann leis na meáin	N	O	O	O	O	N	N	N	N	O	P	O	N	N
Seomra taispeántais díolacháin charr	N	N	O	O	N	N	O	N	N	O	N	O	N	N
Club oíche/Halla rince	N	O	O	N	N	N	O	N	N	O	N	N	N	O
Oifig	O	P	P	O	O	N	N	N	N	N	P	O	N	N
Siopa eischeadúnais	N	P	O	N	N	N	N	N	N	P	N	N	N	N
Ionad adhartha poiblí	o	P	P	N	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Stáisiún líonta peitril	N	N	O	O	N	N	N	N	N	O	N	N	N	N
Teach tábhairne	O	P	O	N	O	N	N	N	N	O	N	N	N	O[7]
Garáiste deisiúcháin	N	N	O	N	N	N	P	N	N	N	N	O	N	N
Institiúid chónaithe	O	O	O	N	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Club spóirt/Foirgneamh áineasa	O[3]	O[3]	O[3]	O[3]	O[3]	N	N	N	O[3]	O[3]	O[3]	O	N	P
Ollmhargadh (>500mcr)	N	P	O	N	N	N	N	N	N	P	N	N	N	N
Tradstóras/íostaí stórála/ionaid dáilte	N	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N	O	N	N
Páirceanna Imeartha	P	N	O	N	O	N	N	N	P	N	N	N	N	P
Siopadóireacht Ghinearálta Mhiondíola	N[9]	P	P	N	N	N	N	N	N	P	N	N	N	N

EOCHAIR
Cón- cónaithe LA - Lár an Bhaile ÚM - Meascán Úsáide **TM -** Trádstóras Miondíola **TF –** turasóireacht agus fóillíocht **CM -** Cuan/Muirí
PPIO – Poiblí/pobail/institiúide/oideachais **T** –Tionsclaíocht **TÉ – Tionsclaíocht Éadrom** **SOÉ –**Spás Oscailte Éighníomhach
SOG - Spás Oscailte Gníomhach **Mion -** Miondíol **GET –** Gnó/Eolaíocht/Teicneolaíocht **TRÁ -** Tráchtála

N = Ní cheadaítear de ghnáth **O** = Le cur faoi mheas **P =** Ceadaithe i bprionsabal

NÓTAÍ

1 Tá suíomhanna i lár an bhaile mar a bhfuil stuaraí siamsa mí-oiriúnacha agus moltar d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an Údarás Pleanála.
2 Go ginearálta, ní cheadófar na forbairtí seo ar phríomhshráid lár an bhaile d'fhonn feidhm miondíola agus conláistí lár an bhaile a chosaint.
3 Féachfar ar fhoirgnimh bheaga de chineál botha.
4 Beidh ar gach iarratasóir déanamh de réir na gcaighdeán páirceála carr atá sa Phlean Forbartha Contae
5 Óstán le bheith coimhdeach leis an bpríomhúsáid miondíola ar an láthair
6 Spás iomlán miondíola de 100mcr ar a mhéid a bhainfidh go hiomlán leis an úsáid tionsclaíochta/tionslaíochta éadrom ar an láthair
7 Mar chuid lárnach den choimpléasc foriomlán
8 Is féidir go mbeadh nó nach mbeadh glacadh le húsáid talún sa chatagóir 'a bheadh le cur faoi mheas' agus déanfaidh an tÚdarás Pleanála tograí sa chatagóir seo a mheas de réir a bhfiúntas agus laistigh de chomhthéacs na ceartphleanála agus na forbartha inbhuanaithe don cheantar.
9 Is féidir go gceadófaí siopadóireacht áise áitiúil.

RANNÁN 2

DAINGEAN UÍ CHÚIS PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL

2.0. COMHTHÉACS

2.1. CUNTAS GAIRID AR AN MBAILE

2.1.1. Láthair

Tá Daingean Uí Chúis suite ag fhoirceann thiar an N86 ar chósta theas leithinis Chorca Dhuibhne. Tá sé suite timpeall 49 Ciliméadar (30 míle) siar ó Thrá Lí, timpeall 71 Ciliméadar (44 míle) siar ó thuaidh ó Chill Airne agus timpeall 57 Ciliméadar (35 míle) siar ó Aerfort Chiarraí.

Tá na cnoic mhaorga agus an cuan tar éis cáil dhomhanda a chinntiú do Dhaingean Uí Chúis do thurasóireacht agus don oidhreacht chultúrtha.

2.1.2 Stair Ghearr

Tá stair shaibhir oidhreachta an bhaile ar cheann de na nithe is mó is díol spéise do chuairteoirí agus í mar fhoinse mórtais agus féiniúlachta don phobal. Cé gur deacair a dhéanamh amach go díreach cathain a bunaíodh an lonnaíocht, léiríonn na hiarsmaí seandálaíochta máguaird go raibh cónaí ar dhaoine ann ón tréimhse reámhstaire.

Creidtear go raibh Corca Dhuibhne ina hionad buanseasmhach oilithreachta muirí sa luath-Thréimhse Críostaíochta (400-1200AD) a shín ar feadh Chósta Atlantaigh na hÉireann agus níos sia. Ba bhealach tábhachtach é Cosán na Naomh go Cill Maoilchéadair in aice leis an Muiríoch ar é an suíomh eaglasta is tábhachtaí ar fad ar Leithinis Chorca Dhuibhne é.

Tosaíonn taifead doiciméadúcháin Dhaingean Uí Chúis i ndiaidh an ionradh Angla-Normannach sa 13ú hAois nuair a lonnaigh teaghlach Pleímeannach dar sloinne Ó hEodhasa sa cheantar agus deirtear gur as sin a tháinig ainm an bhaile sa lá atá inniu ann, is é sin dún nó Daingean Uí Chúis. Ba iad na Normannaigh a tháinig sa 13ú hAois a thosaigh stair an bhaile mar chuan trádála agus níorbh fhada go raibh níos mó earraí á n-easpórtáil trí Dhaingean Uí Chúis ná mar a bhí trí Luimneach. Faoi dheireadh an 14ú hAois ba ghnó mór é fíon a iompórtáil, le nascanna tábhachtacha leis an bhFrainc agus an Spáinn. Tá an tionchar Spáinneach fós le feiceáil sna sonraí ailtireachta atá caomhnaithe i Sráid an Doirín. Sa 16ú hAois bhí an baile ar cheann de phríomhionaid thrádála na hÉireann maidir le héisc agus seithí a easpórtáil agus le fíon a iomportáil. Tháinig méadú ar thráchtáil ann in 1569 nuair a liostáladh an baile mar cheann de na bailte a raibh monaplacht acu ar fhíon a iompórtáil.

Chuir muintir an bhaile isteach ar "mhúrdheontas" le ballaí a thógáil timpeall ar an mbaile. Tá rian de na mballaí seo fós le feiceáil agus coimeádann leagan amach na sráideanna patrún na gceapach bhurgáiste. Bhí an t-ord feodach a bhunaigh na hAngla-Normannaigh i gcoimhlint le riarachán Shasana sa 16ú hAois. Tharla mórán gníomhaíochta míleata i gceantar Chorca Dhuibhne le linn an Dara Éirí Amach i nDeasumhain. D'fhulaing an baile go mór i gcogadh na Naoi mBliana (c.1600) agus Cogadh na dTrí Ríocht (c.1640) nuair a déanadh an baile a dhó agus scrios roinnt uaire.

Thosaigh an baile ag teacht chuige féin san 18ú hAois de bharr iarrachtaí na nGearaltach (Ridirí Chiarraí) a bhí curtha fúthu sa "Garrán". Faoi 1755 bhí rath ar thionscal an lín ach theip ar an trádáil de dheasca na éabhlóide tionsclaí sa Bhreatain. Thosaigh tionscal na hiascaireachta sa bhaile ag tús an 19ú hAois. Tharla mórfhorbairt sna 1870dí nuair a tháinig flíteanna "naibí" ó Oileán Mhanainn sa tóir ar mhaicréil agus scadáin, ag cur dá réir le biaiste na hiascaireachta. Rinne Bord na gCeantar gCúng an ché agus na háiseanna muirí a fhorbairt agus cheadaigh teacht an iarnróid in 1891 d'iompar éisc ar fud na tíre, agus forbraíodh tionscal cannadóireachta agus leasaithe ag an am gcéanna.
Tháinig rath mór ar thurasóireacht ó na 1970dí ó déanadh an scannán "Ryan's Daughter" agus tá Fungi, an deilf bholgshrónach, tar éis idirghníomhú le báid lán de dhaoine agus le snámhóirí ó 1984.

2.1.3 Feidhm & Áiseanna

Tá an baile sainithe mar Ionad Ceantair in ordlathas lonnaíochta an chontae faoi mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015. Tá feidhmeanna tábhachtach seirbhíse agus fostaíochta ag baint le hionaid dá leithéid laistigh dá gceantar. Tá mórthábhacht chultúrtha leis an mbaile agus is é an príomhlonnaíocht agus an fócas é do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne. Is é an tairseach do shlí turasóireachta Cheann Sléibhe ar an R559. Is ionad tábhachtach trádála agus tráchtála é agus é ar cheann de na cuanta iascaireachta is tábhachtaí ar chósta thiar theas na hÉireann. Soláthraíonn turasóireacht, próiseáil éisc, déantúsaíocht agus tionscail seirbhíse fostaíocht go háitiúil.

Is áit is díol spéise do thurasóirí atá i mbaile Dhaingean Uí Chúis ann féin. Is mórcheann scríbe turasóireachta é do chuairteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Caithfear ceann a thógáil de shaintréithe sainiúla agus comhthimpeallacht an bhaile nuair a bhítear ag féachaint ar fhorbairt an bhaile sa todhchaí.

Tá go leor áiseanna oideachais sa bhaile, ar a n-áirítear dhá bhunscoil agus iar-bhunscoil amháin. Tá mórán áiseanna pobail ag freastal ar an daonra atá ann mar ionad acmhainní do theaghlaigh/ionad cúram príomhúil, Ionad Cúram Lae Ghairdín Mhuire, leabharlann poiblí agus áiseanna um chúram leanaí.

D'oscail ospidéal pobail Chiarraí Thiar, Ospidéal Pobail Chorca Dhuibhne i nDeireadh Fómhair 2010 mar chuid de "champas" sláinte ar a n-áirítear roinnt áiseanna um chúram príomhúil agus bunáit otharchairr.

2.1.4 Fás & Spriocanna Daonra

Léiríonn figiúirí dhaonáireamh 2006 go raibh daonra de 1,920 i nDaingean Uí Chúis (TRC Dhaingean Uí Chúis agus forluí áirithe in TRC na nGleannta) i gcomparáid le figiúr 2002 de 1,828. Is ionann seo agus méadú 5% sa tréimhse ceithre bliana idir-dhaonáirimh agus é an-fhabhrach i gcomparáid leis an gcontae ina iomláine a léiríonn méadú 4.8% thar an tréimhse chéanna. Tháinig méadú 4.7% ar dhaonra TRC na nGleannta, atá timpeall ar Dhaingean Uí Chúis.
Léiríonn réamhthorthaí dhaonáireamh 2011 laghdú 16.2% ar dhaonra TRC Dhaingean Uí Chúis agus ardú 21.4% freisin ar an bhfigiúr don Na Gleannta.

Léiríonn an méadú sna Gleannta forleathnú amach ón mbaile agus líon na dtithe nua a tógadh ar imeall an bhaile. Féachtar ar an TRC seo mar cheantar atá faoi bhrú uirbeach.

	2002	2006	2011
Daingean Uí Chúis	1,647	1,775	1,488.
Na Gleannta	1,471	1,496	1,816

Fig 2.1 Athrú Daonra in aghaidh TRC 2002-2006–2011

I dtéarmaí próifíle aoise, tá éagsúlachtaí suntasacha idir na figiúirí do Dhaingean Uí Chúis agus na figiúirí don chontae agus náisiúnta faoi mar atá le feiceáil sa tábla thíos. Tá an daonra faoi bhun 14 bliana d'aois i bhfad níos ísle ná an meán don chontae agus an meán náisiúnta agus tá an aoisghrúpa idir 25-44 i bhfad níos airde.

	Daonra	*0-14*	*15-24*	*25-44*	*45-64*	*65+*
Daingean Uí Chúis	1,775	10.3%	13..2%	35.2%	26.2%	15.1%
Ciarraí	139,835	19.5%	13.1%	28.6%	25%	13.8%
Náisiúnta	4,239,848	20.4%	14.9%	31.7%	21.9%	11%

Tábla 2.2: Próifíl aoise i nDaingean Uí Chúis (2006)

Tá na spriocanna daonra do bhaile an Daingin go deireadh thréimhse an phlean ceantair áitiúil in 2017 i dtábla 2.3. Tá sprioc daonra 2,069 duine ann don bhaile faoi 2017. Is ionann sin agus méadú 377 duine sa tréimhse 2011-2017.

	daonáireamh 2002	daonáireamh 2006	daonáireamh 2011	sprioc 2017
Daingean Uí Chúis*	1,828	1,920	1,692	2,069

*** áirítear an cur thar maoil go dtí Na Gleannta**

Tábla 2.3: Figiúirí agus spriocanna daonra do bhaile an Daingin 2002-2017

2.1.5 Fás agus Forbairt Chónaithe

Déanann an teorainn forbartha do Dhaingean Uí Chúis sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, roinnt athfhorbartha i lár an bhaile. Is iad na gnéithe aiceanta agus ceisteanna infreastruchtúir is mó a shocraíonn an teorainn forbartha do Dhaingean Uí Chúis.

Feictear go mbeidh méadú réamh-mheasta de 377 duine sa Daingean. Le ráta áitíochta de 2.6 duine is ionann seo agus 145 teaghais le meándlús de 5 teaghais/acra (12/ha), ag léiriú éilimh ar 29.7 acra (12.1Ha) de thalamh criosaithe. Leis an bhfigiúr seo in éineacht le lamháil do spás cloiginn le rogha a chinntiú do mhargadh talún forbartha ar ionann é agus méadú suas le 50% ar an bhfíor-riachtanas talún tithíochta, ag teacht le Treoirlínte na bPleananna Forbartha d'Údaráis Áitiúla (RCORÁ, 2007) faightear figiúr foriomlán de 44.7 acra (18.1ha). Is ionann seo agus táirgeacht iomlán de 217 aonad tithíochta. Tá an spás breise cloiginn áirithe le ceadú d'iomaíocht, go seachnófaí monaplacht sa mhargadh agus gan fáil a bheith ar thailte criosaithe. Dá bhrí sin is gá 44.7 acra (18.1 ha) a chriosú le héileamh na tithíochta cónaithe uirbigh a chomhíonadh thar thréimhse an phlean.

Lonnaíocht	*Limistéar Talún Criosaithe chun Cónaithe (acraí)**	*Spriocsholáthar Tithíochta* (uimh.)*	*Spriocmhéadú Daonra*
Daingean Uí Chúis	44.7 (18.1ha)	217	377

* áirítear 50% spáis chloiginn

Tábla 2.4: Riachtanas Talún agus Spriocanna Daonra

Léiríonn suirbhéireacht ar an mbaile go bhfuil roinnt eastát neamhchríochnaithe/dearóil ann. Tá aonaid teaghaise sna heastáit seo atá críochnaithe go leibhéil éagsúla. Tá cead gníomhach ag na heastáit seo fós agus iad ar c. 2.5ha talún.
Tá cead pleanála tugtha do thimpeall 90 aonad cónaithe sa bhreis nár tosaíodh fós orthu. Áirítear orthu seo teaghaisí de dhlús éagsúil ar a n-áirítear roinnt árasán agus aonaid sraithe. Tá timpeall 20 teaghais neamhchríochnaithe. Tá na teaghaisí seo ag staideanna éagsúla críochnúcháin.

Riachtanas talún	*Teaghaisí atá Folamh/Neamhchríochnaithe*	*Talamh le cead pleanála*	*Iomlán na talún breise criosaithe & aonaid chónaithe*
44.7 a(18.1ha)	2.7 (1.1ha)	8.6 (3.5ha)	33.4a (13.5ha)
217	20	90	107

2.2. FÍS DON TODHCHAÍ AGUS STRAITÉIS FORBARTHA

Is í atá mar fhís do Dhaingean Uí Chúis ná a bhonn fostaíochta a choimeád agus a mhéadú, agus forbairt a dhéanamh ag an am gcéanna ar bhaile tarraingteach agus beoga le cónaí ann. Is féidir sin a bhaint amach ag coimeád a thimpeallachta nádúrtha agus tógtha, ag caomhnú a oidhreachta agus a chultúir áitiúil agus ag teacht i dtír ar a bhuanna sainiúla dúchasacha.

2.2.1 Straitéis Forbartha

Féachtar ar Dhaingean Uí Chúis mar phríomhphointe fócais d'fhorbairt leanúnach ar leithinis Chorca Dhuibhne. Is é atá sa straitéis forbartha ná go gcuirfí feabhas ar shócmhainní fisiciúla an bhaile agus go gcuirfí fás inbhuanaithe geilleagrach chun cinn, agus go ndéanfaí iarracht ar a shaintréithe, a chomhthimpeallacht agus a shaintréithe cultúrtha a choimeád agus a fheabhsú. Ba chóir go mbeadh ardchaighdeán amhairc agus ailtireachta ag baint leis an bhforbairt d'fhonn feabhas a chur ar tharraingteacht an bhaile dá lucht cónaithe agus do thurasóirí araon.

Tá tionscail talmhaíochta, iascaireachta agus turasóireachta an Daingin agus an teacht atá air ar an bhfarraige tar éis maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag a iargúlta atá sé ó mhórionaid eacnamaíochta an chontae. Tá buanna ó dhúchas ag an mbaile ar a n-áirítear a chuan, an radharc tíre, gníomhaíochtaí fóillíochta, cultúr agus Gaeilge, ar féidir leas a bhaint astu ar fad le margaí agus deiseanna áitiúla a fhorbairt.

Tá beogacht an bhaile agus fás a dhaonra agus a sheirbhísí sa todhchaí ag brath go mór ar dheiseanna fostaíochta a sholáthar ar feadh na bliana. Tá an titim ar líon na ndaoine atá fostaithe i dtalmhaíocht i limistéar an bhaile ag leanúint i gcónaí, le níos lú éilimh dá bharr ar sheirbhísí traidisiúnta ón earnáil seo. Tá cailliúint na bpostanna talmhaíochta níos measa le blianta beaga anuas toisc teip na n-earnálacha tógála.

Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí gur gá caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíochtaí comhshaoil Dhaingean Uí Chúis agus go bhfreastlaítear agus go ndéantar comhtháthú ar fhorbairt inbhuanaithe ag an am gcéanna. Tuigeann an Chomhairle go bhfuil gá ag an mbaile agus ag an réigiún le bonn cothrom eacnamaíochta. Is mian leis an gComhairle, ach go háirithe, uasghrádú a dhéanamh ar úsáid talún agus acmhainn taobh na farraige maidir le cur le conláistí agus geilleagar an bhaile a thabhairt i gcrích. Tá forbairt an cheantair seo ar bhealach ordúil, inbhuanaithe agus tarraingteach riachtanach le limistéar agus fócas nua a sholáthar a chuirfidh feabhas ar an mbaile ar fad.

In éineacht leis an ról traidisiúnta atá aige mar ionad seirbhíse, ag soláthar earraí agus seirbhísí don limistéar máguaird, tá an baile tar éis forbairt mar mhórsprioc turasóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is í an phríomhchúis atá leis seo ná an suíomh ina bhfuil sé leis an radharcra is fearr sa tír, chomh maith leis na nithe is díol spéise sa bhaile féin. Áirítear orthu seo sráid-dreacha sainiúla, traidisiúnta, an cuan iascaireachta a bhfuil teacht éasca air ar thaobh na farraige, agus a oidhreacht teanga, nádúrtha agus cultúrtha. Is cuspóir de chuid an phlean seo go ndéanfaí na sócmhainní seo a chosaint agus forbairt an bhaile sa todhchaí a chur chun cinn ar shlí a thiocfaidh leis na saintréithe lonnaíochta atá ann.

Figiúr 2.1: Straitéis Forbartha do Dhaingean Uí Chúis



- Uasmhéadú a dhéanamh ar fhás daonra agus ar sheirbhísí go dtí leibhéal a chruthóidh baile beoga, agus a shócmhainní fisiciúla, a shaintréithe sainiúla agus a bhuanna nádúrtha a choimeád agus a fheabhsú.

- Daingean Uí Chúis a fhorbairt mar ionad comhtháite fostaíochta do Chorca Dhuibhne, ag tógáil ar na háiseanna tionsclaíochta agus tráchtála éadrom atá ann agus ar a láthair straitéiseach.

- Caighdeán feabhsaithe maireachtála a sholáthar do lucht cónaithe an Daingin trí réimsí agus conláistí tarraingteacha poiblí a chruthú.

- Cur le tarraingteacht an bhaile mar áit chun cónaithe inti; cobhsú a dhéanamh ar an daonra agus gníomhú dá réir sin in aghaidh na treochta reatha le daoine ag aistriú chun na tuaithe.

- Feabhas a chur ar thaithí na gcuairteoirí/dturasóirí agus mhuintir na háite gan bun-saintréithe an bhaile a chailliúint.

- Caiteachas poiblí a dhíriú ar acmhainn an infrastruchtúir a mhéadú.

- Cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar mhuiríne d'ardchaighdeán agus ar thaobh na farraige.

- Forbairt a dhéanamh ar chaighdeán forbartha d'ardchaighdeán amhairc agus ailtireachta d'fhonn feabhas a chur ar tharraingteacht an bhaile dá lucht cónaithe agus do chuairteoirí araon.

- Oidhreacht teanga agus ceoil an bhaile a chur chun cinn agus a spreagadh.

- An oidhreacht sainiúil ailtireachta agus an tírdhreach sainiúil mórthimpeall a chaomhnú agus a fheabhsú d'fhonn a chinntiú go dtagann forbairtí sa todhchaí leis an oidhreacht tógtha atá ann agus leis an tírdhreach áitiúil.

- Níos mó tréscaoilteachta, nascachta agus rochtana a chruthú idir lár an bhaile agus na conláistí, ag cur feabhas dá réir ar íomhá foriomlán an bhaile.

- Ardchaighdeán dearaidh a chinntiú i ngach forbairt.

- Comhshaol nádúrtha ardchaighdeáin a chinntiú do gach cónaitheach agus turasóir.

- Spás ealaíon ilmheánacha a fhorbairt.

2.3. STRAITÉISÍ AGUS CUSPÓIRÍ EARNÁLA

2.3.1 Lár an Bhaile

Tá lár comhdhlúth Dhaingean Uí Chúis chun a leasa. Tá mórán saintréithe tarraingteacha i lár an bhaile ar ar féidir timpeallacht siopadóireachta ardchaighdeáin a thógáil. Is é an saintréith fhisiciúil is sainiúla atá ann ná an sráid-dreach stairiúil. Déanfaidh polasaithe oidhreachta an phlean seo an sócmhainn stairiúil seo a chosaint. Soláthraíonn forbairt na suíomhanna criosaithe do mheascán úsáide sa phlean seo deis spásanna tarraingteacha oscailte agus comhdhéanamh nua ailtireachta a chruthú, a chuirfidh feabhas suntasach ar dhreach fisiciúil lár an bhaile.

D’fhonn beogacht lár an bhaile a choimeád tá sé riachtanach, ní amháin go gcoimeádfadh an lár a ról mar chroílár tráchtála an bhaile ach go gcoimeádfadh sé eilimint láidir cónaithe agus sóisialta. Chuige seo tá an láthair ar a mbíodh an Bádchlós/Gléasra Oighir suite molta mar Láthair Deise, a bhfuil acmhainn inti d'fhorbairt mheascán úsáide agus amharclainne.

Is príomhláithreacha sa bhaile iad ceantair an Iarnróid agus Taobh na Farraige atá ag feidhmiú faoi láthair mar phríomh-charrchlós an bhaile. Thabharfadh córas páirceála níos éifeachtaí, in éineacht le feabhsú na timpeallachta agus ord níos fearr ar leithdháileadh na stainníní trádála, amharc níos taitneamhaí don láthair seo agus chuirfeadh sé feabhas ar chuma foriomlán lár an bhaile.

Cuspóir Uimh.	**Lár an Bhaile** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
TC-1	Forbairt inbhuanaithe lár an bhaile a chur chun cinn mar láthair a bheadh tarraingteach do shiopadóireacht, gnó, turasóireacht agus don saol cónaithe agus pobail. Lár an bhaile a chur chun cinn mar phríomhláthair miondíola agus forbartha eile tráchtála.
TC-2	Athúsáid agus athghiniúint ar phríomhláithreacha lár an bhaile a chur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar réimse úsáide iomchuí a bhfuil imlíne tugtha orthu i dtábla na Maitríse Criosaithe.
TC-3	A chinntiú go dtagann forbairt i lár an bhaile sa todhchaí ag teacht le hoidhreacht thógtha an bhaile. Forbairt líonta isteach a chur chun cinn ach go gcoimeádtar an líne tógála ar fud cheantar an chroíláir.
TC-4	Éascú a dhéanamh ar fhuascailt bhrú tráchta agus athstruchtúrú a dhéanamh ar na spásanna páirceála i lár an bhaile. Gluaiseacht éasca agus sábháilte a sholáthar do choisithe ar fud lár an bhaile.
TC-5	Spreagadh a thabhairt d’úsáid na n-urlár uachtaracha i lár an bhaile d’úsáid tráchtála nó cónaithe.
TC-6	Forbairt a dhéanamh ar shráid-dreach ar feadh an Bhóthar nua Faoisimh. Is i bhfoirm thraidisiúnta a bheidh dearadh, scóip agus toirt na forbartha ag ionchorprú úsáidí miondíola ar an gcéad urlár.

2.3.2 Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach

Ceann d’aidhmeanna foriomlána an phlean seo is ea éascú a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach ar an earnáil fhostaíochta agus ar sheirbhísí Dhaingean Uí Chúis agus tuilleadh fostaíochta éagsúil a bhaint amach d’fhonn baile tarraingteach, féinchothaitheach a chruthú. Tá príomhról ag an mbaile in eacnamaíocht an cheantair mórthimpeall agus is é an príomhionad fostaíochta do na ceantair sin atá scartha amach agus i bhfad ó chonair forbartha Thrá Lí agus Chill Airne.

Tacaíonn Daingean Uí Chúis le hearnálacha éagsúla mar thurasóireacht, miondíol, seirbhísí agus talmhaíocht. Is é an príomhlonnaíocht ar leithinis Chorca Dhuibhne é agus tá acmhainn ann do bhreis forbartha mar bhaile atá ag freastal ar ghnéithe áirithe de riachtanais turasóireachta mar ionad léirithe, amharclann etc. Ina theannta sin is baile tarraingteach, stairiúil atá sa bhaile a bhfuil cáil ar a oidhreacht teanga agus cultúrtha le roinnt mhaith tithe tabhairne, bialanna agus caiféanna.

2.3.2.1 Fostaíocht

D'fhorbair an baile go traidisiúnta mar chuan agus mar bhaile iascaireachta (margaidh) ag freastal ar riachtanais a chúlchríocha feirmeoireachta a raibh rath orthu go stairiúil, mar a bhfuil caighdeán na talún níos fearr ná mar atá i bpáirteanna eile den chontae.
Tá beogacht mhórán gnó beag sa bhaile ag brath ar chaiteachas chustaiméirí ó na ceantair thuaithe. Mar sin féin, tá an maolú stairiúil ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta ag laghdú a gcuireann na feirmeoirí le geilleagar an bhaile. Cé go bhfuil a gcuireann siad leis fós suntasach, ní leor ann féin é le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach ag na leibhéil traidisiúnta.

D'fhonn go soláthródh an baile fostaíocht agus fás geilleagrach sa todhchaí, tá sé riachtanach go dtacódh an plean seo le háiseanna a choimeádfadh réimse éagsúil foinsí fostaíochta sa bhaile. Cuirfidh sin cosc ar an iomarca spleáchais ar aon earnáil ar leith agus coimeádfaidh sé inmharthanacht fadtéarmach an bhaile.

2.3.2.2 Tionsclaíocht

Tá sé molta go spreagfaí gach tionscal nua (go háirithe na cinn a bhaineann le próiseáil éisc agus na seirbhísí a bhaineann leis) a bheith suite i láthair oiriúnach d'fhonn conláistí fhisiciúla agus radhairce an bhaile a chosaint. Leanfar le spreagadh a thabhairt do thionscail bheaga cheardaíochta sa bhaile toisc nach ndéanann siad dochar do chonláistí cónaithe nó ginearálta.

Tá eastát tionsclaíoch ag Údarás na Gaeltachta i mBaile na Buaile, timpeall 1.6 ciliméadar siar ó Dhaingean Uí Chúis, agus páirc fhiontraíochta sa Chúilín agus Ceardlann sa bhaile. Tá trádstórais i mBaile an Phléimeannaigh soir ó Daingean Uí Chúis a dhéanann freastal ar an mbaile. Tá forbairt á dhéanamh faoi láthair ag Marglann An Daingin Teo ar áitreabh nua marglainne in aice leo seo. Tá asraon mór crua-earraí/soláthróirí earraí tógála (MacGearailt) suite i mBaile na Buaile.

2.3.2.3 Úsáid Gnó/Fiontraíochta

Tá an pháirc ghnó ag Údarás na Gaeltachta i mBaile an Mhuilinn tar éis fostóirí a úsáideann infrastruchtúr leathanbhanda a mhealladh. Moltar go soláthraítear d'fhorbairt na n-earnálacha oifige agus teicneolaíochta trí chur chun cinn timpeallachta ardchaighdeáin agus soláthar talún oiriúnach le rochtain leathanbhanda.

Tugann dea-líonra leathanbhanda, dea-áiseanna oifige agus líonra inrochtana iompair na tionscail seo chun an bhaile. Tacaíonn agus tacóidh timpeallacht ardchaighdeáin an bhaile le bunú a leithéid d'fhionntaíochtaí. Tá breis tailte criosaithe sa phlean seo idir na ceantair chónaithe atá ann agus na tailte atá beartaithe chun tionsclaíochta ag an nGarrán agus i nGort Onóra do thrádstóráis miondíola/páirc ghnó (RD-2).

D'éirigh le Daingean Uí Chúis líon beag fostóirí oifige ardteicneolaíochta a mhealladh. Tugann seo le fios go bhféadfadh cuideachtaí, nach gá dóibh a bheith suite cóngarach do mhargaí agus d'infrastruchtúr iompair mar theilidhíol, cuideachtaí TF, seirbhísí airgeadais, ceannáras chuideachta agus earnála poiblí etc., cur fúthu go rathúil i nDaingean Uí Chúis.

Déantar sonrú ar an réimse úsáide sa chatagóir seo gur gníomhaíochtaí glana neamhthruaillitheacha iad, a chuireann táirgí ar fáil ach nach bhfreastlaíonn ar an bpobal go díreach.

Tá acmhainn sa dá pháirc oifige/gnó/fiontraíochta i mBaile an Mhuilinn, díreach siar ó Dhaingean Uí Chúis, agus sa Chúilín, do bhreis fáis san earnáil seo.
D'fhéadfadh suíomhanna le hais na slí atá beartaithe don snáithín leathanbhanda a úsáid freisin (mar shampla an t-ospidéal atá ann, meánscoileanna na nBráithre agus an chlochair a mb'fhéidir iad a bheith ar fáil toisc iad a bheith athlonnaithe).

Toisc go bhfuil tionchar ag cáilíocht na timpeallachta ar chinneadh chuideachtaí cur fúthu ag na láithreacha seo, éileofar leagan amach agus cáilíocht ailtireachta na forbartha a bheith ar ardchaighdeán. Caithfidh an fhorbairt a bheith de réir an dearaidh uirbigh agus na gcaighdeán ailtireachta atá sonraithe sa phlean seo. Beidh an rath a bhíonn ar na páirceanna seo ag brath freisin ar fheabhas a bheith ar uigeach sóisialta agus timpeallachta an bhaile.

2.3.2.4 Gníomhaíocht Chuain agus Mhuirí

Tá Daingean Uí Chúis aitheanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara mar phríomhchuan agus chalafort le ról tábhachtach maidir le rath leanúnach na muiríne – na hearnálacha fóillíochta, áineasa agus turasóireachta sa Chontae. Tá tacaíocht do thionscal na hiascaireachta fós mar fhócas lárnach don chuan. Is foinse tábhachtach ioncaim agus fostaíochta don cheantar í an iascaireacht agus cuireann sí go hindíreach le geilleagar an cheantair, trí easpórtáil éisc, próiseáil agus bialanna. Is é an cabhlach domhainmhara cnámh droma an tionscail áitiúil, agus tá sé méadaithe le blianta beaga anuas, le méadú ar líon na n-iasc a thugann árthaigh iasachta i dtír.
Feidhmíonn an mhuiríne mar bhonn seoltóireachta, rámhaíochta, slatiascaireachta agus tumadóireachta. Tá áiseanna ar tír in ionad na muiríne do na gníomhaíochtaí seo, agus tá caifé agus lónadóireacht ann freisin. Tá turais éiceolaíocha báid chuig an mBlascaod agus turais chuig Fungi á dtairiscint ón bpontún sa chuan thoir, agus tá turais ar mhótarbhád ag feidhmiú ón bhfánán in aice leis an muiríne. Téann bád tapaidh farantóireachta chuig na Blascaodaí ón mhuiríne.
Is cuid lárnach d'fhócas Chuan an Daingin iad gníomhaíochtaí ar tír mar sprioc do thurasóireacht agus mar chuan oibre agus taitneamhachta. Bhí gníomhaíochtaí mar snámh, siúil, slatiascaireacht, baoite a thochailt agus sliogéisc a phiocadh ar an gcladach ar siúl go háitiúil go maith sular bunaíodh turasóireacht mar fhoinse ioncaim don bhaile. Leis an méadú a tharla le déanaí ar líon na gcuairteoirí chun an bhaile, tá an-tóir ar a leithéid de ghníomhaíochtaí, cé go bhfuil siad fós neamhstruchtúrtha agus gan bainistiú den chuid is mó.

2.3.2.5 Obair ón mBaile

Creideann an Chomhairle go bhfuil sé riachtanach go ndéanfaí uasmhéadú ar dheiseanna d'oibriú ón mbaile trí fhorbairt a dhéanamh ar infreastruchtúr agus teicneolaíocht. Is féidir le rochtain idirlín leathanbhanda cur go suntasach leis an ngeilleagar áitiúil, trí rochtain a cheadú ar mhargaí nua a sholáthraíonn deiseanna nua eacnamaíochta agus a spreagann leathadh gníomhaíochtaí agus smaointe fiontraíochta.

Ní a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis d'iarthar Chiarraí is ea go dtugann sé deiseanna le daonra an cheantair a choimeád. Is féidir buntáiste a bheith le hobair ón mbaile maidir leis an ngá a bhíonn le taisteal a laghdú. Tugann Comhairle Contae Chiarraí spreagadh d'obair ón mbaile ach nach gcuirfeadh sé isteach ar chonláistí cónaithe na réadmhaoine in aice láimhe agus é a bheith de réir pleanála agus forbartha cuí an cheantair.

Cuspóir Uimh.	**Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
EEA-1	A chinntiú go mbaineann an baile an leas is fearr as a acmhainn le forbairt mar phríomhionad fostaíochta don cheantar ag soláthar ionaid seirbhíse a bhíonn ag feidhmiú go hiomlán dá lucht cónaithe agus don cheantar tuaithe ina thimpeall.
EEA-2	Tailte atá criosaithe chun úsáide fostaíochta/tionsclaíochta sa bhaile a chosaint ar fhorbairt mhíchuí a chuirfeadh isteach ar fhorbairt fhadtéarmach a leithéid d'úsáid.
EEA- 3	Daingean Uí Chúis a chur chun cinn mar cheantar ina mbeadh úsáid ghnó/fhiontraíochta suite chomh maith le tionscail bheaga agus mheánmhéide a bheadh inbhuanaithe.
EEA-4	Éascú a dhéanamh ar éagsúlú inbhuanaithe an gheilleagair. Tacú le hobair ón mbaile nuair a thagann tograí le cuspóirí agus caighdeáin an Phlean Ceantair Áitiúil seo agus an Phlean Forbartha Contae.
EEA-5	Tacú le forbairt inbhuanaithe an chuain agus an chalafoirt mar ghinteoirí acmhainneacha don gheilleagar.

2.3.3 An Cultúr agus An Ghaeilge

Éilíonn Alt 10 (2)(m) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 go n-áiríonn an chomhairle cuspóirí maidir le 'cosaint oidhreachta teanga agus cultúir na Gaeltachta ar a n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail'.

Is é Daingean Uí Chúis príomhlonnaíocht Ghaeltacht Chorca Dhuibhne. Léiríonn Daonáireamh 2006 gurbh ionann líon na gcainteoirí Gaeilge sa bhaile, mar chéatadán den daonra iomlán, agus 56.6%. Léiríonn seo laghdú ó 62.4% do dhaonáireamh 2002. Caithfidh forbairtí geilleagracha agus sóisialta oidhreacht sainiúil teanga, cultúrtha, fisiciúil agus timpeallachta an bhaile a chosaint. Caithfear iarratais phleanála a mheas ó thaobh oidhreachta teanga, sóisialta agus cultúrtha na Gaeltachta a chosaint agus a neartú.

Cuspóir Uimh.	**An Cultúr agus An Ghaeilge** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
AG-1	A chinntiú go ndéantar oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta i nDaingean Uí Chúis a chosaint agus áirítear ar seo an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail.
AG-2	A chinntiú go leagtar coinníoll Gaeilge ar chead d'fhorbairtí tithíochta d'fhonn maolú a dhéanamh ar thionchar dhaoine nach Gaeilgeoirí iad ar an gceantar Gaeltachta seo. Cuirfear íosmhéid de 31% d'fhorbairtí tithíochta criosaithe chun 'cónaithe buan' i leataobh do Ghaeilgeoirí. Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí caighdeán na Gaeilge a bhíonn ag teastáil a shocrú agus a mheas.

AG-3	A chinntiú gur i nGaeilge amháin a bhíonn ainmneacha na bhforbairtí tithíochta.
AG-4	Ráiteas Tionchair Teanga a éileamh do gach scéim tithíochta le breis is 4 aonad nó níos mó.
AG-5	A chinntiú go gcuirfear an méid is feidir de sheirbhísí na Comhairle ar fáil trí Ghaeilge

2.3.4 Turasóireacht

Tá turasóireacht tar éis rachmas áirithe a chruthú i n nach bhfuil i mbailte eile iargúlta ar chósta thiar na hÉireann. Is sa turasóireacht a léirítear an acmhainn is mó maidir le fás fostaíochta sa bhaile.

Tá an réimse, an caighdeán agus an méid cóiríochta i nchomh maith le hóstáin agus bialanna ardchaighdeáin a mheallann mórán turasóirí. Leis na háiseanna seo tá an baile ina áit tarraingteach le cuairt a thabhairt air agus le feidhmiú mar bhunáit le turas a thabhairt ar leithinis Chorca Dhuibhne. Tá cuid de na bialanna agus de na tithe tabhairne is fearr sa chontae sa bhaile. Tá an baile tar éis forbairt mar 'sprioc' turasóireachta ach is gá dó a mhargadh féin turasóireachta a fhorbairt, bunaithe ar ghníomhaíocht, ar cheardaíocht thraidisiúnta, laethanta saoire inbhuanaithe muirí agus eachtraíochta agus a chineál éiceathurasóireachta féin a fhorbairt ar shlí inbhuanaithe.

Is mó an conláiste agus an sócmhainn turasóireachta é an mhuiríne sa bhaile agus tagann sé i dtír ar thurasóireacht mhuirí, a cheaptar a fheidhmeoidh mar chatalaíoch d'fhorbairt bhreise. Soláthraíonn turais iascaireachta, turais bháid, seoltóireacht, rámhaíocht, slatiascaireacht agus tumadóireacht tuilleadh gníomhaíochtaí áineasa.

Tá lár an bhaile tarraingteach don tsúil agus tá roinnt foirgneamh den scoth ann. Chuige seo tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuireann forbairt nua feabhas ar an sráid-dreach atá ann agus go gcoimeádtar na foirgnimh shuntasacha de réir na gcaighdeán is airde. Ina ainneoin sin tá roinnt foirgneamh agus láithreán dearóil a lár an bhaile, a bhaineann ó dhea-chuma an bhaile. Úsáidfidh an Chomhairle a cumhachtaí reachtacha lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar fhadhb an dearóilithe.

Tá sé tábhachtach go bhféachfaí ar an mbaile ní amháin mar ionad don "chraic agus don cheol", ní hé le baint den tábhacht atá leis don bhaile, ach tá sé tábhachtach go gcuirfí béim ar ghnéithe eile den bhaile mar a fheabhas atá an iascaireacht, an mhuiríne agus an beathra éan, agus an cósta agus na cnoic sárscéimhe (Cruach Bhréanainn) in aice láimhe agus é cóngarach do ghalfchúrsa 18 poll ag Ceann Sibéal agus an cúrsa 9 bpoll i gCaisleán Ghriaire.

Tá an baile ag brath go mór ar thurasóireacht dá fhorbairt gheilleagrach. Tá sé tábhachtach go dtiocfadh tuilleadh forbartha ar an mbaile agus ar an gceantar máguaird agus go gcuirfí feabhas ar a acmhainn turasóireachta ar shlí inbhuanaithe mar sprioc turasóireachta ar feadh na bliana ar fad.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Daingean Uí Chúis a chur chun cinn mar sprioc turasóireachta ar feadh na bliana ar fad.
T-2	Éascú a dhéanamh ar mhéadú inbhuanaithe agus ar éagsúlú áiseanna do thurasóirí ar fud an bhaile ar a n-áirítear comharthaíocht fheabhsaithe agus an baile a chur chun cinn mar sprioc do ghníomhaíochtaí lasmuigh agus mar ionad seirbhíse do chuairteoirí agus do thurasóirí ar leithinis Chorca Dhuibhne.
T-3	Áiseanna turasóireachta uiscebhunaithe inmharthana a chur chun cinn agus a fhorbairt laistigh den Mhuiríne agus i láithreacha oiriúnacha.
T-4	Soláthar a dhéanamh do riachtanais neamhbhuana seirbhíse do lucht úsáide feithicle áineasa/veain champála in áiteanna oiriúnacha.

2.3.5 An Timpeallacht Nádúrtha

Níl aon sonrú ar leith timpeallachta laistigh de theorainn an bhaile féin. Mar sin féin tá an Daingean neadaithe i dtírdhreach a bhfuil cáil dhomhanda air. Tá an baile tar éis forbairt ar bhruacha thuaidh Chuan an Daingin agus an Reanna Bige, a bhfuil eolas forleathan ar éagsúlacht an stoic éisc atá ar fáil iontu. Ag féachaint ó thuaidh agus ag feidhmiú mar chúlra leis an mbaile tá Cnoc an Chairn (ar chuid de shliabhraon Chruach Bhréanainn é) atá ainmnithe faoi láthair mar cheantar atá ag cur isteach ar bheith ina Cheantar Speisialta Caomhnaithe (CSCm) faoin Treoir maidir le Gnáthóga Nádúrtha ón Aontas Eorpach (IR 94 de 1997).

Feidhmíonn an dá shliabhraon agus tírdhreach drámatúil an chósta mar chúlra iontach nádúrtha don bhaile ó gach treo.

Cuspóir Uimh.	An Timpeallacht Nádúrtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
NE-1	A chinntiú go gcoimeádtar caighdeán uisce Abha Bhaile an Mhuilinn agus a craobh-aibhneacha agus go ndeántar iad a chosaint ar thruailliú a thiocfadh ó fhorbairt agus go gcuirtear feabhas orthu nuair is féidir é.
NE-2	A chinntiú nach ndéanann forbairt sa bhaile dearóiliú ar cháilíocht uisce dromchla nó screamhuisce nó aon uiscí glactha.
NE-3	Comhlíonadh a dhéanamh ar fhorálacha Rannáin 11-4 den Phlean Forbartha Contae maidir le Bainistíocht ar Riosca Tuile.

2.3.6 IOMPAR AGUS GLUAISEACHT

2.3.6.1 Bóithre

Tá Daingean Uí Chúis suite ag ceann thiar an bhealaigh Náisiúnta Tánaisteach N86.Freastlaíonn an Bóthar Réigiúnach R559 ar an gceantar siar ón mbaile. Is nithe iad iompar agus infreastruchtúr atá tábhachtach do cháilíocht na beatha.

Is cinntitheach tábhachtach iad dea-naisc iompair, saorghluaiseacht tráchta agus páirceáil imleor maidir le fás ar an daonra, ar fhostaíocht agus ar thurasóireacht a bhaint amach chomh maith le forbairt a dhéanamh ar bhaile tarraingteach.
Téann mórán tráchta tríd an mbaile agus bíonn brú tráchta ann ag buaic an bhiaiste turasóireachta. Ina theannta sin tá srian ar fhorbairt tailte le hais Bhóthar an Spá agus Bhóthar na Conarach toisc nach bhfuil an bóthar leathan go leor ag an Droichead.

2.3.6.2 Iompar Poiblí
Tá nasc iompair phoiblí ag Daingean Uí Chúis le Trá Lí (R 275) agus le Cill Airne (trí R 281 na hInse) agus bíonn suas le cúig bhus ann go laethúil i rith na seachtaine agus seirbhís níos teoranta ag deireadh na seachtaine.

2.3.6.3 Páirceáil
Léirítear na carrchlóis atá ann agus atá beartaithe ar Léarscáil 2a. Tá roinnt acu suite timpeall an bhaile ag láithreacha a dhéanann iarracht ar chosc a chur ar thrácht turasóireachta dul isteach i lár an bhaile. Freastlaíonn carrchlós fairsing (a úsáideann busanna, veaineanna campála etc) ar thaobh na farraige ón mbaile. Ó thaobh radhairce agus feidhme feidhmíonn sé mar chuid den phríomhbhóthar seachas mar spás poiblí.
Úsáidtear cuid de shuíomh na Marglainne mar charrchlós faoi láthair. Níl dromchlú ná rianú déanta ar an limistéar seo. Tá sé beartaithe go gcuirfí feabhas ar an dromchla agus go ndéanfaí rianú ar an limistéar sin. Tá carrchlós breise beartaithe díreach ó dheas ón mbóthar faoisimh atá beartaithe agus úsáidfear é le freastal ar bhusanna turasóireachta.

Úsáidfear cuid den charrchlós atá léirithe sa limistéar ó thuaidh ó Shráid na Trá agus siar ón mbóthar faoisimh le freastal ar bhusanna turasóireachta áit nach gcuirfidh siad isteach ar an radharc faoi mar a dhéanann nuair a bhíonn siad ar locadh ar thaobh na farraige. Beidh an carrchlós seo in aice le ceantar miondíola lár an bhaile le rochtain do choisithe agus feithicleach ar Shráid an Doirín. Laghdóidh seo an drochthionchar ar an radharc taobh le farraige, agus éascóidh sé forbairt an Dhaingean Uí Chúis mar phointe stoptha do thrácht turasóireachta.

2.3.6.4 Bóthar Faoisimh
Tagann formhór na tráchta ó Chill Airne agus Trá Lí go Daingean Uí Chúis ar an mBóthar Náisiúnta den Dara Grád, an N86, a leanann ón gcuan mar Shlí Cheann Sléibhe R559. Dá bhrí sin tá méid suntasach tráchta ar bhóthar thaobh na farraige ar a n-áirítear feithiclí tráchtála agus busanna turasóireachta ar bhóthar atá cuíosach cúng.
Tá sé beartaithe an brú tráchta ar bhóthar thaobh na farraige agus i lár an bhaile a laghdú le bóthar nua faoisimh. Soláthróidh an bóthar faoisimh seo rochtain ar thaobh na farraige, ar thimpeallán Bhaile an Mhuilinn agus freastlóidh sé ar fhorbairtí nua. Tá an chonair don Bhóthar Faoisimh seo léirithe ar Léarscáil 2a. Tá bealaí táscacha rochtana aitheanta le rochtain a sholáthar ar cheantair talún cúil agus le freastal ar fhorbairt domhain agus ar fhoirm níos dlúithe uirbeach. Tá breis bealaí do choisithe aitheanta freisin le feabhas a chur ar rochtain ar pháirc an bhaile. Go dtí seo tá an bóthar idir an Ospidéal agus Sráid Eoin Uachtarach críochnaithe agus táthar ag leanúint leis suas go Bóthar an Spá.

Tá bainistíocht tráchta agus infrastruchtúr iompair aitheanta mar mhórshrian ar acmhainn fhorbartha Daingean Uí Chúis. Tá soláthar charrchlós agus bhóithre faoisimh aitheanta mar riachtanais chriticiúla infreastruchtúir sa Phlean Ceantair Áitiúil. Tá forbairt chuid mhór de na tailte criosaithe (Léarscáil 2a) ag brath ar sholáthar an infreastruchtúir thuas. Tá soláthar na mbóithre agus an infreastruchtúir riachtanach bainistíochta tráchta le héascú a dhéanamh ar fhorbairt an bhaile ag brath ar an Scéim Ranníocaíochta Breise Forbartha ar glacadh leis de réir S.49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, agus bhaill tofa Chomhairle Contae Chiarraí i Márta 2007.

2.3.6.5 Gluaiseacht Choisithe agus Rothaithe

Soláthraíonn struchtúr uirbeach chroílár an bhaile gréasán tréscaoilteachta sráideanna agus lánaí. Ní shíneann an tréscaoilteacht sin áfach, go dtí na heastáit nua ó dheas agus siar ó thuaidh ón gcroílár. Tá gréasán bocht i nDaingean Uí Chúis do choisithe lasmuigh de cheantar lár an bhaile. Tá cás ar leith ag baint leis an easpa cosán thar an Hillgrove mar ar tógadh roinnt eastát nua cónaithe le blianta beaga anuas. Caithfear aghaidh a thabhairt air seo le linn saolré an phlean.

2.3.6.6 Rochtain do Chách

Sholáthair Plean Dhearbhú Barcelona 2003-2006 frámaíocht straitéiseach le gach seirbhís a chur ar fáil do chách. Ag leanúint air seo tháinig an tAcht um Míchumais Náisiúnta 2005 i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin ghlac Údaráis Áitiúla Chiarraí leis an 'bPlean Forfheidhmithe, Rochtain do Chách 2008-2015'. Tugtar imlíne anseo ar an obair atá beartaithe ag Údaráis Áitiúla Chiarraí maidir le polasaí ar rochtain do chách a chur i bhfeidhm.
Tugtar tosaíocht sa Phlean Forfheidhmithe d'fhoirgnimh agus áiseanna eile Údaráis Áitiúil ar mhinicí rochtain a bheith ag teastáil orthu, ar a n-áirítear inrochtaine ar fud na timpeallachta lasmuigh de chosáin phoiblí, sráideanna agus trasbhealaí agus an comhéadan fisiciúil le háiseanna iompair phoiblí.

Cinnteoidh an Chomhairle freisin, chomh fada agus is féidir é, go mbíonn rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí nua nó áiseanna atá tógtha. Tugtar sonraí sa Phlean Forfheidhmithe ar na gníomhaíochtaí leasúcháin a bhfuil gá leo le ceantair agus foirgnimh atá aitheanta a bheith inrochtana dá gcustaiméirí ar fad.

Cuspóir Uimh.	Iompar agus Gluaiseacht Is cuspóir ag an gComhairle é:
TM-1	Éascú a dhéanamh ar an mBóthar nua Faoisimh a chríochnú (conair tháscach léirithe ar Léarscáil 2a) le trácht a fhuascailt ó lár an bhaile agus ón mbóthar taobh le farraige agus le tailte a oscailt d'fhorbairt. Sráid nua uirbeach a bheidh sa chuid sin den bhóthar idir Sráid na nGabhar agus Sráid na Trá. Tiocfaidh an tsráid seo le saintréithe an bhaile maidir le dreach uirbeach, carachtar, úsáid agus cáilíochtaí ailtireachta.
TM-2	Soláthar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuan le rochtain fheithicleach le hais na Cé Thuaidh agus ar chúl na Láithreach Deise.

TM-3	Suíomh a sholáthar i bhFearann na Cille ó thuaidh ó Shráid na Trá agus siar ón mbóthar faoisimh atá beartaithe mar charrchlós i lár an bhaile le hacmhainn ann freastal ar bhusanna turais.
TM-4	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt naisc soir-siar do choisithe agus feithicleach idir an bóthar nua faoisimh, an carrchlós atá beartaithe (TM-3) agus Sráid an Doirín in aice le carrchlós na hEaglaise.
TM-5	Éascú a dhéanamh ar leathnú, agus ar chosáin a sholáthar ar an dá thaobh den bPríomhbhóthar Áitiúil (L-4100-0) ó thimpeallán Bhaile an Mhuilinn soir ó thuaidh go dtí acomhal an bhóthair fhaoisimh atá beartaithe le Sráid na nGabhar.
TM-6	An siúlbhealach do choisithe taobh na farraige a choimeád idir an teach báid sa Chúilín go dtí an Rocket House, an teach solais agus Binn Bán. Iarracht a dhéanamh ar an siúlbhealach do choisithe a leanúint ón gCé Thoir go dtí an siúlbhealach ón gCúilín go dtí an Rocket House.
TM-7	Forálacha "Phlean Bainistíochta Tráchta an Daingin 2008" (Comhairle Contae Chiarraí) a chur i bhfeidhm.
TM-8	Soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus mhaolghluaiste a chinntiú i dtéarmaí rochtana agus pháirceála, i ngach forbairt sa todhchaí.
TM-9	Spreagadh a thabhairt do sholáthar inbhuanaithe rotharbhealaí sábháilte agus áiseanna páirceála do rothair ag suíomhanna oiriúnacha.
TM-10	Pointe seachadta ar leith do bhusanna turais a shonrú ag an Iarnród.
Cuspóir Uimh.	**Iompar agus Gluaiseacht** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
TM-12	Forálacha *"An Phlean Forfheidhmithe Rochtana do Chách 2008-2015"* (Comhairle Contae Chiarraí) a chur i bhfeidhm.
TM-13	Pointí nua rochtana a chur in áirithe le héascú a dheánamh ar fhorbairt ordúil.

2.3.7 INFRASTRUCHTÚR UISCE, FUÍOLLUISCE AGUS BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

Tá freagracht ar Chomhairle Contae Chiarraí maidir le hinfreastruchtúr uisce, fuíolluisce agus draenála uisce dromchla i nDaingean .

2.3.7.1 Soláthar Uisce Poiblí

Tá Scéim Soláthair Uisce Dhaingean Uí Chúis ag freastal ar an mbaile. Tá go leor acmhainne sa Scéim seo le freastal ar an spriocfhás don bhaile i dtréimhse an phlean (níl aon phlean ann an soláthar seo a mhéadú). Is í aidhm na Comhairle é leanúint lena gclár athsholáthair ar an líonra dáileacháin uisce atá lochtach agus, nuair is gá é, athchóiriú a dhéanamh ar na codanna sin den infreastruchtúr soláthair uisce a cheaptar a bheith neamhleor le fás inbhuanaithe a cheadú sa bhaile. Is í Abhainn an Ghairfeanaigh an fhoinse soláthar uisce do Dhaingean Uí Chúis ach tá an acmhainn teoranta maidir le freastal ar an mbaile agus ar an ndúthaigh máguaird sa todhchaí. Ba léir an easpa úd le linn tréimhse fada triomaigh i 2010 nuair a thit grinneall na habhann faoi bhun an uasphointe bainte

2.3.7.2 Fuíolluisce

Tá comhchóras séarachais ag freastal ar an mbaile a bhfuil go leor acmhainne ann faoi láthair. Féachfaidh Comhairle Contae Chiarraí ar naisc nua leis an gcóras agus ba chóir gur domhantarraingt a bheadh i gceist leo nuair is féidir sin. Cuireadh an t-ionad cóireála séarachais an Imleach isteach in 1993 agus é ceaptha d'acmhainn timpeall 8,000 PE. Is é atá sa chóireáil atá ann ná Ionad Cóireála Fuíolluisce Tánaisteach a fhorscaoileann amach sa chuan.

2.3.7.3 Uisce Dromchla

Tá líonra ar leith uisce stoirme sa bhaile. Ní cheadaítear rith chun srutha uisce dromchla chuig na séaraigh bhréana. Beidh forscaoileadh uisce dromchla ó fhorbairtí nua ceaptha de réir na bprionsabal tanúcháin agus doirte rialaithe, Córais Draenála Uirbeach Inbhuanaithe (SUDS), aon doiciméad ar uisce stoirme a chuirfeadh an Chomhairle i láthair agus de réir an Phlean Forbartha Contae 2009-2015. Beidh idircheapóirí suite ag láithreacha mar ar féidir éilliú a bheith ann ó uisce dromchla ag rith chun srutha.

2.3.7.4 Bainistíocht Dramhaíola

Clúdaíonn an Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún Luimnigh/an Chláir/Chiarraí gach dramhaíl neamhghuaiseach. Spreagann an plean seo cur chuige maidir le bainistíocht dramhaíola atá bunaithe ar na croíphrionsabail maidir le cosc, íoslaghdú, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola, agus feidhmiú an phrionsabail 'íoc mar a thruaillítear'. Aithnítear go méadóidh an méadú ar dhaonra an bhaile an brú ar na háiseanna athchúrsála dramhaíola sa bhaile. Faoi láthair tá conláiste mór cathartha agus áis athchúrsála ag Baile an Phléimeannaigh díreach lasmuigh den bhaile, agus tá banc buidéal ag an Iarnród.

Cuspóir Uimh.	**Infrastruchtúr Uisce, Dramhaíola agus Bainistíocht Dramhaíola** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
W-1	Éascú a dhéanamh sholáthar an infrastruchtúir riachtanach uisce agus fuíolluisce le forbairt inbhuanaithe agus fás an bhaile sa todhchaí a chinntiú.
W-2	A chinntiú go soláthraítear méadar taispeána uisce le daoine a chur ar an eolas maidir leis an méid uisce a úsáideann siad agus le feasacht poiblí a chur chun cinn.
W-3	A chinntiú go ndéanann gach forbairt nua ionchorprú ar chéimeanna dea-chleachtais caomhnaithe uisce, mar leithris déshruthlaithe, bailitheoir agus córas bailithe uisce báistí, faoi mar a cheapann an Chomhairle a bheith oiriúnach d'fhonn uisce cóireáilte a chaomhnú.
W-4	A chinntiú go soláthraíonn forbairtí nua miondíola mór / meascán úsáide achar ina soláthraítear áis 'bainc beir leat', chun sástachta rannáin Chomhshaoil Chomhairle Contae Chiarraí.
W- 5	Spreagadh a thabhairt d'athchúrsáil ábhair ó gach foinse dramhaíola agus na prionsabail a bhaineann le cosc agus íoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn i measc na ngnóthaí, na scoileanna agus na bpobal áitiúla.
W-6	A chinntiú go soláthraíonn/sonraíonn gach forbairt nua inbhuanaithe a cheadaítear limistéar le freastal ar stóráil dramhaíola.

2.3.8 FORBAIRT CHÓNAITHE

2.3.8.1 An Fhorbairt Chónaithe atá Ann.

Tharla borradh forbartha i nDaingean Uí Chúis faoi mar a tharla i ngach baile eile sa chontae le deich mbliana anuas. Léiríonn figiúirí an POS do 2006 gur tógadh os cionn 18% de gach teach príobháideach sa bhaile i ndiaidh 2001. Is é an figiúr do Chiarraí ar fad ná 15.3% agus is é an figiúr náisiúnta ná 17%. Tógadh os cionn 37% de na tithe príobháideacha i ndiaidh 1991 i gcomparáid le níos lú ná trian nó 32.4% don tír ar fad.

Tharla forbairt chónaithe ar shlí neamh-chomhordaithe le roinnt eastát soir ón mbaile os cionn ciliméadar ó lár an bhaile ó Bhóthar an Spá agus Bhóthar na Conarach. Ó thuaidh ó lár an bhaile tá forbairt shuntasach díreach in aice le Lána an tSéipéil. Níl aon achar mór talún neamhfhorbartha idir na forbairtí nua seo agus lár an bhaile.

Mar thoradh air sin tá patrún scaipthe forbartha scartha cruthaithe le daonra atá ag brath ar charr a úsaid. Tá leagan amach agus dearadh leadránach chuid mhór de na forbairtí seo ag teacht salach ar an éagsúlacht dearaidh atá ar fáil sna foirgnimh níos sine atá ar fáil i lár an bhaile. In ionad síneadh amach ó lár an bhaile ní amháin go bhfuil formhór na forbartha nua cónaithe scartha go fisiciúil ó lár an bhaile ach tá siad scartha ón lár freisin ó thaobh dearaidh agus leagan amach de.

2.3.8.2 Forbairt Chónaithe sa Todhchaí

Ceaptar go bhfuil sé oiriúnach ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe nach bhféachfar ar chriosú forbartha inbhuanaithe sa todhchaí ach ar láithreacha líonta isteach/athfhorbraíochta nó ar thailte atá comhtheagmhálach le ceantair chónaithe atá ann d'fhonn tuilleadh forbartha tapaidh a chinntiú agus a chinntiú go mbíonn an fhorbairt i ndlúthfhoirm uirbeach.

Ba chóir go soláthrófaí meascán de chineálacha tí in aon fhorbairt nua le ceadú do riachtanais éagsúla tithíochta agus mar aitheantas ar an athrú suntasach atá ar dhéantús na dteaghlach le blianta beaga anuas agus nach ann níos mó do chineál teaghlaigh neamhthipiciúil. Caithfidh dearadh agus leagan amach tithíochta an t-athrú seo a léiriú agus ba chóir go mbeadh níos mó éagsúlachta sa stíl forbartha.

Níl sé ar intinn go leagfaí síos caighdeáin dlúis do thailte atá criosaithe chun críche cónaithe sa phlean seo. Ina ionad sin féadfaidh an tÚdarás Pleanála ar an dlús iomchuí d'aon fhorbairt tithíochta sa todhchaí ar bhonn gach cáis i ndiaidh a chéile agus beidh sé bunaithe ar dhearadh ardchaighdeáin ag comhtháthú le híomhá foriomlán an bhaile agus na bhforbairtí mórthimpeall. Go ginearálta, beidh dlús níos airde tithíochta níos cóngaraí do lár an bhaile agus níos ísle i láithreacha lasmuigh den lár. Iarrtar ar iarratasóirí tagairt do Threoirlínte d'Údaráis Phleanála ar "Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha" a d'eisigh an RCORÁ i mBealtaine 2009 do níos mó treorach maidir le dlús agus dearadh tithíochta.

Moltar d'fhorbróirí a bhfuil sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh d'fhorbairtí tithíochta sa bhaile cruinniú réamhphleanála a bheith acu leis an Údarás Pleanála agus teagmháil a dhéanamh leis na rannóga eile iomchuí i gComhairle Contae Chiarraí.

Tá treoirlínte bainistíochta forbartha d'fhorbairt chónaithe i gceantair uirbeacha i Rannán 13.4 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015.
Ba chóir go mbeadh ráiteas dearaidh uirbeach in éineacht le haon iarratas a dhéantar sa todhchaí d'fhorbairt tithíochta, a bhfuil sonraí air i Rannán 13.3 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015.

Cuspóir Uimh.	**Forbairt Chónaithe** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
H-1	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairtí cónaithe ardchaighdeáin agus tarraingteach sa bhaile. Beidh gach forbairt de réir na dTreoirlínte "Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha" a d'eisigh an RCORÁ in 2009.
H-2	A chinntiú go mbíonn gach aonad nua cónaithe suite laistigh den teorainn forbartha ar thalamh a bhíonn criosaithe go cuí agus chun úsáide cónaithe buan amháin.
H-3	A chinntiú go mbíonn soláthar áiseanna áineasa, sóisialta agus cultúrtha ag teacht le forbairt na tithíochta le tacú le daonra a bhíonn ag fás agus le pobal inmharthana a chruthú.
H-4	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt láithreacha oiriúnacha dearóile agus talún cúil do scéimeanna tithíochta líonta isteach agus tograí eile forbartha inbhuanaithe.
Cuspóir Uimh.	**Forbairt Cónaithe** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
H-5	A éileamh go gcomhlíonann iarratais phleanála na caighdeáin bainistíochta forbartha agus an treoir ar dhearadh uirbeach atá i gCaibidil 13 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 agus go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí go léir a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
H-6	Críochnú agus lonnaíocht na n-eastát neamhchríochnaithe a spreagadh.
H-7	A cinntiú go n-áirítear anailís ar áiseanna oideachais/cúraim leanaí in iarratais shuntasacha d'fhorbairt chónaithe, le freastal ar an méadú ar éileamh a thiocfadh óna leithéid d'fhorbairt chomh maith le measúnú tionchair teanga.
H-8	A chinntiú go dtabharfaí aird ar an maolú molta san Aguisín MST do Dréacht-Phlean Áitiúil do Cheantar Feidhme an Daingin 2012-2018 i gcás aon fhorbairtí molta do na taillte seo.

2.3.8.3 Forbairtí Cónaithe Neamhbhuana

Le blianta beaga anuas bhí éileamh suntasach ar fhorbairtí tithe saoire i nDaingean Uí Chúis. Meastar gur teach saoire nó dara teach níos mó ná trian de gach aonad teaghaise sa bhaile. Is do thithe saoire go hiomlán iad roinnt eastát a bhíonn folamh cuid mhór den bhliain rud a chuireann in aghaidh iad a bheith ina bpobal inmharthana.

2.3.8.4 Forbairtí Cónaithe Neamhchríochnaithe

Tá bonn láidir turasóireachta forbartha i nDaingean Uí Chúis agus tá seo le feiceáil sa sciar ard d'aonad nua cónaithe sa bhaile d'úsáid saoire agus cíosa. Tá farasbarr aonad tithíochta sa bhaile. Leis an riocht atá ar an ngeilleagar faoi láthair tá roinnt eastát á dtréigean, folamh nó neamhchríochnaithe.

Tá cead pleanála tugtha do 90 aonad breise cónaithe nár tosaíodh fós orthu. Tá 20 teaghais neamhchríochnaithe. Tá na teaghaisí seo ag staideanna éagsúla críochnúcháin. Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála spreagadh do chríochnú na n-eastát neamhchríochnaithe agus na n-aonad teaghaise ar leith seachas do sholáthar aonad nua ar láithreáin úrnua.

2.3.9 FORBAIRT MIONDÍOLA

2.3.9.1 Straitéis Miondíola

Is ionad miondíola den cheathrú leibhéal atá sa Daingean faoi mar atá sainithe sna Treoirlínte Pleanála Miondíola 2005. Is é atá i mbailte den cheathrú leibhéal ná bailte le daonra idir 1,500 agus 5,000 duine agus soláthraíonn siad bunsiopadóireacht áise, in ollmhargaí beaga nó siopaí áise agus i gcásanna áirithe, siopadóireacht ar bhonn comparáide d'ord níos ísle mar chrua-earraí agus roinnt éadaí. Freastalaítear den chuid is mó ar an éileamh ar shiopadóireacht ar bhonn comparáide (éadaí, trealamh leictreach, troscán tí, cairpéid agus trealamh DIY) sna bailte réigiúnacha mar Thrá Lí agus Cill Airne. Toisc a chóngaraí atá Cill Airne agus Trá Lí, a bhfuil réimse níos leithne asraon miondíola iontu, téann méid áirithe caiteachais go dtí na hionaid móra uirbeacha seo.

Tá éagsúlacht mhaith siopaí beaga sa bhaile a bhíonn ag freastal den chuid is mó ar an margadh áitiúil agus ar thurasóireacht. Tá an príomhcheantar siopadóireachta suite ar Shráid an Droichid Uachtarach agus Íoctarach agus ar an bPríomhshráid le méid teoranta siopadóireachta ar Shráid an Doirín, Sráid na Trá agus níos lú fós ar Shráid Eoin. Tá athlonnú shiopa Crua-Earraí MhicGearailt go himeall an bhaile tar éis pointe fócais na siopadóireachta sa bhaile a athrú. Tá ollmhargadh amháin i lár an bhaile agus tá an miondíoltóir lascaine Lidl suite ar Bhóthar an Spá in aice le Láthair na Marglainne. Tá an-rath ar mhargadh feirmeoirí an bhaile agus ar na limistéir eile corrthrádála. Tá sé molta éascú a dhéanamh ar uasghrádú Ionad na bPoll agus spreagadh a thabhairt do mhargaí ar feadh na bliana.

Ní leor fairsinge agus daonra an cheantair máguaird le tacú le forbairt an bhaile mar ionad miondíola agus seirbhíse d'ord ard. Mar sin féin, tá acmhainn ann a fheidhmeanna ceantair a chomhdhlúthú agus a fhorbairt le ceadú do níos mó féindóthaine in earraí agus seirbhísí. Éileoidh seo go ndéantar timpeallacht níos tarraingtí a fhorbairt i lár an bhaile, páirceáil lárnach, céimeanna le brú tráchta a laghdú, agus talamh oiriúnach a chriosú d'fheidhm níos leithne miondíola.

2.3.9.2 Forbairt Nua Miondíola

Is é an dúshlán atá ann don bhaile maidir le forbairt miondíola ná a chinntiú go gcoimeádtar beogacht agus inmharthanacht chroílár miondíola i lár an bhaile agus nach mbaineann forbairtí lár an bhaile uaidh nó nach dtéann caiteachas substaintiúil go Trá Lí agus Cill Airne. Tá cruthú timpeallachta tarraingteach siopadóireachta le réimse leathan siopaí le freastal ní amháin ar riachtanais na siopadóirí áitiúla ach ar an margadh turasóireachta chomh maith, tábhachtach d'inmharthanacht lár an bhaile sa todhchaí. Spreagfar forbairtí nua miondíola de chaighdeán ard ailtireachta agus leagan amach a thagann go hiomlán leis an timpeallacht thógtha atá ann i lár an bhaile.
Glacfaidh an tÚdarás Pleanála le cur chuige seicheamhach maidir le láthair fhorbairtí nua miondíola sa bhaile. Ba cheart go mbeadh forbairtí miondíola sa todhchaí suite i lár an bhaile ar thalamh a bhíonn criosaithe do lár an bhaile/meascán úsáide nó suíomhanna deise lár an bhaile.

Tá soláthar déanta do shuíomhanna le hacmhainn miondíola i lár an bhaile, do mheascán úsáide agus do shuíomhanna trádstórais miondíola léirithe ar Léarscáil 2a agus ar roinnt Suíomhanna Deise léirithe ar Léarscáil 2b & c.
Soláthróidh críochnú an bhóthair faoisimh deis le forbairt a dhéanamh ar dheiseanna nua miondíola in aice le lár an bhaile ó Shráid na Trá ó thuaidh go Sráid na nGabhar. Feidhmeoidh an tsráid seo mar shráid nua láir don bhaile ag soláthar síneadh tarraingteach ar lár an bhaile agus ag cur, dá réir sin, leis an soláthar miondíola, le cáilíocht na timpeallachta agus le forbairt an bhaile. Táthar le rochtain do choisithe agus feithicleach a sholáthar ón sráid nua miondíola seo go dtí an carrchlós atá beartaithe agus isteach go Sráid an Doirín.

Cuspóir Uimh.	**Forbairt Miondíola** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
RD-1	A chinntiú gurb é lár an bhaile an pointe fócasach agus croícheantar miondíola an bhaile.
RD-2	Éascú a dhéanamh ar cheantar trádstórais miondíola a sholáthar.
RD-3	Cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála d'fhorbairtí nua miondíola laistigh den bhaile. Ba chóir go mbeadh measúnú tionchair mhiondíola in éineacht le gach móriarratas.
RD-4	Éascú a dhéanamh ar fheabhsú réimse, scála agus inrochtaineacht na n-aosraon miondíola laistigh den bhaile.
RD-5	A chinntiú go mbíonn forbairtí nua miondíola, seachas siopadóireacht áise ar scála beag agus trádstórais mhiondíola, suite i lár an bhaile, agus nuair nach mbíonn sin inmharthana ag suíomhanna ar imeall an láir.
RD-6	A chinntiú go mbíonn ardchaighdeán ailtireachta agus leagan amach ar fhorbairtí nua miondíola i lár an bhaile agus go dtagann siad go maith leis an oidhreacht thógtha atá ann.

2.3.10 INFRASTRUCHTÚR AGUS CONLÁISTÍ SÓISIALTA

Ceann d'aidhmeanna foriomlána an phlean seo is ea caomhnú agus feabhsú ar chaighdeán na beatha do gach saoránach sa bhaile. Is comhpháirteanna tábhachtacha iad infrastruchtúr sóisialta agus áiseanna áineasa chun é seo a bhaint amach agus cuimsíonn siad réimse leathan úsáide ón oideachas go háiseanna áineasa agus seirbhísí sláinte. Tá tábhacht ollmhór le cainníocht agus cáilíocht na n-áiseanna pobail, cultúrtha, oideachais agus áineasa sa bhaile, ní amháin do mhuintir na háite ach do shaoránaigh agus d'fhostóirí/d'fhostaithe atá ag cuimhneamh ar athlonnú sa bhaile.

Tá réimse leathan infrastruchtúir sóisialta agus conláistí sa Daingean mar áiseanna pobail, conláistí áineasa, oideachas agus cúram leanaí. Mar sin féin caithfear a aithint go bhfuil scóip ann chun feabhais ar áiseanna áirithe i ndéantús uirbeach an bhaile in ainneoin réimse leathan an infreastruchtúir shóisialta atá ann.

2.3.10.1 Áiseanna Pobail

Tá stáisiún an Gharda Síochána suite ag acomhal an Mheal agus Sráid an Droichid. Tá mórán áiseanna sa bhaile mar phictiúrlann, amharclann shéipéal San Séamas, cúirt babhlála, caifé don ógra, ionad eolais do thurasóirí, leithris phoiblí agus mórán seirbhísí éagsúla pobail.

2.3.10.2Áineas agus Conláistí

Tá réimse maith conláistí áineasa i nDaingean Uí Chúis. Áirítear orthu seo páirc imeartha CLG, cúirt babhlála agus halla gleacaíochta. Soláthraíonn Óstán na Sceilige áiseanna mar linn snámha laistigh, spá agus seomra corpacmhainne. Soláthraíonn Dingle World of Leisure club sláinte, cúirt babhlála agus siamsaíocht do leanaí. Tá raon gailf agus cúrsa gailf dhá mhaide ar imeall an bhaile.

Tá páirc imeartha CLG Dhaingean Uí Chúis suite ar an mbóthar N86 isteach chun an bhaile. Tá an bailiúchán siorcanna is mó in Éirinn in uisceadán Mharabeo (Oceanworld) an Daingin. Tá an Balla Ailleadóireachta is mó in Éirinn i mBaile na Buaile, atá cóngarach go maith don bhaile.

D'fhonn cónaitheoirí buana a choimeád agus a mhealladh agus pobal inbhuanaithe a chruthú sa bhaile, tá conláistí áineasa ardchaighdeáin i ngiorracht siúil do na forbairtí cónaithe riachtanach. Tá an láithreán athforbraíochta taobh na farraige an-oiriúnach le breis áiseanna poiblí a sholáthar

Cuspóir Uimh.	Áineas agus Conláistí Is cuspóir ag an gComhairle é:
RA-1	*Forbairt Clós Súgartha a chur chun cinn agus a éascú ar láthair oiriúnach*

2.3.10.3 Páirc an Bhaile

Tá páirc an bhaile (Páirc Uí Dhomhnaill) suite go lárnach ag cúl Shráid an Doirín, Lána Grae agus Sráid na Dadhgaide. Tá limistéar súgartha agus cúirteanna leadóige sa Pháirc. Is é an t-aon rochtain atá ar an bpáirc, áfach, ná trí lána cúng ó Lána Grae. Leis an easpa tréscaoilteachta is beag úsáide a bhaintear as an bpáirc.

Thar shaolré an phlean seo tá acmhainn ann le tuilleadh úsáide a bhaint as a suíomh lárnach d'fhonn limistéar tarraingteach conláistí agus áineasa a sholáthar agus le feabhas a chur ar nascacht idir na sráideanna agus na lánaí máguaird agus na limistéir den bhaile atá faoi fhoirgnimh. Dá réir sin, is cuspóir sa phlean seo é éascú a dhéanamh ar naisc do choisithe a sholáthar ó Lána an Úlloird agus Sráid an Doirín go dtí páirc an bhaile.

Cuspóir Uimh.	**Páirc an Bhaile** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
TP-1	Éascú a dhéanamh ar naisc do choisithe a sholáthar ó Lána an Úlloird agus Sráid an Doirín go dtí páirc an bhaile.

2.3.10.4 Siúláin / Bealaí Rothaíochta

Tá Slí Chorca Dhuibhne ar cheann de phríomhshiúláin na hÉireann agus is mór an díol spéise do thurasóirí sa cheantar í.

Feictear go dtiocfaidh na siúláin bhreise le chéile trí roinnt siúlán atá ann agus cinn nua (agus nádúrtha) le hais an chuain taobh le farraige. Feictear go nascfadh na siúláin le lár an bhaile agus le Páirc an Bhaile, ag cruthú tréscaoilteachta dá réir sin idir an timpeallacht uirbeach agus nádúrtha.

Is féidir go bhfuil deis ann cosáin rothaíochta a chruthú in éineacht leis na siúláin atá ann agus na cinn nua i bpáirc nua an bhaile agus níos faide ó bhaile le nasc substaintiúil a bhunú idir an cuan agus an fánán/cuan (Rocket House) ag an Imleach Thiar. Caithfear aon soláthar a dhéantar ar na bealaí seo a thógáil d'fhonn bithéagsúlacht an cheantair a chosaint.

2.3.10.5 Áiseanna Oideachais agus Cúram Leanaí

Is príomh-comhpháirt d'fhás leanúnach Dhaingean Uí Chúis atá san oideachas agus féachtar air mar inneall le hathrú sóisialta agus eacnamaíochta a bhaint amach. Déanfaidh an Chomhairle iarracht ar áiseanna oideachais, cúram leanaí agus pobail den chaighdeán is airde a sholáthar le freastal ar riachtanais gach grúpa sa tsochaí. Tá sé riachtanach go gcoimeádann fás na n-áiseanna oideachais sa todhchaí suas leis an bhfás ar an daonra agus leis an bhforbairt gheilleagrach.

Tá dhá bhunscoil ar an mbaile: Clochar an Daingin ar an bPríomhshráid Uachtarach agus Bunscoil na mBráithre ar Shráid Eoin. Tháinig laghdú foriomlán ar líon na ndaltaí a chláraigh sa dá bhunscoil idir 2007 agus 2010.

Scoil	2009/2010	2008/2009	2007/2008
Clochar an Daingin	122	125	133
Scoil na mBráithre	67	69	72

Figiúr 2.6 Figiúirí rollaithe bunscoile laistigh de Dhaingean Uí Chúis.

Tá Iar-Bhunscoil nua-aimseartha úrscothach suite sa Gharrán le rochtain ó Bhóthar an Spá. Tá treocht mar an gcéanna sna figiúirí rollaithe atá anseo agus atá sna bunscoileanna. Tá laghdú tar éis teacht ar líon na ndaltaí atá ag freastal ar Phobalscoil Chorca Dhuibhne go ginearálta ó 2006/2007. Tá an laghdú ar líon na ndaltaí i bPobalscoil Chorca Dhuibhne ag comhtharlú leis an méadú ar an bhfigiúr rollaithe i gColáiste Íde (níos lú ná dhá mhíle lasmuigh de theorainn an bhaile). Mar sin féin, mhéadaigh na huimhreacha i bPobalscoil Chorca Dhuibhne 3.4% le linn na bliana acadúla is déanaí 2009/2010 i gcomparáid le 2008/2009. B'fhéidir an méadú seo a chur i leith inimirce agus an méadú ar fhorbairtí cónaithe sa bhaile le blianta beaga anuas agus freisin ar an méadú ar mhuinín an phobail maidir leis an meánscoil nua a bhfuil idir bhuachaillí agus chailíní ag freastal uirthi.

Scoil	2009/2010	2008/2009	2007/2008	2006/2007
Pobalscoil Chorca Dhuibhne	472	456	469	484
Coláiste Íde*	139	122	111	109

*Scoil nach bhfuil laistigh de theorainn an bhaile ach ar tagairt úsáideach atá ann.

Figiúr 2.7 Figiúirí rollaithe Iar-Bhunscoile laistigh de Dhaingean Uí Chúis agus sa chomharsanacht

Tá **An Díseart,** Institiúid Oideachais agus Cultúir na gCeilteach, a bunaíodh in 1996 i gcroílár Chorca Dhuibhne a chuireann roimhe cur chun cinn a dhéanamh ar thaighde, cúrsaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha i ngach réimse de Chultúr na gCeilteach ar a n-áirítear diagacht, teanga, litríocht, ealaín, dlíthe, béaloideas, luachanna, spioradáltacht, stair, ceol, seandálaíocht agus nósmhaireachtaí. Tá sé suite i bhfoirgneamh nuaghotach ar Shráid an Doirín, agus tá réimse leathan cúrsaí oíche agus cúrsaí deireadh seachtaine á dtairiscint san ionad. Is é an chéad tionscnamh poiblí é do chúrsaí creidiúnaithe tríú leibhéal sa Ghaeltacht agus faoi láthair is í an t-aon institiúid in Éirinn í atá ag tairiscint rogha cúrsaí dá leithéid do mhic léinn agus atá ag díriú ag an am gcéanna ar an nGaeilge, ar an gcultúr agus ar thraidisiúin na Gaeltachta a fhorbairt agus a neartú.

Ar na háiseanna um chúram leanaí tá cúram iomlán lae, áiseanna agus seirbhísí seisiúnacha do pháistí réamhscoile agus do pháistí atá ag dul ar scoil (lasmuigh d'uaireanta scoile). Áirítear orthu seo seirbhísí mar chúram, oideachas agus deiseanna sóisialaithe do leanaí. Tá beagán beag áiseanna um chúram leanaí ag feidhmiú ar scála beag sa bhaile faoi láthair. Tá áis um chúram leanaí úrscothach suite laistigh den fhorbairt chónaithe atá sa 'Cheapach' le hais Bhóthar an Spá.

Cuspóir Uimh.	Infrastruchtúr agus Conláistí Sóisialta Is cuspóir ag an gComhairle é:
SIA-1	Cosaint a dhéanamh ar an infrastruchtúr sóisialta agus ar na conláistí agus soláthar a dhéanamh d'áiseanna nua sóisialta, cultúrtha agus áineasa le freastal ar riachtanais an bhaile ar shlí ceart agus inbhuanaithe.

SIA-2	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt áiseanna pobail / spóirt a chuirfeadh le forbairt inbhuanaithe an bhaile.
SIA-3	Soláthar a dhéanamh d'áiseanna nua oideachais, nó cur leis na háiseanna atá ann, a bhíonn imleor ina bhfairsinge, a gcáilíocht agus a ndáileadh le freastal ar riachtanais oideachais.
SIA-4	Forbairt spás buan ealaíon a fhorbairt mar a mbeadh saothar sna meáin de gach sórt ar siúl.
SIA-5	Saorthrú sa spás úd leis an bpobal chun na dearcealaíona a chur chun cinn agus chun lesa cruthaitheach a bhaint as spás oscailte.

2.3.10.6 Oidhreacht Teanga agus Cultúrtha

Tá cáil mhór ar Chorca Dhuibhne mar gheall ar shaibhreas ealaíon, cultúir agus teanga. Cuireadh leis an bhfeasacht phoiblí i gcaitheamh na mblianta trí ghníomhaíochtaí éagsúla agus áiseanna turasóireachta chomh maith le hiarrachtaí pobal na háite mar Fhéile na Bealtaine, Féile Scannán an Daingin, Féile an tSolais.

Ta Amharclann na Mainistreach (An Lab) suite sa bhfoirgneamh mar a mbíodh Scoil na mBráithre Críostaí ar Shráid Eoin. Le trí bliana anuas, tharla sraith ócáidí ealaíon agus cultúrtha san ionad seo.

2.3.11 AN TIMPEALLACHT THÓGTHA

2.3.11.1 Foirm Uirbeach

Tá bunfhoirm an bhaile gan athrú mórán ón mbunléarscáil OS in 1842. Tá láthair na bpríomhshráideanna agus na mbóithre mar an gcéanna. Is é atá athraithe ná fairsinge an cheantair thógtha. Ba é bóthar an Bhóthair Iarainn an t-aon mhórbhreis leis an ngréasán bóithre go dtí 2009 tráth a críochnaíodh an chéad chuid den bhóthar faoisimh laistigh. Ar an gcéad amharc dhealródh sé go bhfuil patrún na sráideanna neamhrialta ach nuair a fhéachtar i gceart orthu tá an-ord orthu agus ceadaíonn an leagan amach foriomlán dea-chúrsaíocht tríd agus timpeall an chroíláir.

Ceaptar gurb é an Phríomhshráid fócas lárnach an bhaile cé go bhfuil an limistéar triantánach a chruthaíonn Sráid na Trá, An Bóthar Iarainn agus Sráid an Droichid suntasach ón taobh cultúrtha de. Tá meascán maith úsáide ar an bPríomhshráid ar a bhfuil banc, ollmhargadh, tithe tabhairne agus oifigí etc. Tá an radharc anuas ón bPríomhshráid i dtreo Shráid Eoin ar cheann de na radharcanna is spéisiúla agus is tarraingtí ar an mbaile.

Tá meascán eicléicteach struchtúr ailtireachta sa bhaile le airde éagsúla dín orthu rud a chruthaíonn sráid-dreacha an-tarraingteacha. Tugann úsáid dathanna beoga agus cuar chuid de na sráideanna le tuiscint don chuairteoir go bhfuil sé ag teacht isteach i gceantar uirbeach atá cuíosach dlúth agus cruthaíonn sé ionchas áirithe.

Tarlóidh forbairt an bhaile sa todhchaí ar láithreacha líonta isteach, athfhorbraíochta agus úrnua a bhíonn criosaithe go cuí.

Déanann seo comhdhlúthú ar fhoirm dhlúth uirbeach an bhaile á dhéanamh tarraingteach mar lonnaíocht inbhuanaithe. Beidh forbairt sa todhchaí ag coimeád agus ag teacht le hailtireacht thraidisiúnta na sráid-dreacha in aice láimhe.

Cuspóir Uimh	Foirm Uirbeach Is cuspóir ag an gComhairle é:
UF-1	A chinntiú go dtarlaíonn forbairt sa bhaile sa todhchaí ar láithreacha líonta isteach, athfhorbraíochta agus úrnua a bhíonn criosaithe go cuí agus go ndéantar comhdhlúthú ar fhoirm dhlúth uirbeach an bhaile á dhéanamh tarraingteach mar lonnaíocht inbhuanaithe.
UF-2	Forbairt nua sráid-dreacha a chur chun cinn ag láithreacha iomchuí sa bhaile faoi mar atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe.
UF-3	A chinntiú go soláthraítear timpeallacht uirbeach ardchaighdeáin ar fud an bhaile. Ba chóir ráiteas dearaidh a bheith in éineacht le gach iarratas ar fhorbairt nua.

2.3.11.2 Láithreáin Thréigthe

Éilíonn an tAcht um Láithreáin Thréigthe 1990 go nglacfadh úinéirí nó áititheoirí aon talún céimeanna réasúnta lena chinntiú nach n-iompaíonn an talamh ná aon struchtúr atá uirthi, nó nach leantar lena leithéid a bheith, ina láithreán tréigthe. Láithreán tréigthe is ea aon talamh a bhaineann, nó gur dócha go mbainfeadh sé, go hábhartha, ó chonláistí, saintréithe nó dreach na talún i gcomharsanacht na talún. Le dearóiliú a sheachaint agus leis an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní tá an tÚdarás Pleanála tiomanta foirgnimh agus sráid-dreacha stairiúla a fhorbairt a cheadaíonn iad a chur in oiriúint do riachtanais nua-aimseartha. Éascóidh an tÚdarás forbairt struchtúr agus sráid-dreacha atá faoi chosaint ar shlite a bhaineann an úsáid is mó astu ach a choimeádann a luach ailtireachta agus stairiúil.

Cuspóir Uimh.	Láithreáin Thréigthe Is cuspóir ag an gComhairle é:
DS-1	A chinntiú go n-aithnítear gach láithreán tréigthe sa bhaile agus go ndéantar déileáil leo de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990.

2.3.11.3 Ceantair Dheise Timpeallachta Uirbeacha – LÉARSCÁIL 2(a)

Tá roinnt áiteanna i lár an bhaile a bhfuil gá acu le hoibreacha feabhsaithe fisiciúla agus timpeallachta agus tá acmhainn iontu feabhas mór a chur ar chuma an bhaile. Tugtar sainmhíniú ar Shuíomhanna Deise anseo mar shuíomhanna a bhfuil tábhacht radhairce agus feidhme leo, agus mar a mbeadh an tionchar is mó ag dea-dhearadh uirbeach ar fhás sóisialta agus geilleagrach an bhaile. Tá anailís mhionsonraithe in Aguisín 3.

Suíomh 1 ***Suíomh na Cé Thuaidh / Suíomh an Iar-Bhádchlóis***

Éileoidh forbairt an suímh sainiúil seo taobh na farraige go n-ullmhaítear mionráiteas dearaidh uirbeach a thabharfaidh aghaidh ar shaintréithe agus láthair straitéiseach an suímh seo, an láthair íogair ina bhfuil sé, an gá atá le rochtain phoiblí a choimeád chomh maith le tréscaoilteacht radhairce agus choisithe.

Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh ardchaighdeán dearaidh ailtireachta sna tograí forbartha agus go gcuirfidís leis an bhfearann poiblí.

Suíomh 2 ***Suíomh Fhearann na Cille ó thuaidh ó Shráid na Trá***
Tá acmhainn cur le roinnt lánaí ar Shráid na Trá agus meascán nua úsáide agus forbartha tithíochta a comhtháthú sa déantús uirbeach ar shlí íogair ach cur leis an bpatrún d'fhoirgnimh chéimnithe atá ann nó trí chlóis a fhorbairt amach ón ngréasán nua sráideanna.

Suíomh 3 ***Foirgneamh an tSeanospidéil, Sráid na nGabhar***
Tugann athfhorbairt an fhoirgnimh shuntasach stairiúil seo deis an ceantar a athbheochan agus uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainn an fhoirgnimh seo agus an suíomh a bhaineann leis go ghníomhaíochtaí a bhaineann le turasóireacht.

Suíomh 4 ***Éadanas bóthair an Bhóthair Iarainn Thuaidh***
Déanfar sráid-dreach a fhorbairt anseo lena aghaidh ar an mBóthar Iarainn. Is i bhfoirm thraidisiúnta a bheidh dearadh, scóip agus toirt na forbartha ag ionchorprú úsáidí miondíola ar an gcéad urlár.

2.3.11.4 Aghaidheanna Shiopaí & Comharthaíocht

Tá cáil ar Dhaingean Uí Chúis as ucht aghaidh thraidisiúnta na siopaí agus an chomharthaíocht agus an úsáid a bhaintear as dathanna geala agus beoga. Is eilimint thábhachtach iad na hainmneacha ar aghaidheanna traidisiúnta na siopaí. Tugann siad ainmneacha na dteaghlach a bhí ag trádáil sa bhaile leis na cianta a chuir a n-ainmneacha os cionn an tsiopa. Tá mórán de na comharthaí lámhphéinteáilte agus i nGaeilge.
Cé gur baineadh mórán de bhunaghaidheanna na siopaí go hiomlán nó gur athraíodh go substaintiúil iad, tá luach suntasach ailtireacht fós ag baint lena bhfuil fágtha.
Tá sé riachtanach go ndéanfaí na samplaí atá fágtha a chaomhnú le féiniúlacht agus saintréithe an bhaile a choimeád. Ba chóir go gcoimeádfaí agus go ndéanfaí athchóiriú ar na bunaghaidheanna siopaí a léiríonn dea-ghnéithe dearaidh agus a chuireann leis an sráid-dreach. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do chaomhnú agus d'athchóiriú aghaidh thraidisiúnta agus ainmchláir na siopaí atá ann. Caithfear aghaidh nua-aimseartha shiopaí a dhearadh de réir na gcaighdeán is airde agus is féidir léirthuiscint a bhaint as prionsabail traidisiúnta dearaidh ar shlite nuálacha d'fhonn nach mbainfí ó shaintréithe an cheantair. Cé go mba mhian le roinnt miondíoltóirí féiniúlacht chorparáideach an mhiondíoltóra a úsáid, ba chóir go ndéanfaí sin a mheá de réir an gá a bhíonn le feabhas a chur ar cháilíocht na réadmhaoine nó an tsráid-dreacha ar leith.

Is é an ní is tábhachtaí a bhaineann le haghaidh shiopa ná soiléire agus simplíocht. Ba chóir go mbainfeadh an dearadh le saintréithe ailtireachta an fhoirgnimh ar chuid de é. Ba chóir go dtiocfadh sé leis na hurláir uachtaracha maidir le comhréir, scála agus ailíniú ingearach. Ba chóir go mbeadh frámaíocht aghaidh thraidisiúnta na siopaí ingearach agus go mbeadh cothromaíocht ina ndéantús. Is eilimintí iad gnéithe na bhfoirgneamh atá ann mar stiallchúrsaí, stuanna nó mionsonrú plástair, colbhaí na bhfuinneog etc a fhéadfaí a ionchorprú i ndearadh aghaidh na siopaí.

Tá dearadh an éadain ina eilimint thábhachtach den dearadh agus ba chóir go dtabharfaí aire ar leith dá dhéantús. Níor chóir go mbeadh an lámh in uachtar ag comhréir agus mionsonrú ainm an éadain, piléir bhalla agus ardúigh stalla ar an airde.

Ba chóir go dtiocfadh na hábhair a úsáidtear le saintréithe ailtireachta na sráide agus go ndéanfaí comhtháthú le hamharcíomhá na sráide. Tá adhmad ar an ábhar is oiriúnaí d'fhoirgneamh traidisiúnta.
Ba chóir machnamh cúramach a dhéanamh ar dhearadh agus láthair fhógraí agus chomharthaí, lena chinntiú nach ndéanann iomarcaíocht fógraíochta mí-oiriúnach agus nach bhfuil gá leis doiléiriú ar cháilíocht na bhfoirgneamh agus aghaidh na siopaí.

Cuspóir Uimh	**Aghaidh siopaí agus comharthaíocht** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
SS-1	A chinntiú gur de dhearadh agus ábhair thraidisiúnta agus iad dathmhaisithe ón taobh amuigh.
SS-2	A chinntiú gur gné cheannasach a bhíonn in úsáid chomharthaíochta i nGaeilge

2.3.11.5 Dearadh Uirbeach agus Bainistíocht Forbartha

Cuireann dea-dhearadh uirbeach le caighdeán na beatha, agus is féidir leis na coinníollacha fisiciúla d'athghiniúint gheilleagrach a chruthú. Tugann na sráideanna carachtar ar leith do Dhaingean Uí Chúis. Léirítear saintréithe an bhaile le braisle daingean foirgneamh atá céimnithe aníos ó thaobh na farraige.

Ba chóir go gcuirfeadh gach forbairt nua le comhthéacs radhairce, sóisialta, feidhme agus timpeallachta an láithreáin agus an bhaile go foriomlán. Ba chóir go ndaingneodh an dearadh na saintréithe a thugann féiniúlacht áitiúil don cheantar. I gceantair ina bhfuil drochchaighdéan ailtireachta, ba chóir go gcuirfeadh tograí le huasghrádú agus saintréithe na sráid-dreacha.

Is próiseas é dearadh uirbeach a chuireann cuma ar an timpeallacht fhisiciúil i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte. Ealaín is ea é a bhaineann le háiteanna a dhéanamh. Tá dearadh foirgneamh, grúpaí foirgneamh, spás agus tírdhreach i gceist leis, chomh maith le próiseas a bunú ina mbíonn forbairt rathúil indéanta. Tá dearadh uirbeach riachtanach le féiniúlacht pobail a chruthú agus le háiteanna a dhéanamh a mbíonn rath orthu go sóisialta agus go geilleagrach, go mbíonn siad go maith le cónaí iontu agus tarraingteach le cuairt a thabhairt orthu. Pleanáil éifeachtach sa chiall is leithne atá ann, agus cabhraíonn sé le seirbhísí níos fearr poiblí a sholáthar. Is é an dúshlán atá ann áit a chruthú a úsáidfear agus a mbainfidh réimse leathan daoine éagsúla taitneamh as ar chúiseanna éagsúla, ní amháin anois ach sna blianta atá le teacht.

Is é an príomhní a bhaineann le dea-dhearadh uirbeach ná go nglacfaí le cur chuige ildisciplíneach ón gcéad chéim de thogra. Is é a bheidh i gceist anseo go n-úsáidfí ailtirí tírdhreachtha, pleanálaithe agus innealtóirí ag obair ar shlí pleanáilte, comhordaithe le forbairt sábháilte, tarraingteach agus feidhmiúil a chur ar fáil a bhaineann leas as sócmhainní láithreach, a dhéanann comhtháthú le saintréithe an cheantair mórthimpeall agus a chuireann forbairt ar fáil a thagann leis an áit.

Ba chóir go mbeadh an t-ailtire tírdhreacha i mbun anailíse agus tuisceana ar na suíomhanna ó thús an phróisis phleanála agus dearaidh, seachas é a thabhairt isteach ag an deireadh le foirgnimh ghránna a chlúdach trí roinnt plandaí a chur. Ba chóir go n-úsáidfeadh innealtóirí bóthar a scileanna le dea-chuma a chur ar áiteanna le bheith iontu agus le siúil tríothu, seachas díriú go cúng ar thrácht a choimeád ag gluaiseacht. Tá dearadh an spáis oscailte, a fheidhmiúlacht agus a cháilíocht riachtanach. A luaithe agus a bhíonn an spás seo deartha agus sonraithe, is féidir na struchtúir ina thimpeall a fheiceáil i gcomhthéacs na láithreach agus iad a dhearadh go cuí.

Is é intinn an údaráis phleanála agus dea-dhearadh á chur chun cinn do Dhaingean Uí Chúis, brath ar chaighdeáin saintreoracha le measúnú a dhéanamh ar thograí forbartha de réir a dtuillteanas ar leith dearaidh. D'fhonn an aidhm seo a chur chun cinn is é atá ar intinn ag an údarás pleanála go mbeadh Ráiteas Dearaidh Uirbigh in éineacht le hiarratas ar fhorbairt laistigh den bhaile. Cuireann nó baineann gach forbairt ón Timpeallacht Uirbeach, agus cé go mbeidh éagsúlacht i mionsonraí na Ráiteas Dearaidh Uirbeacha ag brath ar mhéid na bhforbairtí a bhíonn beartaithe, ba chóir go mbeadh ráiteas dearaidh in éineacht le hiarratais chomh maith le hanailís ar an suíomh agus measúnú dearaidh.

Cuspóir Uimh.	**Dearadh Uirbeach** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
UD-1	A éileamh go mbeadh Ráiteas Tionchair Ailtireachta in éineacht le gach iarratas d'fhorbairt nua i lár an bhaile.
UD-2	A chinntiú go dtagann dearadh foirgnimh nó athchóiriú foirgnimh atá sa bhaile leis an bhforbairt a bhíonn sa chomharsanacht cheana féin agus go gcomhlíontar cuspóirí an Limistéar Caomhantais Ailtireachta, agus go gcuireann dearadh a dhéantúis leis an sráid-dreach.
UD-3	Ráitis Dearaidh Uirbigh a éileamh d'fhorbairtí móra nó suntasacha ar a n-áirítear forbairtí cónaithe níos mó ná dhá theaghais laistigh den bhaile.
UD-4	Spreagadh a thabhairt do chaomhnú agus d'athchóiriú aghaidheanna traidisiúnta agus ainmchláir na siopaí le hábhair oiriúnacha.
UD-5	A chinntiú go gcomhlíonann forbairtí *Treoir Dea-Chleachtais – Forbairt Inbhuanaithe Substaintiúil i gCeantar Uirbeach agus an Lámhleabhar Dearaidh Uirbigh* a d'eisigh an RCORÁ in 2008, nuair is cuí.
UD-6	A chinntiú go mbíonn aghaidh fhorbairtí nua ar spás poiblí nó siúláin phoiblí agus go mbíonn a n-aghaidh tarraingteach agus dea-dheartha.

2. 3.12 AN OIDHREACHT THÓGTHA

2.3.12.1 Struchtúir atá Faoi Chosaint

Tá roinnt foirgneamh i lár an bhaile atá inspéise ó thaobh staire agus ailtireachta de, a chuireann le dreach na sráide agus ar eilimint thábhachtach iad d'oidhreacht thógtha an cheantair. Tá roinnt foirgneamh áirithe ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015.

2.3.12.2 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Tá páirteanna den bhaile sonraithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) faoi mar atá léirithe ar Léarscáil 4 agus in Aguisín 1. Tá athbhreithniú déanta ar an réimse seo ón bPlean Ceantair Áitiúil roimhe seo. Is é an sainmhíniú atá ar LCA ná áit, ceantar, grúpa struchtúr nó bailedhreach ina dtógtar ceann de línte agus airde na bhfoirgneamh atá inspéise ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, sóisialta nó teicniúil nó a chuireann le tuiscint ar struchtúr atá faoi chosaint.

Cuspóir Uimh.	An Oidhreacht Thógtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
BH-1	Na ceantair sin atá léirithe ar Léarscáil 3b a ainmniú agus a chaomhnú mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) de réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) agus a bhfuil imlíne air in Aguisín 1.
Cuspóir Uimh.	**An Oidhreacht Thógtha Is cuspóir ag an gComhairle é:**
BH-2	Spreagadh a thabhairt d'athúsáid oiriúnach agus athchóiriú íogair ar fhoirgnimh sa bhaile nach bhfuil in úsáid/atá tréigthe.
BH-3	Oidhreacht ailtireachta an bhaile a chaomhnú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a bhíonn deartha ar shlí atá ag teacht le scála, carachtar agus patrún na bhfoirgneamh atá ann agus an chrutha uirbigh. Caithfear forbairtí nua a dhearadh de réir ardchaighdeán ailtireachta agus caithfear ceann a thógáil de ghnéithe dearaidh agus ábhair áitiúla.

2.3.12.3 Oidhreacht Ailtireachta

Tá mórán séadchomhartha taifeadta laistigh de theorainn an bhaile agus roinnt séadchomhartha comhtheagmhálach le nó i gcomharsanacht na teorann atá beartaithe, a bheidh cosanta ar fhorbairt mhíoiriúnach. Tá siad sin léirithe ar Léarscáil 4.

Cuspóir Uimh.	Oidhreacht Ailtireachta Is cuspóir ag an gComhairle é:
AH-1	A chinntiú go gcaomhnaítear gach séadchomhartha seandálaíochta i gceantar an phlean faoi mar atá áirithe i dTaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna.
AH-2	Ceann a thógáil de mholtaí na Seirbhíse Oidhreachta, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus gníomhaireachtaí eile reachtúla maidir le feidhmeanna rialaithe forbartha na n-údarás áitiúla a thabhairt i gcrích.
AH-3	Ceann a thógáil de chomhairle agus de mholtaí an tSeandálaí Contae maidir le séadchomharthaí agus gnéithe nach bhfuil liostáilte faoi láthair ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna.

AH-4	A chinntiú go ndéantar aon togra forbartha, laistigh de na tailte a bhfuil béim orthu mar chrios cosanta seandálaíochta timpeall ar shéadchomhartha liostáilte ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (TSÁ), a thagairt do Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Beidh a leithéid d'fhorbairtí faoi réir mheasúnaithe tionchair seandálaíochta agus b'fhéidir go n-éileoidh siad tuilleadh maolaithe seandálaíochta ina dhiaidh sin – crios maolánach/crios eisiaimh, monatóireacht, tástáil seandálaíochta réamhfhorbartha, agus tochailt seandálaíochta sula ndéantar cinneadh.

2.3.13.4 Tuilebhainistíocht

Is polasaí na Comhairle é nach mbeadh forbairt faoi réir bhaol mhíchuí ó thuilte ná nach gcuirfeadh sé lena leithéid de bhaol ag láithreacha eile. Maidir leis seo, ní mór d'iarrthóirí forbartha a chinntiú go gcuimsíonn an Plean go hiomlán na riachtanais atá sna Treoracha um Bhainistíocht Baol Tuilte más cuí agus má bhaineann le hábhar.

Cuspóir Uimh.	**Bainistíocht ar Riosca Tuile** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
FM-1	A chinntiú go mbíonn aon togra forbartha ar na tailte seo faoi réir mheasúnaithe tionchair tuile.

Aguisín 1
Daingean Uí Chúis Limistéar Caomhantais Ailtireachta

RÉAMHRÁ

Is mór iad na bailte agus sráidbhailte i gContae Chiarraí ina bhful saintréithe faoi leith agus iadsan difriúil astu féin, de bharr a bhfoirm stairiúil agus leagan amach. Is gnáthach do thréithe a bhíonn le caomhnú a bheith suite sna ceantair is ársa ar an mbaile. Go minic bíonn gnéithe speisialta le feiscint fós idir chúrsaí staire, seandálaíochta nó ábhar éigin suimiúil eile. D'fhéadfadh dreach suntasach ar an iomlán a bheith ann mar a dtiocfadh foirgintí, cúlra, tírdhreach agus tréithe áitiúla eile go léir lena chéile. Bíonn tábhacht stairiúil chomh maith leis an ábhar agus leis an modh tógála, rudaí a chuireann le hanam an cheantair agus le haitheantas. Léiriú iadsan ar ár gcultúr agus dá bhrí sin táid fíorthábhachtach ó thaobh oidhreachta de. Caithfear iad a chaomhnú agus is chuige sin a ainmnítear ceantair áirithe mar ACA. Leagtar síos an bonn reachtúil do na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, nó ACA, san Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000.

'Ciallaíonn ACA áit, ceantar, grúpa struchtúr nó tírdhreach baile, línte agus airde foirgintí san áireamh, atá mar dhíol spéise ina cháilíocht féin mar gheall ar

* ailtireacht, stair, seandálaíocht, ealaíon, eolaíocht, cultúr, cúrsaí sóisialta nó teicniúla

* nó a chuireann le luach struchtúir chosanta a mbíonn cosaint a thréithe siúd mar aidhm ag an bPlean Forbartha.'

D'fhéadfadh mórán gnéithe a bheith san áireamh don ainmniúchán ACA. Mar shampla, chuimseodh sé foirgneamh aonair nó sraith tithe, bídís faoin dtuath nó i mbaile mór. Is bonn faoi pholasaí é an ACA chun ceantar a chaomhnú nó a fheabhsú; ar an gcuma san bíonn smacht bunúsach ar dhreach foirgintí lasmuigh, rud a chuireann le saintréithe na háite. Rialú níos leithne atá i gceist maidir le pleanáil agus ní mór iad na díolúintí a thugtar. Caithfear cead pleanála a lorg i gcás aon oibreacha a chuirfeadh athrú mór ar dhreach nó ar shaintréithe aon ACA.

Chun ceann a thógaint de chosaint a leithéid de cheantair, tuigeann Comhairle Contae Chiarraí gur fearr aon athrú a threorú agus a rialú ar an iomlán ar bhonn leathan seachas a bheith ag plé le struchtúir aonair. Séard atá mar aidhm ag an gcóras ainmniúcháin ná treoir a thabhairt i gcás forbairtí ionas nach gcuirfidh athruithe sa todhchaí isteach ar shaintréithe an limistéir.

Cuid de shraith measúnaithe is ea an Plean seo chun saintréithe gach ACA sa chontae a aithint, beidh spriocanna agus polasaí cosanta á ndréachtadh de réir a chéile. Beidh sé soiléir d'úinéirí/áititheoirí má bhíonn cead pleanála ag teastáil uathu.

Agus ceantar á ainmniú mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta bíonn sé mar aidhm athruithe a bhainistiú go cúramach trí chosc a chur le creimeadh na hoidhreachta ailtireachta agus trína cosaint i gcoinne treascartha nó aon athrú mí-oiriúnach. .

Ní mór d'úinéirí nó d'fhorbróirí a thuiscint nach mbaineann na gnáthrialacha maidir le díolúine le ceantar atá laistigh de ACA. Agus cás díolúine á mheas acu, ní hamháin tionchar na forbartha ar an struchtúr féin ná ar struchtúir eile a bheadh sínte leis a bheidh i gceist, de réir Alt4(1)(h), ach caithfidh an tÚdarás Pleanála cuimhneamh ar a tionchar ar shaintréithe an cheantair mar a éilítear de réir Alt 82(1).

Faoin stádas ACA bíonn srian le hoibreacha áirithe ar an dtaobh amuigh. Mar shampla, d'fhéadfadh cead pleanála a bheith i gceist chun síneadh beag a chur le tigh nó chun falla teorann a thógaint, rud ná beadh ag teastáil in aon chor i gceantar éigin eile b'fhéidir.

Ar an mórgóir ba chóir d'úinéirí, áitrtheoirí agus forbróirí laistigh den ACA a thuiscint go lorgófar cead pleanála d'aon obair a dhéanfar ar éadan struchtúir nó d'aon athrú ar an mbunábhar tógála, mar shampla, fuinneoga, doirse, slacht fallaí, fallaí teorann, ábhar díonta, earraí uisce báistí 7rl. Cé gur féidir cead pleanála a fháil chun struchtúr atá cheana féin ann a athrú, ní mór na hathruithe a bheith ag teacht le saintréithe, le dreach agus le cur chun cinn an cheantair. Is é sin an slat tomhais a bheidh ag an Údarás Pleanála agus iad ag tabhairt breithiúnais ar aon fhorbairt mholta.

Fíor.1 An *Colony*

Fíor 2 Sráid an Doirín

LÁTHAIR AGUS TEORAINN AN LIMISTÉIR CHAOMHANTAIS AILTIREACHTA

Moltar gurb é a bheidh sa limistéar ACA ná croílár an bhaile agus an teorainn mar a leanas; An tSráid Mhór soir ó thuaidh, An Meall soir ó dheas, Sráid an Doirín siar o thuaidh, teorainn imeallach feadh Sráid na nGabhar, Sráid Eoin, Sráid na Trá agus Tigíní Imleach. Is iad teorainneacha láithreacha na bhfoirgintí go príomha a leagfaidh síos teorainn an ACA.

Tá na sráideanna seo a leanas nó codanna díobh laistigh den teorainn mholta ACA – An tSráid Mhór, Sráid an Doirín agus Lána Ghrae ar fad, barr an Mheall ó thuaidh ar an dá thaobh, taobh ó dheas Sráid na nGabhar/Sráid Mhór Uacht chomh fada le Meánscoil na Toirbhirte agus chomh fada le hionad na bhfiaclóirí ar an dtaobh ó thuaidh. Tá cuid de Shráid Eoin ó thuaidh agus ó dheas agus cuid de Shráid na Trá i gceist freisin, dhá thigh déag ar thaobh na farraige sa Choill san áireamh. Cuid den ACA is ea Tigíní Imleach, tá ocht gcinn díobh siúd ar an Liosta Struchtúr Cosanta; moltar athbhreithniú a dhéanamh air sin nuair a bheidh an sraith seo tithe mar chuid den ainmniúchán ACA. Meastar gur modh cuí an ACA chun iomláine na hailtireachta ansiúd a chosaint. Is díol mór spéise iad mar gheall ar fhoirm na dtithe agus ar an bhfaiche glas atá in aice leo. Réiteodh sé sin aon fhadhb cosanta iad a bheith san ACA mar chaomhnófaí na gnéithe lasmuigh mar dhíonta, fallaí, fuinneoga agus ar ndóigh an faiche glas chomh maith.



Léarscáil 1 Teorainn ACA

FORBAIRT STAIRIÚIL AN CHEANTAIR

Saol fada corrach a bhí ar an mbaile seo, ón dtráth gur osclaíodh an caladh ag na Normannaigh. Luaitear Daingean Uí Chúis don chéad uair i rollaí custaim sa tríú haois déag. Sa bhliain 1607 fuarthas cairt ríoga, cé go raibh buirgéis agus bardas ann ó 1585. Cheadaigh an chairt go dtógfaí fallaí baile thart ar limistéar dronguilleogach soir ó dheas ar an dá thaobh mar a bhfuil Sráid na nGabhar, An tSráid Mhór agus Sráid Eoin anois. Ba í An tSráid Mhór an príomhshráid sna meánaoiseanna agus is dócha gur tháinig Sraid an Doirín chun cinn mar shlí síos go dtí ceantar an chuain. Tá falla an bhaile le feiscint don chéad uair ar an gcéad (1841) agus ar an dara (1896) eagrán de léarscáil OS an bhaile. Ba é Daingean Uí Chúis an t-aon bhaile a bhí faoi fhallaí i gContae Chiarraí ag an am. De réir fianaise ceaptar go raibh ceithre thigh daingean ar an mbaile sa bhliain 1582. Is trua nach bhfuil iarsmaí foirgintí ó na meánaoiseanna fós le feiscint, cé gur dóichí go bhfuil déanamh éigin fós ón aimsir úd i bhfoirgintí ón 18ú agus ón 19ú haois.

Dála bailte eile ar fud na hÉireann, tharla fulaingt i nDaingean Uí Chúis i gcaitheamh na mblianta de dheasca cúrsaí cogaidh, go háirithe le linn Éirí Amach Deasmhumhan agus éirí amach 1641. Tháinig feabhas éigin ar chúrsaí eacnamaíochta go luath sna blianta 1700. Tháinig borradh faoin bhfostaíocht agus faoi chúrsaí trádála nuair a bhunaigh Roibeard Mac Gearailt tionscal an línéadaigh. Cailleadh an tionscal úd, áfach, nuair a thosnaigh an tionscal cadáis sa Bhreatain agus ní mór ná go raibh deireadh leis faoi na blianta 1830. Forbraíodh an iascaireacht freisin sna blianta 1830 agus tháinig sí chun cinn sna blianta 1870 le teacht flíteanna ó Oileán Mhanainn ag iascach maicréal. Dhein cléir de chuid Eaglais na hÉireann iarracht ar phobal láidir Protastúnach a bhunú nuair a bhunaíodar 'An *Colony*' ó Shráid na Trá. Tar éis deich mbliana aontaíodh gur theip ar an bplean úd. Bhíodh scata teaghlach sa *'Colony'* a mhaireadh ar an iascaireacht.

Críochnaíodh an bóthar iarainn ó Thrá Lí sa bhliain 1891 agus bhí sé de cháil ar bhaile Daingean Uí Chúis é a bheith ar an gceann scríbe traenach ba sia siar san Eoraip. .

Tháinig rath arís ar an mbaile sa dara leath den 20ú aois mar gheall ar fhorbairt turasóireachta; go dtí sin bhíothas ag brath ar iascaireacht agus ar thalmhaíocht. Bíonn tionchar ag an dturasóireacht chéanna ar oidhreacht ailtireachta an bhaile. Tá na seanláithreacha buirge le feiscint ar na sráideanna maraon le seanfhoirgintí a bhfuil dlúthbhaint acu le hanam na dúthaí; caithfear iad siúd a chosaint agus a chothabháil.
Chun go n-éireoidh leis an ACA ní mór timpeallacht rathúil eacnamaíochta agus tráchtála a choimeád suas chomh maith le spiorad beo bríomhar i meac an phobail.

Stíleanna éagsúla foirgníochta atá le feiscint laistigh den limistéar ACA, ach maolú nó athrú déanta orthu i bhfad na haimsire; tigíní traidisiúnta sa seancheantar An *Colony* nó an tigh ar Shráid an Doirín a bhíodh ag Tiarna Fionntrá. (Fíor 1 & 2). Is í Eaglais Naomh Muire ar Shráid an Doirín an foirgneamh is suntasaí san ACA.

Ailtire cáiliúil J.J. McCarthy (ar dtugtaí 'An *Pugin* Éireannach) a dhear an Eaglais sa stíl luath Gotach agus leagadh an bunchloch Lá 'le Pádraig 1862. Stíl comónta ar fud

iardheiscirt na hÉireann is ea an gharbhshaoirseacht sa ghaineamhchloch rua ar na fallaí maraon le cóiriú den aolchloch geal. Tosnaíodh ar Chlochar na Toirbhirte atá ar a cúl sa bhliain 1877.

LIOSTA NA STRUCHTÚR COSANTA AGUS SÉADCHOMHARTHAÍ TAIFEADTA

Luaitear aon struchtúr is daichead atá laistigh den ACA i dTaifead na Struchtúr Cosanta.

RPS Uimh 21400601	Halla na Measarthachta, An tSráid Mhór
RPS Uimh 21400602	2 Thigh, *Global Village*, An tSráid Mhór
RPS Uimh 21400604	*Commodum/Al's Hairshop*, An tSráid Mhór
RPS Uimh 21400605	Óstán Benner's, An tSráid Mhór
RPS Uimh 21400607	Tigh Sraithe, An tSráid Mhór.
RPS Uimh 21400608	Tigh Sraithe, An tSráid Mhór..
RPS Uimh 21400609	Ollmhargadh *Centra*, An tSráid Mhór
RPS Uimh 21400610	Eaglais Naomh Shéamais, An tSráid Mhór.
RPS Uimh 21400611	Tigh Sraithe, Sráid na Trá
RPS Uimh 21400612	Foirgneamh Sraithe, Sráid na Trá
RPS Uimh 21400613	Tigh Aonair, Sráid an Doirín
RPS Uimh 21401614	Leabharlann *Carnegie*, Sráid an Doirín
RPS Uimh 21400615	Eaglais Naomh Muire, Sráid an Doirín
RPS Uimh 21400616	Clochar na Toirbhirte. Sráid an Doirín
RPS Uimh 21400617	Seanscoil, An Meall (3 units)
RPS Uimh 21400618	Tigh Sraithe, Sráid Eoin.
RPS Uimh 21400619	Tigh Leathscoite, Sráid na Trá

RPS Uimh 21400621	Droichead An tSráid Mhór
RPS Uimh. KY-043-003	An Droichead Bheag (cuid de)
RPS Uimh. KY-043-004	Tigh *Rice*, Sráid an Doirín
RPS Uimh. KY-043-005	Tábhairne *Dick Mack's*, Sráid an Doirín
RPS Uimh. KY-043-006	*Lisbeth Mulcahy's*, Sráid an Doirín
RPS Uimh. KY-043-007	Tigh De Staic, Sráid an Doirín
RPS Uimh. KY-043-008	An Tigh Spáinneach, Sráid an Doirín
RPS Uimh. KY-043-009	Lána na hAbhann, Sráid na Dadhgaide
RPS Uimh. KY-043-010	Píopa iarainn mhúnla, Sráid na Dadhgaide
RPS Uimh. KY-043-011	Teach na Cúirte, An Meall
RPS Uimh. KY-043-012	Scoil na mBráithre, Sraid Eoin/ An Meall
RPS Uimh. KY-043-013	Caidéal iarainn mhúnla, An Meall
RPS Ref. No. KY-043-015	Cuaille Ceárta, Ionad na bPoll
RPS Uimh. KY-043-016	No. 1 Tigíní Imleach
RPS Uimh. KY-043-017	No. 2 Tigíní Imleach
RPS Uimh. KY-043-018	No. 3 Tigíní Imleach
RPS Uimh. KY-043-019	No. 4 Tigíní Imleach
RPS Uimh. KY-043-020	No. 5 Tigíní Imleach

RPS Uimh. KY-043-021	No. 6 Tigíní Imleach
RPS Uimh. KY-043-022	No. 7 Tigíní Imleach
RPS Uimh. KY-043-023	No. 8 Tigíní Imleach
RPS Uimh. KY-043-028	Tábhairne *Flahive*, Sráid na Trá
RPS Uimh. KY-043-029	Caidéal iarainn mhúnla, An Choill

Tá Séadchomhartha Taifeadta amháin (KE043-224) laistigh den ACA mar atá molta agus ceann eile (KE053-088) taobh leis na teorainneacha molta ACA.

Léarscáil 2; 1841 léarscáil OS

AN TIMPEALLACHT AILTIREACHTA MAR ATÁ FAOI LÁTHAIR

a) **Patrún Sráide:** Is léir ó na pictiúirí anso thíos gur beag athrú a tháinig ar fhoirm ná ar leagan amach na bhfoirgintí ar an mórgóir san ACA le linn an chéid seo caite. Cé gur baile beag é Daingean Uí Chúis, tá leagan amach na sráideanna casta go leor agus baineann an gné seo le stair na háite. Níl puinn difríochtaí le feiscint ón gcéad learscáil OS (1841) mar is léir anso (Learscáil 2). Tháinig athrú éigin ar an bpatrún ailtireachta, mar is léir anois fé Shráid na Trá agus san áit a nglaotaí Lána an Chalaidh air i lár na naoiú haoise déag. Ba é an patrún comónta ná sraitheanna tithe aonstór agus iad tógtha ar cúinne géar le taobh na farraige. Leagadh an-chuid díobh i rith na 1960idí agus na 70idí ach tá a rian fós le feiscint in áiteanna. Is cuid den oidhreacht ailtireachta iad siúd atá fágtha agus dá bhrí sin táid le cosaint.

Fíor. 3 Radharc ar an *Colony* c 1890

Fíor.4 An radharc anois air

Fíor. 5 An tSráid Mhór. 1880-1900 *(Lawrence)*

Fíor 6 An tSráid Mhór. 2009

Fíor 6 An tSráid Mhór (go luath sa 20ú aois)

Fíor 7 An tSráid Mhór 2011

Fíor 8 Sráid an Doirín (go luath sa 20ú aois) **Fíor 9 Sráid an Doirín 2011**

b) Foirm agus Leagan Amach Faichí Oscailte idir Phoiblí agus Príobháideach. Is é an príomhfhaiche oscailte ar an mbaile ná Páirc Uí Dhomhnaill atá suite ar Lána Dadhgaide. Ní mór iad na turasóirí a théann ann toisc í a bheith ar an gcúlráid laistiar de na háitribh atá ar An Meall, Lána Dadhgaide agus Sráid an Doirín. Don chuid is mó is ar chúl áitreabh arís atá na faichí oscailte príobháideacha. Is mar mhaise ar láthair Eaglais Naomh Muire atá an faiche glas ó dheas uaithi.

c) Feidhmeanna Sósialta Eacnamaíochta: Don chuid is mó is ionaid tráchtála iad na foirgintí atá san ACA ar An tSráid Mhór, Sráid an Doirín agus Sráid na Trá. Ar an dul céanna is amhlaidh dóibh siúd ar Shráid Eoin agus ar An Meall gar do ghabhal An tSráid Mhór agus do na háitribhh ar Ionad na bPoll.
Is tithe cónaithe go príomha iad na háitribh ar Lána Ghrae, ag an gceann ó dheas ar An Mheall lastuas de Theach na Cúirte agus ag bun Sráid Eoin thoir. Foirgintí áirithe ina mbíodh díol is ceannach ar siúmar sin l tráth, is tithe cónaithe anois iad; ar ámharaí an tsaoil coimeádadh ainmchláir agus fuineoga siopaí in áiteanna. (Fíor 10&11). Tá cúpla éadan siopa fós ann mar a bhí fadó agus cuireann siad go mór le tréithe dúchasacha an ACA (Fíor 12 &13).

Fíor 10 Sráid na nGabhar **Fíor 11 Sráid na nGabhar**

Fíor 12 An tSráid Mhór **Fíor 13 An tSráid Mhór**

d) An Dreach Sráide go Ginearálta: Maidir le dreach na sráide tá éagsúlacht agus leagan amach comónta na hÉireann le feiscint ar Shráid an Doirín, Sráid Eoin agus An tSráid Mhór. Tógfar ceann den déanamh neamhrialta mar atá anso thíos (Fíor 14-15), radharc taitneamhach é seo a chuireann beocht sa dreach sráide. Is dócha go bhfuil a leithéid d'éagsúlacht tithíochta níos comónta i nDaingean Uí Chúis ná in aon bhaile eile sa tír. Ní mór iad na sraithe foirmeálta atá i nDaingean Uí Chúis, seachas cúpla ceann suntasach; tá sé chinn de thithe trí stór ag an mBuncalaidh mar sin agus breis is fiche tigh cónaithe sa Choill. Seachas an líne foirgníochta ní mar a chéile iad go léir, tá leibhéil díonta agus airde fuinneog difriúil ó thigh go chéile. Is léir go seasann gach tigh ann féin ó thaobh comharthaí deartha éigin de.

Gné fíorshuntasach a chuireann go mór le hanam an limistéir ACA ná an sruthán a ritheann faoi bhun tí ag ceann thuaidh An Mheall (Fíor16) agus comharthaí cúinní ar leith (Fíor 17-19). I gcás dhá thigh ar chúinne tá sciath *chamfrey* (Fíor 18 & 19) chun na clocha cúinne a chosaint ó pé trácht a bheadh ag dul thart.

Fíor 14 Sráid Eoin **Fíor 15 Sráid Eoin**

Fíor 16 An Meall

Fíor 17 Sráid na Trá

Fíor 18 Sráid na nGabhar

Fíor 19 Sráid na nGabhar

e) Díonta, Mullaí, Simléir: Gné faoi leith is ea an simléar ard caol ar struchtúr íseal a bhíonn ar thithe áirithe taobh le Sráid na Trá (Fíor 20) Ní bhíonn na mullaí ar aon aird lena chéile ach oiread ar fud an limistéar ACA. Don chuid is mó is slinnte pice iad na díonta. Sampla d'éagsúlacht airde na mullaí ar Shráid na Trá atá anso thíos (Fíor 21).

Fíor 20 Simléir fheiceálacha

Fíor 21 Sráid na Trá

f) Fallaí: Is plástar mín nó rindreáil atá ar fhormhór na bhfoirgintí sa limistéar ACA. Eisceachtaí is ea Eaglais Naomh Muire, Teach na Cúirte ar An Meall, foirgneamh *Centra* ar An tSráid Mhór, Tábhairne Uí Fhlatharta ar Shráid an Droichid, foirgneamh trí stór ar chúinne Sráid an Doirín agus Ionad na bPoll agus ceann eile trí stór arís leathslí suas ar Shráid an Doirín. Orthusan go léir cuireadh bailchríoch den seanghaineamhchloch rua agus í garbh nó cúrsáilte. Struchtúr breá ar a bhfuil gaineamhchloch agus í cúrsáilte is ea Teach na Cúirte ar An Meall ach is trua go bhfuil an t-éadan ag meath in áiteanna. Fadhb comónta is ea é sin toisc gur ábhar bog í an ghaineamhchloch (Fig.22). I gceantar an *Colony* tá líon beag tithe den déanamh traidisiúnta ar a bhfuil an rindreáil déanta le haol agus gaineamh agus bailchríoch aoluisce orthu. Anso is ansiúd san ACA tá plástráil maisithe mar atá le feiscint anso thíos (Fíor 23). Léiríonn plaiceanna ar fhallaí Shráid an Doirín stair agus seandacht na háite (Fíor 24-25). Is éifeachtach mar a bhaintear leas as dathanna chun beocht a chur sa dreach sráide go háirithe ar Shráid na Dadhgaide (Fíor 26 & 27) Bhíodh slinnte crochta ag an stuaic comónta tráth dá raibh agus iad fós le feiscint ar chúl áitreabh ar Shráid an Droichid (Fíor 28)

Fíor 22 Teach na Cúirte

Fíor 23 Bailchríoch phlástair

Fíor 24 Sráid an Doirín

Fíor 25 Sráid an Doirín

Fíor 26 Sráid na Dadhgaide

Fíor 27 Sráid na Dadhgaide

Fíor 28 Slinne crochta ag an stuaic

Fíor 29 Colbha thart ar fhuinneog agus doras

g) Oscailtí: Cuireadh athrú in oiriúint do chúrsaí tráchtála nó tís ar shlite isteach agus ar oscailtí i gcaitheamh na mblianta ach ar an mórgóir, níor baineadh in aon chor le fuinneoga, doirse ná le háirsí. Is deas iad na colbhaí breátha de ghaineamhchloch atá thart ar fhuinneoga agus ar dhoirsí An Mheall. (Fíor 29). Ní mar a chéile in aon chor na fuinneoga ó thaobh stíle de mar is léir anso thíos (Fíor 30).



Fíor 30 Fuinneoga traidisiúnta

h) Teorainneacha Seachas sraith amháin tithe ar an mBuncalaidh (Fíor 31), tá an chuid is mó de na struchtúir eile ag oscailt go díreach ar an gcosán. Bíonn eisceachtaí áfach mar chúpla foirgneamh ar Shraid an Doirín ag a bhfuil spás beag priobháideach faoi fhalla íseal rindreáilte ar a bhfuil ráille miotail. Gné a chítear san ACA ná fallaí déanta de spallaí gaineamhchloiche gan chúrsáil agus tá a leithéid ar Shráid an Doirín agus ar Lána Ghrae (Fíor 32). Ba chóir na seanchlocha ciumhaise atá anso is ansiúd san ACA a choimeád más féidir agus iad mar dhlúthchuid den oidhreacht ailtireachta sa cheantar (Fíor 33).

Fíor 31 Teorainn – ráille iarainn

Fíor 32 Teorainn chloiche

Fíor 33 Clocha ciumhaise ar An Meall

i) Earraí Uisce Báistí Is i bpíosaí anso is ansiúd a cuireadh earraí nua in ionad na bpíopaí agus na ngáitéar iarann múnla. Ábhar a bhfuil teacht aniar iontach ann is ea an t-iarann múnla agus is ciallmhar an beart é a leithéid a choimeád ar aon fhoirgneamh ó thaobh costais agus stádas oidhreachta de i dteannta a chéile.



Fíor 34 Radharc fé Shráid an Doirín

Fíor 35 Radharc fén tSráid Mhór

Fíor 36 An ACA ón gcé

j) Radhairc: Tá an-chuid radharc breátha laistigh den ACA, go háirithe ag féachaint ó thuaidh fé Shráid an Doirín i dtreo Eaglais Naomh Muire. Cuirtear leis an léargas ansiúd toisc an tsráid chaol ag dul suas le fána agus an cuar soir atá leathslí suas. Ar an dul céanna atá an radharc siar ó thuaidh fén tSráid Mhór agus is léargas breá iad siúd ar shaintréithe an ACA.

Achoimre ar na Saintréithe

Is iad seo a leanas saintréithe na hailtireachta:-

- éagsúlacht i ndéanamh struchtúr agus i stíl ailtireachta go príomha ó bhlianta deireanacha an 18ú haois go dtí blianta luatha an 20ú aois
- struchtúr uirbeach atá sainiúil ann féin
- díonta pice ar a bhfuil slinnte nó slinnte saorga
- díonta den déanamh A seachas cúpla eisceacht chomh maith le héagsúlacht airde mullaí agus gáitéar
- crot simplí dronuilleogach agus meascán d'éadan siopaí idir thraidisiúnta agus nua-aimseartha
- an-chuid fuinneog saise adhmaid, i dteannta roinnt fuinneog uPVC a osclaíonn ar barr agus roinnt fuinneog comhla
- cuid éigin líonta le déanaí le struchtúir nach bhfuil den déanamh traidisiúnta
- plastráil maisiúil dúchasach
- roinnt tigíní den déanamh traidisiúnta

Gnéithe Diúltacha

- athrú nach dtagann leis an iomlán curtha ar ghnéithe áirithe stairiúla mar fhuinneoga, rud a laghdaíonn stádas an limistéir chaomhantais
- foirgintí áirithe nach gcothaítear mar is cóir
- forbairtí nua-aimseartha nach dtagann leis an ndreach ar an iomlán
- fearas mí-oiriúnach d'uisce báistí

TREOIR DON BHFORBAIRT LAISTIGH DEN LIMISTÉAR CAOMHANTAIS AILTIREACHTA

1. Foirgintí nua. Ní mór na cúrsaí seo a leanas a chur san áireamh agus aon fhoirgneamh nua á dhearadh laistigh den Limistéar Caomhantais; caithfear cuimhneamh ar an dtimpeallacht agus ar an dtionchar a bheidh ag an struchtúr ar thréithe agus ar dhreach an cheantair. Ba chóir ceann a thógaint go speisialta den déanamh, airde, toirt, ábhar (stíl agus dath), coibhneas oscailtí agus pointí díonta, fuinneoga agus doirse.
2. Athruithe agus Sínte. Ná bíodh a leithéid de struchtúr go hard os cionn scála an fhoirgnimh mar atá, ná ag cur aon athrú ar an mbunchló. Má leagtar aon chuid de, caithfear cuimhneamh ar an struchtúr mar a bhíodh agus ar na hábhair a bhíodh ann ón tús. Bíodh oibreacha nua ag teacht go hiomlán lena bhfuil ann cheana féin idir cháilíocht, dlús, dathanna agus modh tógála. De ghnáth ní cheadófar bratadh, clúdach, ná slinnte saorga ar aon chló foirgnimh.
3. Ábhair. Maidir le cead pleanála d'fhéadfaí coinníollacha speisialta a leagadh síos chun a chinntiú go n-úsáidfear ábhair chuí traidisiúnta ar aon fhoirgneamh nó ar shuíomh.
4. Dath agus Péintéireacht. D'fhéadfadh aontacht iomlán ailtireachta sa Limistéar Caomhantais, nó i gcuid éigin de, a bheith ag brath go mór ar dhathanna áirithe ar fhallaí rindreáilte lasmuigh, ar shiúinéireacht nó ar ráillí. Dá bhrí sin ba chóir dathanna a fhágaint mar atáid. Ar an dul ceanna níor chóir aon dath a chur anuas ar fhallaí ná ar chlocha más rud é gur fágadh bán iad an chéad uair.
5. Fógraí. Bíodh aon fhógraí a chuirtear in airde sa Limistéar Caomhantais ag teacht leis an gcúlra stairiúil. Coimeádfar súil ghéar ar fhógraí nua agus bainfear anuas aon rud nach mbíonn oiriúnach. Ní ghlacfar le comharthaí crochta ar éadan agus iad á soilsiú ón dtaobh istigh ná le fógraíocht os cionn leibhéal urlár na talún.
6. Díobháil a Leigheas. Bainfidh An Chomhairle leas as iarratais phleanála nó as moltaí eile chun feabhsúcháin a chur i gcrích trí athruithe nó sínte mí-oiriúnacha a bhaint agus chun an foirgneamh a dheisiú nó a athchóiriú mar is ceart.
7. Struchtúir Chosanta. Beidh foirgnimh áirithe sa Limistéar Caomhantais ar an Liosta Struchtúr Cosanta RPS. Tá gach seans go mbeidh cead pleanála ag teastáil chun aon athrú a chur ar Struchtúr Cosanta laistigh nó lasmuigh. Maidir le stádas oidhreachta an ACA tá fíorthábhacht ag baint le gnéithe mar dhoirse, fuinneoga, coirnisí, consóil, gáitéir iarainn mhúnla agus le múnláil phlástair mhaisithe. Is léir mar sin go mbíonn an-chuid mionsonraí i gceist, ach nuair a chuirtear iadsan go léir le chéile bíonn an mórphictiúr ann a mhíníonn dreach oidhreachta an bhaile. Má chuirtear mionathruithe i bhfeidhm i gcaitheamh na haimsire trí ghnéithe a bhaint, a dheisiú go tuathalach nó trí shonraí nua a chur isteach gan stuaim, féadfar saintréithe agus taitneamhacht an bhaile a mhilleadh de réir a chéile. Cé gur déanamh agus leagan amach simplí go leor atá ar an mbaile seo, ar an iomlán is léargas atá ann ar cheardaíocht áitiúil le breis is 200 bliain agus ar an ailtireacht traidisiúnta seo againne i dteannta a chéile.
8 Radhairc. Caomhnaítear na radhairc mar atáid.
9 Tírdhreach agus Gairneoireacht. Cuireann an patrún gáirdíní, fearann agus na crainn go mór le taitneamhacht i limistéar caomhantais agus ba chóir iad siúd ar fad a choimeád.

Oibreacha nach gcuireann isteach ar thréithe an ACA (ní gá cead pleanála a lorg)

a) Cothabháil agus Deisiúcháin. Ní gá cead pleanála a lorg do ghnáthoibreacha cothabhála ná do dheisiúcháin choitianta laistigh den ACA (mar shampla *díon, fuinneoga ná earraí uisce báistí*) má choimeádtar an t-ábhar bunúsach nó i gcás soláthar nua má úsáidtear an t-ábhar céanna arís. Ní mór chomh maith tréithe bunúsacha na saoirseachta agus/nó fallaí bríce a choimeád.

Simléir ar Dhíonta, Fuinneoga Dormánta, Miasa Satailíte. Tá an díon ar na codanna is tábhachtaí in aon fhoirgneamh mar gheall ar ghaoth agus ar uisce a choimeád amach agus bíonn ord ar an ndreach sráide ach na díonta a bheith ag teacht lena chéile. Más féidir in aon chor é ba chóir an t-ábhar bunúsach (mar sclátaí nádúrtha), leacóga mullaigh nó gabhail a choimeád agus a dheisiú nó i gcás soláthar nua an t-ábhar céanna a úsáid arís. Ní haon ábhar téagartha a bhíonn i sclátaí saorga ná ní bhíonn cuma ró-dheas orthu ach oiread. Má chuirtear spás lochta in oiriúint mar sheomra féadfaidh funneoga nua dormánta agus/nó soilsí sa díon baint de charachtar an fhoirgnimh agus den díon ar an iomlán. Má ghlactar le fuinneoga dormánta in áiteanna ní bheidh siad ró-mhór, beidh pice ar an ndíon agus úsáidfear dearadh agus ábhair thraidisiúnta. Cuireann na simléir nó sonraí eile ailtireachta go mór le saintréithe an limistéir chaomhantais idir chruth, airde agus éagsúlacht, dá bhrí sin ní mór iad a choimeád agus a dheisiú. Baineann aeróga, miasa satailíte nó boscaí aláraim de dhreach foirgnimh. Cuirtear a leithéid laistigh nó ar chúl nó más féidir in aon slí ba chóir a dtionchar ar an bhfoirgneamh a laghdú.

Oscailtí Fuinneog agus Doirse. Caithfear cuimhneamh freisin ar fhuinneoga agus ar dhoirse mar athraíonn siad siúd carachtar agus dreach an tí. **Más féidir in aon chor coimeádtar agus deisítear fuinneoga agus doirse a bhí ann ón tús chun iomláine, carachtar agus coibhneas an tí a chaomhnú.** Má bhíonn díonadh (teasa nó fuaime) le déanamh is féidir an tiús a mhéadú trí ghloiniú breise mar is cuí. Ní réiteach sásúil iad fuinneoga nua ar an múnla céanna ná aon ábhar nua (mar shampla uPVC) ach oiread. Fráma tiubh a bhíonn ar fhuinneog uPVC seachas an fráma a chuirtí ar fhuinneog saise adhmaid. Baineann a leithéid de stíl nó d'ábhar nua den dreach iomlán. Bíonn athrú ar charachtar an tí dá dheasca agus féadfar saintréithe agus taitneamhacht an dreach baile agus an limistéir chaomhantais a mhilleadh de réir a chéile má cheadaítear a leithéid.

Earraí Uisce Báistí. Is fearr go mór i limistéar caomhantais na hearraí uisce báistí a bhíodh ann i gcónaí mar gháitéir ar bhracanna, fánphíobáin agus crannóga. Is fíor go mbíonn tionchar diúltach ag earraí nua uPVC ar an éadanchlár i gcás tithe traidisiúnta. Más féidir in aon chor coimeádtar agus deisítear na hearraí bunúsacha nó i gcás soláthar nua úsáidtear an t-ábhar céanna arís

b) Athruithe Laistigh. Ní chuireann an staid mar ACA bac ar athruithe laistigh (ach amháin i gcas Struchtúr Cosanta) fad is ná cuireann na hathruithe céanna isteach ar éadan an struchtúir lasmuigh.
c) Saintréithe a Athchóiriú. Má chuirtear ábhar nua míchuí in áit pé ábhar a bhíodh ann ón tús, ní gá cead pleanála chun na saintréithe a athchóiriú ach an modh, na hábhair agus na sonraí ar fad a aontú roimh ré le *Comhairle Contae Chiarraí.*
d) Oibreacha sa Spás Poiblí. Tá rún ag an gComhairle an timpeallacht a fheabhsú do choisithe. Dá bhrí sin b'fhearr linn troscán mí-oiriúnach sráide a bhaint, san áireamh bheadh cuaillí, comharthaí nó aon rud eile ná beadh gá leis mar baineann siad de shábháilteacht agus de thaitneamhacht na sráideanna.

Oibreacha a théann i bhfeidhm ar charachtar an cheantair (is gá cead pleanála a lorg)

1. *Fallaí Lasmuigh.*
   * Rindreáil a bhaint.
   * Athrú ar bhailchríoch, nó ciseal breise a leagadh anuas ar shaoirseacht, bríce, adhmad nó plástar.
2. *Simléir ar Dhíonta, Fuinneoga Dormánta, Miasa Satailíte.*
   * Ábhar díonta mar shlinne nádúrtha a bhaint agus ábhar nua–aimseartha mar thíleanna snáithín straighne a chur ina áit.
   * Simléir agus cré bhruite luath a bhaint, potaí cré nó aon ghné eile a bhaineann le dreach díonta.
   * Soilsí ar dhíon, painéil ghrianda nó fuinneoga dormánta ar an gcló tosaigh, nó ar fhána a bheadh le feiscint ón tsráid.
   * Cláir adhmaid bhinne a bhaint agus/nó ábhar éigin eile a chur ina n-áit
3. *Oscailtí Fuinneog agus Doirse.*
   * Athrú ar oscailti nó cinn nua a oscailt.
   * Soilsí ar dhíon nó fuinneoga dormánta ar an gcló tosaigh nó ar fhána a bheadh le feiscint ón tsráid. Má cheadaítear fuinneoga dormánta, ní bheidh siad ró-mhór, beidh siad oiriúnach do charachtar an struchtúir agus úsáidfear ábhar nádúrtha.
   * Doirse nó fuinneoga nua i stíl, ábhar nó modh oscailte seachas mar a bhíonn cheana féin ann.
   * Pánaí dúbalta gloine in áit cinn a bhí singil, gloine treisithe nó tiubhaithe.
   * Gnéithe a bhaint mar fheanléas, osléas, taobhléas agus obair iarainn ar dhoirse.
4. *Earraí Uisce Báistí.*
   * Gháitéir, fánphíobáin agus crannóga a bhaint.
5. *Sínte.*
   * Caithfear cead pleanála a lorg d'aon síneadh no struchtúr nua laistigh den ACA a bhaineann le cló foirgnimh ar thaobh na sráide.
   * De ghnáth glacfar le hathrú no le síneadh laistigh den ACA má luíonn sé isteach go nádúrtha leis an bhfoirgneamh mar atá, má thagann sé le carachtar agus le dreach na háite agus muna gcuireann sé isteach ar chonláistí na n-áitreabh atá in aice leis.
   * Caithfidh aon síneadh a mholtar a bheith níos lú ná an foirgneamh atá cheana féin ann agus é ar scála oiriúnach, ar chúl an fhoirgnimh chéanna agus caithfear ábhar oiriúnach a úsáid chuige.

* Caithfear aon mholadh a bhaineann le díon a scrúdú go géar mar bheadh baint ag a leithéid le carachtar agus le dreach an ACA ina iomláine.

6. *Éadain Thráchtála*.

   * Athrú ar éadan siopa nó áitribh eile tráchtála laistigh den ACA, comharthaí nua nó gnéithe breise lasmuigh mar comhlaí slándála nó grátáil ar éadan láthair trádála.

7. *Leithead Láithreacha/Línte Tógála*.

   * D'fhéadfadh aon athrú orthusan cur isteach ar shaintréithe na háite.

8. *Nascadh Suíomh/Áitribh*.

   * D'fhéadfadh a leithéid cur isteach ar shaintréithe na háite.

9. *Foirgneamh Nua/Athógaint*

   * Beidh ar fhorbróirí a chruthú go mbíonn aon fhoirgneamh nua ag teacht le tréithe seanbhunaithe na bhfoirgintí atá san ACA, caithfear ceann a thógaint de línte díonta, coibhneas ginearálta agus den bhailchríoch lasmuigh.

10. *Forbairt Thailte ar Chúl*.

    * Ní cheadaítear airde níos mó ná mar atá cheana féin ar an stoc ar an láthair. .

11. *Scartáil*.

    * **Ní cheadaítear scartáil san ACA ach amháin más léir lochtanna nó teip struchtúrtha. Chun a leithéid a chruthú, caithfear sonraí deisiúchán agus/nó oibreacha feabhsúcháin a úsáidtear a sholáthar maraon le heolas a mhíníonn cén fáth nár éirigh leosan sa chás áirithe úd.**

    * Beidh ar an bhforbróir suirbhé cuimsitheach fótagrafach ar an struchtúr atá le scartáil a sholáthar.

Aguisín 2
Struchtúir atá Cosanta faoi Láthair

Ainm & Seoladh

1. Halla na Measarthachta, An tSraid Mhór

RPS Uimh. 21400601

2. Dhá Thigh Sraithe, *The Global Village*, An tSraid Mhór

RPS Uimh. 21400602

3. Tigh Sraithe (cuid den Droichead Beag)

RPS Uimh. 21400603

4. Tithe sraithe, *Commodum/Al's Hairshop*, An tSráid Mhór

RPS Uimh. 21400604

5. Óstán *Benners*, An tSráid Mhór

RPS Uimh. 21400605

6. Tigh sraithe, An tSráid Mhór

RPS Uimh. 21400607

7. Tigh sraithe, An tSráid Mhór

RPS Uimh. 21400608

8. Tigh sraithe, An tSráid Mhór

RPS Uimh. 21400609

9. Eaglais Naomh Shéamais

RPS. Uimh. 21400610

10. Tábhairne Uí Fhlatharta, Sráid an Droichid

RPS Uimh. 21400611

11. Foirgneamh sraithe Sráid na Trá

RPS Uimh. 21400612

12. Foirgneamh aonair, Sráid an Doirín

RPS Uimh. 21400613

13. An Leabharlann, Sráid an Doirín

RPS Uimh. 21400614

14. Eaglais Naomh Muire, Sráid an Doirín

RPS Uimh. 21400615

15. Clochar/Díseart, Sráid an Doirín

RPS. Uimh. 21400616

16. An Seanscoil, An Meall

RPS Uimh. 21400617

17. Tigh sraithe, Sráid Eoin

RPS Uimh. 21400618

18. Foirgneamh leathscoite, Sráid na Trá

RPS Uimh. 21400619

19. An Droichead, An tSráid Mhór

RPS Uimh. 21400621

20. Seanfhoirgneamh an Bhóthair Iarainn, An Fearann

RPS Uimh.21400622

21. Tigh *Rice*, Sráid an Doirín

RPS Uimh. KY 043-004

22. Tábhairne *Dick Mack's*, Sráid an Doirín

RPS Uimh. KY 043-005

23. *Lisbeth Mulcahy*, Sráid an Doirín

RPS Uimh. KY 043-006

24. Seodóirí De Staic, Sráid an Doirín

RPS Uimh**.** KY 043-007

25. ‘An Tigh Spáinneach’, Sráid an Doirín

RPS Uimh. KY 043-008

26. ‘Lána na hAbhann’, Sráid na Dadhgaide

RPS Uimh.KY 043-009

27. Píopa iarainn mhúnla, Sráid na Dadhgaide

RPS Uimh. KY 043-010

28. Teach na Cúirte, An Meall

RPS Uimh. KY 043-010

29. Scoil na mBráithre Críostaí, Sráid Eoin/An Meall

RPS Uimh. KY 043-012

30. Caidéal iarainn mhúnla, An Meall

RPS Uimh. KY 043-013

31. Caidéal iarainn mhúnla, An Fearann

RPS Uimh. KY 043-014

32. Cuaille Ceárta , Ionad na bPoll

RPS Uimh KY 043-015

33. Tithe sraithe , 1 Tigíní Imleach

RPS Uimh No. KY043-016

34. Tithe sraithe , 2 Tigíní Imleach

RPS Uimh KY 043-017

35. Tithe sraithe 3 Tigíní Imleach

RPS Uimh KY043-018

36. Tithe sraithe ,4 Tigíní Imleach

RPS Uimh KY 043-019

37. Tithe sraithe ,5 Tigíní Imleach

RPS Uimh KY 043-020

38. Tithe sraithe , 6 Tigíní Imleach

RPS Uimh KY 043-021

39. Tithe sraithe , 7 Tigíní Imleach

RPS Uimh KY 043-022

40. Tithe sraithe ,8 Tigíní Imleach

RPS Uimh KY 043-023

41. Tigh Aonair , Teach Bád , Imleach

RPS Uimh KY 043-025

42. *Rocket House*, Imleach Thiar

RPS Uimh KY 043-026

43. Tábhairne *Hannah Griffin*, Sráid na Trá

RPS Uimh . KY 043-027

44. Tábhairne *Flahive*, Sráid na Trá

RPS Uimh KY 043-028

45. Caidéal iarainn mhúnla , An Choill

RPS Uimh KY 043-029

46. Ospideal. Sráid na nGabhar

RPS Uimh KY 043-031

47. Píopa iarainn mhúnla , Sráid na nGabhar

RPS Uimh . KY 043-032

48. Caidéal iarainn mhúnla , Sráid na nGabhar

RPS Uimh KY 043-033

49. Caidéal iarainn mhúnla , Sráid na nGabhar

RPS Uimh KY 043-034

50. Foirgnimh Feirme , Lána Séipéal

RPS Uimh . KY 043-035

51. Tig Fearann na Cille

RPS Uimh KY 043-036

AGUISÍN 3
Deis Suíomh sa Daingean

Suíomh A *Suíomh An Ché Thuaidh/ Seanchlós na mBád*

Aidhm: An suíomh suntasach athfhorbraíochta seo ag an mbunchaladh a fhorbairt mar dhreach sráide uirbeach nua ilúsáide mar a mbeidh áiseanna turasóireachta gar don bhunchaladh agus do lár an bhaile.

Láthair an tSuímh agus Cur Síos
Crot beagnach dronuilleogach atá ar an suíomh athfhorbraíochta bunchalaidh úd atá suite idir Sráid na Trá, An Bóthar Iarainn agus an cuan. Clúdaíonn sé beagnach 0.2 ha(0.5 acra). Tá an Oifig Fáilte/Oifig an Chuain sa bhfoirgneamh thiar ag a bhun agus an Seanfhearas Oighir ar an imlíne ó thuaidh. Bhíodh an suíomh mar Chlós na mBád tráth dá raibh ach leagadh na seanfhoirgintí a bhain leis sin. Claí adhmaid pailíse atá thart anois air.

Rochtain
Téitear isteach slí Sráid na Trá agus An Bóthar Iarainn. Baineann rochtain tráchtála/mara leis an gcuan don chuid is mó agus úsáidtear slí an ché.

Mianach Forbartha
Tá deis breá chun athfhorbairt a dhéanamh anso, is féidir ionad mór a athnuachaint ar thaobh na farraige agus é gar do lár an bhaile. Mar gheall ar mhéid, láthair agus fíoraíocht an tsuímh féadfar dreach nua sráide a chruthú fé Shráid na Trá. Bheadh sé seo nua-aimseartha ó thaobh deartha de ach bheadh an dúchas Gaelach i gceist idir scála agus dlús.

Is chun leas pobal Daingean Uí Chúis a bheidh an suíomh suntasach úd. Caithfidh aon mholtaí a bheith ar ardchaighdeán deartha a luífidh isteach leis an láthair ar thaobh na farraige agus a chuirfidh leis an bhfearannas poiblí. Beidh rochtain feithiclí ó dheas (ar an mbunchaladh) ón bport go dtí an Cé Thuaidh chun gur féidir le trácht ón bport gluaiseacht sall is anall gan bhaint le Sráid na Trá. Ar an gcuma san laghdófar brú tráchta. .
D'fhéadfaí áiseanna turasóireacht/tráchtála a chur cois cuain mar chaifé/bialanna agus ag an am gcéanna bheadh aitheantas ag an gcuan mar chaladh gnóthach a bhíonn ag feidhmiú i gcónaí. Chuirfeadh téatar agus spás léirithe/*plaza* amuigh faoin spéir go mór leis an bhfearannas poiblí.

Maidir leis an éadan ó dheas beidh ailtireacht nua-aimseartha i gceist a leagfaidh béim ar an gcarachtar agus ar an láthair atá straitéiseach agus oiriúnach i ngach aon slí; beidh teacht ag an bpobal ar an suíomh taitneamhach seo agus beidh sé an-oiriúnach do choisithe.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húinéirí talún ag comhoibriú le chéile maidir leis an dtionscnamh seo. Ní bheidh aon fháilte roimis forbairtí i bpíosaí anso is ansiúd.

Riachtanais Ghinearálta
Chun go n-éireoidh leis an bhforbairt mar atá molta agus go luífidh sí isteach go nádúrtha lena bhfuil thart uirthi, éileofar ardchaighdeán deartha a chuirfidh le taitneamhacht an radhairc agus a bheidh oiriúnach le daoine lasmuigh den dúthaigh seo a mhealladh isteach.

Gné fíorthábhachtach is ea rochtain idir choisithe agus feithiclí toisc an suíomh a bheith sínte le cuan broidiúil a bhíonn ag feidhmiú gach lá. Moltar go dtiocfaidh coisithe in aon treo go díreach ó Shráid na Trá agus go mbeidh bóthar amháin fan gcé a dhéanfaidh freastal ar an suíomh agus ar an gcuan araon.

Toisc fairsinge an tsuímh seo ní mór ráiteas deartha uirbeach a ullmhú agus a chur faoi bhráid na comhairle i dteannta aon iarratais phleanála a bhainfidh leis na tailte úd. Caithfidh an ráiteas na riachtanais de réir alt 13.3 den Phlean Forbartha Contae 2009-2015 a chomhlíonadh.
Éileofar ardchaighdeán ábhar críche, tírdhreach (idir bog agus crua) maraon le soilsiú. Spreagfar ealaíon phoiblí mar atá déanta go rathúil san ionad Oifig Chathartha/Leabharlann i gCill Orglan agus cruthófar spás speisialta don ealaíon phoiblí chomh maith.
Beidh éifeacht fuinnimh ar bun sna foirgintí nua agus caithfear más féidir an teicneolaíocht inmharthana a úsáid go ciallmhar. Éileofar ina dteannta san córas draenála uirbeach inmharthana (SUDS) chomh maith le leibhéal ard caomhantais uisce.

Suíomh B ***Suíomh Fhearann Na Cille lastuaidh de Shráid na Trá***

Aidhm: An suíomh úrnua seo a fhorbairt mar dhreach sráide uirbeach nua ilúsáide mar a mbeidh árais chónaithe, aonaid bheaga tráchtála agus oifigí gar do lár an bhaile agus iad ag oscailt go díreach ar Shráid na Trá.

Láthair an tSuímh agus Cur Síos
Crot beagnach dronuilleogach atá ar an suíomh úrnua seo atá suite ar chúl Sráid na Trá agus a chlúdaíonn thart ar 1.23 ha(3 acra). Tá scata clós caoch agus lánaí beaga sa cheantar ar a dtugtar An Choill. Ar an imlíne tá roinnt tithe, bothán agus cróite. Ina dteannta san tá líon beag foirgneamh dhá stór ar an sráid.

Rochtain
Téitear isteach slí Sráid na Trá agus trí na lánaí beaga

Mianach Forbartha
Tá deis breá anso chun athnuachaint a dhéanamh ar shuíomh mór gar do lár an bhaile. Ionad ilúsáide a bheadh ann idir árais chónaithe, aonaid bheaga tráchtála/oifigí mar a mbeifeá ag súil leo ar aon láthair i lár bhaile.

Is léir ón rath atá ar an Oifig Chathartha/Leabharlann i gCill Orglan go mbeireann forbairt nua-aimseartha mar í anam agus beocht isteach i lár baile beag tuaithe. Moltar a leithéid d'fhorbairt arís ar an láthair seo. D'fhéadfaí síneadh a chur le lánaí áirithe fé Shráid na Trá chun forbairt nua uirbeach a thabhairt isteach sa tionscnamh; mar shampla d'fhéadfaí patrún na n-ardán céimnithe a leathnú nó b'fhéidir tithe a thógaint thart ar chlóis a bheadh i leataobh ón sráid. Toisc mianach an-mhór a bheith ar an suíomh seo idir leas eacnamaíoch, fisiciúil agus sóisialta Daingean Uí Chúis ní mór ráiteas deartha uirbeach a ullmhú agus a chur faoi bhráid na comhairle i dteannta aon iarratais phleanála a bhainfidh leis na tailte úd. Chruthófaí an chuid seo de lár an bhaile as an nua agus spreagfaí forbairtí nua eile ar an láthair chéanna. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húinéirí talún ag comhoibriú le chéile maidir leis an dtionscnamh seo. Ní bheidh aon fháilte roimis forbairtí i bpíosaí anso is ansiúd.

Riachtanais Ghinearálta
Chun go n-éireoidh leis an bhforbairt mar atá molta agus go luífidh sí isteach go nádúrtha lena bhfuil thart uirthi, éileofar ardchaighdeán deartha a chuirfidh le taitneamhacht an radhairc agus a bheidh oiriúnach le daoine lasmuigh den dúthaigh seo a mhealladh isteach. Gné fíorthábhachtach is ea rochtain idir choisithe agus feithiclí. Moltar go dtiocfaidh an trácht isteach in aice leis an mbrú agus coisithe trí na lánaí beaga ar Shráid na Trá.
Toisc fairsinge an tsuímh seo ní mór ráiteas deartha uirbeach a ullmhú agus a chur faoi bhráid na comhairle i dteannta aon iarratais phleanála a bhainfidh leis na tailte úd. Caithfidh an ráiteas na riachtanais de réir alt 13.3 den Phlean Forbartha Contae 2009-2015 a chomhlíonadh.
Éileofar ardchaighdeán ábhar críche, tírdhreach (idir bog agus crua). Spreagfar ealaíon phoiblí mar atá déanta go rathúil san ionad Oifig Chathartha/Leabharlann i gCill Orglan agus cruthófar spás speisialta don ealaíon phoiblí chomh maith.
Beidh éifeacht fuinnimh ar bun sna foirgintí nua agus caithfear más féidir an teicneolaíocht inmharthana a úsáid go ciallmhar. Éileofar ina dteannta san córas draenála uirbeach inmharthana (SUDS) chomh maith le leibhéal ard caomhantais uisce.

Site C *Foirgneamh an tSeanospidéil*

Aidhm: An foirgneamh suntasach seo a athfhorbairt ar bhonn inmharthana chun leas na turasóireachta, an oidhreacht idir ailtireacht agus cultur a chaomhnú san am gcéanna.

Láthair an tSuímh agus Cur Síos
Is é an seanospidéal ar bharr Shráid na nGabhar an struchtúr is airde os cionn an bhaile. Foirgneamh trí stór é a bhí fós mar ospidéal go dtí gur osclaíodh an t-ospidéal nua pobail Chiarraí Thiar i 2010. Struchtúr cosanta is ea é (KY 043-031) mar gheall ar oidhreacht ailtireachta, staire agus culturtha. Faoi láthair tá sé folamh agus dúnta le cláir.

Mianach Forbartha
Tá deis anso athnuachaint a dhéanamh ar Shráid na nGabhar Uacht agus ar imeall an bhaile ó thuaidh. Tá béim anois le déanaí ar an mbóthar anoir isteach don bhaile ó dhúnadh an ospidéal Tá teorainn lenar féidir a dhéanamh toisc an foirgneamh a bheith ar an liosta struchtúr cosanta; tá sé tábhachtach, áfach, go ndéantar dícheall chun an leas is fearr idir eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint as an láthair.

Moltar gníomhaíochtaí turasóireachta a bhunú ann mar bhrú agus músaem.
Tá an leagan amach laistigh an-oiriúnach do bhrú agus is beag athrú a bheadh le déanamh ar an struchtúr cosanta seo. Toisc an stair agus an cultúr a bhaineann leis an bhfoirgneamh féin d'fhéadfaí músaem beag a chur ann a léireodh an baile agus an dúthaigh máguaird idir stair agus cúrsaí sóisialta. Léireofaí ar ndóigh an bhaint an-mhór a bhí ag an bhfoirgneamh le stair an Ghorta Mhóir sa cheantar.

Riachtanais Ghinearálta
Toisc gur struchtúr cosanta é seo ní mór measúnú tionchar ailtireachta agus ráiteas deartha uirbeach a ullmhú agus a chur faoi bhráid na comhairle i dteannta aon iarratais phleanála. Déanfar gach aon athnuachaint/athfhorbairt go ciallmhar agus ceann á thógaint den gcleachtas is fearr ó thaobh cúrsaí caomhnaithe de. Éileofar ardchaighdeán ábhar críche agus tírdhreach (idir bog agus crua). Ba chóir ábhair thraidisiúnta mar fhuinneoga saise adhmaid a úsáid ar fud an struchtúir.

Suíomh D *Teorainn thuaidh ar thaobh an Bhóthair Iarainn*

Aidhm: An suíomh athfhorbraíochta seo a fhorbairt agus dreach sráide a chruthú fén mbóthar poiblí.

Láthair an tSuímh agus Cur Síos
Tá an suíomh suite ar imeall thuaidh An Bhóthair Iarainn ar chúl Ollmhargadh Uí Ghairbhí agus Tábhairne Uí Fhlatharta. Tá dhá charrchlós ann faoi láthair agus clós seachadta.

Mianach Forbartha
Tá deis breá chun athfhorbairt a dhéanamh anso, is féidir ionad mór a athnuachaint ar thaobh na farraige agus é gar do lár an bhaile. Ionad ilúsáide a bheadh ann idir árais chónaithe, aonaid bheaga tráchtála/oifigí mar a mbeifeá ag súil leo ar aon láthair i lár baile. Bheadh sé seo nua-aimseartha ó thaobh deartha de ach bheadh an dúchas Gaelach i gceist idir scála agus dlús. Ceadaíodh a leithéid cheana féin in áit amháin ar an suíomh.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húinéirí talún ag comhoibriú le chéile maidir leis an dtionscnamh seo. Ní bheidh aon fháilte roimis forbairtí i bpíosaí anso is ansiúd.

Riachtanais Ghinearálta
Chun go n-éireoidh leis an bhforbairt mar atá molta agus go luífidh sí isteach go nádúrtha lena bhfuil thart uirthi, éileofar ardchaighdeán deartha a chuirfidh le taitneamhacht an radhairc agus a bheidh oiriúnach le daoine lasmuigh den dúthaigh seo a mhealladh isteach. Gné fíorthábhachtach den bhforbairt seo is ea rochtain coisithe.

Daingean Uí Chúis

Go dtí Ceann Trá

Go dtí Trá Lí

Daingean Uí Chúis

Baile an Bhuinneánaigh

Líos Tuathail

Tra Lí

Oileán Ciarraí

Aerfort Chiarraí

Cill Orglan

Cill Airne

Cathair Saidhbhín

Néidín

Daingean Uí Chúis

Léarscáil 1

Láthair

Nollaig 2011

Comhairle Contae Chiarraí
Aonad polasaí pleanala

COMMONS OF MILLTOWN

FEARANN UÍ FHLAITHEARTAIGH
FARRANFLAHERTY

CAPPA

AN BAILE BEA
BALLYBEG

AN GROBH
GROVE

FEARANN NA CILLE
FARRANNAKILLA

GORT ONÓRA
GORTONORA

Rd2

KNOCKEEN
AN CNOICÍN

AN FEARANN
FARRAN

FARRANEES
FEARANN AN

IMLEACH AN DAINGEAN
EMLAGH WEST

A
B
C
D
E
W 1
T-4
TP-1

1
2
3
4
5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15
16
17

0 0.25 0.5
kilometers

Sráidainmneacha

1. Lána an tSéipéal
2. Sráid na nGabhar
3. An tSráid Mhór
4. Bóthar an Spá
5. Sráid Eoin
6. An Meal
7. Sráid an Dá Gheata
8. Abha na Dála
9. Sráid Ghrae
10. Sráid na Doirín
11. Sráid na Trá
12. Bóthar an Iarainn
13. Ionad na bPoll
14. Sráid an Droichid
15. Bóthar an Phoist
I6. An Chonair
17. Lána an Úlloird

Daingean Uí Chúis

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Léarscáil 2a Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

- Molta Cónaithe
- Cónaithe atá ann cheana féin
- Úsáid mheasctha
- Turasóireacht / Fóillíocht
- Turasóireacht Leathnú / Fóillíochta
- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Páirc Gnó/Oifig
- Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuan/muirí
- Trádstóras Miondíola
- Spás Oscailte Gníomhach/ Conláistí
- Spás Oscailte Éighníomhach /Conláistí
- Miondíol
- Carrchlós
- Tionsclaíocht
- Síneadh Cóireála Dramhaíola
- Clós Súgartha táscach
- Suíomhanna Deise
- Miondíol
- Tionsclaíocht Éadrom
- Bealach do Bhóthair Faoisimh an Daingin á Thaispeáint
- Lár an Bhaile
- Rochtain do Choisithe
- Teorainn an Bhaile



Daingean Uí Chúis

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Léarscáil 2b Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

- Molta Cónaithe
- Cónaithe atá ann cheana féin
- Úsáid mheasctha
- Turasóireacht / Fóillíocht
- Turasóireacht Leathnú / Fóillíochta
- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Páirc Gnó/Oifig
- Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuan/muirí
- Trádstóras Miondíola
- Spás Oscailte Gníomhach/ Conláistí
- Spás Oscailte Éighníomhach /Conláistí
- Miondíol
- Carrchlós
- Tionsclaíocht
- Síneadh Cóireála Dramhaíola
- Clós Súgartha táscach
- Suíomhanna Deise
- Miondíol
- Tionsclaíocht Éadrom
- Bealach do Bhóthair Faoisimh an Daingin á Thaispeáint
- Lár an Bhaile
- Rochtain do Choisithe
- Teorainn an Bhaile



Daingean Uí Chúis

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Léarscáil 2c Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

- Molta Cónaithe
- Cónaithe atá ann cheana féin
- Úsáid mheasctha
- Turasóireacht / Fóillíocht
- Turasóireacht Leathnú / Fóillíochta
- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Páirc Gnó/Oifig
- Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuan/muirí
- Trádstóras Miondíola
- Spás Oscailte Gníomhach/ Conláistí
- Spás Oscailte Éighníomhach /Conláistí
- Miondíol
- Carrchlós
- Tionsclaíocht
- Síneadh Cóireála Dramhaíola
- Clós Súgartha táscach
- Suíomhanna Deise
- Miondíol
- Tionsclaíocht Éadrom
- Bealach do Bhóthair Faoisimh an Daingin á Thaispeáint
- Lár an Bhaile
- Rochtain do Choisithe
- Teorainn an Bhaile



Daingean Uí Chúis

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Léarscáil 3 Dréacht

Bonneagar
Nollaig 2011

- Páirceáil Beartaithe (TM-3)
- Páirceáil atá ann cheana féin
- Síneadh Cóireála Dramhaíola
- Chonair Tháscacha An Bóthar Faoisimh an Daingin(TM-1)
- Conláiste Siúlóidí
- Táscach Limistéar Measúnú Riosca Tuilte
- Pointí Rochtana atá Beartaithe (TM-13)
- Cuspóirí Iompar agus Bonneagar
- Radhairc agus Ionchais
- Teorainn an Bhaile



Daingean Uí Chúis

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Léarscáil 4 Dréacht

Oidhreacht Ailtireachta

Nollaig 2011

Taifead na Struchtúr Caomhnaithe faoi láthair

Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)

Troscán Sráide san áireamh ar an RPS atá ann cheana

séadchomharthaí

Teorainn an Bhaile

Plean Ceantair Áitiúil ABHAINN AN SCÁIL

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Láthair

Is sráidbhaile é Abhainn an Scáil nó Áth an Scáil atá suite ar an mBóthar Náisiúnta den Dara Grád N86, timpeall 30km siar ó Thrá Lí, díreach os cionn 19km soir ó Dhaingean Uí Chúis agus timpeall 5km siar ó thuaidh ó Thrá na hInse. Tá an sráidbhaile neadaithe idir Cnoc Mhaoilionáin siar ó thuaidh agus Breac-chluain soir ó dheas.

1.2 Daonra

Níl aon tuairisceán daonáirimh ar leith ann d'Abhainn an Scáil. Is iad an dá TRC ná Baile an Bhóthair agus Baile na Cúirte. Léirigh daonáireamh 2006 go raibh 509 duine i mBaile an Bhóthair agus 226 duine i mBaile na Cúirte. Mhéadaigh na figiúirí seo ó 421 agus 219 duine faoi seach in 2002. Is ionann seo agus méadú 14% ar an daonra. Ba é daonra Bhaile an Bhóthair in 2011 ná 531 duine agus bhí 268 duine i mBaile na Cúirte.

1.3 Feidhmeanna & Áiseanna

Is lonnaíocht chónaithe den chuid is mó atá in Abhainn an Scáil a sholáthraíonn áiseanna seirbhíse agus pobail don phobal áitiúil. Áirítear ar na seirbhísí sóisialta séipéal, ionad sláinte, bunscoil, stáisiún an Gharda Síochána, agus ionad pobail. Is é atá san úsáid tráchtála ná dhá shiopa, Oifig an Phoist, roinnt tithe tabhairne, siopa gruagaireachta, brú agus siopa potadóireachta.

Toisc suíomh an tsráidbhaile mar sin baineann sé leas as trádáil ócáideach idir Trá Lí agus Daingean Uí Chúis. Ina theannta sin, feidhmíonn Abhainn an Scáil chomh maith mar cheann scríbe do thurasóirí. Is ann a rugadh an taiscéalaí Antartach Tom Crean agus an dealbhóir Jerome O'Connor. Déanann teach tabhairne an South Pole Inn agus Ionad O'Connor Crean turasóirí a mhealladh. Tá pointe eolais do thurasóirí, ionad acmhainní agus oifig pobail in Ionad O'Connor Crean. Is ceann scríbe mór ag Paddy Wagon Tours iad The Randy Leprechaun agus Paddy's Palace Dingle Peninsula Hostel in aice láimhe.

Don mhéid atá i sráidbhaile Abhainn an Scáil tá réimse leathan seirbhísí agus áiseanna ann do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon, mar sin féin ní bhíonn mórán de na háiseanna/seirbhísí seo oscailte ach le linn bhiaiste na turasóireachta. Tá roinnt forbairtí leaba agus bricfeasta agus tithe saoire sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird.

Tá a chóngraí atá trá na hInse mar chuid lárnach den ní is díol spéise do thurasóirí sa sráidbhaile agus na bealaí siúlóide mar "shiúlóid lúibe bhun an chnoic" agus an tsiúlóid "ón South Pole go Bá Bhreandáin" a sholáthraíonn deiseanna áineasa lasmuigh do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon.

1.4 Infreastruchtúr

Is é atá san ionad cóireála séarachais atá ann ná Cóireáil Phríomhúil (Umar Imhoff) atá ag feidhmiú ag barr a chumais bunaithe ar an daonra reatha. Níl aon phlean ann faoi láthair le huasghrádú a dhéanamh ar an ionad le linn saolré an phlean seo.
Moltar FCFU nua le cóireáil a dhéanamh ar an ualú reatha agus sa todhchaí. Ullmhaíodh Réamhthuarascáil do Scéim Séarachais Abhainn an Scáil ach níor soláthraíodh maoiniú i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce d'fhonn an scéim a chur chun cinn.

Tá soláthar uisce poiblí ag freastal ar Abhainn an Scáil. Cé go bhfuil raidhse uisce ann d'aga an Phlean seo, b'fhéidir go mbeidh gá le roinnt céimeanna bainistíochta uisce nuair a bhíonn buaic ar an éileamh go séasúrach, toisc teorainn a bheith le méid chuid de líonra na bpíobán.

1.5 Foirm Uirbeach

Tá an sráidbhaile tar éis forbairt i bhfoirm líneach den chuid is mó ar an N86. Tá an phríomhshráid timpeall 700m ar fhad, le sráid-dreach láidir ó thuaidh agus ó dheas ón bpríomhbhóthar. Tá roinnt samplaí ann den ailtireacht dhúchasach ar struchtúir dhá stór iad a bhformhór. Faoi mar atá i mórán sráidbhailte beaga a d'fhorbair go mall thar am, tá líne na tógála míchothrom. Is gné den bhailedhreach chomh maith iad tithe dhá urlár agus tithe lasmuigh le héadan cloiche, ar a bhfuil roinnt bhothán cloiche tarraingteacha ar chúl chuid de na foirgnimh ar an bpríomhshráid. Tá forbairt cónaithe ar scála beag ar siúl ar chúl chuid de na foirgnimh ar an bpríomhshráid. Tógadh forbairtí nua tithíochta siar ón sráidbhaile ag Áth na gCeap, agus soir ó dheas ón sráidbhaile ar bhóthar An Máma. Is i bhfoirm eastát nua-aimseartha tithíochta bruachbhailteach atá na forbairtí seo. Tá achair fhairsinge talún forbartha agus neamhfhorbartha ar cúl na forbartha cois an bhóthair. Sholáthródh cruthú forbartha a mbeadh doimhneacht ag baint léi foirm uirbeach a bheadh níos dlúithe agus níos inbhuanaithe.

Tá srian curtha ar fhorbairt an tsráidbhaile ag gnéithe aiceanta na dtailte mórthimpeall agus ag abhainn Abhainn an Scáil agus a craobh-abhainn a thagann inti lastuaidh den sráidbhaile agus a théann ó dheas. Níl tógáil na Príomhshráide agus na bóithre chun an tsráidbhaile tar éis pointí rochtana ar na tailte ar a gcúl a ionchorprú. Tá teorainn dá réir le rochtain ón bPríomhshráid ar láithreacha substaintiúla talún cúil agus caithfear aghaidh a thabhairt ar seo má táthar le struchtúr uirbeach atá dlúth agus tréscaoilteach a bhaint amach.

Tá scéim tithíochta an Údaráis Áitiúil tar éis cur leis an sráidbhaile ag foirceann thoir theas an bhaile cé go bhfuil an fhorbairt nua-aimseartha tithíochta ag Áth na gCeap uirbeach ina dhéantús. Tharla forbairt ribíneach ar na bóithre chun an bhaile, go háirithe ar an taobh ó dheas den bhóthar i dtreo Thrá Lí. Tharla roinnt forbartha ar an mbóthar go dtí An Doirín ach ceaptar gur chóir teorainn a bheith le tuilleadh forbartha le hais an bhóthair seo de bhun leithne agus ailínithe an bhóthair agus airde na dtailte ag an láthair seo.

1.6 An Oidhreacht Thógtha

Tá ceithre struchtúr atá faoi chosaint i gceantar an phlean.

21304403 (44-3)	Séipéal Caitliceach an Chroí Rónaofa
21304404 (44-4)	Teach Breac Chluain (brú agus teach tabhairne)
21304405 (44-5)	Seandroichead Abhainn an Scáil
21304406 (44-6)	South Pole Inn (teach tabhairne)

Fig 2.1: Radharc ar an Séipéal Caitliceach

Níl sé molta go n-áireofaí aon struchtúir bhreise ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Meastar, áfach, go gcaithfear na heilimintí sin den timpeallacht thógtha, a shainmhíníonn saintréithe an tsráidbhaile, a fheabhsú agus a chaomhnú. Cuspóir sa phlean seo is ea LCA a shonrú ar chuid den Phríomhshráid i dtreo is gur féidir a foirm agus a saintréithe tarraingteacha a choimeád in aon fhorbairt a dhéanfaí sa todhchaí.

Fig 2.2 : An sráid-dreach uirbeach agus cuid den LCA

Is gá a chinntiú go gcuirtear feabhas ar na saintréithe áitiúla agus ar fhéiniúlacht na háite agus go gcruthaítear struchtúr comhtháite uirbeach. Tá sé tábhachtach mar sin go dtagann forbairt nua le heilimintí traidisiúnta na sráid-dreacha atá ann.

1.7 Seandálaíocht

Tá roinnt séadchomharthaí seandálaíochta cóngrach do cheantar an phlean, ach níl siad laistigh de. Is gá, áfach, go mbeadh forbairt laistigh d'achar an phlean faoi réir mheasúnaithe seandálaíochta agus go gcomhlíonfí cuspóirí seandálaíochta agus caighdeáin forbartha Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 nuair is cuí.

1.8 An Timpeallacht agus Conláistí Nádúrtha

Cé nach bhfuil aon sonrúchán comhshaoil ná limistéar sainithe tírdhreacha ann, tá an sráidbhaile suite i gceantar atá saibhir ó thaobh áilleachta agus conláistí nádúrtha. Tugann na cnoic ó thuaidh agus ó dheas radharcanna tarraingteacha ón sráidbhaile agus cruthaíonn siad cúlra sárscéimhe ina bhfuil an sráidbhaile suite. Tá an abhainn féin in éineacht leis na limistéir ghlasa ar a bruacha tarraingteach agus is gné nádúrtha iad. Tá an tírdhreach ó dheas ón N86 ard den chuid is mó agus titeann an grádán ón N86 go dtí an chraobh-abhainn ó thuaidh agus ardaíonn sé arís go réidh i dtreo na gcnoc.

Tá roinnt bhealach siúlóide aitheanta i gcomharsanacht an tsráidbhaile agus tugann cnocadóireacht/sléibhteoireacht mórán cuairteoirí isteach sa cheantar. Tá Loch an Scáil suite ó thuaidh ón sráidbhaile agus tagann abhainn Abhainn an Scáil anuas ó loch Abhainn an Scáil, aduaidh tríd an sráidbhaile. Tá LSC agus CSC sainithe ó dheas ón sráidbhaile, lasmuigh den teorainn forbartha.

Tá páirc bheag tiomnaithe do Tom Crean agus achar conláiste tiomnaithe do Jerome O'Connor. Leis na heisceachtaí seo níl aon limistéir taitneamhachta ná áiseanna súgartha sa sráidbhaile. Moltar mar sin go gcuirfí talamh i leataobh do pháirc an bhaile agus d'áis súgartha.

1.9 Trácht Fheithicleach agus Choisithe

Tá an sráidbhaile suite ar bhóthar gnóthach náisiúnta agus, in ainneoin na luasteorann, tá tiomáint róthapaidh le feiceáil agus tá gá le céimeanna maolaithe tráchta ag na príomhshlite isteach sa sráidbhaile ar an N86.

Soláthraíonn slánachar na bhfoirgneamh ón mbóthar ar an bpríomhshráid go leor spáis pháirceála le freastal ar an éileamh reatha. Tá carrchlós beag amháin in aice le Páirc Imeartha CLG/na Scoile agus tá limistéar ar leith páirceála ar fhearann an tSéipéil. Méadóidh an limistéar taitneamhachta atá beartaithe in aice le club CLG agus an ionad pobail ar riachtanais pháirceála sa cheantar seo. Moltar mar sin, go ndéanfaí an talamh in aice leis an ionad pobail a chriosú mar charrchlós.

Níl aon phointe rochtana idir an phríomhshráid agus Bóthar an Mháma.

Tá a leithéid de rochtain riachtanach le freastal ar fhorbairt nua agus le lonnaíocht tréscaoilteach, comhtháite a chruthú. Is cuspóir sa phlean seo é mar sin, go ndéanfaí an lána cúng/cosán a théann ón bpríomhshráid go bóthar an Mháma, atá suite in aice leis an séipéal, a fhorbairt mar bhóthar.

Soláthróidh seo nascacht idir an sráidbhaile agus an ceantar cónaithe ar bhóthar an Mháma, rud atá riachtanach do chomhtháthú an dá cheantar seo.

1.10 Fostaíocht

Léiríonn Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga 2006 do na TCanna ina bhfuil Abhainn an Scáil suite (Baile na Cúirte agus Baile an Bhóthair) gurb é an phríomhfhoinse fostaíochta d'fhir sa cheantar ná tionscal na tógála (25%) le talmhaíocht (20%) agus déantúsaíocht (13%) ina dhiaidh sin. Is gairmigh iad formhór na mban atá fostaithe, leo sin atá ag obair san earnáil seirbhíse ina dhiaidh sin. Is é is dóichí go dtéann cuid de mhuintir na háite go Trá Lí, Cill Airne agus Daingean Uí Chúis chun oibre. D'fhonn spreagadh a thabhairt do ghnó go háitiúil agus do bhreis fostaíochta sa sráidbhaile, tá tailte sainithe do thurasóireacht agus d'úsáid thionsclaíoch ar scála beag, criosaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta.

1.11 Fás agus Forbairt Cónaithe

Faoi mar a tharla le bailte agus sráidbhailte eile sa chontae, tharla tréimhse fáis in Abhainn an Scáil faoi mar atá le feiceáil i ndaonáireamh 2006. Mar sin féin léiríonn leibhéal na gcead pleanála cónaithe a tugadh don tréimhse 2005-2010 acmhainn teoranta fáis go ceann cúpla bliain.

Déanann teorainn forbartha Abhainn an Scáil sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú agus roinnt athfhorbartha i gcroílár an tsráidbhaile. Is iad na gnéithe aiceanta agus ceisteanna infreastruchtúir is mó a shocraíonn teorainn forbartha Abhainn an Scáil. Is cuspór sa phlean é spreagadh a thabhairt do struchtúr inbhuanaithe agus comhdhlúth a fhorbairt don sráidbhaile ach a chinntiú go mbíonn forbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach. Nuair is cuí, níor cheart an tigh a thógaint i lár an tsuímh ach ar a chliathan nó ar chúl ionas go bhféadfaí tigh amháin nó cúpla ceann a chur leis ar bhonn ciallmhar dá mbeadh an cumas cóireála oiriúnach. Tarlóidh gach forbairt nua laistigh den teorainn forbartha faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae 2009-15 a chomhlíonadh.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán atá ann d'Abhainn an Scáil ná a chinntiú go bhforbraíonn sí mar láthair tharraingteach do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon agus go gcoimeádann forbairt sa todhchaí saintréithe an tsráidbhaile agus go ndaingnítear iad nuair is gá sin.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:



- Uasmhéadú a dhéanamh ar fhás daonra agus seirbhísí go dtí leibhéal a chruthóidh sráidbhaile beoga, agus a sócmhainní fisiciúla, a saintréithe sainiúla agus a buanna nádúrtha a choimeád agus a fheabhsú.

- Tacú le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar ionad seirbhíse tuaithe agus mar shráidbhaile beag turasóireachta ag tógáil ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus suíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.

- A chinntiú gur dearadh agus leagan amach traidisiúnta a bhíonn ar gach forbairt nua agus nach mbaineann siad ó shaintréithe na lonnaíochta.

- A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua suite laistigh de theorainn forbartha na lonnaíochta. Glacfar cur chuige seicheamhach maidir le gach forbairt nua.

- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí turasóireachta sa todhchaí tuisceanach do shaintréithe an tsráidbhaile agus ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.

- Go leor áiseanna spóirt agus chlóis súgartha a sholáthar le freastal ar riachtanais áineasa mhuintir na háite agus thurasóirí.

- A chinntiú go bhfreastlaíonn forbairtí cónaithe sa todhchaí ar riachtanais an daonra áitiúil ar mian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Spreagadh a thabhairt do mhéadú ar réimse agus líon na seirbhísí tráchtála sa sráidbhaile a sholáthróidh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.

- A chinntiú go mbíonn tograí forbartha ag teacht leis na cuspóirí caomhnaithe do láithreacha Natura 2000 sa chomharsanacht.

Tá Abhainn an Scáil ag brath, cuid éigin, ar thurasóireacht le tacú leis na seirbhísí atá ann. Tá coimeád agus feabhsú saintréithe an tsráidbhaile riachtanach go mbeadh rath leanúnach ar thionscal na turasóireachta ann. Tá sé tábhachtach freisin go dtiocfadh an sráidbhaile i dtír ar a láthair ar an N86 ar bhóthar tábhachtach turasóireachta é, go háirithe go Daingean Uí Chúis. Ceaptar gur féidir le hAbhainn an Scáil cur lena tarraingteacht do thurasóirí trí ardchaighdeán dearaidh uirbeach, ailtirechta agus áiseanna poiblí a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí na gnéithe a thugann turasóirí chun an cheantair a chosaint agus go spreagfaí deiseanna oiriúnacha forbartha turasóireachta a chruthódh fostaíocht.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	Cuspóirí Foriomlána Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	A chinntiú go mbíonn forbairtí nua cónaithe ar scála beag agus ar dhlús íseal le haonaid chóireála/dabhaigh mhúnlaigh indibhidiúla ag freastal orthu de réir chaighdeán reatha an GCC, ach uasghrádú a bheith déanta ar ionad cóireála fuíolluisce sa sráidbhaile.
OO-2	Spás tarraingteach uirbeach a fhorbairt ar fud an tsráidbhaile.

4.0 CUSPÓIRÍ AR LEITH

Cuspóir Uimh.	An Oidhreacht Ailtireachta & Tógtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
AH-1	Oidhreacht ailtireachta an tsráidbhaile a chaomhnú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a bhíonn deartha ar shlí atá ag teacht le scála, carachtar agus patrún an tsráidbhaile atá ann. Ba chóir meas a bheith ag forbairtí nua ar ghnéithe dearaidh na háite.
AH-2	Spreagadh a thabhairt d'athúsáid oiriúnach agus athchóiriú íogair ar fhoirgnimh atá ó úsáid/tréigthe ar an bPríomhshráid.
AH-3	Sonrú a dhéanamh ar an gceantar atá léirithe ar an léarscáil mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA).
AH-4	Spreagadh a thabhairt d'oibreacha le feabhas a chur ar an sráid-dreach nuair is cuí.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht & Fiontraíocht Is cuspóir ag an gComhairle é:
EE-1	Tailte a chriosú d'fhorbairt ar thionscail éadrom le soláthar a dhéanamh do mhéadú fostaíochta áitiúil agus úsáid seirbhísí.

Cuspóir Uimh.	Trácht Fheithicleach agus Choisithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Iarracht a dhéanamh ar chosáin / siúláin leanúnacha a sholáthar/a fheabhsú, faoi mar atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún

T-2	Soláthar a dhéanamh do charrchlós breise poiblí faoi mar atá leirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún.
T-3	Éascú a dheánamh ar fhorbairt bóthair ag nascadh an Phríomhshráid agus Bóthar an Mháma ar bhealach an lána do choisithe atá siar ón séipéal faoi mar atá léirithe ar an Léarascáil Criosaithe Talún.
T-4	Pointe rochtana táscach a sholáthar le freastal ar thailte.
T-5	Éascú a dhéanamh ar leathnú bóithre agus feabhsú pábhála.
T-6	Éascú a dhéanamh ar dhroichid do choisithe a sholáthar thar an abhainn faoi réir sciata iomchuí.

Cuspóir Uimh	**An Timpeallacht Nádúrtha** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
NE-1	Caomhnú a dhéanamh ar aon chrann fásta agus tuilleadh curadóireachta crann agus tor dúchais a chur chun cinn i bhforbairtí nua.

Cuspóir Uimh.	**Conláiste** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
A-1	Éascú a dhéanamh ar pháirc a fhorbairt sa sráidbhaile ag an láthair atá léirithe ar an léarscáil criosaithe.
A-2	Éascú a dhéanamh ar pháirc imeartha a fhorbairt ar láthair oiriúnach.

Cuspóir Uimh	**Turasóireacht** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
TM-1	Spreagadh a thabhairt d'áis turasóireachta agus caitheamh aimsire ar feadh na bliana ar fad.

Cuspóir Uimh.	**Bainistíocht um Riosca Tuile** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
FM-1	A chinntiú go mbíonn aon togra forbartha ar na tailte seo faoi réir mheasúnaithe tionchair tuile.

Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) Abhainn an Scáil

RÉAMHRÁ

Is ‘áit, ceantar, grúpa struchtúr nó bailedhreach é LCA, ina dtógtar ceann de línte agus airde na bhfoirgneamh atá inspéise ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíona, cultúir, sóisialta nó teicniúil nó a chuireann le tuiscint ar struchtúr atá faoi chosaint agus ar chuspóir sa Phlean Forbartha nó sa Phlean Ceantair Áitiúil a saintréithe a chaomhnú’. Is é is cuspóir don LCA na cosc a chur ar chreimeadh ár n-oidhreachta tógtha agus cosc a chur ar scartáil nó ar athruithe mhíchuí trí rialú agus bainistíocht cúramach ar an athrú. Ba chóir go mbeadh a fhios ag úinéirí, áititheoirí nó forbróirí, a bhfuil sé ar intinn acu oibreacha a dhéanamh laistigh den LCA, nach bhfuil gnáthdhíolúintí na rialachán forbartha i gceist níos mó. Dá bhrí sin, agus measúnú á dheánamh ag an Údarás Pleanála ar an bhfuil nó nach bhfuil oibreacha forbartha díolmhaithe, caithfear ní amháin ceann a thógáil den tionchar ar shaintréithe an struchtúir féin agus na struchtúir in aice láimh, faoi mar a éilítear faoi Alt 4(1)(h), ach caithfear ceann a thógáil freisin den tionchar ar shaintréith foriomlán an cheantair, faoi mar a éilítear faoi Alt 82(1).

Tá sé mar thoradh ar shonrú stádais LCA, mar sin, go gcuirfaí srian ar oibreacha áirithe ar an taobh amuigh de struchtúir, ar an láthair ina bhfuil siad agus ar theorainn na láithreach tógála. Mar shampla, is féidir go mbeadh cead pleanála ag teastáil d'fhadú beag tí nó d’fhál teorann laistigh de LCA, cé go mb’fhéidir gur fhorbairt díolmhaithe a bheadh ina leithéid d’oibreacha in áiteanna eile.



Fig. 1 Teorainn LCA

LÁTHAIR AGUS TEORAINN AN LIMISTÉIR CHAOMHANTAIS

Tá an LCA atá beartaithe suite ar an dá thaobh den phríomhshráid ag forceann thiar an tsráidbhaile, faoi mar atá léirithe i bhfigiúr 1. Is é atá san LCA ná bloc leanúnach ar an taobh thuaidh den Phríomhshráid agus roinnt foirgneamh ar an taobh theas den tsráid.

FORBAIRT STAIRIÚIL AN CHEANTAIR

De réir Lewis' Topographical Dictionary 1837 ní raibh ach aon teach déag sa sráidbhaile ag an am sin, ina theannta sin bhí Oifig Poist agus Bearaic Chonstáblachta ann. Bhí Séipeal Protastúnach agus Caitliceach sa sráidbhaile, agus léirítear an dá struchtúr seo ar an gcéad léarscáil OS ó 1841, cé gur tógadh séipéal nua Caitliceach soir ón tsean-sráidbhaile in 1838. Bhí an seanséipéal Caitliceach suite sa spás triantánach atá ag acomhal na príomhshráide agus bóthar an Mháma. Athraíodh an leagan amach tithíochta go mór ón gcéad léarscáil SO. Léiríonn an chéad eagrán den léarscáil SO (Fig. 2) agus an dara eagrán in 1896 go raibh dlús na forbartha ag acomhal an phríomhbhóthair ó Thrá Lí go dtí an Daingean agus bóithre Ard Draighneáin agus an Mháma. Tá seo le feiceáil freisin i gceann de luath-ghrianghrafanna Lawrence den cheantar (Fig. 3).

Fig. 2 léarscáil SO 1841

Fig. 3 íomhá Lawrence c.1880-1910

Sceideal na Struchtúr atá faoi Chosaint agus Séadchomharthaí Taifeadta
Níl aon struchtúr áirithe ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint laistigh den LCA. Is Struchtúir faoi Cosainta iad an South Pole Inn agus Seandroichead Abhainn an Scáil, atá in aice láimhe i dtreo an iarthair.
Níl aon Séadchomhartha Taifeadta laistigh de theorainneacha an LCA.

Cur síos ar an Timpeallacht Thógtha atá ann

(a) Patrún agus ábhair na sráideanna: Is i dtreo soir ó thuaidh, siar ó dheas a ghabhann an Phríomhshráid. Is gnáth-shráidbhaile i gCiarraí é Abhainn an Scáil, le príomhshráid amháin leis na seirbhísí go léir, ar a n-áirítear séipéal, stáisiún An Gharda Síochána agus tithe tabhairne, suite ar an sráid seo. Gaineamhchloch rua atá san ábhar is mó a úsáidtear agus is é an saintréith is mó den LCA é. Tá roinnt foirgneamh i sraith roinnt leathscoite agus beagán scoite.

(b) Foirm agus Leagan Amach Spáis Oscailte Poiblí agus Príobháideach: Níl aon spás oscailte poiblí laistigh de theorainneacha an LCA. Is é an carrchlós nua siar ón LCA an príomhspás poiblí sa sráidbhaile. Tá rochtain dhíreach ó na foirgnimh ar an taobh theas den phríomhshráid laistigh den LCA ar an gcosán poiblí agus tá aon spás oscailte príobháideach ar chúl na bhfoirgneamh seo. Níl aghaidh na gcinn ar an taobh thuaidh den phríomhshráid, seachas Herlihy's Bar, díreach ar an gcosán poiblí ach tá limistéar faoi ghairbhéal acu (Fig. 5), nó limistéar faoi fhéar agus faoi dhuirleoga agus leaca i gcás amháin. Cuireann an éagsúlacht seo le saintréithíocht an LCA.

(c) Feidhmeanna Socheacnamaíocha: Is meascán d'fhoirgnimh phríobháideacha agus thráchtála iad na foirgnimh. Tá beagán struchtúr simplí dúchais nasctha le Herlihy's, ar iarsma iad ar oidhreacht fheirmeoireachta an cheantair (Fig. 4).

(d) Uigeach Tógtha / Cur Síos Ginearálta: Tá dhá urlár i ngach foirgneamh san LCA le díonta slinne claonta seachas beagán teach lasmuigh a bhfuil urlár amháin iontu. Tá an líne tógála neamhrialta. Tá cineál na bhfoirgneamh cuíosach aonchineálach, tithe dhá stór sraithe le díon slinne ar chlaonadh agus plástar mín nó gaineamhchloch rua ar a n-aghaidh. Tá an déantús tógtha i ndea-riocht go foriomlán. Tá roinnt de bhunghnéithe na bhfuinneog fós ann, ach is fuinneoga alúmanam nó uPVC formhór na bhfuinneoga.

Fig. 4

Fig.5

(e) Díonta, Dromanna, Cláir Bhinne, Simléir: Simléir shimplí, láidre gan aon phatrún docht droma.

(f) Ballaí: Tá plástar péinteáilte mar bhailchríoch ar chuid d'fhoirgnimh an LCA agus gaineamhchloch rua mar bhailchríoch ar chuid eile acu. Is beag ornáidíocht atá ar na foirgnimh seachas colbhaí chuid de na fuinneoga agus na doirse agus roinnt gnéithe de chlocha cúinne (Fig. 6).

(g) Oscailtí: Tá athrú déanta ar bhealaigh isteach agus oscailtí thar na bliana le dul in oiriúint do chúinsí ar leith tráchtála nó baile. Is beag saisfhuinneog adhmaid atá fágtha laistigh den LCA (Fig. 8).

Fig. 5

Fig. 6

(h) Teorainneacha Tá teorainn de bhalla cloiche agus fál cuaillí le feiceaíl (Fig. 5); is gné tarraingteach atá sna duairleoga atá fós ann (Fig. 7).

Fig. 7

Fig.8

(i) Earraí Báistí: Tá roinnt de na bunphíopaí agus gáitéir bháistí d'iarann teilgthe fós ann, ach is gáitéir agus fánphíobáin uPVC is mó atá anois ann.

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE SPEISIALTA

Is iad príomhghnéithe na foirme tógtha ná:-

- díonta claonta clúdaithe le sclátaí nó le sclátaí bréige
- tá iomadúlacht sean-ghaineamhchloch rua ar cheann de phríomh-shaintréithe an LCA
- beagán de na saisfhuineoga atá fós ann, fuinneoga uPVC a osclaíonn ar bharr is mó atá ann.

Treoirlínte d'fhorbairt laistigh den limistéar Caomhantais

Féach LCA Dhaingean Uí Chúis.

Impleachtaí Pleanála

Féach LCA Dhaingean Uí Chúis.



Abhainn an Scáil

Léarscáil Dréacht

Criosú Úsáid Talún

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Nollaig 2011

- Spás Oscailte Éighníomhach /Conláistí
- Spás Oscailte Gníomhach /Conláistí
- Turasóireacht / Fóillíocht
- Tionsclaíocht Éadrom
- Úsáid mheasctha
- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Páirc Imeartha Táscach
- ACA(AH-3)
- Táscach Limistéar Measúnú Riosca Tuilte
- Feabhsúcháin ar acomhal
- Struchtúr Cosanta Molta
- Struchtúr Cosanta
- An Bóthar Nua T-3
- Meascán Úsáide Sráid-Dreacha
- Forálacha bhóthar Cosán Leathnú(T-5)
- Pointí Rochtana Táscach(T-4)
- Séadchomharthaí Taifeadta
- Droichead Coisithe Táscach
- Bealach coisithe(T-1)
- Feadbhsúchaú sráid-dreach(AH-4)
- Croílár an tSráidbhaile
- Teorainn Forbartha

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL BHAILE AN FHEIRTÉARAIGH

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Láthair

Tá Baile an Fheirtéaraigh, a dtugtar an seanainm Gaeilge An Buailtín chomh maith air, suite ar Shlí Cheann Sléibhe R559 agus is é an lonnaíocht is mó siar ó Dhaingean Uí Chúis atá timpeall 10km ón áit é. Tá an sráidbhaile ag bun theas Chruach Mhárthain agus éiríonn an tírdhreach oscailte agus íseal ar thaobh na farraige den bhóthar ó thuaidh. Tá radharcanna iontacha ó na bóithre chun an tsráidbhaile ar Chuan Ard na Caithne agus An Triúr Deirféar thoir agus Ceann Sibéal thiar.

1.2 Daonra

Ní aon staitisticí ar leith ann do dhaonra cheantar an phlean do Bhaile an Fheirtéaraigh. Tá sráidbhaile Bhaile an Fheirtéaraigh suite laistigh de TCDanna Dhún Urlann agus Mhárthain. Tháinig méadú beag ar dhaonra na TCDanna seo ó 1996 nuair a taifeadadh 599 duine a bheith ann, ag éirí go 665 duine in 2002 agus 727 in 2006. Ba é daonra an cheantair in 2011 ná 674 duine, ar laghdú 9% é sin. Le leibhéal na dtithe saoire sa cheantar san áireamh is é is dócha go mbíonn daonra an cheantair i bhfad níos mó i rith an tsamhraidh.

Is gné thábhachtach den saol laethúil sa sráidbhaile í an Ghaeilge le os cionn 70% den daonra áitiúil á labhairt ar bhonn laethúil in 2006. Is titim é seo ó 72% agus 76% den phobal áitiúil ag labhairt na Gaeilge ar bhonn laethúil in 2002 agus 1996 faoi seach.

1.3 Feidhmeanna & Áiseanna

Is ionad seirbhíse áitiúil atá i mBaile an Fheirtéaraigh dá cúlchríocha talmhaíochta ach tá feidhm shuntasach turasóireachta aige chomh maith. Tá an sráidbhaile suite i gceantar sárscéimhe agus is stop tábhachtach é do thurasóirí agus iad ar Shlí Cheann Sléibhe.

Tá feidhm oideachasúil aige chomh maith, go háirithe sa samhradh nuair a thagann mic léinn ag foghlaim na Gaeilge, a mbíonn a bhformhór sin ag fanacht i bhfoirgneamh UCC, Dún Chíomháin.
Tá réimse leathan seirbhísí agus áiseanna i mBaile an Fheirtéaraigh do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon. Mar sin féin, ní bhíonn mórán de na háiseanna/seirbhísí seo oscailte ach le linn bhiaiste na turasóireachta. Tá ceithre theach tabhairne ann, chomh maith le hÓstán Cheann Sibéal, caifé agus siopa ceardaíochta agus Músaem Chorca Dhuibhne. Tá roinnt áiseanna tábhachta don phobal sa sráidbhaile chomh maith, mar Bhunscoil an Fheirtéaraigh, Séipéal Naomh Uinseann agus oifigí forbartha pobalbhunaithe áitiúil (Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta).

Tá roinnt forbairtí leaba agus bricfeasta agus tithe saoire sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird. Tá siopa/nuachtánaí beag amháin suite i lár an tsráidbhaile.

Is cuid dílis den tarraingteacht do thurasóirí é a chóngraí atá sé do Ghalfchúrsa Cheann Sibéal agus don trá. Tugann na tránna in aice láimhe agus na bealaí siúlóide deiseanna áineasa lasmuigh do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon.

1.4 Infreastruchtúr

Tá umar Séarachais Imhoff ag freastal ar Bhaile an Fheirtéaraigh a bhfuil lánacmhainn á bhaint as faoi láthair. Ní aon phlean ann faoi láthair le huasghrádú ná méadú a dhéanamh ar an tsaoráid seo. Moltar FCFU nua le cóireáil a dhéanamh ar an ualú reatha agus sa todhchaí ach níl plean ná airgead ann faoi láthair chun an tsaoráid seo a sholáthar. Tá soláthar imleor uisce poiblí ag freastal ar an sráidbhaile. Cuirfidh sriantacht na saoráide séarachais atá ann srian ar fhorbairt sa sráidbhaile sa todchaí go háirithe sa ghearrthéarma.

1.5 Foirm Uirbeach

Tá an sráidbhaile tar éis teacht chun cinn i dtreo soir-siar ar chuma líneach ar an R559. Tá croílár an tsráidbhaile ar an taobh thiar mar a bhfuil sráid-dhreach láidir agus tarraingteach cé go bhfuil cuma níos scaipthe ar an mbealach anoir isteach chun an tsráidbhaile. Tá an tithíocht a thóg an tÚdarás Áitiúil le déanaí tar éis an sráid-dreach a shíneadh i dtreo fhoirceann thoir an bhaile cé go bhfuil cuma uirbeach ar an bhforbairt tithíochta a tógadh le déanaí ag na Cluainte. Tharla forbairt ribíneach ar na bóithre chun an bhaile, go háirithe ar an taobh ó dheas den bhóthar i dtreo Dhún Chaoin. Tharla roinnt forbartha ar an mbóthar go dtí Baile an Éanaigh ach ceaptar gur chóir teorainn a bheith le tuilleadh forbartha le hais an bhóthair seo de bhun leithne agus ailínithe an bhóthair agus airde na dtailte ag an láthair seo.

Tá an sráidbhaile beag ach tá croílár láidir uirbeach ann ar an dá thaobh den R559. Is struchtúir dhá urlár traidisiúnta ón 19ú haois formhór na hailtireachta sa sráidbhaile.
Tá líon na suíomhanna atá folamh/tréigthe sa sráidbhaile beag, ach bhainfeadh forbairt nua a bhrisfeadh an líne tógála ag na láithreáin seo ó acmhainn an tsráidbhaile foirm níos láidre a fhorbairt mar shráidbhaile agus níor cheart smaoineamh ar a leithéid. Dá gcuirfí leis an sráid-dreach go n-áireofaí na láithreáin thréigthe ar imlíne na sráide atá ann dhaingneofaí saintréithe chroílár an tSráidbhaile agus cheadódh sin cur lena chroí miondíola agus seirbhíse. Caithfidh forbairt nua teacht le saintréithe traidisiúnta na foirme tógtha atá ann d'fhonn tarraingteacht an bhealaigh turasóireachta chun an tsráidbhaile a choimeád agus a fheabhsú.

Tá na tithe atá lasmuigh de cheantar an tsráid-dreacha siar go maith ón mbóthar agus iad dea-thírdhreachaithe rud a thugann cuma tuaithe ar an mbóthar chun an tsráidbhaile. Lasmuigh de cheantar sonraithe na sráid-dreacha ba chóir go mbeadh an nádúr céanna le forbairt nua d'fhonn tarraingteacht na mbealach chun an tsráidbhaile a choimeád. Tharla forbairt fhairsing tithe aonuaire ar na bóithre áitiúla i gcomharsanacht an tsráidbhaile ag cruthú patrúin neamhrialta atá neamh-inbhuanaithe, a bhaineann ón timpeallacht tuaithe agus a bhaineann an bonn d'fhorbairt dlúthfhoirme an tsráidbhaile.

1.6 An Oidhreacht Thógtha

Is é Séipéal Caitliceach Naomh Uinseann ag Cathair Choinn ar tógadh sa 19ú hAois é, an t-aon Struchtúr Cosanta atá sa sráidbhaile. Tag. Dhúchais: 21306301. Tá roinnt struchtúr tarraingteach sa sráidbhaile ar chuid de shráid-dreach chroílár an tsráidbhaile iad.

In éineacht leis an luach ailtireachta agus sóisialta atá ar fáil sna foirgnimh indibhidiúla, tá an sráid-dreach traidisiúnta atá ann tarraingteach agus tá seo tábhachtach don phobal agus cuireann sé le turasóireacht. Is struchtúr mórthaibhseach dhá urlár é Glebe House (Teach na Gléibe) (An Gort Mór) le stair shuntasach eaglasta atá suite siar ón sráidbhaile agus tá sé molta go gcuirfí an foirgneamh seo le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint.

Cuspóir sa phlean seo is ea LCA a shonrú ar chuid den Phríomhshráid i dtreo is gur féidir a foirm agus a saintréithe tarraingteacha a choimeád in aon fhorbairt a dhéanfaí sa todhchaí. Déanann an t-ailtireacht dhúchasach sainiú ar shaintréithe an tsráidbhaile agus caithfear é a fheabhsú agus a chaomhnú. Tá sé tábhachtach go dtiocfadh forbairt nua le heilimintí traidisiúnta an tsráid-dreacha atá ann.

1.7 Seandálaíocht

Tá Baile an Fheirtéaraigh suite i gceantar atá saibhir ó thaobh na seandálaíochta de agus tá sé ráite go bhfuil an sráidbhaile suite sa mhíle cearnach is saibhre maidir leis an oidhreacht Chríostaí in Éirinn. Tá séadchomhartha taifeadta amháin Ke042088 sa limistéar staidéir áfach ar Uaimh Thalún é ag An nGort Mór.

1.8 An Timpeallacht agus Taitneamhachtaí Nádúrtha

Tá CON beartaithe ó thuaidh agus siar ón sráidbhaile, lasmuigh den teorainn forbartha. Is é atá sa CONm ó thuaidh agus siar ón sráidbhaile ná Dumhcha agus Riasc Chuan Ard na Caithne. Léireoidh tograí forbartha cóngrach don CONm comhoiriúnacht le leasa bithéagsúlachta an CONm.

1.9 Trácht Fheithicleach agus Choisithe

Tá an sráidbhaile ar an R559 ar bhóthar gnóthach turasóireachta é ar Shlí Cheann Sléibhe. Tá páirceáil ar fáil os comhair na bunscoile chomh maith le páirceáil ar dhá thaobh na sráide.

Tá soláthar do pháirceáil eas-sráide, nó ar thaobh an bhóthair, agus is leor é le freastal ar an éileamh atá ann. Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Chiarraí carrchlós nua a sholáthar in aice leis an gclós súgartha atá beartaithe.

1.10 Fostaíocht

Ba sa talmhaíocht agus san iascaireacht is mó a bhí fostaíocht ar fáil i TCDanna Dhún Urlann agus Márthain in 2006, le hoibrithe gairmiúla sa chéad áit eile agus an tionscal déantúsaíochta agus tógála ina dhiaidh sin arís. Tá deiseanna fostaíochta san earnáil seirbhíse áitiúil, i dtalmhaíocht agus i seirbhísí a bhaineann le turasóireacht den chuid is mó. Is é is dóichí go dtéann cuid de mhuintir na háite go Daingean Uí Chúis chun oibre.

1.11 Fás agus Forbairt Cónaithe
Déanann teorainn forbartha Bhaile an Fheirtéaraigh sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú áirithe agus roinnt athfhorbartha i gcroílár an tsráidbhaile. Is iad na gnéithe aiceanta agus ceisteanna infreastruchtúir a shocraíonn teorainn forbartha Bhaile an Fheirtéaraigh den chuid is mó. Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile le dlúthstruchtúr inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach.

Tá cead pleanála tugtha do Sheirbhísí Pobail agus Oideachais rud a thugann le fios go mb'fhéidir go dtiocfadh forbairt láidir ar an sráidbhaile mar ionad seirbhíse níos láidre áitiúil agus náisiúnta. Tabharfaidh forbairt na dtailte ó thuaidh agus siar ón bpríomhshráid chun críche oideachais níos mó beogachta don lonnaíocht. D'fhéadfaí cónaitheoirí nua a mhealladh chun an tsráidbhaile má sholáthraítear na seirbhísí pobail agus oideachais atá ag teastáil.
Nuair is cuí, níor cheart an tigh a thógaint i lár an tsuímh ach ar a chliathan nó ar chúl ionas go bhféadfaí tigh amháin nó cúpla ceann a chur leis ar bhonn ciallmhar dá mbeadh an cumas cóireála oiriúnach.

Tarlóidh gach forbairt nua laistigh den teorainn forbartha faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae 2009-15 a chomhlíonadh.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán do Bhaile an Fheirtéaraigh ná sráidbhaile comhdhlúth agus inbhuanaithe a chruthú ar áit tarraingteach é le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air. Ba chóir go mbeadh forbairt sa todhchaí domhain le croílár láidir agus inaitheanta a chruthú agus le forbairt ribíneach a sheachaint ar na bóithre chun an tsráidbhaile.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:



- Uasmhéadú a dhéanamh ar fhás daonra agus seirbhísí go dtí leibhéal a chruthóidh sráidbhaile beoga, agus a shócmhainní fisiciúla, a shaintréithe sainiúla agus a buanna nádúrtha a choimeád agus a fheabhsú.

- Tacú le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar ionad seirbhíse tuaithe agus mar shráidbhaile beag turasóireachta ag tógáil ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus suíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.

- Soláthar a dhéanamh do dheiseanna tráchtála níos fearr le freastal ar riachtanais an phobail áitiúil agus úsáid cheart a bhaint as na foirgnimh sa cheantar seo atá folamh agus iad a chur in úsáid tháirgiúil].

- A chinntiú gur dearadh agus leagan amach traidisiúnta a bhíonn ar gach forbairt nua agus nach mbaineann siad ó shaintréithe na lonnaíochta.

- A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua suite laistigh de theorainn forbartha na lonnaíochta. Glacfar cur chuige seicheamhach maidir le gach forbairt nua.

- Feabhas a chur agus méadú a dhéanamh ar na háiseanna oideachais bhreise i sráidbhaile Bhaile an Fheirtéaraigh d'fhonn úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú.

- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí turasóireachta sa todhchaí tuisceanach ar shaintréithe an tsráidbhaile agus ba chóir iad a bheith ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.

- Go leor áiseanna spóirt agus chlóis súgartha a sholáthar le freastal ar riachtanais áineasa mhuintir na háite agus thurasóirí.

- A chinntiú go bhfreastlaíonn forbairtí cónaithe sa sráidbhaile sa todhchaí ar riachtanais an daonra áitiúil ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Spreagadh a thabhairt do mhéadú ar réimse agus líon na seirbhísí tráchtála sa sráidbhaile a sholáthródh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.

Tá Baile an Fheirtéaraigh ag brath, cuid éigin, ar thurasóireacht le tacú leis na seirbhísí atá ann. Tá coimeád agus feabhsú saintréithe an tsráidbhaile riachtanach go mbeadh rath leanúnach ar thionscal na turasóireachta ann. Tá sé tábhachtach freisin go dtiocfadh an sráidbhaile i dtír ar a láthair ar bhóthar turasóireachta Shlí Cheann Sléibhe. Ceaptar gur féidir le Baile an Fheirtéaraigh cur lena tharraingteacht do thurasóirí trí ardchaighdeán dearaidh uirbeach, ailtireachta agus áiseanna poiblí a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí na gnéithe a thugann turasóirí chun an cheantair a chosaint agus go spreagtar deiseanna oiriúnacha forbartha turasóireachta a chruthódh fostaíocht.

Ceaptar go bhfuil sciar na bhforbairtí tithe saoire sa cheantar ag pointe go bhfuil acmhainn an tsráidbhaile cónaitheoirí buana a mhealladh ag laghdú agus gur chóir soláthar a dhéanamh d'fhorbairt cónaithe buan laistigh de cheantar an phlean le gníomhú in aghaidh an drochthionchair atá ag an iomarca forbartha ar thithe saoire. Ceadóidh seo d'fhorbairt phobail chomhtháite agus tacóidh sé le fás ar sheirbhísí tráchtála agus sóisialta.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	Cuspóirí Foriomlána Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	A chinntiú go mbíonn forbairtí nua cónaithe ar scála beag agus ar dhlús íseal le haonaid chóireála/dabhaigh mhúnlaigh indibhidiúla, ach uasghrádú a bheith déanta ar ionad cóireála fuíolluisce sa sráidbhaile.
OO-2	Cosaint a dhéanamh ar oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta i mBaile an Fheirtéaraigh ar a n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.
OO-3	Sráid-dreach agus slite tarraingteacha chun an tsráidbhaile a chur chun cinn agus eilimintí na timpeallachta tógtha agus nádúrtha a chruthaíonn saintréithe sainiúla an tsráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú.

4.0 CUSPÓIRÍ AR LEITH

Cuspóir Uimh.	An Oidhreacht Ailtireachta & Tógtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
AH-1	Oidhreacht ailtireachta an tsráidbhaile a chaomhnú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a bhíonn deartha ar shlí atá ag teacht le scála, carachtar agus patrún an tsraídbhaile atá ann. Ba chóir meas a bheith ag forbairtí nua ar ghnéithe dearaidh na háite.
AH-2	Spreagadh a thabhairt d'athúsáid oiriúnach agus athchóiriú íogair ar fhoirgnimh atá ó úsáid/tréigthe ar an bPríomhShráid.
AH-3	Oidhreacht ailtireachta an LCA a chaomhnú.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht & Fiontraíocht Is cuspóir ag an gComhairle é:
EE-1	Tailte a chriosú d'fhorbairt tionscail éadrom agus fiontraíochta le soláthar a dhéanamh do mhéadú fostaíochta áitiúil agus úsáid seirbhísí.
EE-2	Forbairt inmharthana gníomhaíochtaí a bhaineann le turasóireacht a chur chun cinn.

Cuspóir Uimh.	Trácht Fheithicleach agus Choisithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Soláthar a dhéanamh do charrchlós breise poiblí faoi mar atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún.
T-2	Soláthar a dhéanamh do rochtain fheithicleach agus do chosán le freastal ar na tailte sin atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún.
T-3	Trasrian coisithe a sholáthar ag láthair oiriúnach.

Cuspóir Uimh	An Timpeallacht Nádúrtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
NE-1	Caomhnú a dhéanamh ar aon chrann fásta nuair is féidir é agus tuilleadh curadóireachta crann agus tor dúchasach a chur chun cinn i bhforbairtí nua.

Cuspóir Uimh.	Conláiste Is cuspóir ag an gComhairle é:
A-1	Éascú a dhéanamh ar chlós súgartha a fhorbairt ag an láthair atá léirithe ar an léarscáil criosaithe.
A-2	Éascú a dhéanamh ar pháirc imeartha a fhorbairt.

Cuspóir Uimh.	Infrastruchtúr agus Áiseanna Pobail Is cuspóir ag an gComhairle é:
ICF-1	Éascú a dhéanamh ar leithreas poiblí a sholáthar i mBaile an Fheirtéaraigh
ICF-2	Feabhas a chur agus méadú a dhéanamh ar na háiseanna oideachais bhreise sa sráidbhaile d'fhonn úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú.
ICF-3	Éascú a dhéanamh ar Ionad Cóireála séarachais a sholáthar.

ICF-2

ICF-3

A-1

T-1

T-2

A-2

EE-1

T-3

Baile an Fheirtéaraigh
Thoir

Baile an Fheirtéaraigh

AN GORT MOR
(T: Dún Urlann)

CATHAIR CHOINN

N
W E
S

0 50 100
méadair

Baile an Fheirtéaraigh

Léarscáil Dréacht

Criosú Úsáid Talún
Nollig 2011

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Spás Oscailte Gníomhach/ Conláistí
- Carrchlós
- Tionsclaíocht Éadrom
- Struchtúr Cosanta Molta
- Struchtúr Cosanta
- Séadchomharthaí Taifeadta
- Clós Súgartha táscach(A-1)
- Páirc Imeartha Táscach(A-2)
- Trasrian Coisithe Táscach(T-3)
- Pointí Rochtana Táscach(T-2)
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA)(AH-3)
- Teorainn Forbartha

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL BHAILE NA NGALL

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Láthair

Is sráidbhaile beag iascaireacht é Baile na nGall ar an taobh thoir de Chuan Ard na Caithne, é suite timpeall le 1km siar ó thuaidh ó shráidbhaile na Muirí.

Is é is brí le hainm an tsráidbhaile ná "baile fearainn an eachtrannaigh". Is é is dóichí gurbh iad na heachtrannaigh a bhí i gceist ná na Lochlannaigh, toisc gur lonnaíocht Lochlannach a bhí i gCuan Ard na Caithne (Smerwick) as a gcuirtí im ar bord loinge go Luimneach.

Is é atá i ngnéithe aiceanta an tsráidbhaile ná talamh a théann le fána réidh aniar i dtreo na trá. Tá Baile na nGall suite cóngarach don Mhuiríoch (c. 1km) agus é nasctha ó thaobh feidhme leis An Mhuiríoch. Tá an sráidbhaile suite timpeall 10km siar ó thuaidh ó Dhaingean Uí Chúis ar Shlí Cheann Sléibhe R559.

1.2 Daonra

Ní aon staitisticí ar leith ann do dhaonra cheantar an phlean do Bhaile na nGall. Baineann na staitisticí is lú atá ar fáil le TRC Chill Maoilchéadair ina bhfuil Baile na nGall suite. Ba é daonra iomlán an TRC in 2011 ná 476,511 in 2006 agus 549 in 2002. Léiríonn seo laghdú ó 6.3% sa tréimhse 2006-2011.De ghnáth tagann mórán daoine ann i gcaitheamh an tsamhraidh. Tá sé measta gur timpeall le trian de dhaonra an tsamhraidh a bhíonn i mBaile na nGall ar feadh na bliana.

Léiríonn figiúirí an daonáirimh gur fhan líon na ndaoine i mBaile na nGall a bhí in ann Gaeilge a labhairt gan athrú idir na bliana 1996-2006 ag timpeall 88%. Ó na figiúirí seo dhealródh sé go bhfuil an Ghaeilge láidir sa cheantar agus í in úsáid go forleathan rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na ceantair is láidre ó thaobh na Gaeilge de i Limistéar Feidhme an Daingin. Is beag athrú a tharla maidir le húsáid na teanga agus cumas na ndaoine í a úsáid sa tréimhse idir 2002 agus 2006.

1.3 Feidhmeanna & Áiseanna

Is sráidbhaile iascaireachta agus turasóireachta atá i mBaile na nGall den chuid is mó le nasc láidir aige leis An Mhuiríoch, An Bóthar Buí agus An Fheothanach.

Tá bunraon seirbhísí ar fáil i mBaile na nGall, ar a n-áirítear dhá theach tabhairne, siopa agus Oifig an Phoist. Tá oifigí Raidió na Gaeltachta suite ó thuaidh ón sráidbhaile. Tá dhá bhunscoil i ngiorracht tiomána gearr ag An Mhuiríoch agus An Fheothanach agus tá séipéal ag An mBóthar Buí. Tá roinnt forbairtí aonuaire agus iltithíochta saoire i gceantar an phlean.

Tá cé agus trá i mBaile na nGall a bhfuil rochtain éasca orthu. Feidhmíonn an trá mar phointe comhtheagmhála don phobal agus do chuairteoirí agus is iontach an áis do dhaoine fásta agus do pháistí é i gcaitheamh na bliana.

Cuireadh leis an gcé le déanaí agus is luachmhar an sócmhainn don cheantar í. Tá Stáisiún Garda Cósta atá ag feidhmiú trasna ón gcé. Ní bhaineann an sráidbhaile leas ró-mhór as an trácht turasóireachta ar Shlí Cheann Sléibhe, ná as a trá breá. Tá roinnt tithe leaba agus bricfeasta ag feidhmiú sa sráidbhaile agus tá cuid mhór tithe saoire inti.

1.4 Infreastruchtúr

Tá dabhach múnlaigh ag freastal ar Bhaile na nGall a urscaoiltear ar an bhforthrá agus tá lánacmhainn á bhaint as faoi láthair. Ní aon phlean ann faoi láthair le huasghrádú ná méadú a dhéanamh ar na saoráidí séarachais sa sráidbhaile. Tá soláthar uisce poiblí ag freastal ar an sráidbhaile.

Cuirfidh sriantacht na saoráide cóireála eisiltigh atá ann srian ar fhorbairt sa sráidbhaile sa todchaí go háirithe sa ghearrthéarma.

1.5 Foirm Uirbeach

Tá Baile na nGall tar éis forbairt soir ó Chuan Ard na Caithne le gráigeanna beaga foirgneamh ag acomhail mionbhóithre agus ag deireadh mionbhóthair agus tá núicléas beag forbartha timpeall ar cheantar na cé. Tharla roinnt forbartha ribíneach le blianta beaga anuas ar na bóithre go dtí An Fheothanach agus An Mhuiríoch. Ina ainneoin sin tá an sráidbhaile féin fós beag agus dlúth.

Is lonnaíocht scaipthe tuaithe gan sráid-dreach é Baile na nGall atá tar éis teacht chun cinn i dtírdhreach aimhréidh tuaithe. Tá na seirbhísí suite i bhfad óna chéile. Níl aon phointe soiléir seirbhíse sa sráidbhaile, cé gurb é ceantar na cé agus taobh na farraige croílár geografach Bhaile na nGall.

Is é an príomhphatrún lonnaíochta atá ann ná tithe beaga scartha aon urláir ar phaistí beaga talún le corrleagan amach ag teacht le stíl thraidisiúnta lonnaíochta na gclochán. Tharla forbairt fhairsing tithe aonuaire ar na bóithre áitiúla i gcomharsanacht an tsráidbhaile ag cruthú patrúin neamhrialta atá neamh-inbhuanaithe, a bhaineann ón timpeallacht tuaithe agus a bhaineann an bonn d'fhorbairt dlúthfhoirme an tsráidbhaile.

1.5.1 Ceantar Saintréithe

Is é atá sa phatrún lonnaíochta atá ann ná tithe traidisiúnta sa chroílár le tithe a tógadh níos déanaí ar imeall an tsráidbhaile ag léiriú patrúin níos scaipthe ná mar atá sna ceantair sa chroílár atá níos sine.

Ar an taobh thoir theas den bhóthar i dtreo na cé tá grúpáil fhoirgneamh aon urláir atá tar éis teacht chun cinn thar na blianta (féach Figiúirí 1 agus 2 agus léarscáil criosaithe CA-1). Is é atá sa ghrúpa struchtúr seo teaghaisí agus botháin atá dlúth lena chéile le corrleagan amach agus na binnte leis an mbóthar poiblí. Tá na foirgnimh críochnaithe le cloch áitiúil nó le brat plástair agus dearadh traidisiúnta orthu agus a scála bunaithe ar phlean cúng.

Figiúr 1: Léarscáil SO Cheantar Saintréithe

Baineann an patrún tarraingteach lonnaíochta seo go sonrach le ceantar Bhaile na nGall agus is gormchló luachmhar é d'fhorbairt cónaithe agus meascán úsáide laistigh de cheantar an phlean.

Figiúr 2: Ceantar Saintréithe

1.6 An Oidhreacht Thógtha & Seandálaíocht

Níl aon séadchomhartha taifeadta ná struchtúr atá faoi chosaint i gceantar an phlean.

1.7 An Timpeallacht Nádúrtha agus Conláistí

Níl aon CON ná CSC sonraithe i gceantar an phlean ná díreach lasmuigh de cheantar an phlean. Tá ceantar an phlean tadhlach le LSC Leithinis Chorca Dhuibhne. Ba cóir go dtiocfadh tograí forbartha le cuspóirí caomhnaithe an LSC seo.

1.8 Fostaíocht

Léiríonn Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga 2006 do na TRCanna ina bhfuil Baile na nGall suite gurb é an príomhfhoinse fostaíochta d'fhir sa cheantar ná tionscal na tógála (20%) le talmhaíocht (20%) agus déantúsaíocht (14%) ina dhiaidh sin. Is gairmiúlaigh iad formhór na mban atá fostaithe, agus iad sin atá ag obair san earnáil seirbhíse ina dhiaidh sin.

Le forbairt na héiceathurasóireachta agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta, b'fhéidir fostaíocht a chruthú. Feictear go bhfuil soláthar tionsclaíochta áitiúil/Tionscal Ceardaíochta mar chuid shuntasach de sholáthar fostaíochta inbhuanaithe sa cheantar. Caithfear an coincheap seo a nascadh le cothú na tallainne dúchasaí le táirgí a sholáthar atá sainiúil don cheantar agus teacht i dtír ar thallann chruthaitheach áitiúil.

1.9 Trácht Feithicleach agus Coisithe

Tá an sráidbhaile suite ar chrosaire laistigh de ghréasán bóithre áitiúil (L-5006-0, L-12044-0 agus L-8031-0) agus tagann buaic leis an trácht tríd an lonnaíocht i rith an tsamhraidh. Níl aon charrchlós poiblí i gceantar an phlean ná díreach lasmuigh de cheantar an phlean.

1.10 Fás agus Forbairt Chónaithe

Faoi mar a tharla le bailte agus sráidbhailte eile sa chontae, tharla tréimhse fáis in mBaile na nGall faoi mar atá le feiceáil i líon na dtithe nua a tógadh sna sráidbhailte. An dara teach nó teach saoire atá i bhformhór na dtithe a tógadh le deich mbliana anuas. Mar sin féin léiríonn leibhéal na gcead pleanála cónaithe a tugadh sa tréimhse 2008-2011 acmhainn teoranta fáis go ceann cúpla bliain.

Déanann teorainn forbartha Bhaile na nGall sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú áirithe in aice le croílár an tsráidbhaile. Tá an teorainn forbartha do Bhaile na nGall socraithe den chuid is mó ag na gnéithe aiceanta agus ag ceisteanna infreastruchtúir. Le linn saolré an Phlean seo, beidh an fhorbairt dírithe go príomha ar na tailte seo atá cóngarach do chroílár an tsráidbhaile.

Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile de dhlúthstruchtúir inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach. Tarlóidh gach forbairt nua laistigh den teorainn forbartha agus beidh sé ag teacht leis an dearadh dúchasach atá ann agus é faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae 2009-15.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán do Bhaile na nGall ná saintréithe an tsráidbhaile sainiúil seo a choimeád agus sráidbhaile comhdhlúth agus inbhuanaithe a chur chun cinn ar áit tarraingteach é le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air. Ba chóir go mbeadh forbairt sa todhchaí domhain le croílár láidir agus inaitheanta a chruthú agus le forbairt ribíneach a sheachaint ar na bóithre chun an tsráidbhaile.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:



- Tacú le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar ionad seirbhíse tuaithe agus mar shráidbhaile beag turasóireachta ag tógáil ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus suíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.
- A chinntiú gur dearadh agus leagan amach traidisiúnta a bhíonn ar gach forbairt nua agus nach mbaineann siad ó shaintréithe na lonnaíochta. Ba chóir go dtagródh forbairtí nua don phatrún lonnaíochta atá le fáil sa ghrúpáil foirgneamh in aice leis an gcé (Ceantar Saintréithe).
- A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua suite laistigh de theorainn forbartha na lonnaíochta.
- Soláthar a dhéanamh do cheantar tarraingteach taobh na farraige ag ionchorprú úsáide cónaithe agus meascán úsáide.
- Úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú.
- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí turasóireachta sa todhchaí tuisceanach ar shaintréithe an tsráidbhaile agus ba chóir iad a bheith ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.
- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe sa sráidbhaile ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.
- Spreagadh a thabhairt do chruthú seirbhísí tráchtála agus fiontraíochtaí ceardaíochta sa sráidbhaile a sholáthróidh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	A chinntiú go gcoimeádtar suíomh nádúrtha an tsráidbhaile agus go ndéantar é a chosaint ar fhorbairt mhí-oiriúnach.
OO-2	Cosaint a dhéanamh ar oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta i mBaile na nGall ar a n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.

OO-3	Éascú a dhéanamh ar éiceathurasóireacht agus margaí eile nidóige a fhorbairt. Éascú a dhéanamh ar mhéadú inbhuanaithe agus ar éagsúlú áiseanna do thurasóirí.

4.0 CUSPÓIRÍ AR LEITH

Cuspóir Uimh.	Suíomh Deise Is cuspóir ag an gComhairle é:
OS-1	A chinntiú go ndéantar an talamh atá léirithe ar léarscáil criosaithe SO-1 a chur chun cinn agus a fhorbairt mar shuíomh deise do mheascán úsáide toisc é a bheith tearcúsáidte faoi láthair, é a bheith suite go lárnach agus a chóngaraí atá sé don trá agus don ché. Éileoidh forbairt ar an láthair seo go n-ullmhaítear mionráiteas dearaidh uirbeach a thabharfaidh aghaidh ar shaintréithe, láthair straitéiseach agus íogair na láithreach seo. Tabharfar tosaíocht d'úsáid a thacaíonn le feidhmeanna cósta agus mara ag an gcé agus ag an trá. Ba chóir go dtabharfaí aghaidh chomh maith ar an ngá atá le rochtain phoiblí a choimeád chomh maith le tréscaoilteacht radhairce agus coisithe. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh ardchaighdeán dearaidh ailtireachta sna tograí forbartha agus go gcuirfidís leis an bhfearann poiblí.

Cuspóir Uimh.	Conláiste Is cuspóir ag an gComhairle é:
A-1	Sciar den talamh seo a choimeád mar limistéar taitneamhachta.
A-2	An trá a chosaint agus a chur chun cinn mar limistéar taitneamhachta don sráidbhaile.

Cuspóir Uimh.	Áiseanna Institiúideacha/Pobail Is cuspóir ag an gComhairle é:
ICF-1	Talamh a chur i leataobh ag an láthair seo do mhéadú sa todhchaí ar an infreastruchtúr séarachais atá ag freastal ar an sráidbhaile.
ICF-2	Talamh a chur i leataobh le háiseanna stórála a sholáthar do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfarraige mar iascaireacht, spóirt uisce etc.
ICF-3	An suíomh seo a chur i leataobh go leanfaí len é a úsáid mar Stáisiún Garda Cósta agus/nó do sholáthar saoráidí poiblí.

Cuspóir Uimh.	Trácht Feithicleach agus Coisithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Feabhas a chur ar nascacht do choisithe sa sráidbhaile trí chosáin agus rochtain a sholáthar, a bhíonn tuisceanach ar shaintréithe an tsráidbhaile agus a oidhreacht nádúrtha, nuair is gá sin.
T-2	Carrchlós poiblí a sholáthar ag an láthair seo a cheadaíonn do mhéadú ar sholáthar spásanna carrchlóis laistigh den lonnaíocht.

Cuspóir Uimh	Radharcanna Is cuspóir ag an gComhairle é:
VP-1	Na radharcanna ar thaobh na farraige ar an mbóthar chun an tsráidbhaile ón Mhuiríoch a chaomhnú.

Cuspóir Uimh.	Dearadh agus an Timpeallacht Thógtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
D-1	A chinntiú go mbíonn gach saoirseacht chloiche a bhíonn le feiceáil, agus a úsáidtear i dtógáil sa sráidbhaile, dúchasach agus foinsithe go háitiúil.
D-2	A chinntiú go ndeántar ionchorprú/athúsáid ar aon chlocha traidisiúnta atá ar an suíomh in aon fhorbairt nua.
D-3	A chinntiú go gcoimeádtar agus go ndéantar athchóiriú nuair is féidir é ar gach balla traidisiúnta cloch laistigh den lonnaíocht.
D-4	Spreagadh a thabhairt d'athúsáid oiriúnach agus d'athchóiriú tuisceanach ar na struchtúir thraidisiúnta atá ann go n-úsáidfí mar áiteanna buana cónaithe iad.

Cuspóir Uimh.	Ceantar Saintréithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
CA-1	An ceantar seo a aithint mar cheantar saintréithe ar bhonn an phatrúin lonnaíochta ar leith atá tar éis teacht chun cinn ann in éineacht le scála agus dearadh traidisiúnta na struchtúr. Ba chóir go dtagródh iarratasóirí do, agus go dtógfaidís ceann de shaintréithe an cheantair seo agus limistéir nua cónaithe agus meascán úsáide á ndearadh acu laistigh den sráidbhaile.
CA-2	A chinntiú go mbíonn aon fhorbairt sa cheantar saintréithe seo sa todhchaí tuisceanach dá phatrún lonnaíochta agus do nádúr agus scála na struchtúr atá ann.

Cuspóir Uimh	Turasóireacht & Fóillíocht Is cuspóir ag an gComhairle é:
TL-1	Spreagadh a thabhairt d'áis turasóireachta agus fóillíochta ar feadh na bliana ar fad.

Cuspóir Uimh	Fostaíocht & Fiontraíocht Is cuspóir ag an gComhairle é:
EE-1	Spreagadh a thabhairt do chruthú seirbhísí tráchtála agus fiontraíochtaí ceardaíochta laistigh den teorainn forbartha ar shlí a thagann le pleanáil agus forbairt cheart an cheantair.

Cuspóir Uimh	Caomhnú an Dúlra Is cuspóir ag an gComhairle é:
NC-1	A chinntiú go dtógtar ceann i dtograí forbartha d'oidhreacht saibhir nádúrtha agus de bhithéagsúlacht an cheantair. Mar chuid de seo déanfar scagadh ar gach togra do Mheasúnú Iomchuí d'fhonn a chinntiú go ndéantar cosaint ar leasa caomhnaithe LSC Leithinis Chorca Dhuibhne.



Baile na nGall

Léarscáil Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

- Tionsclaíocht Éadrom
- Turasóireacht / Fóillíocht
- Áiseanna Poiblí/Pobail /Institiúide/Oideachais
- Miondíol
- Carrchlós poiblí a (T-2)
- Ceantar Saintréithe (CA-1)
- Spás Oscailte Éighníomhach /Conláistí
- Cuan / Mara
- Séadchomharthaí Taifeadta
- Suíomhanna Deise (OS-1)
- Feabhsúcháin ar acomhal
- Croílár an tSráidbhaile
- Radhairc agus Ionchais (VP-1)
- Cosáin choisithe (T-1)
- Meascán Úsáide Sráid-Dreacha
- Teorainn Forbartha

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL CHEANN TRÁ

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Láthair

Is sráidbhaile é Ceann Trá atá suite ar imeall thuaidh Chuan Fionntrá i dtírdhreach ardluacha idir an fharraige agus Cnoc An Chathair Aird. Tá an sráidbhaile suite timpeall 7km siar ó dheas ó Dhaingean Uí Chúis ar Shlí Cheann Sléibhe R559 – ar bhóthar tábhachtach turasóireachta é.

1.2 Daonra

Ní aon staitisticí ar leith ann do dhaonra cheantar an phlean do Cheann Trá. Baineann na staitisticí is lú atá ar fáil le TRCanna Cheann Trá agus Na Gleannta ina bhfuil Ceann Trá roinnte agus suite. Ba é daonra iomlán an dá TRC ná 1909 in 2006, síos 1.5% ó 1930 in 2002. Tá an figiúr seo tar éis ardú go dtí 2231 i ndaonáireamh 2011.

Ba iad figiúirí an daonáirimh maidir leo sin i gCeann Trá agus sna Gleannta ar féidir leo Gaeilge a labhairt ná 76% i 2006, suas ó 73% i 2002 (síos ó 78% i 1996) leo sin a dúirt gur labhairt siad Gaeilge go laethúil ag 38% i 2006, síos 43% i 2002 (síos ó 50% i 1996).

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Feidhmíonn an sráidbhaile mar phointe beag teagmhála áitiúil don phobal tuaithe máguaird, le teach tabhairne, siopa, Oifig an Phoist, bunscoil agus cé bheag do na hiascairí áitiúla. Ina theannta sin, baineann an sráidbhaile leas as turasóireacht (m.sh potadóireacht agus caifé) ar Shlí Cheann Sléibhe agus as a trá breá le bratach ghorm le páirc mhór charbhán in aice láimhe. Tá acmhainn i gCeann Trá, áfach, tuilleadh leasa a bhaint as turasóireacht.Tá séipéal, teach tabhairne agus siopa beag suite ag Ard a' Bhóthair (Fionntrá) atá timpeall 2km ó Cheann Trá. Tá an Halla Pobail suite lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile i gceantar an phlean, timpeall 500m siar ón bpríomhlonnaíocht.

Freastlaíonn daltaí Gaeilge ar ranganna sa halla pobail áitiúil i rith an tsamhraidh. Faoi mar atá i lonnaíochtaí eile sa cheantar, tá soláthar cóiríochta do na daltaí seo ina fhoinse thábhachtach teacht isteach do mhórán úinéirí tí.

Beidh a chóngaraí atá Ceann Trá don Daingean mar thoisc ina fhás agus ina fhorbairt sa todhchaí.

Tá talmhaíocht mar fheidhm eile traidisiúnta sa lonnaíocht, mar sin féin, tá an laghdú a tháinig uirthi le blianta beaga anuas mar chúis le forbairt shuntasach tithíochta aonuaire sa cheantar tuaithe seo.

1.4 Infrastruchtúr

Is é atá sa chóireáil reatha séarachais ná Cóireáil Phríomhúil (umar múnlaigh a scaoileann isteach sa bhfarraige) a gceaptar é a bheith ag lán a acmhainne. Moltar FCFU nua le cóireáil a dhéanamh ar an ualú reatha agus sa todhchaí. Níl aon phlean ná aon mhaoiniú ann faoi láthair lena leithéid de shaoráid a thógáil. Tá soláthar uisce poiblí, a bhfuil go leor acmhainne ann, ag freastal ar an sráidbhaile.

1.5 Foirm Uirbeach

Tá croílár beag sa tsráidbhaile a bhfuil a aghaidh ar bhóithre an R559 agus an L-8039, ag soláthar do sheirbhísí áitiúla. Tá forbairt ribíneach ar thaobh an Daingin den sráidbhaile ag síneadh go Baile Móir agus ar bhóthar ard an L-8039 atá feiceálach go maith. Tá achar mór glas go lárnach sa sráidbhaile.

Tá forbairt tithíochta saoire ar chuma bhruachbhaile ó thuaidh ó chroílár an tsráidbhaile, a bhaineann ón láthair agus ó shaintréithe an cheantair. Go sonrach tá patrún líneach sa sráidbhaile toisc srian a bheith le forbairt ar thaobh na farraige den R559, atá sonraithe mar Limistéar Taitneamhachta Speisialta sa Phlean Forbartha Contae. Is é an patrún lonnaíochta traidisiúnta i gcroílár an tsráidbhaile ná tithe sraithe dhá urlár le struchtúr níos mó trí urlár ag foirceann thiar an tsráidbhaile.

Tá cuid mhór tithíochta aonuaire agus forbairt fairsing ribíneach sa cheantar tuaithe máguaird, go háirithe ar an mbóthar anoir ó Dhaingean Uí Chúis agus ar an mbóthar ó thuaidh (An Chathair Ard). Tá fairsinge agus dlús na forbartha i láithreacha áirithe tar éis baint ó shaintréithe tuaithe an cheantair ar fad.

1.6 Seandálaíocht agus An Oidhreacht Tógtha

Níl aon séadchomhartha taifeadta ná struchtúr atá faoi chosaint i gceantar an phlean.

1.7 An Timpeallacht Nádúrtha

Tá Dumhcha agus Riasc CONm Cheann Trá, ina bhfuil córas beag dumhcha, loch beag, tailte fliucha féaraigh agus seascann fairsing Giolcach, laistigh nó cóngarach do cheantar an phlean. Tá an ceantar idir Shlí Cheann Sléibhe R559 agus an fharraige laistigh de theorainn sainithe an Limistéir Taitneamhachta Speisialta. Tá an tírdhreach seo an-íogair agus is beag acmhainne forbartha atá ann má tá sé in aon chor ann. Cuirfear cosc, go ginearálta, ar fhorbairt sa cheantar seo.

1.8 Trácht Coisithe agus Feithicleach

Tá an sráidbhaile suite ar Shlí Cheann Sléibhe R559, ar bhóthar tábhachtach turasóireachta é. Tá carrchlós príobháideach sa sráidbhaile faoi láthair chomh maithe le páirceáil teoranta eas-sráide.

1.9 Fás agus Forbairt Cónaithe

Le blianta beaga anuas tógadh roinnt aonad cónaithe sa sráidbhaile agus ina thimpeall. Á chur seo le leibhéal na tithíochta aonuaire sa chomharsanacht is léir go raibh éileamh ar fhorbairt chónaithe sa cheantar. Meastar gur tithe saoire iad líon suntasach de na tithe seo. Mar sin féin léiríonn leibhéal na gcead pleanála cónaithe a tugadh sa tréimhse 2008-2011 acmhainn teoranta fáis go ceann cúpla bliain. Is gá méadú a dhéanamh ar sciar na dtithe buanchónaithe atá ag teastáil le tairseach chriticiúil de chónaitheoirí buana a chruthú chomh maith leis na seirbhísí atá riachtanach go mbeadh rath ar an sráidbhaile i gcaitheamh na bliana ar fad.

Déanann teorainn fhorbartha Cheann Trá sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú agus roinnt athfhorbartha in aice le croílár an tsráidbhaile. Le linn saolré an Phlean seo, beidh an fhorbairt dírithe go príomha ar na tailte seo atá cóngarach do chroílár an tsráidbhaile.

Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile de dhlúthstruchtúir inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach. Tarlóidh gach forbairt nua cónaithe, meascán úsáide etc laistigh den teorainn forbartha faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae 2009-15 a chomhlíonadh.

Tá sé tábhachtach, áfach, go bhfreastlaíonn an sráidbhaile ar thithe scartha a bheadh suite seachas sin sa cheantar tuaithe mórthimpeall, ar cheantar é atá faoi bhrú uirbeach. Níl an patrún lonnaíochta seo inbhuanaithe, agus tá sé tábhachtach go mbeadh forbairt sa todhchaí comhtheagmhálach le croílár an tsráidbhaile agus go gcuirfeadh sé le foirm níos dlúithe sa tsráidbhaile.

Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaí soláthar d'fhorbairt ar lár tarraingteach agus inaitheanta don tsráidbhaile, a chuirfeadh le tarraingteacht Cheann Trá mar láthair chónaithe agus thurasóireachta. Ba chóir go seachnófaí tuilleadh forbartha cónaithe ribíneach/líneach ar na bóithre chun an tsráidbhaile mura ndéantar é le héascú a dhéanamh ar shráid-dreach tarraingteach a chruthú.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán do Cheann Trá ná an sráidbhaile comhdhlúth agus inbhuanaithe a choimeád, ar áit tarraingteach é le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air. Ba chóir go mbeadh forbairt sa todhchaí domhain le croílár láidir agus inaitheanta a chruthú agus le forbairt ribíneach a sheachaint ar na bóithre soir agus siar chun an tsráidbhaile ar bhóthar réigiúnach an R559.

Is í an straitéis forbartha don tsráidbhaile ná:



- Tacú le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar ionad seirbhíse tuaithe agus mar shráidbhaile beag turasóireachta ag tógáil ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus suíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.
- A chinntiú gur dearadh agus leagan amach traidisiúnta a bhíonn ar gach forbairt nua agus nach mbaineann siad ó shaintréithe na lonnaíochta.
- A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua suite laistigh de theorainn forbartha na lonnaíochta.
- Taobh na farraige tarraingteach a sholáthar.
- Úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú.
- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na héiceathurasóireachta agus margaí eile nideoige in éineacht le héagsúlú inbhuanaithe shaoráidí turasóireachta.
- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí turasóireachta sa todhchaí tuisceanach do shaintréithe an tsráidbhaile agus ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.
- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt cónaithe sa tsraídbhaile ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.
- Spreagadh a thabhairt do chruthú seirbhísí tráchtála agus fiontraíochtaí ceardaíochta sa tsráidbhaile a sholáthróidh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.

Déanfar soláthar sa straitéis forbartha don todhchaí do bheagán forbartha ar Cheann Trá mar shráidbhaile beag tuaithe ar scála a thiocfadh lena acmhainn infreastruchtúir.
Ceadóidh an straitéis, mar sin, d'fhorbairt buanchónaithe agus cuirfidh sé feabhas ar fhoirm uirbeach chroílár an tsráidbhaile. Feictear go ndéanfar croílár an tsráidbhaile a fhorbairt le sráid-dreach oiriúnach ar na bóithre chuige. Ceaptar chomh maithe go ndéanfar forbairt ar dtús ar láithreáin líonta isteach laistigh de lár an tsráidbhaile agus go ndéanfar forbairt ar na tailte criosaithe ar an imeall ina dhiaidh ar shlí sheicheamhach, má bíonn an t-éileamh ann.
Le forbairt na héiceathurasóireachta agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta, b'fhéidir fostaíocht a chruthú. Feictear go bhfuil soláthar tionsclaíochta áitiúil/Tionscal Ceardaíochta mar chuid suntasach de sholáthar fostaíochta inbhuanaithe sa cheantar. Caithfear an coincheap seo a nascadh le cothú na tallainne dúchasach le táirgí a sholáthar atá sainiúil don cheantar agus teacht i dtír ar thallann chruthaitheach áitiúil.

Cuirfidh gach forbairt, ó thaobh nádúir agus dearaidh, le haitheantas agus féiniúlacht a chruthú. Bainfear seo amach ach a chinntiú go mbíonn forbairtí nua ar scála oiriúnach áitiúil, agus go gcuireann siad le feabhsú ar an bhfoirm uirbeach, agus go gcoimeádann siad saintréithe an tsráidbhaile tuaithe.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	Cuspóirí Foriomlána Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	A chinntiú go gcoimeádtar suíomh nádúrtha an tsráidbhaile agus go ndéantar é a chosaint ar fhorbairt mhíoiriúnach.
OO-2	Cosaint a dhéanamh ar oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta i gCeann Trá ar a n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.
OO-3	Caithfear an chuid seo den mhargadh turasóireachta a spreagadh chun éiceolaíocht agus éagsúlacht sa turasóireacht chur chun cinn in áiteanna oiriúnacha.

4.0 CUSPÓIRÍ AR LEITH

Cuspóir Uimh.	Trácht Feithicleach agus Coisithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Pointí nua rochtana a chur in áirithe le héascú a dheánamh ar fhorbairt domhain ordúil.
T-2	Comhdhlúthú a dhéanamh ar fhaiche an tsráidbhaile trí líon na bpointí rochtana ar an R559 a laghdú.
T-3	Éascú a dhéanamh ar thrasrian coisithe a sholáthar don R559, faoi mar atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún
T-4	Feabhas a chur ar acomhal an R559 agus ar an mbóthar síos chun na cé.
T-5	Iarracht a dhéanamh ar chosáin leanúnacha a sholáthar/a fheabhsú, faoi mar atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún
T-6	Achair bhreise pháirceála a sholáthar.

Cuspóir Uimh	Áiseanna Institúideacha & Pobail Is cuspóir ag an gComhairle é:
ICF-1	A chinntiú go gcuirtear na tailte atá léirithe ar an léarscáil criosaithe i leataobh mar shuíomh le cur leis an scoil.
ICF-2	A chinntiú go gcuirtear na tailte atá léirithe ar an léarscáil criosaithe i leataobh shuíomh le cur sa todhchaí leis an saoráid cóireála fuíolluisce.

Cuspóir Uimh.	Conláiste Is cuspóir ag an gComhairle é:
A-1	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt chlóis súgartha
A-2	Éascú a dhéanamh ar uasghrádú ar an achar glas i gcroílár an tsráidbhaile le feidhmiú mar fhócas lárnach agus spás inaitheanta pobail
A-3	A chinntiú go mbaineann Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15 leis na ceantair atá sainithe mar Limistéir Taitneamhachta Speisialta.

Cuspóir Uimh.	Radharcanna Is cuspóir ag an gComhairle é:
VP-1	A chinntiú go ndéantar na radharcanna ó Shlí Cheann Sléibhe (R559) a chosaint faoi mar atá léirithe ar an léarscáil criosaithe.



Ceann Trá

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Léarscáil Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

- Úsáid mheasctha
- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Cuan / Mara
- Carrchlós
- Spás Oscailte Éighníomhach/ Conláistí
- Limistéar Taitneamhachta Speisialta Príomh- (A-3)
- Feabhsúcháin ar acomhal(T-4)
- Clós Súgartha táscach (A-1)
- Meascán Úsáide Sráid-Dreacha
- Bealach atá Beartaithe Siúlóide Táscach
- Trasrian Coisithe Táscach(T-3)
- Pointí Rochtana atá Beartaithe
- Radhairc agus Ionchais(VP-1)
- Croílár an tSráidbhaile
- Líne na Tógála siar
- Cosáin choisithe
- Teorainn Forbartha

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL DHÚN CHAOIN

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Láthair

Tá Dún Chaoin suite ag an bhfoirceann is faide siar ar Leithinis Chorca Dhuibhne agus is é an lonnaíocht is faide siar in Éirinn é. Tá an lonnaíocht suite den chuid is mór ar an R559 (Slí Cheann Sléibhe) agus ar bhóthar áitiúil a nascann leis an R559 agus tá sé scaipthe ina nádúr. Tá Dún Chaoin timpeall le 16km siar ó Dhaingean Uí Chúis.

Tá Dún Chaoin suite i ngleann torthúil agus Sliabh an Iolair ón oirthear mar chúlra agus Bealach an Bhlascaoid siar. Tá aillte mórthaibhseacha feadh an cósta agus tá cé in iardheisceart na lonnaíochta. Tá Tráigh an Choma (Com Dhíneol) in iardheisceart na lonnaíochta chomh maith.

Tá nasc láidir traidisiúnta ag Dún Chaoin leis na Blascaodaí. Tá aon bhaile fearainn déag i bparóiste Dhún Chaoin ar an mórthír agus na Blascaodaí atá timpeall le trí mhíle amach ón gcósta.

1.2 Daonra

Ní aon staitisticí ar leith ann do dhaonra cheantar an phlean do Dhún Chaoin. Ta Dún Chaoin suite in TC Dhún Chaoin, a bhfuil luaineacht a baint lena dhaonra ó 1996 nuair a bhí 174 duine ann. D'ardaigh an daonra go 212 in 2002 agus thit sé arís go 163 in 2006 (laghdú 23.1%). Ba é an daonra don TRC in 2011 ná 172.

1.2.1 An Ghaeilge agus an Oidhreacht Chultúrtha

In 1996, bhí 86% de dhaonra iomlán TRC Dhún Chaoin in ann Gaeilge a labhairt. Thit seo go substaintiúil go 71% in 2002 agus mhéadaigh go 79% (120 duine) in 2006. Labhair 84% den daonra iomlán Gaeilge ar bhonn laethúil in 1996 agus thit sin go 62% in 2002 agus go dtí 59% in 2006. Tá an titim seo ar líon na ndaoine atá in ann Gaeilge a labhairt ar an titim is mó i Limistéar Feidhme an Daingin agus is údar imní é.
Samhlaítear Dún Chaoin le fada an lá leis an nGaeilge agus leis an gcultúr agus é mar cheann scríbe go traidisiúnta ag scoláirí idirnáisiúnta ar shuim leo staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, ar chultúr agus ar scéalta an cheantair. Is ann a rugadh Peig Sayers agus tá Peig agus roinnt de scríbhneoirí iomráiteacha an Bhlascaoid mar Thomás Ó Criomhthain agus Muiris Ó Súilleabháin curtha i reilig Dhún Chaoin.

1.3 Feidhmeanna & Áiseanna

Is beag saoráidí nó seirbhísí atá sa cheantar. Tá teach tabhairne amháin ann faoi láthair (Tigh Kruger), Séipéal (Séipéal Naomh Gobnait), bunscoil (Scoil Náisiúnta Naomh Gobnait), brú An Óige agus siopa potaireachta a bhíonn oscailte i rith an tsamhraidh.

D'oscail Ionad an Bhlascaoid Mhóir in 1993 agus bíonn sé oscailte ón gCáisc go Deireadh Fómhair. Is iad Oifig na nOibreacha Poiblí a fheidhmíonn an ionad a sholáthraíonn taispeántais agus láithreoireachtaí ar shaol na nOileán.

Tá an ché suite ag Faill Móir as a bhfeidhmíonn báid fharantóireachta do phaisinéirí go dtí na Blascaodaí ó Aibreán go Deireadh Fómhair gach bliain. Faoi láthair níl aon siopa sa nód forbartha. Bíonn seirbhís laethúil bus ann i rith an tsamhraidh agus seirbhís nach mbíonn chomh minic sin don chuid eile den bhliain. Téann Siúlóid na Cille agus Slí Chorca Dhuibhne trí Dhún Chaoin ar an slí ó Cheann Sléibhe. Tá roinnt tithe Leaba agus Bricfeasta ann agus tá cuid mhór tithe saoire sa lonnaíocht.

1.4 Infrastruchtúr

Níl aon infrastruchtúr séarachais phoiblí i nDún Chaoin agus níl sé ar intinn a leithéid a sholáthar go luath, ag teacht le nádúr tuaithe na háite. Tá soláthar imleor uisce ag freastal ar an nód forbartha.

1.5 Patrún Lonnaíochta

Is lonnaíocht scaipthe tuaithe é Dún Chaoin le lár inaitheanta go geografach ag an gcrosaire in aice le teach tabhairne Kruger agus An Portán. Tá an chuid eile de na háiseanna sa lonnaíocht mar an scoil agus an siopa potaireachta suite ag foirceann theas na lonnaíochta ar an R559.

Tá dhá cheantar inaitheanta ina bhfuil domhainghrúpáil mór tithíochta ag An gCeathrú nó Ceathrú an Fheirtéaraigh agus líon mór tithe i bhfoirm líneach i mBaile na Rátha in aice le Tigh Kruger. Tá gráigeanna mar an gcéanna ar na mion cul-de-sacanna, arb é Baile Bhiocáire an ceann is sine acu. Le blianta beaga anuas, tá an fhorbairt líneach ar na bóithre seo tar éis an sainiú seo a laghdú agus na ceantair seo a chomhcheangal.

Is é atá sa phatrún lonnaíochta ná tithe tuaithe ar dhlús íseal atá scaipthe thar réimse leathan geografach. Tharla roinnt forbairtí le blianta beaga anuas le tithe den chineál céanna rud nach bhfuil ag teacht le nádúr tuaithe na háite. Tógadh líon suntasach de thithe aonuaire le blianta beaga anuas, ar thithe saoire iad cuid mhór acu. Cé gur léir go bhfuil ard-dlús tithíochta sa cheantar, tithe saoire is ea formhór na bhforbairtí seo.

Is é an príomhphatrún lonnaíochta atá ann ná tithe beaga scartha aon urláir ar phaistí beaga talún le corrleagan amach ag teacht le stíl traidisiúnta lonnaíochta na gclochán. Tharla forbairt fhairsing tithe aonuaire ar na bóithre áitiúla i gcomharsanacht an tsráidbhaile ag cruthú patrúin neamhrialta nach bhfuil inbhuanaithe, agus a bhaineann ón timpeallacht tuaithe.

1.6 An Oidhreacht Thógtha & Seandálaíocht

Tá oidhreacht shaibhir seandálaíochta sa cheantar agus tá ceann de na comhchruinnithe is mó de ghnéithe seandálaíochta sa chontae ann. Tá seo le feiceáil ar an Léarscáil Criosaithe Talún. Is struchtúr cosanta é Séipéal Naomh Gobnait.

1.7 An Timpeallacht Nádúrtha agus Conláistí

Tá an fharraige ag Bealach an Bhlascaoid sainithe mar LSC. Ina theannta sin, tá an limistéar cois cósta mar chuid de LSC Leithinis Chorca Dhuibhne. Tá cáil ar an gceantar as ucht a áilleachta nádúrtha leis an suíomh ina bhfuil sé, an tírdhreach mórthaibhseach agus na radharcanna farraige ar an Aigéan Atlantach agus na Blascaodaí. Is cuid den slí sárscéimhe turasóireachta é an ceantar, Slí Cheann Sléibhe.

1.8 Trácht Feithicleach agus Coisithe

Tá an sráidbhaile suite ar chrosaire laistigh de ghréasán bóithre áitiúil (L-5006-0, L-12044-0 agus L-8031-0) agus tagann buaic leis an trácht tríd an lonnaíocht i rith an tsamhraidh. Níl aon charrchlós poiblí i gceantar an phlean ná díreach lasmuigh de cheantar an phlean.

1.9 Fás agus Forbairt Chónaithe

Tharla tréimhse fáis i nDún Chaoin le blianta beag anuas faoi mar atá le feiceáil ó líon na dtithe nua a tógadh. An dara teach nó teach saoire is ea formhór na dtithe a tógadh le deich mbliana anuas. Mar sin féin léiríonn leibhéal na gcead pleanála cónaithe a tugadh sa tréimhse 2008-2011 acmhainn teoranta fáis go ceann cúpla bliain.
Déanann teorainn forbartha Dhún Chaoin sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú áirithe in aice leis na ceantair tithíochta. Le linn saolré an Phlean seo, beidh an fhorbairt dírithe go príomha ar thrí cheantar tithíochta.

Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt an cheantair tithíochta, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach. Tarlóidh gach forbairt nua laistigh den teorainn forbartha agus beidh sé ag teacht leis an dearadh dúchasach atá ann.

Feictear go bhfuil soláthar tionsclaíochta áitiúil/Tionscal na Ceardaíochta mar chuid suntasach de sholáthar fostaíochta inbhuanaithe sa cheantar. Caithfear an coincheap seo a nascadh le cothú na tallainne dúchasaí agus táirgí a sholáthar atá sainiúil don cheantar agus teacht i dtír ar thallann chruthaitheach áitiúil.

Ceaptar dá réir sin, seachas leithdháileadh a dhéanamh limistéir shaintreoracha talún criosaithe do na lonnaíochtaí níos lú mar Dhún Chaoin, gur fearr an fás a bhainistiú ar shlí a choimeádfadh a saintréithe agus a chruthódh pobail a bheadh feidhmiúil, tarraingteach agus dea-dheartha. Tá na ceantair tithíochta aitheanta agus is ceantair tháscacha iad ina bhfuil sé ar intinn réimse iomlán cineálacha tithíochta a sholáthar, atá ag teastáil le freastal ar éileamh agus ar an athrú atá réamh-mheasta don cheantar. Tá na ceantair tithíochta seo in aice leis na gráigeanna atá ann agus baintear leas iomlán as suíomhanna líonta isteach agus talún cúil. Déanfaidh gach aonad cónaithe a bhíonn beartaithe de réir chaibidil 3 den Phlean Forbartha Contae 2009-15.

Aithníonn léarscáil na teorann forbartha na hamharc-aonaid, roghacheantar tráchtála agus ceantair tithíochta faoi mar atá sonraithe thíos.

Tá dhá cheantar aitheanta inar tharla méid suntasach forbartha cónaithe le blianta beaga anuas, An Cheathrú agus Baile na Rátha Thuaidh in aice le Tigh Kruger. Go stairiúil ba lonnaíocht thraidisiúnta áitiúil a bhí sa Cheathrú i nDún Chaoin agus is lonnaíocht a tharla le déanaí atá sa cheantar atá aitheanta i mBaile na Rátha Thuaidh.

Ceantair Tithíochta

Tá an t-aonad amhairc roinnte i gceantair éagsúla tithíochta mar sin:-

- Ceantar Tithíochta (HA-1): An Cheathrú
- Ceantar Tithíochta 2 (HA-2): Baile na Rátha Thuaidh
- Ceantar Tithíochta 3 (HA-3): An talamh atá fágtha laistigh den teorainn forbartha agus lasmuigh den dá cheantar thuas

Is gráigeanna inaitheanta iad Ceantair Tithíochta HA-1 agus HA-2 agus déanfaidh tuilleadh forbartha ag láithreacha oiriúnacha comhdhlúthú ar an bhforbairt atá ann agus ní bhainfidh sé ó thaitneamhacht radhairce an cheantair ach scála agus méid iomchuí a bheith i gceist. Feictear gur d'úsáid bhuan amháin a cheadófar tithíocht sna ceantair seo, do dhaoine ar féidir leo bun-nasc leis an gceantar a léiriú.

Ceaptar gur tírdhreach cuíosach neamhfhorbartha atá i gCeantar Tithíochta HA-3, a bhfuil saintréithe na tuaithe ag baint leis. Ceaptar gur tírdhreach íogair atá anseo nach féidir leis glacadh le mórán eile forbartha. Ní cheadófar tithe nua ach do chlann na n-úinéirí talún agus do mhuintir na háite (.i. daoine ón áit a bhfuil cónaí orthu go buan laistigh de shuíomhanna ceannaithe cheantar an phlean)

Beidh cead pleanála ar fháil sna ceantair thuas faoi réir ag pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair .i. ba chóir tithe a dhearadh le teacht leis an tírdhreach agus ba chóir iad a bheith sásúil maidir le sábháilteacht tráchta, sláinte phoiblí, dearadh agus go dtiocfaidís le cuspóirí chaomhnaithe Natura 2000.

Áiseanna Tráchtála/Pobail

Tá na háiseanna tráchtála agus pobail an-teoranta laistigh de cheantar an phlean agus faoi láthair dealraíonn sé nach bhfuil éileamh an-mhór ar áiseanna tráchtála. Feictear, áfach, sa chás go soláthrófaí áiseanna tráchtála agus pobail gur chóir iad a bheith dírithe ar an gceantar lárnach cóngrach don chrosaire in aice le Tigh Kruger.

Is ar scála beag a bheadh aon áis dá leithéid a sholáthrófaí sa cheantar seo. Lasmuigh den cheantar seo, féachfar ar ghnó ar scála beag a bheadh coimhdeach le húsáid chónaithe ag an láthair faoi réir ag pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán do Dhún Chaoin ná saintréithe an phatrúin sainiúil na lonnaíochta scaipthe seo a choimeád, an ceantar a chur chun cinn mar áit tharraingteach le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air, agus úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú mar theanga laethúil an phobail.

Is lonnaíocht scaipthe tuaithe é Dún Chaoin atá suite i dtírdhreach mórthaibhseach cois cósta le patrún sainiúil lonnaíochta ann nuair a chuirtear i gcomparáid le lonnaíochtaí eile i Limistéar Feidhme an Daingin é. Tá ullmhú straitéise forbartha do Dhún Chaoin casta agus is gá aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna.

Sa chéad áit, is ceann scríbe é Dún Chaoin a bhfuil an-tóir air toisc é a bheith suite i dtimpeallacht sárscéimhe agus de bharr a fhéiniúlachta cultúrtha.
Tá drochthionchar ag iomadaíocht na dtithe saoire ar an dá shaintréith seo. Tá tírdhreach an cheantair íogair ó thaobh forbartha de agus tá staid á bhaint amach ann mar a bhfuil acmhainn forbartha sa todhchaí an-teoranta.

Sa dara háit, tá drochthionchar ag leibhéal forbartha na dtithe saoire ar idirchaidreamh sóisialta agus pobail agus ar úsáid agus inmharthanacht na Gaeilge. Is deacair a dhéanamh amach arbh é an méadú mór ar thithe saoire an chúis a bhí leis an laghdú tubaisteach ar úsáid laethúil na Gaeilge. **Níor tharla a leithéid de mhéadú ar fhorbairtí tithe saoire, ná a leithéid de laghdú ar úsáid na Gaeilge, in aon cheantar eile.**

Is í an straitéis forbartha do Dhún Chaoin mar sin ná:

- An tírdhreach a chosaint
- An Ghaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú
- Saintréithe an cheantair a choimeád A chinntiú gur dearadh agus leagan amach traidisiúnta a bhíonn ar gach forbairt nua agus nach mbaineann siad ó shaintréithe an cheantair. Ba chóir go dtagródh forbairtí nua don phatrún lonnaíochta atá le fáil sa ghrúpáil foirgneamh (Ceantair Tithíochta).
- A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua suite laistigh de theorainn forbartha na gceantar tithíochta.
- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe laistigh de na ceantair tithíochta ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.
- Féiniúlacht láidir sóisialta agus idirchaidreamh pobail a chur chun cinn.
- Spreagadh a thabhairt do chruthú seirbhísí tráchtála agus fiontraíochtaí ceardaíochta sa sráidbhaile a sholáthróidh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.
- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt na héiceathurasóireachta agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta mar fhoinsí féideartha fostaíochta.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	A chinntiú gur áiteanna cónaithe buana é gach aonad nua cónaithe.
OO-2	A chinntiú go dtarlaíonn forbairt nua laistigh de na ceantair tithíochta.
OO-3	Iarracht a dhéanamh ar oidhreacht teanga agus cultúrtha Dhún Chaoin a chosaint agus a fheabhsú agus úsáid na Gaeilge mar theanga pobail a chur chun cinn.
OO-4	Éascú a dhéanamh ar éiceathurasóireacht agus margaí eile nideoige a fhorbairt. Éascú a dhéanamh ar mhéadú inbhuanaithe agus ar éagsúlú áiseanna do thurasóirí.

4.0 CUSPÓIRÍ AR LEITH

Cuspóir Uimh.	Trácht Feithicleach agus Coisithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Éascú a dhéanamh ar sholáthar achair leataoibh/láthair tuirlingthe agus ar charrchlós le freastal ar an mbunscoil.

Cuspóir Uimh	Radharcanna Is cuspóir ag an gComhairle é:
VP-1	Na radharcanna ó Shlí Cheann Sléibhe (R559) agus L-8047, faoi mar atá léirithe ar an léarscáil criosaithe, a chosaint.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht & Fiontraíocht Is cuspóir ag an gComhairle é:
EE-1	A chinntiú go mbíonn na tailte faoi mar atá léirithe, criosaithe mar Rogha d'fhorbairt Tráchtála/Ceardaíochta.

Cuspóir Uimh.	Limistéar Taitneamhachta Speisialta Is cuspóir ag an gComhairle é:
PSA-1	A chinntiú go gcuirtear forálacha Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15 i bhfeidhm maidir leis na ceantair seo.

Cuspóir Uimh.	Caomhnú an Dúlra Is cuspóir ag an gComhairle é:
NC-1	A chinntiú go dtógtar ceann i dtograí forbartha d'oidhreacht shaibhir nádúrtha agus de bhithéagsúlacht an cheantair. Déanfar gach togra a scagadh maidir le AA d'fhonn caomhnú na láithreacha Natura 2000 in aice láimhe a chinntiú.

Cuspóir Uimh.	Bainistíocht ar Riosca Tuile Is cuspóir ag an gComhairle é:
FM-1	A chinntiú go mbíonn aon togra forbartha ar na tailte seo faoi réir ag measúnaithe tionchair tuile.

Léarscáil 2

HA-1

EE-1

EE-1

HA-2

EE-1

T-1

HA-3

N
W E
S

0 500 1,000

méadair

Dun Chaoin

Léarscáil 1 Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

- Spás Oscailte
- Limistéar tithíochta (HA-1, HA-2)
- Ceantar Tuaithe(HA-3)
- Limistéar Taitneamhachta Speisialta Príomh-(PSA-1)
- Rogha um Fhorbairt Tráchtála
- Séadchomharthaí Taifeadta
- Séadchomharthaí Taifeadta / Taitneamhacht Éighníomhach
- Struchtúr Cosanta
- Táscach Limistéar Measúnú Riosca Tuilte(EE-1)
- Radhairc agus Ionchais
- Forbairt / Amharc Aonad Teorainn



Dun Chaoin

Léarscáil 2 Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

- Spás Oscailte
- Limistéar tithíochta (HA-1, HA-2)
- Ceantar Tuaithe(HA-3)
- Limistéar Taitneamhachta Speisialta Príomh-(PSA-1)
- Rogha um Fhorbairt Tráchtála
- Séadchomharthaí Taifeadta
- Séadchomharthaí Taifeadta / Taitneamhacht Éighníomhach
- Struchtúr Cosanta
- Táscach Limistéar Measúnú Riosca Tuilte(EE-1)
- Radhairc agus Ionchais
- Forbairt / Amharc Aonad Teorainn

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL LIOS PÓIL

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Sráidbhaile beag is ea Lios Póil suite i gCorca Dhuibhne ar an mBealach Náisiúnta Dara Grád N86 agus tá an áit thart ar 8km lastoir de Dhaingean Uí Chuis agus 40km siar ó dheas ó Thrá Lí. Tá Lios Póil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne

1.2 Daonra

Níl aon staidreamh ar fáil ar dhaonra Lios Póil don Phlean Ceantair Áitiúil. Tá an lonnaíocht suite i dToghroinn an Mhín Aird mar a tharla athruithe mar a leanas ar an daonra ó 383 in 2002, 387 in 2006 agus 388 in 2011.

I TRC an Mhín Aird bhí labhairt na Gaeilge ag 83.5% den daonra in 2006 agus labhair 46% Gaeilge go laethúil.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Feidhmíonn an sráidbhaile mar phointe beag fócais dá phobal máguaird tuaithe. Tá raon bunúsach seirbhísí ag Lios Póil agus a neas timpeallacht ar a n-áirítear séipéal, oifig poist, bunscoil, páirc imeartha, stóras ginearálta, tábhairne agus forbairtí de thithe saoire.

Taobhtíre oscailte is ea an tírdhreach thart timpeall agus úsáidtear don chuid is mó é do thalmhaíocht, foinse traidisiúnta agus tábhachtach fostaíochta

1.4 Infreastruchtúr

Faoi láthair níl aon scéim séarachais i Lios Póil de dheasca nádúr scaipthe na forbartha. Déantar diúscairt ar eisilt bhréan faoi láthair trí dhabhcha múnlaigh agus chórais indibhidiúla cóireála eisilte. Is ann d'Fhearas príobháideach Cóireála Fuíolluisce le cóireáil a dhéanamh ar fhorbairt phríobháideach ag foirceann thoir an tsráidbhaile agus meastar go ndéanfar freastal ar fhorbairtí sa todhchaí trí chórais indibhidiúla séarachais.

Ní ann do phleananna faoi láthair le háiseanna séarachais poiblí a shuiteáil rud a bheidh ina laincis ar fhorbairt an tsráidbhaile sa ghearrthéarma. Tá soláthar uisce poiblí sa sráidbhaile agus is leor é le freastal ar an éileamh reatha agus le teacht.

1.5 Foirm Uirbeach

Tá patrún scaipthe ar an sráidbhaile. Tá Lios Póil roinnte ina dhá chuid. Tá braisle beag foirgneamh poiblí/tráchtála, Oifig an Phoist/stóras ginearálta agus an Séipéal suite ag an bhfoirceann thiar. Tá Scoil Náisiúnta, halla pobail agus páirc imeartha suite ag an bhfoirceann thoir. Tá scéim mhór tithíochta saoire cheannasach sa sráidbhaile.
De dheasca easpa áiseanna breise téann mórán den daonra go Daingean Uí Chúis agus Trá Lí do raon níos fairsinge seirbhísí Tá an lonnaíocht reatha comhdhéanta de theaghaisí traidisiúnta sa lár agus teaghaisí níos déanaí ar an imeall i bpatrún níos scaipthe ná an sean limistéar láir.

1.6 An Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta

Tá séadchomhartha amháin taifeadta laistigh de cheantar an phlean, i. Ke044-080 Láithreán Rátha/Caisil.
Tá struchtúr amháin faoi chosaint i gceantar an phlean – is é sin Séipéal Eoin Baiste.

1.7 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha

Tá ardluach taitneamhachta nádúrtha ag an gceantar thart ar an teorainn forbartha. Cé nach ann d'aon LSCanna, CONanna ná CSCanna i gceantar an phlean, tá LSC Chorca Dhuibhne, CSC Chnoc Bréanainn, CONi Riasca Goirt Imleach Thoir agus Abhainn an Lóndraigh ar fad in aice láimhe.

1.8 Fostaíocht

Tá eacnamaíocht Lios Póil ag brath go mór ar an gcúlchríoch agus tá na deiseanna fostaíochta sa dúiche teoranta
Tá cairéal gar do Lios Póil agus is foinse fostaíochta é. Tá formhór an phobail fostaithe laistigh den earnáil seirbhíse, ag áireamh tionscail na turasóireachta agus téann mórán daoine ón gceantar ag obair in láithreacha eile, go háirithe i nDaingean Uí Chúis agus Trá Lí.

Léiríonn daonáireamh 2006 don Mhín Aird gur sa talmhaíocht atá an phríomhfhoinse fostaíochta d'fhireannaigh (26%) agus ina dhiaidh sin sa tionscal tógála (18%) agus déantúsaíocht (17%). Gairmiúlaigh is ea formhór na mban atá fostaithe, agus ina dhiaidh sin iad siúd a oibríonn in earnáil na seirbhíse.

1.9 Fás agus Forbairt Chónaithe

Dála bailte agus sráidbhailte eile sa chontae, tharla fás i Lios Póil mar is léir ó líon na dteaghaisí nua a tógadh sa sráidbhaile. Dara tithe agus tithe saoire formhór na detach a tógadh le deich mbliana anuas. Tá scéim mhór tithíochta saoire i nGarraí na dTor agus tá forbairt nua cónaithe i bPáirc an Fhiaidh. Léiríonn líon na gceadanna pleanála a tugadh sa tréimhse 2008 – 2011 acmhainn teoranta fáis sna blianta díreach romhainn mar atá cead tugtha do 10 n-aonad eile ach nár tosaíodh fós orthu.
Sainíonn an teorainn forbartha do Lios Póil fairsing an cheantair mar is féidir féachaint ar fhorbairt nua, agus ag ceadú forbartha áirithe gar do lár an tsráidbhaile chomh maith. Le saol an Phlean seo díreoidh forbairt ar na tailte seo go príomha, suite gar do lár an tsráidbhaile.

Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt struchtúir lonnaíochta inbhuanaithe agus comhdhlúth ach a chinntiú go mbíonn forbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna cúlchríche talún agus láithreacha líonta isteach. Tarlóidh gach aon fhorbairt nua laistigh de teorainn forbartha faoi réir ag géilliúntas do na caighdeáin bainistíochta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Contae 2009-15.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is é is fís do shráidbhaile Lios Póil ná tréithíocht an tsráidbhaile seo a chothabháil agus forbairt a dhaingniú trí fhorbairt a dhéanamh ar láithreáin chúl talún le lonnaíocht chomhdhlúth a chruthú a bheadh taitneamhach le maireachtáil ann nó le cuairt a thabhairt air.

Is ann do straitéis forbartha an tsráidbhaile le:



- Tacaíocht a thabhairt do ról agus feidhm reatha an tsráidbhaile mar ionad tuaithe seirbhíse agus ceann a thógáil den lonnaíocht reatha agus de shuíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach taitneamhach tuaithe.

- A chinntiú go bhfuil gach aon fhorbairt nua ar dhearadh agus leagan amach traidisiúnta agus nach mbaineann sé de thréithíocht na lonnaíochta. A dheimhniú go suitear gach aon fhorbairt nua laistigh de theorainn forbartha na lonnaíochta.

- A chinntiú go ndéantar forbairt ar an gceantar laisteas den leataobh ar feadh an N86 ar bhealach cuí le soláthar a dhéanamh ar lárcheantar a ionchorpraíonn sráid-dreach d'úsáid ilchineálach.

- An Ghaeilge a chaomhnadh agus a fheabhsú.

- Deimhin a dhéanamh de go ndéanann gach aon fhorbairt chónaithe laistigh den sráidbhaile cóiriú do riachtanais an daonra áitiúil gur mian leo maireachtáil sa cheantar ar bhonn buan.

- A chinntiú go mbeadh gach aon fhorbairt nua suite Laisteas den N86 d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar na forbartha ar acmhainn iompair an N86.

- Cruthú seirbhísí inbhuanaithe tráchtála agus fiontair cheardaíochta a spreagadh laistigh den sráidbhaile a sholáthróidh, ina thuras, fostaíocht áitiúil agus a fheabhsóidh caighdeán na beatha don phobal áitiúil.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh	Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	A chinntiú go gcothaítear ardchaighdeán suímh nádúrtha an tsráidbhaile agus go ndéantar é a chosaint ar fhorbairt míchuí.
OO-2	A chinntiú go mbeidh forbairt nua chónaithe ar scála beag agus ar ísealdlús le haonaid indibhidiúla cóireála/dabhcha múnlaigh ar chaighdeáin reatha GCC.
OO-3	Oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta i Lios Póil a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.

4.0 SAINCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh	Trácht Feithicle agus Coise Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Áisiú a dhéanamh ar fheabhsú ar shainiú cheantar na leataoibhe soir ó thuaidh ón séipéal mar atá ar an léarscáil creasa.
T-2	Áisiú a dhéanamh ar acomhal an L-12241 leis an N86 & áisiú a dhéanamh ar fheabhsú acomhal an L-12241 leis an L-12098.
T-3	Trasrian do choisithe a sholáthar
T-4	Áisiú a dhéanamh ar fheabhsú ceannsaithe tráchta ar an mbóthar náisiúnta dara grád N86.

Cuspóir Uimh	Taitneamhacht Is cuspóir ag an gComhairle é:
A-1	Spreagadh a dhéanamh ar sholáthar tírdhreacha inbhuanaithe agus a thuilleadh feabhsaithe ar chóireáil teorann.



Lios Póil

Léarscáil

Criosú Úsáid Talún

Dréacht

Nollaig 2011

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Spás Oscailte Éighníomhach/ Conláistí
- Miondíol
- Feabhsúcháin sainmhíniú (T-1)
- Feabhsúcháin Teorann & Tírdhreach (A-1)
- Spás Oscailte Gníomhach/ Conláistí
- Struchtúr Cosanta
- Séadchomharthaí Taifeadta (AR-1)(Dúchas Map)
- séadchomhartha (Actual)
- Feabhsúcháin ar acomhal(T-2)
- Trasrian Coisithe Táscach(T-3)
- Pointí Rochtana Táscach
- Meascán Úsáide Sráid-Dreacha
- Teorainn Forbartha

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL NA MUIRÍ

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Láthair

Is lonnaíocht/sráidbhaile beag scaipthe í an Mhuiríoch atá suite ar imeall thoir Chuan Ard na Caithne i láthair tírdhreacha droimneach a bhfuil ardluach ag baint leis. Is é atá i ngnéithe aiceanta an tsráidbhaile ná talamh a théann le fána réidh soir i dtreo na trá. Tá An Mhuiríoch suite cóngarach (c.1km) do Bhaile na nGall agus é nasctha go feidhmiúil le Baile na nGall agus leis an mBóthar Buí. Tá an sráidbhaile suite timpeall 9km siar ó thuaidh ó Dhaingean Uí Chúis ar Shlí Cheann Sléibhe R559.

1.2 Daonra

Ní aon staitisticí ar leith ann do dhaonra cheantar an phlean don Mhuiríoch. Baineann na staitisticí is lú atá ar fáil le TRC Chill Maoilchéadair ina bhfuil An Mhuiríoch suite. Faoi láthair is é daonra iomlán an TRC ná 476, daonra atá síos 6.3% ón bhfigiúr de 511 in 2006. Tá sin arís íslithe 6.9% ón bhfigiúr de 549 in 2002.
Ba iad figiúirí an daonáirimh maidir leo sin a bhí in ann Gaeilge a labhairt sa Mhuiríoch ná 88.5% in 2006 (88.0% in 2002 & 88.8% in 1996) leo sin a dúirt gur labhair siad Gaeilge go laethúil ag 84.5% in 2006 agus 85% in 2002.

1.3 Feidhmeanna & Áiseanna

Feidhmíonn an sráidbhaile mar phointe beag teagmhála don phobal tuaithe máguaird, le siopa, halla pobail, bunscoil, cúirt leadóige nach bhfuil in úsáid agus páirceanna imeartha agus clubtheach CLG na Gaeltachta. Ní bhaineann an sráidbhaile leas ró-mhór as an trácht turasóireachta ar Shlí Cheann Sléibhe, ná as a trá breá. Tá acmhainn sa Mhuiríoch, áfach le tuilleadh leasa a bhaint as turasóireacht.
Freastlaíonn daltaí Gaeilge ar ranganna sa halla pobail áitiúil i rith an tsamhraidh. Faoi mar atá i lonnaíochtaí eile sa cheantar, tá soláthar chóiríochta do na daltaí seo ina fhoinse thábhachtach teacht isteach do mhórán úinéirí tí.

Tá roinnt tithe leaba agus bricfeasta ag feidhmiú sa sráidbhaile agus tá cuid mhór tithe saoire ann. Tugann na tránna in aice láimhe agus na bealaí siúlóide deiseanna áineasa lasmuigh do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon. Tá páirceanna imeartha agus clubtheach Rugbaí Chorca Dhuibhne agus sacair suite sa cheantar.

1.4 Infreastruchtúr

Is é atá sa chóireáil reatha séarachais ná Cóireáil Phríomhúil (umar múnlaigh a fhorscaoileann isteach sa bhfarraige) a gceaptar é a bheith ró-ualaithe bunaithe ar an daonra reatha atá ann. Tá gá le FCFU nua le cóireáil a dhéanamh ar an ualú reatha agus sa todhchaí, ach níl aon phlean faoi láthair ann dá leithéid agus níl aon airgead ann i láthair na huaire lena leithéid de shaoráidí a sholáthair. Tá soláthar uisce poiblí ag freastal ar an sráidbhaile.

1.5 Foirm Uirbeach

Is lonnaíocht scaipthe tuaithe gan sráid-dreach í An Mhuiríoch atá tar éis teacht chun cinn i dtírdhreach droimneach tuaithe le seirbhísí atá suite i bhfad óna chéile. Níl aon phointe soiléir seirbhíse sa sráidbhaile, cé gurb é an crosaire go Baile na nGall croílár geografach na háite.

Is é an príomhphatrún lonnaíochta atá ann ná tithe beaga scoite aon urláir ar phaistí beaga talún le corrleagan amach ag teacht le stíl traidisiúnta lonnaíochta na gclochán.

Tharla forbairt fhairsing tithe aonuaire ar na bóithre áitiúla i gcomharsanacht an tsráidbhaile ag cruthú patrúin neamhrialta atá neamh-inbhuanaithe, a bhaineann ón timpeallacht tuaithe agus a bhaineann an bonn d'fhorbairt dlúthfhoirme an tsráidbhaile.

1.6 An Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta

Cé go bhfuil An Mhuiríoch suite i gceantar atá saibhir maidir le hiarsmaí seandálaíochta, níl ach dhá shéadchomhartha taifeadta i gceantar an phlean.

KE042-013	An Mhuiríoch Uaimh	Thalún B'fhéidir
KE042-014	An Charraig	Bró

Tá ceithre struchtúr (teachíní) atá faoi chosaint i gceantar an phlean.

1.7 An Timpeallacht Nádúrtha agus Conláistí

Tá CONm sainithe ón taobh ó dheas de cheantar an phlean agus díreach siar ó dheas ó cheantar an phlean ina bhfuil coimpléasc dumhcha seasta agus dumhcha boga, le dumhcha nua ar a n-imeall ar thaobh na farraige agus sraith riasc fionnuisce ar thaobh na talún. Baineann an sainspéis chaomhnaithe don suíomh le héagsúlacht na gcineálacha gnáthóige agus tá éagsúlacht shaibhir speiceas plandaí ann atá neamhchoitianta go háitiúil. Tá an Cág Cosdearg freisin ann, ar speiceas éin é atá neamhchoitianta agus é liostáilte in iarscríbhinn 1 den Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach. Tá LSC Leithinis an Daingin don Chág Cosdearg suite i gcomharsanacht cheantar an phlean.

Tá an ceantar idir Shlí Cheann Sléibhe R559 agus an fharraige laistigh de theorainn sainithe mar Limistéir Tánaisteach Taitneamhachta Speisialta i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15.

1.8 Fostaíocht

Léiríonn Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga 2006 don TRC ina bhfuil An Mhuiríoch suite gurb é an phríomhfhoinse fostaíochta d'fhir sa cheantar ná tionscal na tógála (20%) agus talmhaíocht (20%) agus déantúsaíocht (14%) ina dhiaidh sin. Is gairmiúlaigh iad formhór na mban atá fostaithe, agus iad sin atá ag obair san earnáil seirbhíse ina dhiaidh sin.

Le forbairt na héiceathurasóireachta agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta, b'fhéidir fostaíocht a chruthú. Feictear go bhfuil soláthar tionsclaíochta áitiúil/Tionscal na Ceardaíochta mar chuid shuntasach de sholáthar fostaíochta inbhuanaithe sa cheantar.

Caithfear an coincheap seo a nascadh le cothú na tallainne dúchasaí agus táirgí a sholáthar atá sainiúil don cheantar agus teacht i dtír ar thallann chruthaitheach áitiúil.

1.9 Fás agus Forbairt Chónaithe

Faoi mar a tharla le bailte agus sráidbhailte eile sa chontae, tharla tréimhse fáis sa Mhuiríoch faoi mar atá le feiceáil i líon na dtithe nua a tógadh sa sráidbhaile. An dara teach nó teach saoire is ea formhór na dtithe a tógadh le deich mbliana anuas. Mar sin féin léiríonn leibhéal na gcead pleanála cónaithe a tugadh sa tréimhse 2008-2011 acmhainn teoranta fáis go ceann cúpla bliain. Is gá méadú a dhéanamh ar sciar na dtithe buanchónaithe atá ag teastáil le tairseach chriticiúil de chónaitheoirí buana a chruthú chomh maith leis na seirbhísí atá riachtanach go mbeadh rath ar an sráidbhaile i gcaitheamh na bliana ar fad.
Déanann teorainn forbartha Na Muirí sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú agus roinnt athfhorbartha in aice le croílár an tsráidbhaile. Le linn saolré an Phlean seo, beidh an fhorbairt dírithe go príomha ar na tailte seo atá cóngrach do chroílár an tsráidbhaile.

Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile le dlúthstruchtúir inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach. Tarlóidh gach forbairt nua laistigh den teorainn forbartha faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae 2009-15 a chomhlíonadh.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán don Mhuiríoch ná sráidbhaile comhdhlúth agus inbhuanaithe a chur chun cinn ar áit tarraingteach é le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air, agus patrún traidisiún lonnaíochta an cheantair a choimeád ag an am gcéanna. Ba chóir go mbeadh forbairt sa todhchaí domhain le croílár láidir agus inaitheanta a chruthú agus le forbairt ribíneach a sheachaint ar na bóithre chun an tsráidbhaile.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:



- Tacú le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar ionad seirbhíse tuaithe agus mar shráidbhaile beag turasóireachta ag tógáil ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus de shuíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.
- A chinntiú gur dearadh agus leagan amach traidisiúnta a bhíonn ar gach forbairt nua agus nach mbaineann siad ó shaintréithe na lonnaíochta.

- A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua tráchtála agus cónaithe suite laistigh de theorainn forbartha na lonnaíochta.
- Úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú.

- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí turasóireachta sa todhchaí tuisceanach do shaintréithe oidhreachta nádúrtha an tsráidbhaile agus ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.

- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe sa sráidbhaile ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Spreagadh a thabhairt do chruthú seirbhísí tráchtála agus fiontraíochtaí ceardaíochta sa sráidbhaile a sholáthróidh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	A chinntiú go gcoimeádtar suíomh nádúrtha an tsráidbhaile agus go ndéantar é a chosaint ar fhorbairt mhí-oiriúnach.
OO-2	Cosaint a dhéanamh ar oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta sa Mhuiríoch ar a n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.

4.0 CUSPÓIRÍ AR LEITH

Cuspóir Uimh.	Conláiste Is cuspóir ag an gComhairle é:
A-1	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt chlóis súgartha.

Cuspóir Uimh.	Áiseanna Institiúideacha/Pobail Is cuspóir ag an gComhairle é:
ICF-1	Tailte a chur i leathaobh do mhéadú ar an saoráid chóireála fuíolluisce sa todhchaí. Beidh aon fhorbairt a bheith faoi réir ag measúnú Éiceolaíochta
ICF-2	Tailte a chur i leathaobh do mhéadú sa todhchaí ar halla an phobail

Cuspóir Uimh.	Trácht Feithicleach agus Coisithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Iarracht a dhéanamh ar chosáin / shiúláin / acomhail a fheabhsú, faoi mar atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún
T-2	Éascú a dhéanamh ar fheabhsú an bhóthair chun na trá.
T-3	Éascú a dhéanamh ar charrchlós a sholáthar ag láthair lárnach in aice na trá, in éineacht le rochtain do choisithe ón trá chéanna.

Cuspóir Uimh	Radharcanna Is cuspóir ag an gComhairle é:
VP-1	A chinntiú go ndéantar na radharcanna ón L-5006 (An Mhuiríoch go Baile na nGall) a chosaint faoi mar atá léirithe ar an léarscáil criosaithe.

Cuspóir Uimh.	Caomhnú an Dúlra Is cuspóir ag an gComhairle é:
NC-1	A chinntiú go dtógtar ceann i dtograí forbartha d'oidhreacht shaibhir nádúrtha agus de bhithéagsúlacht an cheantair. Déanfar gach togra a scagadh maidir le AA d'fhonn caomhnú na láithreacha Natura 2000 in aice láimhe a chinntiú.

Cuspóir Uimh.	Bainistíocht ar Riosca Tuile Is cuspóir ag an gComhairle é:
FM-1	A chinntiú go mbíonn aon togra forbartha ar na tailte seo faoi réir ag measúnaithe tionchair tuile.



An Mhuiríoch

Léarscáil Dréacht

Criosú Úsáid Talún

Nollaig 2011

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

- Áiseanna Poiblí/Pobail/ Institiúide/Oideachais
- Carrchlós (T-5)
- Spás Oscailte Gníomhach/ Conláistí
- Táscach Limistéar Measúnú Riosca Tuilte
- Clós Súgartha táscach (A-1)
- Feabhsúcháin ar acomhal(T-2)
- Séadchomharthaí Taifeadta
- Radhairc agus Ionchais(VP-1)
- Cosán Coisithe Táscach
- Cosáin choisithe(T-1)
- Struchtúr Cosanta atá ann cheana féin
- Feabhsúcháin Bóthair Slí
- Teorainn Forbartha

RANNÁN 3

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL AN BHLASCAOID MHÓIR

3.0 COMHTHÉACS

3.1.1 Réamhrá

Tá an Blascaod Mór suite 3.5km amach ó chósta Cheann Sléibhe i gCorca Dhuibhne. Le 459 heachtár, is é an t-oileán is mó de na seacht n-oileán ar a dtugtar Na Blascaodaí é. Baineann suntas an oileáin lena luach stairiúil, cultúrtha agus éiceolaíochta. Tá an sráidbhaile stairiúil suite cóngrach do cheantar na trá áit nach bhfuil an fána chomh géar agus cheadaigh sé lonnaíocht shráidbhaile agus goirt iata féaraigh agus bharraí.

3.1.2 Daonra

Ba é an daonra ba mhó a bhí riamh san oileán ná timpeall 190 duine. Chuir déine na haimsire agus na daoine óga ag dul ar imirce leis an easpa tacaíochta dá réir don ghlúin níos sine, le meath ar dhaonra an oileáin. In 1953 dhein an rialtas cinneadh a raibh fágtha de mhuintir an oileáin a athlonnú ar an mintír. Ón am sin i leith níor fhan san oileán ach iascairí áitiúla agus na daoine sin a bhí i mbun áiseanna a sholáthar do thurasóirí chomh maith le líon teoranta daoine ar laethanta saoire i gcaitheamh an tsamhraidh.

3.1.3 An Ghaeilge agus an Oidhreacht Chultúrtha

Tá tionchar suntasach ag an oileán ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Tá ar chuir muintir an oileáin le litríocht na Gaeilge suntasach go maith. Scríobh na húdair is cáiliúla ón áit ar shaol an oileáin agus tá tábhacht mhór antraipeolaíoch lena saothar. Samhlaítear an t-oileán le fada an lá le croí na Gaeilge agus an chultúir agus é mar cheann scríbe go traidisiúnta ag turasóirí agus ag daoine ar shuim leo staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, ar chultúr agus ar bhéaloideas an cheantair.

3.1.4 Feidhmeanna & Áiseanna

Is beag iad na saoráidí agus na seirbhísí atá ar na hoileáin. Faoi láthair tá brú, caifé agus siopa fíodóra ann a bhíonn oscailte i rith an tsamhraidh. Bíonn báid farantóireachta go Dún Chaoin ag feidhmiú ó ché bheag ó Aibreán go Deireadh Fómhair gach bliain. Tá Ionad an Bhlascaoid Mhóir suite i nDún Chaoin agus bíonn sé ar oscailt ó Cháisc go Deireadh Fómhair. Is iad Oifig na nOibreacha Poiblí atá i mbun an ionaid a sholáthraíonn taispeántais agus láithreoireachtaí ar shaol na nOileán.
Is í príomhfheidhm an oileáin ná caomhnú an chultúir agus na hoidhreachta nádúrtha ar a n-áirítear sonrúcháin chaomhnaithe náisiúnta agus oideachas/turasóireacht, ar a n-áirítear turasóireacht chultúrtha, oideachais, áineasa agus éiceolaíochta.

3.1.5 Infrastruchtúr

Níl aon infrastruchtúr séarachais poiblí ar an oileán. Tá soláthar príobháideach uisce ag freastal ar an nód forbartha.

3.1.6. Cosaint Reachtach agus Sonrúcháin

Tá luach stairiúil, cultúrtha agus éiceolaíochta an oileáin chomh mór sin go n-aithnítear tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith leis. Tá seo le feiceáil sa leibhéal cosanta a tugadh dó faoin dlí Eorpach agus Náisiúnta. Tá an t-oileán sonraithe mar iarrthóir ar bheith ina Limistéar Caomhantais Speisialta faoi fhorálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997, (féach Léarscáileanna 1 agus 3). Is sonrú é seo atá dírithe ar ghnáthóga na speiceas flóra agus fána ar a n-áirítear an rón glas. Tá an t-oileán sonraithe mar láthair NATURA 2000 agus is cuid de ghréasán Limistéar Caomhantais Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na hEorpa é. Tá an t-oileán sonraithe mar Phríomhlimistéar Taitneamhachta Speisialta i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15.

Agus aitheantas á thabhairt dá luach cultúrtha agus nádúrtha, tá sé molta ag Dúchas iarratas a chur chuig UNESCO ar stádas Láithreáin Oidhreachta Domhanda don oileán le tuilleadh cosanta reachtach a bhaint amach do chultúr agus d'oidhreacht nádúrtha an oileáin. Critéar tábhachtach cáiliúcháin a chaitear a áireamh agus measúnú á dhéanamh ar iarratas ar Stádas Oidhreachta Domhanda is ea cosaint, bainistíocht agus iomláine na láithreach a bhíonn á moladh. Is réamhriachtanas é go mbeadh go leor cosanta reachtaíochta agus rialála fadtéarmacha náisiúnta ann go mbeadh láthair incháilithe do Stádas Oidhreachta Domhanda. Is réamhriachtanais iad socruithe riaracháin le bainistíocht na réadmhaoine a chlúdach, í a chaomhnú agus rochtain a bheith ag an bpobal uirthi. Beidh an Plean Ceantair Áitiúil seo mar chraobh amháin den chosaint reachtaíochta agus rialála seo.

3.1.7 An Timpeallacht Nádúrtha agus Conláistí

Tiomsaíonn oidhreacht nádúrtha an oileáin a thírdhreach agus a fhlóra agus a fhána raidhseach. Tá sampla cruthanta sa Bhlascaod mór de fhlóra bocht muirí. Tiomsaíonn sé aillte na farraige, móin mhuirí agus féarach tirim. Choncathas roinnt speiceas atá an-ghann. Tá cáil ar an fharraige timpeall an oileáin as ucht an bheathra dea-fhorbartha ina sceireacha. Tá ardchaighdeán an uisce tar éis cabhrú le cóilíneachtaí de bhundúin leice, spúinsí agus coiréil.

Tá an t-oileán in éineacht leis na hoileáin eile mar ghnáthóg thábhachtach do réimse leathan éanlaithe mara. Tá an Blascaod Mór mar chuid de Limistéar faoi Chosaint Speisialta (sonrú Eorpach do chosaint éan) na mBlascaoidí agus an CSCm. Ina theannta sin, tá an dara líon is mó de rónta glasa sa tír san oileán. Tá an t-oileán ar chosán imirceach céiticeach agus tá cáil ar Bhealach an Bhlascaoid maidir le míolta móra, deilfeanna agus muca mara a bheith le feiceáil ann. Soláthraíonn an oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha seo deis sainiúil le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thurasóireacht chultúrtha agus éiceolaíochta do thurasóireacht náisiúnta agus idirnáisiúnta.
Is LSC atá sna Blascaodaí faoin Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach agus tá sé ar cheann de na coilíneachtaí is tábhachtaí d'éanlaithe mara sa tír le 11 speiceas ar a laghad ar gor ann go rialta.

3.1. 8 Oidhreacht Ailtireachta

Tá 15 láthair seandálaíochta liostáilte ar an mBlascaod Mór faoi láthair, atá liostáilte ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (TSA) agus tá siad sin léirithe ar Léarscáil 1. Ní raibh an t-oileán faoi réir suirbhéireachta rianúil seandálaíochta. Ina theannta sin tá roinnt iarsmaí d'fhoscaí ar fud an oileáin. Ceaptar go háitiúil gur chun móna a thriomú a bhíodar.

3.1.9 Oidhreacht Thógtha/Ailtireachta & Cultúrtha

Tá an t-aon lonnaíocht a bhí san oileán suite ag ceann thoir thuaidh an oileáin, agus cuirtear spéis ar leith ann ó thaobh na staire agus an chultúir de. Ó thaobh na hailtireachta agus na seandálaíochta de, is sampla sainiúil atá anseo de dhéantús lonnaíochta Clocháin. Ní bhaineann fíorluach an tsráidbhaile leis an ailtireacht sa chéad áit, ach leis an tírdhreach iomlán ailtireachta nár cuireadh isteach air, ar a n-áirítear an sráidbhaile, struchtúr na ngort agus an suíomh nádúrtha agus tugann siad seo, i dteannta a chéile, spleáchadh sainiúil ar an am atá caite.

Tá an sráidbhaile suite ar an mbóthar anuas agus é roinnte idir "Barr an Bhaile" agus "Bun an Bhaile". Tógadh tithe an bhaile mar thithe traidisiúnta agus tá na botháin saorsheasta scartha amach nó nasctha de bhinn an tí chónaithe. Tá cuid de na botháin atá ar chuma seanstruchtúir na gclochán coirceogach agus iad tógtha go hiomlán de chlocha. Chuir srianta, ó thaobh iompair agus muintir an oileáin a bheith ar bheagán airgid, teorainn le húsáid ábhar tógála nárbh ón áit iad, mar adhmad, suimint agus scláta. Thóg Bord na gCeantar gCúng trí fhoirgneamh idir na blianta 1911-1916.

Faoi láthair tá 33 struchtúr sa sráidbhaile, ar fothraigh iad 28 acu, le 5 cinn cuíosach slán a bhfuil díon orthu. Tá bunsraith cloch i dtithe sa sráidbhaile a bhaineann le tréimhse roimh na 1890dí. Tá 37 struchtúr ar fad ar an oileán atá áirithe ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint i bPlean reatha Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015. Is tithe cónaithe nó iarsmaí de thithe cónaithe iad cúig struchtúr is tríocha acu seo. Tá sé ar intinn struchtúr eile a chur leis an TSC (Dúchas Uimh. Tag. 21305102). Tá an sráidbhaile sonraithe mar Mhórlimistéar Caomhantais Ailtireachta. Áirítear barr agus bun an bhaile anseo agus tá timpeall le 30 struchtúr cosanta i gceist ann. Cuirtear spéis ar leith ó thaobh na seandálaíochta de sna foirgnimh dhúchasacha agus i ndéantús an tsráidbhaile de bharr na nósanna dúchasacha tógála agus déantús dea-chaomhnaithe stairiúil na gclochán.

3.1.10 Fás agus Forbairt sa Todhchaí

Tá cead tugtha d'uasghrádú agus do thógáil céanna nua i nDún Chaoin agus ar an mBlascaod Mór. Tá tógáil na gcéanna seo ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil ón Rialtas.

Is féidir go gcruthódh rochtain mhéadaithe éileamh ó úinéirí talún ar fhorbairtí cónaithe / tithe saoire. Dhéanfadh foirgnimh scaipthe dá leithéid díobháil don tírdhreach. Bheadh sin in aghaidh fhorálacha na sonrúchán talún Eorpach, Náisiúnta agus Tíre a bhfuil imlíne tugtha sa phlean seo orthu. Le heisceacht an líon teoranta de thithe ináitithe a úsáidtear i rith bhiaiste an tsamhraidh agus brú beag, níl cónaí ar aon duine ar an oileán faoi láthair.

Leis an easpa tógála nua agus gan daoine a bheith curtha fúthu ann tá oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha an oileáin fós slán. Sa chomhthéacs seo ceaptar nach gceadófar tithe nua a thógáil.

Beidh a gcuirtear leis na tithe ináitrithe atá ann agus na hathruithe a dhéantar orthu de réir scála, ábhar agus dearaidh a thagann le leagan amach na láithreán atá ann agus lena saintréithe. Beidh cead pleanála ag teastáil d'oibreacha ar na tithe agus na struchtúir ináitithe atá ann.
Caithfidh na hoibreacha go léir ar na tithe atá in úsáid teacht le láthair stairiúil agus saintréithe na struchtúr atá ann.

Ní leor iad na háiseanna atá ar an oileán do thurasóirí i láthair na huaire, trí thagairt do riachtanais nua-aimseartha maidir le compord agus sábháilteacht. Is gá a leithéid d'áiseanna a sholáthar le sábháilteacht agus compord na gcuairteoirí ar an oileán a chinntiú. Tá acmhainn i sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha an oileáin glacadh le forbairt bhunáiseanna do thurasóirí, má bhíonn siad deartha agus suite i gceart. Tugadh cead pleanála in 2008 do chaifé nua agus d'fhoirgneamh seirbhíse.
Bheadh soláthar tuilleadh áiseanna fóillíochta nó cóiríocht do thurasóirí mí-oiriúnach agus ní bheadh sé ag teacht le caomhnú tírdhreacha, éiceolaíochta ná oidhreachta tógtha an oileáin.

3.1.11 Rialú Forbartha

Tá an t-oileán sonraithe mar Phríomhlimistéar Taitneamhachta Speisialta i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 agus tá sonrúcháin eile éiceolaíochta aige chomh maith. De bharr na sonrúchán seo tá srian ar fhorbairt díolmhaithe faoi alt 9(1)(vi) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Tiocfaidh gach forbairt a cheadaítear le cuspóir BAC-1 thíos. Beidh na hoibreacha go léir de réir dea-chleachtais athchóirithe agus chaomhnaithe. Beidh gach obair a dhéantar de réir scála, ábhar agus dearaidh a thagann le leagan amach na láithreán atá ann agus lena saintréithe.

3.1.12 Turasóireacht

Bíonn an-tóir ag turasóirí ar an oileán. Tá nithe is díol spéise ann do chuairteoirí de chineálacha éagsúla, uathu sin ar spéis leo litríocht an oileáin, go daoine ar spéis leo suíomhanna stairiúla agus daoine a thagann ann le taitneamh a bhaint as áilleacht neamh-mhillte an oileáin. Faoi láthair is iad na háiseanna turasóireachta atá ann ná brú, caifé agus siopa fíodóra.
Tá na nithe éagsúla is díol spéise ar an oileán tar éis turasóireacht chultúrtha, áineasa agus éiceolaíochta a fhorbairt mar phríomhúsáid don talamh. In ainneoin tosaíocht na turasóireachta, is le sócmhainn oidhreachta an oileáin a bhaineann an tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta is mó seachas é a bheith mar cheann scríbe do thurasóirí. Is é príomhchuspóir an phlean seo mar sin ná luachanna cultúrtha agus nádúrtha an oileáin a chaomhnú. Cé go bhfuil tábhacht le turasóireacht, is cuspóir tánaisteach atá inti.

Tacaíonn an Plean Ceantair Áitiúil le cur chuige nua-aimseartha maidir le héiceathurasóireacht a thacaíonn le caomhnú agus inbhuanaitheacht agus a sheachnaíonn saothrú ach a aithníonn, ag an am gcéanna, an gá atá ag an bpobal áitiúil le leas socheacnamaíoch. Tiomsaíonn Éiceathurasóireacht eilimintí na turasóireachta cultúrtha agus nádúrtha araon.

3.1.13 Rochtain ar an Oileán

Soláthraítear rochtain phoiblí leis an seirbhís farantóireachta a bhíonn ag feidhmiú i rith an tsamhraidh agus a fhágann ó Dhún Chaoin, agus tá seirbhís thánaisteach ag teacht ó Dhaingean Uí Chúis. Ní leor fánán tuirlingthe an oileáin agus bíonn ar na paisinéirí dul ar bhád níos lú le teacht i dtír ann. Bíonn gá leis seo chomh maith i nDún Chaoin nuair a bhíonn an taoide tráite. Is léir go bhfuil impleachtaí aige seo do shábháilteacht, compord agus d'inrochtaine leanúnach. Glactar leis go ginearálta go bhfuil gá le cé nua má táthar le rochtain ar an oileán a choimeád agus a fheabhsú.

Tá an rochtain teoranta ar an oileán tar éis feidhmiú mar rialúchán nádúrtha ar líon na dturasóirí. Laghdóidh soláthar an infrastruchtúir nua atá riachtanach ar an oileán na rialúcháin a bhí ann go nádúrtha go dtí seo. Tá molta ag an RCORÁ agus Comhairle Contae Chiarraí go soláthrófaí céanna nua agus infrastruchtúr eile riachtanach d'fhonn éascú a dhéanamh ar chaighdeáin sábháilteachta nua-aimseartha agus feabhas a chur ar an teacht atá ar oidhreacht thábhachtach nádúrtha agus cultúrtha an oileáin. De bharr láthair fhisiciúil agus gnéithe aiceanta na háite, beidh rochtain deacair i gcónaí do dhaoine atá faoi mhíchumas soghluaisteachta. Soláthraíonn Ionad an Bhlascaoid Mhóir i nDún Chaoin deis chomhroghnach áineasa agus cultúrtha dá leithéid do dhaoine.

D'fhonn timpeallacht an oileáin a chosaint caithfear líon na gcuairteoirí a rialú. Tá teorainn de 400 duine curtha ar líon na gcuairteoirí chun an oileáin in aon lá amháin. Déantar athbhreithniú ar an bhfigiúr seo go tráthrialta.

3.2 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís atá ann don Bhlascaod Mór ná go ndéanfaí a thimpeallacht nádúrtha agus tógtha a choimeád, ag caomhnú a oidhreachta agus a chultúr agus teacht i dtír ar a shaintréithe sainiúla.

"Is seoid Náisiúnta atá san oileán. Is áit an-álainn, sainiúil agus speisialta atá ann le hardluach stairiúil teanga agus oidhreachta ar ghá do gach duine iad a láimhseáil go cúramach agus go hiomchuí. Is mar oileán beo a fheictear todhchaí an oileáin, ag cothú a éiceolaíochta sainiúil féin agus an beagán daoine a mbeidh baint ag a bpostanna le caomhnú, cur i láthair agus luach oideachasúil an oileáin. Feictear todhchaí an oileáin mar chuid lárnach de shaol an phobail áitiúil i nDún Chaoin agus mar chuid lárnach i saol an phobail níos leithne ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Soláthróidh an tOileán líon beag áiteanna cóiríochta dóibh siúd ar ghá dóibh cónaí san Oileán, dóibh siúd a bhíonn ag obair ar an Oileán agus do líon rialaithe cuairteoirí. Ba chóir go mbeadh teacht ag cách ar an oileán faoi réir na rialúchán seo. Ba chóir go ndéanfaí éascú ar fhorbairt a leithéid d'íosmhéid áiseanna réasúnta a bheadh ag teastáil le tacú le maireachtáil ar an Oileán, le hoibriú ar an Oileán agus le freastal ar riachtanais chuairteoirí don oileán".

*Foinse: Plean Bainistíochta don Bhlascaod Mór 2004.

Seo a leanas na cuspóirí atá i gCaibidil 9 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15:

Cuspóir Uimh.	An Blascaod Mór Is cuspóir ag an gComhairle é:
SG 9-50	Iniúchadh a dhéanamh, le linn thréimhse an phlean seo, ar shonraíocht an Bhlascaoid Mhóir mar Láithreán Oidhreachta Domhanda.
SG 9-51	Ceann a thógáil de na prionsabail atá sa Phlean Bainistíochta don Bhlascaod Mór 2004 agus polasaithe pleanála Úsáide Talún á gcur le chéile agus á bhforfheidhmiú don Oileán.
SG 9-52	A chinntiú go gcuirtear béim ar an nGaeilge ar an Oileán.
SG 9-53	Tacú le forfheidhmiú an Phlean Bainistíochta don Bhlascaod Mór.

3.3 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Is léir go bhfuil suntas áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le hoidhreacht nádúrtha, cultúrtha agus tógtha an oileáin agus go gcaithfidh a gcaomhnú a bheith mar chrann taca ag aon straitéis maidir le forbairt an oileáin sa todhchaí. D'fhonn é sin a bhaint amach, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh gach gníomhaíocht, úsáid talún agus togra ar an oileán sa todhchaí, le caomhnú an oileáin a bhaint amach. Feidhmeoidh seo freisin le cosaint a dhéanamh ar oidhreacht chultúrtha an oileáin go dtí an leibhéal a bhíonn ag teastáil le Stádas Oidhreachta Domhanda a bhaint amach. Ní cheadófar aon ghníomhaíochtaí, úsáid talún ná tograí a bhainfeadh ó luach oidhreachta an oileáin nó a bhainfeadh ó acmhainn an oileáin Stádas Oidhreachta Domhanda a bhaint amach.

Cuspóir Uimh.	Cuspóirí Foriomlána Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	Éascú a dhéanamh ar shonraíocht an Bhlascaoid Mhóir mar Limistéar Oidhreachta Domhanda trí iomláine agus fíordheimhneacht oidhreachta tógtha agus nádúrtha an oileáin a chaomhnú, agus a chinntiú go mbíonn feidhmiúlacht, gníomhaíochtaí, úsáid talún, infrastruchtúr nó tógáil nua inbhuanaithe agus nach dtagann siad salach ar threoirlínte UNESCO ná ar na critéir cháiliúcháin do Láithreán Oidhreachta Domhanda.
OO-2	Ceann a thógáil de na prionsabail atá sa Phlean Bainistíochta don Bhlascaod Mór 2004.
OO-3	Tacú le rialú agus caomhnú príomhúil úsáide talún agus úsáid talún don mheánoideachas/turasóireacht ar an oileán agus gníomhaíochtaí teoranta, úsáid talún, infrastruchtúr nó foirgnimh nua a bhíonn tánaisteach do na príomhfheidhmeanna.
OO-4	Caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha (seandálaíochta, ailtireachta agus litríochta) agus ar an oidhreacht nádúrtha atá sa tírdhreach leathnádúrtha gan daonra.
OO-5	Éascú a dhéanamh ar rochtain fheabhsaithe agus sábháilte a sholáthar go dtí an oileán.

3.4 CUSPÓIRÍ AR LEITH

Cuspóir Uimh.	An Timpeallacht Nádúrtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
NH-1	Cosc a chur ar fhorbairt d'athródh, a dhéanfadh dochar nó a chuirfeadh isteach nó a scriosfadh, iontu féin nó le chéile, gnáthóga ar tír nó ar muir, nó flora nó fauna atá liostáilte in Iarscríbhinní I agus II i dTreoir na gComhphobal Eorpach maidir le Gnáthóga 1992.
NH-2	A cinntiú go bhféachtar ar gach togra forbartha do Mheasúnú Iomchuí.
NH-3	Cáilíocht uisce ar ardchaighdeán a choimeád ar gach aon fhairsinge agus cúrsa uisce, ag cuimhneamh ar a gcuid riachtanas beatha ó thaobh tírdhreach agus gnáthóga de.

Cuspóir Uimh	Oidhreacht Seandálaíochta Is cuspóir ag an gComhairle é:
AH-1	A chinntiú go gcaomhnaítear gach séadchomhartha seandálaíochta a áirítear i dTaifead Séadchomharthaí agus Áiteanna faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasaithe) 1994. Agus a leithéid de chaomhnú á chinntiú, tógfaidh an Chomhairle ceann de chomhairle agus de mholtaí an RCORÁ, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus gníomhaireachtaí eile reachtúla.

Cuspóir Uimh.	An Oidhreacht Thógtha, Ailtireachta agus Cultúrtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
BAC-1	Tugtar imlíne ar mheasúnú agus chuspóirí do gach struchtúr atá faoi chosaint in **Aguisín** C. Beidh sé mar phrionsabal sáraitheach: - Go gceadófar athchóiriú agus caomhnú na dtithe atá ina seasamh nuair atá an díon fós slán. Go gcaithfear cead pleanála a fháil d'aon obair dá leithéid. - Go gcuirfear úsáid chun cinn a chuirfidh leis an taithí léirmhínitheach ar chultúr, ailtireacht, seandálaíocht, stair, agus taithí sóisialta agus nádúrtha an tsráidbhaile agus an oileáin. - Go gceadófaí cobhsú agus athchóiriú ballaí cloch na bhfothrach, de réir dea-chleachtais athchóirithe agus chaomhnaithe ag teacht le *'Caomhnú agus Deisiú Fhothracha Saoirseachta'* a d'eisigh an RCORÁ in 2010. Beidh cead pleanála ag teastáil d'aon obair dá leithéid.
BAC-2	Go ndéanfaí an sráidbhaile, na goirt mórthimpeall, urthrá an tsráidbhaile agus láthair an tsráidbhaile a shonrú mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta, faoi mar atá san imlíne a thugtar ar Léarscáileanna 1& 2, d'fhonn saintréithe agus láthair an tsráidbhaile a chaomhnú.
BAC-3	Go ndéanfaí caomhnú ar ghnéithe mar ghoirt, claíocha, bóithre agus an fánán tuirlingthe, a chuireann leis an tuiscint ar an Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
BAC-4	A chinntiú nach ndéanann forbairt laistigh den chúirtealáiste agus na dtailte a bhaineann le struchtúr cosanta dochar do thuiscint ar an struchtúr.

Cuspóir Uimh.	Rialú Forbartha Is cuspóir ag an gComhairle é:
	Na cuspóirí seo a leanas a chur i bhfeidhm laistigh den Limistéar Caomhantais Ailtireachta d'fhonn déantús an tsráidbhaile agus na heilimintí as a bhfuil sé déanta a chosaint. • Nach n-athrófar bóithre ná nach gcuirtear dromchla orthu. (Seachas cothabháil agus deisiúcháin). • Ní athrófar ná ní leagfar claíocha déanta de chré. (ainneoin cothabhála agus deisiúchán). • Beidh an cáblú agus an píobánra faoin talamh. Caithfear cead pleanála a fháil d'aon obair dá leithéid. • Go ndéanfar aon oibreacha faoin talamh le maoirseacht chuí seandálaíochta agus nach gcruthóidh siad aon athrú ar na gnéithe atá ann, ar an dromchla ná ar leibhéal na talún tar éis don obair a bheith críochnaithe. Caithfear cead pleanála a fháil d'aon obair dá leithéid. • Níor chóir go mbeadh aon trealamh teicniúil lasmuigh mar aeróga, dabhaigh stórála ola agus uisce le feiceáil. Caithfear cead pleanála a fháil d'aon obair dá leithéid. • Cuirfear cosc ar shoilsiú leictreach daingnithe lasmuigh. • Beidh aon eilimint seachtrach a chuirtear in aon fhoirgneamh ag teacht le saintréithe an fhoirgnimh sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus beidh Cead Pleanála ag teastáil chuige. • Beidh comharthaíocht seachtrach ag teacht le saintréithe aon struchtúir chosanta, agus le saintréithe an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus beidh Cead Pleanála ag teastáil chuige. • Beidh aon struchtúr buan a thógtar ag teacht le saintréithe aon struchtúir chosanta, agus le saintréithe an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus beidh Cead Pleanála ag teastáil chuige. • Níor chóir go dtógfaí aon teach nua ach amháin an méid a chuirfí leis na foirgnimh de réir an mheasúnaithe agus na gcuspóirí atá léirithe in Aguisín C. Caithfear cead pleanála a fháil d'aon obair dá leithéid.

Cuspóir Uimh.	Fás agus Forbairt sa Todhchaí Is cuspóir ag an gComhairle é:
GD-1	A chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag forbairt ar iomláine oidhreachta cultúrtha ná nádúrtha an oileáin.
GD-2	A éileamh go mbeadh Ráiteas Tionchair Natura in éineacht le gach iarratas ar fhorbairt ar dócha go ndéanfadh sí athrú, dochar, cur isteach nó scrios ar iomláine láithreacha Natura 2000.

Cuspóir Uimh.	Fás agus Forbairt sa Todhchaí Is cuspóir ag an gComhairle é:
GD-3	A chinntiú nach gceadaítear tithe nua buanchónaithe ná tithe saoire a thógáil ar an oileán.
GD-4	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt ag an íosleibhéal a bhíonn ag teastáil do bhainistíocht agus chothabháil an oileáin nuair a dhéantar ar shlí a bhíonn tuisceanach don timpeallacht é.
GD-5	Srian a chur ar fhorbairt a bhaineann le turasóireacht go dtí an íosmhéid a bheadh ag teastáil le freastal ar chuairteoirí. Ar an fhorbairt a cheadófaí áirítear saoráidí leithreasa agus caifé mar a dtagann tograí le cuspóirí agus caighdeáin an phlean forbartha seo.
GD-6	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt na cé mar a mbíonn dearadh sásúil ar na tograí, agus iad tógtha agus ag feidhmiú le maolú a dhéanamh ar aon tionchar ar luachanna éiceolaíochta, cultúrtha nó tírdhreacha an oileáin.

Cuspóir Uimh.	Rochtain & Iompar Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	A éileamh go mbeadh aon fhorbairt a cheadófaí deartha le héascú a dhéanamh ar an leibhéal iomchuí rochtana agus í ag teacht, ag an am gcéanna, leis na cuspóirí caomhnaithe agus buanchoimeádta don oileán agus is féidir go mbeadh leagan amach agus gnéithe ar an oileán féin mar shrian ar rochtain i gcúinsí áirithe.

Aguisín 1
Oidhreacht Seandálaíochta

Tá 15 láthair seandálaíochta liostáilte ar an mBlascaod Mór faoi láthair, atá liostáilte ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (TSA) agus tá siad sin léirithe ar Léarscáil 1. Ní raibh an t-oileán faoi réir suirbhéireachta rianúil seandálaíochta.
Is tithe scríbhneoirí an oileáin Peig Sayers, Tomás Ó Criomhthain agus Muiris Ó Súilleabháin iad trí cinn de na láithreacha seandálaíochta. Tá na tithe go léir suite laistigh d'achar an tsráidbhaile. Is tithe sainspéise iad i dtéarmaí Chuid IV den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 2000 agus tá siad áirithe, mar sin, i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Tá forálacha maidir leis na tithe seo leagtha amach in alt 3.2 Oidhreacht Ailtireachta den phlean seo.

Ar an dá láthair déag eile seandálaíochta tá:-

- Tá iarsmaí de bhunsraithe cloiche (coimpléasc seandálaíochta) suite in aice leis an sráidbhaile.
- Tá bunsraith ciorclach cloiche de dhún, ar a dtugtar an Dún, suite ar thaobh thiar an oileáin.
- Tá reilig gan aon leac ar a dtugtar "Rinn an Chaisleáin", suite in aice leis an sráidbhaile.
- Tá iarsmaí bhunsraith cloiche arbh fhéidir séipéal a bheith ar an láthair, láthair chaisleáin agus iarsmaí de bhothán ciorclach, agus iad go léir suite laistigh den sráidbhaile (áirítear 3 láthair).
- Tá iarsmaí de bhunsraith trí bhothán ciorclach agus botháin chiorclacha buailte leo (láthair comhnasctha clocháin, suite ar thaobh thiar an oileáin (áirítear 4 láthair).
- Iarsmaí de bhunsraith arbh fhéidir tobar beannaithe a bheith ann agus cloch a bhféadfadh cros a bheith deartha uirthi a aimsíodh in aice leis an mbaile. (Níl an chloch crosghreanta aimsithe)

Aguisín 2
Gnáthóga & Fiadhúlra

Tá An Blascaod Mór agus na hoileáin ina thimpeall molta mar Limistéar Caomhantais Speisialta toisc gnáthóga agus speiceas a bheith iontu atá liostáilte faoi Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 11 den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach 1992, (féach Léarscáileanna 1 &3). Déanadh trasuíomh ar an treoir seo go dlí na hÉireann faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha)1997.

Is iad na gnáthóga agus na speicis faoi chosaint atá liostáilte in Iarscríbhinní 1&2 den Treoir maidir le Gnáthóga ná:-

Fraochmhánna Tirime Eorpacha:– Tá an ghnáthóg seo in iarthar an Oileáin den chuid is mó.
Sceireacha: Tá beathra fo-mhuirí, sceir infrea-chladachúil agus imchladaigh timpeall ar an oileán. Síneann foraois cheilpe dea-fhorbartha go dtí 18m faoi bhun leibhéal na farraige. Tá caomhnú struchtúir na sceire ar fheabhas le hardleibhéal saibhris speiceas i mbeathra áirithe.
Tá pluaiseanna mara atá faoi bhun na farraige nó a bhfuil páirt díobh faoi bhun na farraige ann. Tá pluaiseanna tugtha faoi deara timpeall an oileáin mar a bhfuil an sampla den déantús seo is faide siar ó dheas in Éirinn.
Muca Mara (Phocoena phocoena): Léiríonn a mhinice a fheictear Muca Mara go bhfuil go bhfuil mórán acu sa cheantar. An Rón Glas (Halichoerus Grypus): Tá cónaí ar an rón glas ar agus timpeall ar na Blascaodaí. Is sna hoileáin seo atá ar a laghad ceathrú de Rónta Glasa na tíre. Tá an dara láthair phórúcháin is mó in Éirinn ar an Trá Bhán in iarthar an Bhlascaoid Mhóir. Bíonn na rónta ag breith ó Lúnasa go Meán Fómhair agus bíonn siad leochaileach go leor maidir le cur isteach ón talamh nó ón bhfarraige ag an am seo.

Tá an LSC ceaptha leis na héanlaithe seo a leanas a chosaint chomh maith le héin i gcoitinne (iarscríbhinn 1 Treoir maidir le hÉin). Gearr Róid (Hydrobates pelagicus): Meastar go bhfuil níos mó ná 40,000 péire Gearr Róid ag pórú laistigh den LSC. Is é is dóichí ná go bhfuil ar a laghad leath den líon iomlán atá in Éirinn anseo agus tá tábhacht idirnáisiúnta leis seo. Geabhróg Artach (Sterna paradisiaea): i mblianta áirithe tagann líon a mbíonn suntas idirnáisiúnta leis chun an oileáin. An Cág Cosdearg (Pyrrhocora pyrrhocora): idir 4-12 péire pórúcháin ann. Guairdeall Gabhlach (Oceanodroma leucorhoa): ag pórú ar an Oileán ó am go chéile. An Fabhcún Gorm (Falco Peregrinus): 1-2 péire fabhcún gorm.
An Droimneach Mór (Larus marinus): Tacaíonn an LSC le 380 péire (1998) den Droimneach Mór agus tá tábhacht idirnáisiúnta leis an líon seo.
An Puifín (Fratercula Arctica): tá líon Puifíní a bhfuil tábhacht náisiúnta leo san CSCm.
An Chánóg Dhubh (Puffinus puffinus): Tá tábhacht idirnáisiúnta le líon na gCánóg Dubh (27,000 péire, sonraí ar éanlaithe mara 2000) atá i láthair.

Flóra
Níl aon speiceas Flóra liostáilte faoi Threoir na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga) 1992. Mar sin féin tá flóra neamhchoitianta mara tugtha faoi deara. Tá algaí dearga Schizymenia agus Radicilingua thysanorthizans le fáil i bhforaoisí ceilpe. Tá algaí neamhchoitianta donn, Carpomitra costata, le fáil níos doimhne ná 20m.

Geolaíocht agus Geomoirfeolaíocht
Is Sean-Ghaineamhchloch Rua atá i mbunfhoirm gheolaíoch choimpléasc an Oileáin Tiar – b'fhéidir gurb é an dara foirmíocht charraige is sine sa tír é, le roinnt lomán Siolúrach agus carraig bholcánach. Tá iontaise Siolúrach le feiceáil soir ó thuaidh ón oileán.

Aguisín 3
Taifead na Struchtúr atá Faoi Chosaint

RoCORÁ Tag	An Chomhairle Tag	Cineál Struchtúir	Ainm an Struchtúir
21305101	51-1	Tithe	Teach Pheig Sayers
21305103	51-3	Teach Scoite	An Dáil
21305104	51-4	Teachín	
21305105	51-5	Teach Scoite	Púicín Buí
21305106	51-6	Teach Scoite	Teach an Rí
21305107	51-7	Teach Scoite	
21305108	51-8	Dhá fhoirgneamh leathscoite	

Tagairt na Comhairle	Cineál Struchtúir
RPS KY-051-001	Teach Cónaithe agus bothán (le díon)
RPS KY-051-002	Teach cónaithe (le díon)
RPS KY-051-003	Teach cónaithe (le díon)
RPS KY-051-004	Teach cónaithe
RPS KY-051-005	Teach cónaithe (siopa/caifé)
RPS KY-051-006	Teach cónaithe agus bothán
RPS KY-051-007 go RPS KY-051-19	Tithe cónaithe
RPS KY-051-020	Teach cónaithe (le díon)
RPS KY-051-021 go RPS KY -051-23	Teach cónaithe
RPS KY-051-024 go RPS KY -051-26	Teach cónaithe (le díon)
RPS KY-051-027	Teach cónaithe
RPS KY-051-028	Teach cónaithe (le díon)
RPS KY-051-029	(a) Fánán tuirlingthe (b) Tonnchosc
RPS KY-051-030	Teach solais/túr faire/túr comharthaíochta (Túr Martello)

Measúnú & Cuspóirí do Struchtúir atá Faoi Chosaint

Struchtúr	1	
Measúnú	Bunchineál:	Bothán.
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunúis:	1890-1920.
	Riocht:	Fothrach.
	Comhdhéanamh:	Ceann de thrí theach le hais a chéile. Leathscoite
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Taobh istigh, Grúpa, Dúchasach, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhar.
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí na ballaí cloiche a chobhsú agus a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an struchtúr ná ar an gcúirtealáiste ach amháin d'oibreacha athchóirithe. (c) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go mbeadh fothrach oscailte don phobal mura gcuireann sin isteach ar chaomhnú an struchtúir agus na dtailte lena ais.

Struchtúr	2	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunúis:	1890-1920.
	Riocht:	Bocht.
	Comhdhéanamh:	Ceann de thrí theach le hais a chéile.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Taobh Istigh, Grúpa, Sráid-dreach/Suíomh
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach, fuinneoga Velux ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir le foirgneamh feidhmiú mar theach saoire, iarsmalann nó oifig eolais.
Struchtúr	**3**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunaithe:	1890-1920.
	Riocht:	Tréigthe
	Comhdhéanamh:	Leathscoite. Ceann de thrí theach le hais a chéile.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Taobh Istigh, Grúpa, Sráid-dreach/Suíomh.
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach, fuinneoga Velux ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid sa Todhchaí	Is féidir foirgneamh a úsáid mar iarsmalann nó oifig eolais.
Struchtúr	**4**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach Cónaithe (Ba le Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950 é).
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunaithe:	1890-1900.
	Riocht:	Fothrach.
	Comhdhéanamh:	Saorsheasta agus cuid de neadaithe i bhfána na talún.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Stairiúil, Taobh Istigh, Grúpa, Baint Phearsanta, Dúchais, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhartha.

Struchtúr	4	
	Luach-Chód Rátála:	Náisiúnta
	Sainspéis:	Ailtireachta, Stairiúil, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú:	(a) Ba chóir go ndéanfaí na ballaí cloiche a chobhsú agus a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha don struchtúr ná don chúirtealáiste ach amháin d'oibreacha athchóirithe. (c) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid:	Is féidir go mbeadh fothrach oscailte don phobal mura gcuireann sin isteach ar chaomhnú an struchtúir agus na dtailte lena ais.
Struchtúr	**5**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe
	In úsáid mar:	In úsáid cheardlann agus caifé.
	Dáta Bunaithe:	1890-1910
	Riocht:	Cuíosach.
	Comhdhéanamh:	Teach cónaithe le botháin Bothán ar cuireadh díon cothrom air timpeall 1990.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Taobh Istigh, Grúpa, Sráid-dreach/Suíomh.
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach, fuinneoga Velux ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go n-úsáidfí an foirgneamh mar chaifé, ceardlann, iarsmalann nó oifig eolais le cóiríocht choimhdeach do shiopadóir / fheighlí.
Struchtúr	**6, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 15, 17, 19, 21, 22, 23, 25, 27, 28, 29, 30, 36.**	**(Baineann an measúnú agus na cuspóirí le gach foirgneamh)**
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe Tá na botháin ceangailte de na tithe cónaithe ach amháin teach uimh. 8, 11, 22, 23, 29, 30, 36 nach bhfuil aon bhothán ceangailte díobh.
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunaithe:	1865-1900.
	Riocht:	Fothrach.
	Comhdhéanamh:	Leagan amach dronuilleogach. Cuid de neadaithe i bhfána na talún.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Taobh istigh, Grúpa, Dúchasach, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhar.
	Luach-Chód Rátála:	Réigiúnach
	Sainspéis:	Ailtireachta, Seandálaíochta, Cultúrtha, Sóisialta.

Struchtúr	**6, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 15, 17, 19, 21, 22, 23, 25, 27, 28, 29, 30, 36.**	**(Baineann an measúnú agus na cuspóirí le gach foirgneamh)**
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí na ballaí cloiche a chobhsú agus a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha don struchtúr ná don chúirtealáiste ach amháin d'oibreacha athchóirithe. (c) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go mbeadh fothrach oscailte don phobal mura gcuireann sin isteach ar chaomhnú an struchtúir agus na láithreach.
Struchtúr	**7**	
Measúnú	Bunchineál:	Iarscoil Phrotasúnach
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunaithe:	1860-1900.
	Riocht:	Fothrach.
	Comhdhéanamh:	Leagan amach dronuilleogach. Cuid de neadaithe i bhfána na talún.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Stairiúil, Taobh istigh, Grúpa, Dúchasach, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhar.
	Luach-Chód Rátála:	Réigiúnach
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí na ballaí cloiche a chobhsú agus a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an struchtúr ná ar an gcúirtealáiste ach amháin d'oibreacha athchóirithe. (c) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go mbeadh fothrach oscailte don phobal mura gcuireann sin isteach ar chaomhnú an struchtúir agus na dtailte lena ais.
Struchtúr	**14**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe / bothán / claí.
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunúis:	1890-1900.
	Riocht:	Fothrach.
	Comhdhéanamh:	Leagan amach cearnógach. Cuid de neadaithe i bhfána na talún.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Stairiúil, Taobh istigh, Grúpa, Dúchasach, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhar.
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí na ballaí cloiche a chobhsú agus a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha don struchtúr ná don chúirtealáiste ach amháin d'oibreacha athchóirithe. (c) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go mbeadh fothrach oscailte don phobal mura gcuireann sin isteach ar chaomhnú an struchtúir.

Struchtúr	16	
Measúnú	Bunchineál:	Bothán.
	In úsáid mar:	In úsáid mar stóras.
	Dáta Bunaithe:	1890-1900.
	Riocht:	Cuíosach.
	Comhdhéanamh:	Saorsheasta, bothán ciorclach ar chuma coirceoige.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Stairiúil, Taobh istigh, Grúpa, Dúchasach, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhar.
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go n-úsáidfí an foirgneamh mar áis stórála nó mar chuid de ghníomhaíocht na hiasmalainne.
Struchtúr	**18**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe
	In úsáid mar:	In úsáid mar theach saoire.
	Dáta Bunúis:	1890-1900.
	Riocht:	Maith. Fuinneoga Velux de dhearadh mhí-oiriúnach curtha sa díon.
	Comhdhéanamh:	Leathscoite.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Taobh Istigh, Grúpa, Sráid-dreach/Suíomh.
	Luach-Chód Rátála:	Réigiúnach
	Sainspéis:	Ailtireachta, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach, fuinneoga Velux ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go n-úsáidfí an foirgneamh mar theach saoire, iarsmalann nó oifig eolais le cóiríocht choimhdeach do shiopadóir / fheighlí.
Struchtúr	**20**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe Ba le Tomás Ó Criomthain (1855-1937) é.
	In úsáid mar:	Gan é in úsáid.
	Dáta Bunúis:	1850-1900.
	Riocht:	Fothrach.

Struchtúr	**20**	
	Comhdhéanamh:	Leagan amach dronuilleogach. Cuid de neadaithe i bhfána na talún.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Stairiúil, Taobh Istigh, Grúpa, Baint Phearsanta, Dúchais, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhartha.
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Seandálaíochta, Cultúrtha, Stairiúil, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí na ballaí cloiche a chobhsú agus a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha don struchtúr ná don chúirtealáiste ach amháin d'oibreacha athchóirithe. (c) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go mbeadh fothrach oscailte don phobal mura gcuireann sin isteach ar chaomhnú an struchtúir agus na dtailte lena ais.
Struchtúr	**24, 26, 37**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe / bothán
	In úsáid mar:	Teach saoire
	Dáta Bunúis:	1890-1920.
	Riocht:	Cuíosach.
	Comhdhéanamh:	Saorsheasta.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Taobh Istigh, Grúpa, Sráid-dreach/Suíomh
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha don taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach, fuinneoga Velux ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir le foirgneamh feidhmiú mar theach saoire, iarsmalann nó oifig eolais.

Struchtúr	31, 32	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe Bhí cónaí ar Pheig Sayers (1873-1958) in uimh. 31 nó 32.
	In úsáid mar:	Teach saoire
	Dáta Bunaithe:	1910-1916.
	Riocht:	Maith.
	Comhdhéanamh:	Leagan amach dronuilleogach. Leathscoite.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Stairiúil, Taobh Istigh, Grúpa, Baint Phearsanta, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhartha.
	Luach-Chód Rátála:	Náisiúnta
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Stairiúil, Sóisialta.
Struchtúr	**31, 32**	
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha don taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach, fuinneoga Velux ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go n-úsáidfí an foirgneamh mar theach saoire nó iarsmalann le cóiríocht choimhdeach do shiopadóir / fheighlí.
Struchtúr	**33, 34**	
Measúnú	Bunchineál:	Teach cónaithe
	In úsáid mar:	Teach saoire
	Dáta Bunúis:	1910-1916.
	Riocht:	Maith.
	Comhdhéanamh:	Leagan amach dronuilleogach. Leathscoite.
	Luachchóid Tábhachta	Ailtireachta, Stairiúil, Taobh istigh, Grúpa, Sráid-dreach/Suíomh, Ábhar.
	Luach-Chód Rátála:	Áitiúil.
	Sainspéis:	Ailtireachta, Cultúrtha, Sóisialta.
Cuspóirí	Cothabháil & Athchóiriú	(a) Ba chóir go ndéanfaí an taobh amuigh a athchóiriú de réir dea-chleachtais chaomhnaithe. (b) Níor chóir go ndéanfaí aon athrú ábhartha ar an taobh amuigh m.sh. oscailt a chur isteach, fuinneoga Velux ná síneadh de scála ar bith. (c) Is féidir athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh ar an taobh istigh de réir dea-chleachtais chaomhnaithe, le tuiscint ar an leagan amach agus ar na gnéithe atá ann. (d) Beidh oibreacha athchóirithe faoi réir chead pleanála.
	Úsáid	Is féidir go n-úsáidfí an foirgneamh mar theach saoire nó iarsmalann le cóiríocht choimhdeach do shiopadóir / fheighlí.



Ceantair Cosanta Speisialta



Limistéar Caomhantais Speisialta



Limistéar Taitneamhachta Speisialta Príomh-



Oidhreacht Thógtha

An Blascaod Mór

Lléarscáil 1

Hainmniúcháin

Nollaig 2011

Comhairle Contae Chi
Aonad polasaí pleanal

Séadchomharthaí Taifeadta

Struchtúr Cosanta

SAC

SPA

Limistéar Taitneamhachta Speisialta Príomh-

KE051-12

KE051-2

KE051-4

KE051-13

KE051-3

KE051-14

LWM

LWM

LWM

Harbour

Breakwater

HWM

HWM

HWM

LWM

Tobernacrusha
(Site of)

Great-Blasket
Island

Líon na Struchtúr Cosanta

1. RPS KY-051-001	14. RPS KY-051-013	27. RPS KY-051-022
2. RPS KY-051-002	15. RPS KY-051-014	28. 21305103
3. RPS KY-051-003	16. 21305105	29. RPS KY-051-031 (21305102)
4. RPS KY-051-004	17. RPS KY-051-015	30. RPS KY-051-023
5. RPS KY-051-005	18. 21305104	31. 21305101
6. RPS KY-051-006	19. RPS KY-051-016	32. RPS KY-051-024
7. 21305108	20. RPS KY-051-017	33. RPS KY-051-025
8. RPS KY-051-007	21. RPS KY-051-018	34. RPS KY-051-026
9. RPS KY-051-008	22. RPS KY-051-019	35. RPS KY-051-027
10. RPS KY-051-009	23. RPS KY-051-020	36. RPS KY-051-028
11. RPS KY-051-010	24. 21305106	37. RPS KY-051-029
12. RPS KY-051-011	25. 21305107	38. RPS KY-051-030
13. RPS KY-051-012	26. RPS KY-051-021	

An Blascaod Mór

Léarscáil 2

Oidhreachta léarscáil

Nollaig 2011

Comhairle Contae Chiarraí
Aonad polasaí pleanala

Struchtúr Cosanta atá ann cheana féin

Struchtúr Cosanta Molta

Séadchomharthaí Taifeadta

Ceantar Caomhnaithe Ailtireachta

MÍR 4

AN CEANTAR TUAITHE

4.0 LÉARGAS

4.1.1 Réamhrá

Is í aidhm na míre seo ná bonn polasaithe pleanála a sholáthar do cheantair thuaithe nach mbaineann le leibhéal straitéiseach an Phlean Forbartha Contae agus a bhaineann go príomha le cúrsaí áitiúla. Tá an ceantar tuaithe a luaitear sa Phlean Ceantar Áitiúil do Cheantar Feidhme Daingean Uí Chúis le feiscint anso i bhFíor 4.1; is é sin an ceantar tuaithe ar fad atá laistigh de theorainn an cheantair fheidhme agus lasmuigh de theorainneacha an bhaile, na sráidbhailte agus na nód sráidbhailte/forbairtí. Tá an ceantar tuaithe, mar a luaitear sa phlean seo, ceangailte go feidhmiúil leis na hionaid lonnaithe.



Fíor 4.1 Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis

Bíonn pobal an cheantair tuaithe ag brath go príomha ar an mbaile agus ar na sráidbhailte do sheirbhísí mar scoileanna, gnathsheirbhísí agus fostaíocht. Is é is dóichí ná go dtéann cuid mhór acu ag obair i nDaingean Uí Chúis, Trá Lí agus Cill Airne. Tá an turasóireacht agus an talmhaíocht láidir sa cheantar.

4.1.2 Aidhm an Phlean Ceantar Tuaithe

- Féachaint ar chúrsaí áitiúla sa cheantar tuaithe seachas ar leibhéal straitéiseach an Phlean Forbartha Contae.
- Buanna, laigí, deiseanna, bagairtí a aithint sa cheantar tuaithe.
- Eolas faoin gceantar tuaithe a bhailiú.
- Struchtúir chosanta sa cheantar tuaithe a aithint.
- Spriocanna a aithint don cheantar tuaithe nach bhfuil sa Phlean Forbartha Tuaithe.

4.1.3 Anailís SWOT don cheantar tuaithe

Buanna • Ionad láidir uirbeach (Daingean Uí Chúis) mar chroílár. • Ionad saoire fíorthábhachtach • Oidhreacht láidir idir theanga agus cultúr • Tírdhreach/dreach mara breá éagsúil mar a bhfuil aibhneacha, locha, féarach agus sléibhte. • Níl puinn forbartha déanta ar lear mór den cheantar tuaithe. • Ceangailt láidir idir an ceantar tuaithe agus na hionaid uirbeacha go heacnamaíoch agus go sóisialta. • Ar an mórgóir maireann saintréithe na sráidbhailte fós. • Tá na radharcanna ar na cinn is fearr sa tír. • Turas fíorthábhachtach turasóireachta is ea Slí Ceann Sléibhe • Céanna agus caithimh aimsire amuigh faoin spéir m.sh., fairtheoireacht éan, iascaireacht, siúlóidí, cnocadóireacht agus sléibhteoireacht, caithimh aimsire mara, fairtheoireacht deilfeanna agus míolta móra 7rl. • Slí siúlóide cheana féin ann – Slí Daingean Uí Chúis. • Galfchúrsaí 18 bpoll ag Ceann Sibéal. • Trá Brat Gorm ag Ceann Trá. • Íomhá láidir agus ainm in airde.
Laigí • Suite ar imeall an chósta thiar. • Iomaíocht ón réimse seirbhísí agus buanna atá istigh i dTrá Lí agus i gCill Airne. • Ag brath ar an dturasóireacht shéasúir. • Deiseanna teoranta fostaíochta.
Deiseanna • An oidhreacht ailtireachta a chaomhnú • Slite siúlóide agus rothar a aithint. • Timpeallacht nádúrtha agus bithéagsúlacht a chosaint. • Caitheamh aimsire mara agus éiceathurasóireacht a mhéadú. • Cur leis na slite siúlóide, cnocadóireacht agus sléibhteoireacht. • Cur leis an muirshaothrú. • Breis leasa a bhaint as timpeallacht mara mar áis caitheamh aimsire. • Deiseanna dúchasacha fostaíochta a fhorbairt. • Tionscail áitiúla a fhorbairt idir chruthaitheacht, ceardaíocht agus bia.
Bagairtí • Forbairt ró-mhór do cheantar tuaithe. • Meath ar líon na gcainteoirí dúchais a labhrann Gaeilge in aghaidh an lae. • Truailliú uisce dromchla agus screamhuisce. • Meath ar chailíochtaí an dreach tíre. • Dífhostaíocht.

- Laghdú ar éileamh seirbhísí de dheasca imirce agus laghdú daonra.
- Meath ar an mbithéagsúlacht.
- Cúiseanna seachtracha eacnamaíochta.
- Iomaíocht ó ionaid eile a bhíonn níos saoire.

4.1.4 Daonra

Ba é 5376 líon daonra an cheantair fheidhme, seachas Daingean Uí Chúis, i 2011, b'shin méadú ó 5127 i 2006. Meastar go mbeidh iomlán 5658 mar líon daonra sa cheantar feidhme, seachas Daingean Uí Chúis, go ceann tréimhse an phlean go dtí 2017. .

	2006 daonáireamh	**2011** daonáireamh	**2017** beartaithe
An Ceantar Feidhme (seachas Daingean Uí Chúis)	5127	5376	5658

Clár 4.1 Daonra mar atá agus beartaithe sa Cheantar Feidhme (seachas Daingean UíChúis)

4.1.5 Iompar

Is iad na bóithre tánaisteacha N86, an bóthar réigiúnach R559 agus gréasan bóithre áitiúla na bóithre atá sa cheantar. Caithfidh aon fhorbairt sa cheantar tutaithe a bheith oiriúnach ó thaobh sabháilteacht ar bhóithre de agus ní féidir cur isteach ar an acmhainn iompair ná ar shábháilteacht ghinearálta ar bhóithre poiblí.



Fíor 4.2 An Gréasán Bóithre

4.1.6 Soláthar Uisce

Deintear freastal ar an gceantar trí phríomhphíopaí poiblí, príomhphíopaí grúpscéimeanna agus soláthair phríobháideacha. Caithfear an screamhuisce sa cheantar a chosaint ó thruailliú.

I gcás forbairtí caithfear ceann a thógaint de na creasa tionchair ar screamhuisce sa soláthar poiblí agus na habhantraigh uisce dromchla poiblí laistigh den cheantar feidhme.

4.1.7 Cóireáil Fuíolluisce

Is é an córas sa cheantar tuaithe ná dabhca múnlaigh/fearais aonair chóireála agus deintear measúnú déanta ar thréithena talún roimh ré de réir *"Treoir Chleachtais um Chóireáil Fuíolluisce agus Fearais Chóireála do Thithe Aonair (p.e. ≤ 10)"* nó aon leasú nó athbhreithniú eile a leanann.

4.1.8 Tírdhreach

Don chuid is mó tá an fraoch go fairsing, tá portaigh, féarach agus bánta nádúrtha sa cheantar staidéir, (Foinse; *Corine* 2006 Bunachar Sonraí Talún). Tá stráice mór giolcach thart ar Abha na Feothanaí maraon le riasca eile intíre i mBaile an Reannaigh/An Riasc agus i mBaile an Chnótaigh/Imleach Slat.

4.1.9 Timpeallacht Nádúrtha

Tá réimse na SPA (Limistéar Cosanta Speisialta) agus cSAC (ábhar Limistéar Caomhantais Speisialta) sa cheantar tuaithe le feiscint i bhFíoracha 4.3 agus 4.5 agus tá an liosta i gClár 4.2



Fíor 4.3 SPA sa Cheantar Tuaithe

Tá ábhar sainspéise caomhantais san SPA Chorca Dhuibhne mar gheall ar na gnéithe seo a leanas; An Cág Deargchcosach, An Seabhac Seilge agus An Fulmaire. Fásra faille atá go forleathan mar ghnáthóg agus is ann a fhaightear éagsúlacht bhreá mar Rubhán,

(*Armeria maritime*), Púr Faille (*Silene vulgaris subsp. Maritina*), Fionncha Mara (*Asplenium marinum*) agus Corrán Mara (*Spergularia rupicola).* Is dumhcha agus talamh ard atá taobh le faill agus tá cuid díobh siúd sa cheantar SPA. Éan cuíosach mór is ea an Cág Deargchcosach a itheann feithidí gan cnámh droma cé go nglacann le gráinní scoilte chomh maith. Táid go flúirseach ar an gcósta ag rinn na leithinse toisc bia agus neadú a bheith ann dóíbh.

Láthair *Natura* 2000 is ea na faillte mar a bhfuil fána ghéar atá oiriúnach don Fulmaire. Tá carraigreacha go flúirseach freisin mar a mbíonn nead ag an seabhac seilge, é ar thóir bia ar imeall an chósta agus ar phortach agus fraoch.



F íor 4.4 cSAC sa Cheantar Tuaithe

Tá SAC Cnoc Bréanainn ó thuaidh ón gceantar feidhme, sliabhraon a chlúdaíonn Cnoc Bréanainn (920m), an sliabh is airde lasmuigh de Na Cruacha Dubha agus sliabhraon an tSráidbhaile. Suíomh luachmhar éiceolaíoch is ea é seo de bharr seacht gcinn de ghnáthóga a bheith ar liosta Iarscríbhinn I i dtreoir gnáthóg an AE. Orthusan tá faillte agus fraoch alpach (mar a bhfuil cúig chinn de Phlandaí sa Leabhar Dearg Sonraí) agus bratphortach gníomhach ag a bhfuil tús áite mar ghnáthóg. Ina dteannta san chífeá Raithneach Cill Airne a luaitear in Iarscríbhinn II san SAC Cnoc Bréanainn.

Ainmniúchán	Suíomh Cód	Suíomh Ainm
SPA	4008	Na Blascaodaí SPA
SPA	4153	Leithinis Chorca Dhuibhne SPA
SPA	4029	Cuan Chaisleán na Mainge SPA
cSAC	375	Cnoc Bréanainn
cSAC	2172	Na Blascaodaí
cSAC	343	Cuan Chaisleán na Mainge

Clár 4.2 SPA agus cSAC sa Cheantar Tuaithe

D'fhéadfaí teorainneacha suíomh Natura 2000 a athrú féach www.NPWS.IE mar a bhfuil eolas orthu mar atáid faoi láthair. Ina dteannta siúd moltar 8 gcinn eile i gceantar an phlean mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (pNHA). Ag seo thíos an liosta i gClár 4.3

Suíomh-Cód	Suíomh-Ainm
000375	Cnoc Bréanainn
001379	Ceann Sibéal/An Charraig Bhréin
0001958	Cuan Ard na Caithne Dumhcha agus Riasca
000343	Cuan Chaisleán na Mainge
001384	Ceann Trá Dumhcha agus Riasca
001961	Imleach Thoir Riasca Sáile
001960	Góilín Burnham
001377	Ceann Sléibhe

Clár 4.3 pNHA sa Cheantar Tuaithe



F íor 4.5 pNHA sa Cheantar Tuaithe

Is iad na príomhaibhneacha sa cheantar ná Abha Bhaile an Mhuilinn, Abna na Feothanaí Abhainn na Gairfeanaí, Abhainn an Scáil agus Abhainn an Lóndraigh. Tá na gnéithe uisce dromchla, lochanna san áireamh, le feiscint i bhFíor 4.6.

Fíor 4.6 Cúrsaí Uisce/Lochanna sa Cheantar Tuaithe

Tá líon áirithe crann aibí agus coillte thart ar Choláiste Íde atá tábhachtach don bhithéagsúlacht agus mar chonláistí poiblí.

4.1.10 Conláistí

Moltar slí glas a dhéanamh ar feadh Slí Daingean Uí Chúis idir Trá Lí, Abhainn an Scáil agus Daingean Uí Chúis ar bhonn inmharthana de reir sprioc forbartha INF8-38 i bPlean Forbartha Contae Chiarraí (2009-2015), féach sprioc RU-AT-4. Moltar slí rothar idir Daingean Uí Chúis agus Ceann Trá (Sprioc RU-AT-6), féach fíor 4.6, faoi réir Measúnú um Threoir Gnáthóg. D'eascófaí caithimh aimsire sa tslí sin mar shiúlóid, rothaíocht agus fairtheoireacht an dúlra. Chuirfeadh sé seo go mór le taitneamhacht an cheantair do thurasóirí a thagann go Daingean Uí Chúis mar a bhfuil radhairc iontacha mara agus sléibhte ar fud na dúthaí.

Tá brat gorm ar Thrá Fionntrá agus é ar na tránna is glaine agus is saoire ó thruailliú in Éirinn. Cuar álainn Cuan Fionntrá atá thart ar an gceantar ar fad. .



Fíor 4.7 Slí Rothar molta do Cheann Trá

4.1.11 Turasóireacht

Gné fiorthábhachtach eacnamaíoch i gCeantar Feidhme Daingean Uí Chúis is ea an turasóireacht gan dabht. Caithfear í a chosaint mar atá agus leas níos fearr a bhaint aisti. Ní mór síneadh a chur le séasúr na dturasóirí. Caithfear díriú isteach ar bhuanna an cheantair, tírdhreach aoibhinn, timpeallacht na mara, oidhreacht ailtireachta Chorca Dhuibhne agus stair fíorspéisiúil an cheantair. Tá an leithinis an-oiriúnach do ghníomhaíochtaí saoire mar fhairtheoireacht éan, siúlóidí, cnocadóireacht agus sléibhteoireacht, fairtheoireacht deilfeanna agus míolta móra nó caithimh aimsire mara eile. Tá mianach iontach, gan puinn forbartha déanta fós air, le fáil san éiceathurasóireacht.

Cineál saoire is ea an éiceathurasóireacht a thaitníonn leo siúd ar chás dóibh cúrsaí éiceolaíochta agus sóisialta. Dírítear ar thimpeallacht agus ar chultúr, ar thaisteal chuig ionaid mar a mbíonn deis taitneamh a bhaint as fásra, ainmhithe, ardchaighdeán comhshaoil agus oidhreacht chultúrtha. Déantar cúram den timpeallacht agus den phobal áitiúil in eagrú na gclár taistil agus seachnaítear na himpleachtaí diúltacha a leanann an turasóireacht go ginearálta. Dá bhrí sin, cuirtear gnéithe go mór chun cinn mar athchúrsáil, éifeacht fuinnimh, caomhnú uisce agus deiseanna eacnamaíochta do mhuintir na háite.

Bunús na turasóireachta anso timpeall is ea ár gcuid buanna mar an tírdhreach, an oidhreacht chultúrtha agus teanga maraon le móran conláistí eile.

Is féidir na hionaid daonra a fhorbairt ach é a dhéanamh go ciallmhar stuama agus cloí lena gcarachtar sainiúil.
Glactar leis go mbeidh leathnú na turasóireachta bunaithe ar a leithéid d'fhorbairt. Cuireann an plean seo turasóireacht chun cinn ar bhonn inmharthana de réir na bprionsabal atá ag Fáilte Éireann chuici sin. Agus aon mholadh nua á mheas, beidh tús áite acu siúd a chuimsíonn tréimhsí saoire fada go leor agus san am gcéanna a chuireann le háiseanna dóibh siúd a chónaíonn anso ó cheann ceann na bliana.

D'fhéadfadh caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí turasóireachta cur isteach ar ghnáthóga nó ar ghnéithe agus dá bhrí sin ar an mbithéagsúlacht ar an iomlán. I gcás aon tionscnaimh nó straitéise, caithfear cúram a dhéanamh de chaomhnú na bithéagsúlachta agus na héiceolaíochta, go háirithe maidir le suímh *Natura* 2000.

Chun cur leis an dturasóireacht ní mór próifíl níos airde a léiriú don cheantar agus pointí áirithe a roghnú do chomharthaí straitéiseacha. Ar an mórgóir caithfear an chomharthaíocht do thurasóirí a fheabhsú.

4.1.12 Oidhreacht Ailtireachta

Tá 6 chinn de struchtúir chosanta sa cheantar tuaithe agus liosta díobh in Imleabhar a hAon de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 Tá sé i gceist ag an gComhairle dhá limistéar eile caomhantais ailtireachta (ACA) a ainmniú sa cheantar tuaithe, ACA Arda Mór agus ACA Cill idir Dhá Shruth (féach Aguisín 1).

4.1.13 Ceantair Thuaithe mar a bhfuil Patrún Cinnte Forbairtí Clocháin

I Straitéis Lárnach an Phlean Forbartha Contae aithnítear ceithre shaghas difriúla i measc ceantar tuaithe. Saghas amháin, mar a mbíonn déanamh traidisiúnta an chlocháin, atá go forleathan i nGaeltachtaí iargúlta. Samplaí breátha den leagan amach céanna is ea Baile na nGall, An Riasc, Leataoibh Mór, Dún Séan, Cill idir Dhá Shruth agus Gleann na Mine Airde. Moltar Cill idir Dhá Shruth agus Arda Mór mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta. (féach Aguisín 1)

4.1.14 Seandálaíocht

Ar an mórgóir is láithreacha luatha idir eaglasta is tuata ón dTréimhse Mheánaoiseach atá i Leithinis Chorca Dhuibhne. Tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis An Riasc, Cill Maoilchéadair agus Gallaras agus tá eolas riachtanach ar sheandálaíocht na hÉireann go Luath sna Meánaoiseanna le fáil ó thírdhreach pailmseist mar atá thart ar Cheann Trá agus Bréanainn.

Láithreacha réamhstairiúla atá le feiscint agus ealaíon ar charraig, tuamaí meigiliteacha nó galláin in áiteanna ar fud na dúthaí. Agus tochailt ar siúl i gCuan an Fheirtéaraigh, 11cm siar ó Dhaingean Uí Chúis, fuarthas iarsmaí campa ón dtrasnú Méasailiotach/Neoiliotach a tharla thart ar 4,000 BC.

D'fheadfá a rá go bhfuil an tseandálaíocht is saibhre sa tír laistigh de Phlean Ceantar Feidhme Daingean Ui Chúis.

Tá 1214 chinn de shéadchomharthaí ar an liosta Taifead Séadchomharthaí & Láithreacha laistigh den cheantar FAP, a bhformhór ó na tréimhsí luatha Críostaíochta agus Meánaoiseacha. Eatarthusan tá láithreacha mainistreacha agus eaglasta chomh maith le clocháin mhóra Fán agus Gleann Fán lena ndúnta cloiche agus clóis.

Is féidir an oidhreacht mhór ón Mheánaois Luath a thuiscint ón líon Séadchomharthaí Náisiúnta atá againn; tá 44 chinn de shéadchomharthaí ar leis an Stát 36 chinn díobh, dhá cheann faoi chúram an Stáit agus sé chinn eile atá faoi réir ordú caomhnaithe. Tá 16 chinn eile fós liostáilte ar an dTaifead Séadchomharthaí Náisiúnta (Clárú).

4.1.14.1 Fán/Gleann Fán

Tá móran Séadchomharthaí Taifeadta i mbailte fearainn Fán, Gleann Fán, Com Dhíneol Thuaidh agus Theas (féach léarscáil téarmaí RMP anso thíos). Laistigh de na limistéir mharcáilte A agus B (leathanach OS 52) tá 248 gcinn de shéadchomharthaí taifeadta ar Séadchomharthaí Náisúnta iad sé chinn díobh agus níos faide siar i gCom Dhíneol Thuaidh is Séadchomhartha Náisúnta é an daingean mór ar an rinn ar a dtugtar 'Dún Mór'.

4.1.14.2 Sleasa Cnoc Bréanainn Thiar

Ar an dtalamh ard ar shleasa Cnoc Bréanainn Thiar , go háirithe sna bailte fearainn Baile na hAbhann, Baile an Chnocáin, Baile na bhFionnúrach, An Baile Breac agus Baile an Lochaigh tá thart ar 100 séadchomhartha taifeadta, ar Séadchomharthaí Náisúnta iad cúig cinn díobh. Níl 20 éigin ceann eile a fuarthas le linn staidéir ag KCC/An Chomhairle Oidhreachta agus nach bhfuil ar an RMP san áireamh sna figiúirí úd. Meastar go bhfuil an-chuid iarsmaí saibhre fós gan taifeadadh ar an dtalamh an taobh so de Chnoc Bréanainn.

Níor mhór a bheith fíorcháiréiseach maidir le forbairtí sa dá cheantar úd atá ar thalamh ard agus caithfear iadsan a chaomhnú i ngach aon slí más féidir. Is samplaí breátha iad de thírdhreach a fhanann ón dtréimhse Luath Meánaoiseach.



Fig 4.8 Suíomh Cosanta Speisialta – Gleann Fán, Fán, Com Dhíneol

Níor mhór a bheith fíorcháiréiseach maidir leis an dtírdhreach stairiúil úd agus é a chaomnhú go speisialta.

A Ins na bailte fearainn Fán, Gleann Fán, Com Dhíneol Thuaidh agus Theas atá suite thiar ó CheannTrá tá tírdhreach Luath Meánaoiseach mar a mbíodh láthair ollmhór tuata. Anso chífeá botháin nó clocháin, cathracha/caisil nó dúnta cloiche, clóis agus an córas meánaoiseach pailmseist. Caomhnaíodh an ceantar seo agus caomhnaíodh freisin an gaol idir na cineálacha éagsúla iarsmaí agus an talamh toisc ardchaighdeán na n-iarsmaí agus toisc iad a bheith ar thalamh ard. Is cruthúnas iad na hiarsmaí ar shlí maireachtála atá imithe uainn le fada an lá agus ní mór iad a choimeád agus a chaomhnú chun an tréimhse Luath Meánaoiseach a thuiscint ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

B Ins na bailte fearainn Baile na hAbhann, Baile an Chnocáin, Baile na bhFionnúrach, An Baile Breac agus Baile an Lochaigh tá tírdhreach Luath Meánaoiseach idir eaglasta agus tuata a bhfuil fíorthábhacht leis ar bhonn náisiúnta; tá cúig cinn de Shéadchomharthaí Náisiúnta sa cheantar. Caomhnaíodh an gaol idir na hiarsmaí agus an talamh toisc iad a bheith suite go hiargúlta ar thalamh ard. Seachas cúrsaí seandálaíochta tá tábhacht cultúrtha ag baint leis maidir le creideamh agus le miotaseolaíocht ar Chnoc Bréanainn. Is ansiúd atá *Cosán na Naomh*, an turas oilithreachta go barr Cnoc Bréanainn; ceanglaítear na hiarsmaí thíos le barr an tsléibhe agus bíonn nasc idir an lá atá inniu ann agus nósanna na seanaimsire.



Fíor 4.9 Láthair Chosanta Speisialta – Baile na hAbhann, Baile an Chnocáin, Baile na bhFionnúrach, An Baile Breac agus Baile an Lochaigh

4.1.15 Bainistíocht ar Bhaol Tuilte

Tá Sonraí maidir le Baol Tuilte sa cheantar feidhme ar léarscáil Fíor 4.10 úsáideadh léarscáileanna ithreach, deineadh liosta d'eachtraí tuilte a tharla agus de thailte a bhain le scéimeanna draenála OPW (féach www.floodmaps.ie). Tá dréachtphlean foilsithe ag OPW, réamhphlean um bhainistíocht ar bhaol tuilte don abhantrach sa cheantar. Déanfar an Bhainistíocht ar Bhaol Tuilte de réir Treoir an Rialtais 2009 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht ar Bhaol Tuilte', spriocanna cuí an phlean seo agus Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015.

Fíor 4.9 Sonraí Tuilte

I bhFíor 4.10 tá láithreacha tuilte agus áiteanna eile a mbeadh baol iontu.

Chun cáilíocht uisce na habhann a chosaint agus chun tuilte san abhainn nó sa ghréasán séarachais a sheachaint, tá polasaí ag Comhairle Contae Chiarraí srian a chur leis an dtaomhadh a bhíonn ceadaithe ó fhorbairtí nua. Caithfidh Córas Inmharthana Uirbeach Draenála (SUDS) a bheith ag feidhmiú in aon fhorbairt mhór chun bac a chur le diúscairt uisce stoirme.

4.1.16 Feirmeacha Gaoithe

I Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 ainmníodh an chuid is mó de Cheantar Feidhme Daingean Uí Chúis mar 'Ceantar nach bhfuil oiriúnach don bhforbairt' ó thaobh ferimeacha gaoithe de'. Ainmníodh, áfach, cuid an-bheag den cheantar tuaithe i mBaile an Phléamainnaigh atá suite go díreach soir ó Abhainn an Scáil mar áit a 'bhFéadfaí cuimhneamh air'.

4.1.17 Criosú um Thionscail Bheaga

Mar shoiléiriú, rialófar de réir forálacha na Maitríse Creasa an talamh atá ainmnithe do Thionscail Bheaga i gCeantar Feidhme Daingean Uí Chúis (m.sh. i mBaile na Buaile lastuaidh de Daingean Uí Chúis agus i mBaile an Phléimeannaigh thoir). Ní mór measúnacht iompair agus tráchta chomh maith le hiniúchadh sábháilteachta a sheoladh le haon iarratas forbartha a bhaineann leis na tailte úd.

4.1.18 Céanna/Cuanta

Tá scata maith céanna beaga agus cuanta ar feadh an chósta sa cheantar feidhme mar a mbíonn idir iascaireacht, turasóireacht agus caithimh aimsire ar siúl. Is í Comhairle Contae Chiarraí a dheineann an chothabháil orthu. Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí iad a dheisiú mar áis don phobal agus tacú lena bhforbairt mar áis inmharthana agus eacnamaíoch don cheantar; dírítear ar fhánáin agus a leithéid chun iad a chosaint in aghaidh aon mhí-úsáide.

4.1.19 Bainistíocht ar Réigiún Cósta

Admhaíonn Comhairle Contae Chiarraí gur áis an-mhór é an Réigiún an Chósta agus mianach iontach caitheamh aimsire ar fáil ann. Is iad na buanna nádúrtha ná Cuan an Daingin, céanna/cuanta agus mórán trá a chuireann le mianach an cheantair mar ionad turasóireachta.
Ag seo roinnt ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leis na cúrsaí úd sa Cheantar Feidhme:

- Easpa cur chuige comhtháite ag comhlachtaí rialaithe a bhíonn ag plé le Réigiún an Chósta.
- Gá le feasacht i measc an phobail agus len iad a bhith páirteach i gceisteanna timpeallachta mar thaitneamhacht an radhairc agus caomhnú an dúlra.
- Meath ar an iascaireacht mar thionscal traidisiúnta de dheasca rialacha cuótaí an AE/laghdú ar an stoc iasc agus ar líon na dtrálaer mór.
- Gá le cur chuige comhtáite idir mhuir is talamh i gcás tionscal nua a bhaineann leas as shaothrú na mara.
- Cosaint ó bhaol mar thuilte nó creimeadh.
- Deiseanna inmharthana a chruthú do thurasóireacht na mara.

Beidh Comhairle Contae Chiarraí ag comhoibriú le haisínteachtaí eile chun:-
• Bailte agus pobail an chósta a athnuachaint, cúrsaí eacnamaíochta is cultúrtha a neartú agus cur lena dtábhacht i gcomhthéacs an réigiúin ar an iomlán.
• Timpeallacht agus uiscí an chósta a chaomhnú; san áireamh beidh na saintréithe nádúrtha, cúlra stairiúil agus suaimhneas na gceantar nach bhfuil forbartha, go háirithe i gcás áiteanna atá ainmnithe ar bhonn Eorpach nó idirnáisiúnta de bharr a dtábhacht i gcúrsaí an dúlra a chaomhnú.

Ar an mórgóir tá deiseanna i réigiún na mara chun cúrsaí geilleagair a fhorbairt, d'fheadfaí acmhainní nua ar muir a spreagadh i bhfoirm fuinnimh inathnuaite agus tionscnaimh eile a bhainfeadh le grinneall na mara.

I dteannta contaethe in aice linn tá Comhairle Contae Chiarraí páirteach i dtionscnamh faoi stiúir na Comhairle Oidhreachta. Tosnaíodh air i 2010 agus beidh deireadh leis i 2012. Is í aidhm an tionscnaimh ná cur chuige GIS a bhreith isteach in inúchadh agus measúnacht na hoidhreachta (mar atá mínithe san Acht Oidhreachta 1995) ar na reigiúin ar feadh an chósta sna contaethe céanna. Táthar ag súil go mór trín dtionscnamh seo teacht ar thuiscint an-shoiléir ar thábhacht na hoidhreachta maron le bonn láidir don mheasúnacht agus do bhainistíocht ar réigiún an chósta.

4.1.20 Deis Suímh

Fionn Trá / Imleach Slat - Deis Suímh

Aidhm ar an Iomlán

Seirbhísí sealadacha a sholáthar ar bhonn inmharthana do lucht taisteal mar chaitheamh aimsire maraon le tionscadail bheaga eile dá leithéid a thacódh leis an dturasóireacht fén dtuath.

4.1.20.1 Láthair an tSuímh agus Cur Síos

I gceist sa deis suímh seo tá dhá stráice talún (1.77Ha) agus iad araon suite idir an Bóthar Réigiúnach R559 agus Trá Fionntrá. Ar stráice amháin tá tigh tábhairne agus tá an ceann eile soir ó chrosbhóthar, ar chúl an tséipéil ar thaobh amháin (Léarscáil RU-1). Tá an crosbhóthar suite thart ar 2Cm siar ó Cheann Trá agus é 450m ó Thra Fionntrá. Cuid den R559 is ea an Slí Timpeall Chinn Sléibhe atá mar thuras fíorthábhachtach do thurasóirí.

Tá an chuid den suíomh i bhFionntrá/Ard an Bhóthair (0.16Ha) suite i mBaile Fearainn Fionntrá, é nach mór ina dhronuilleog agus ag oscailt go díreach ar an R559 agus ar bhóthar áitiúil idir an R559 agus Trá Fionntrá. Tá an chuid den suíomh in Imleach Slat (1.6Ha) suite i mBaile Fearainn Imleach Slat trasna an bóthar áitiúil sall ó chuid Fionntrá de agus é seo freisin ina dhronuilleog nach mór. Struchtúr Cosanta is ea Séipéal Chaitlín Naofa atá suite idir cuid Imleach Slat den suíomh agus an R559.

Tá tigh tábhairne ar chuid Fionntrá den suíomh agus ar chuid Imleach Slat tá trí pháirc, féarach iad seo a feabhsaíodh agus a úsáidtear don bhfeirmeoireacht. Tá tarraingt an-mhór ar an dtábhairne céanna le blianta fada mar ionad breá saoire i gCorca Dhuibhne.

Gar don chrosbhóthar tá siopa, séipéal, tithe cónaithe, forbairt bheag mar a bhfuil tithe saoire nua-aimseartha san áireamh.

4.1.20.2 Mianach Forbraíochta

Tá deis anso seirbhísí sealadacha a sholáthar ar bhonn inmharthana do lucht taisteal mar chaitheamh aimsire maraon le tionscadail bheaga eile dá leithéid a thacódh agus a chuirfeadh leis an dturasóireacht agus a mheallfadh breis turasóirí isteach sa cheantar.

I gcás mar seo séard a bhíonn i gceist le tionscadail bheaga turasóireachta ná iad siúd a thiocfadh go saoráideach leis an gceantar ar an iomlán, idir nádúr, foirm, scála, dearadh, carachtar agus oidhreacht idir ailtireacht, dúlra agus cultur.

Dá bhrí sin cuimhneofar ar láithreacha chun scíth a ligint, pointí fíoruisce, áiseanna bruscair, pointí eolais agus spás picnic. Má bhíonn lóistín/páirceáil i gceist ní bheidh ann ach feithiclí saoire/campála go ceann tamaillín. D'fheadfaí conláistí eile a chur san áireamh ach iad a bheith oiriúnach idir nádúr, foirm, scála, agus dearadh.

Ar an suíomh seo ní cheadófar struchtúir statacha mar aonaid chónaithe, tigíní, tithe soghluaiste ná aon áiseanna dá lucht úsáide.

4.1.20.3 Ar na Srianta Forbraíochta tá:

- **Taitneamhacht an Radhairc**

Chun tírdhreach aoibhinn an chontae a chosaint mar atá agus mar bhua mór eacnamaíochta caithfidh aon fhorbairt a bheith ag luí isteach go nádúrtha lena bhfuil thart uirthi. Ní mór dá réir sin, scagadh agus dearadh a dhéanamh go fíorchúramach ar aon mholtaí agus ceann a thógaint go hairithe den láthair álainn atá suite idir an R559 agus Trá Fionntrá. Maidir le fálta coimeádtar agus cuirtear síos na gnéithe dúchasacha mar is cuí agus éileofar caighdeán ard ábhar tógála agus bailchríoch i ngach aon slí..

- **Cáilíocht Uisce**

Tá Trá Fionntrá ar an gClár Ceantar Cosanta d'Abhantrach an Iardheiscirt um Uiscí Snámha agus é cosanta dá reir faoi reachtaíocht Eorpach. Faoi na Rialacháin um Chaighdeán Uiscí Snámmha (I.R.Uimh. 79 de 2008) a bhí bunaithe ar an dTreoir um Uiscí Snámha (2006/7/AE) tá córas nua anois ann chun uiscí snámha a rangú; tá monatóireacht agus bainistíocht riachtanach chun na huiscí snámha a chaomnú, a chosaint agus a fheabhsú. Bíonn iascaireacht agus saothrú na mara ar siúl chom maith i gCuan Fionntrá.

Caithfear moltaí a sheoladh faoin gcóras diúscartha fuíolluisce agus faoin dtaomadh uisce dromchla a tharlódh ar an bhforbairt chun an cháilíocht uisce sa cheantar a chinntiú/fheabhsú (tóg ceann den Stádas Brat Gorm ar Thrá Fonntrá). Níor mhór an tionchar ginearálta a bheadh ar cháilíocht uiscí ag aon fhorbairt ar an suíomh úd idir shean is nua a scrúdú go mion.

- **Oidhreacht Ailtireachta**

Struchtúr Cosanta is ea Séipéal Chaitlín Naofa atá suite in aice leis an suíomh. Caithfear an méid sin a chur san áireamh in aon fhorbairt. Ní cheadófar in aon slí aon rud a bhainfeadh den 'sainspéis' a chuirtear sa struchtúr cosanta úd.

.

- **Sábháilteacht ar Bhóithre**

Ní mór iniúchadh um sábháilteacht ar bhóithre/measúnacht iompair agus tráchta a sheoladh más cuí chun tacú le hiarratais.

- **Bithéagsúlacht**

Agus forbairtí á moladh laghdaítear i gcónaí an tionchar a bheidh ar an mbithéagsúlacht go díreach nó go hindíreach. Láthair sainspéise is ea Ceann Trá Dumhcha agus Riasca pNHA(001384) nach bhfuil suite fiú 100m soir ón suíomh. Anso sa pNHA tá Trá Fionntrá, córas beag dumhcha, loch beag, bogach féarach maraon le giolcach an-mhór mar a bhfuil an *Phragmites Australis*. D'fhéadfadh caithimh aimsire cur isteach ar a leithéid de ghnáthóg agus ní mór a bheith an-chairéiseach sna cúrsaí úd.

- **Bainistíocht ar Bhaol Tuilte**

Arís más cuí, caithfear cuimhneamh ar dhearadh agus ar chleachtas inmharthana a bheidh oiriúnach chun baol tuilte a bhainistiú mar atá molta i bhfoilseachán an RCORA (2009) 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht ar Bhaol Tuilte – Treoir d'Údaráis Phleanála agus Aguisíní Teicniúla'.

- **Bainistíocht Dramhaíola**

Ní mór plean um bhainistíocht dramhaíola an-shoiléir agus cruinn a sheoladh a chlúdóidh cúrsaí dramhaíola le linn na tógála agus ina dhiaidh arís.

- **An Ghaeilge/An Ghaeltacht**

Seachnaítear ach go háirithe aon mholadh a chuirfeadh isteach ar an nGaeilge fhéin nó ar chultúr na Gaeltachta.

4.2 NA PRÍOMHAIDHMEANNA

	Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:
Ru-1	Bonn a sholáthar do thithíocht inmharthana tuaithe fan gcontae de reir treoir ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil'Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe'
Ru-2	Fás oiriúnach a chruthú sa cheantar trí phobail tuaithe a neartú maraon le bonneagar i dtreo fostaíochta a chruthú idir phoist nua agus malairte ar bhonn inmharthana.
Ru-3	A chinntiú go gcloíonn aon fhorbairt ar thailte nach ndéantar freastal orthu go dlúth leis an "gCód Cleachtais-Cóireáil Fuíolluisce agus fearais diúscartha do thithe aonair" agus nuair is gá leis na "Lámhleabhair um Chóireáil Fuíolluisce – Fearais Chóireála do Phobail Bheaga, Gnó, Ionad Fhóillíochta agus Óstáin.
Ru-4	A chinntiú go gcosnaítear cúrsaí iascaigh laistigh de cheantar an phlean maraon lena gcuid insí agus machairí tuile ó aon mhórfhorbairt agus ó thionchar diúscairt fuíolluisce.

4.3 NA HAIDHMEANNA CINNTE

	Aidhmeanna Ailtireachta **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
Ru-A-1	A chinntiú go mbíonn na struchtúir mar atá liostáilte in Aguisín A ar an dTaifead Struchtúr Cosanta go háirithe an dá cheantar (seandálaíochta) cosanta speisialta..
Ru-A-2	Léargais agus radhairc thart ar shéadchomharthaí a chosaint, a bhfuil le feiscint laistigh agus iomláine an tírdhreach seandálaíochta sa dá thírdhreach réamhstairiúil atá aitheanta (feach Léarscáil Ru2). Ba chóir d'iarratasóirí dul i gcomhairle leis an Seandálaí Contae roimh chur isteach ar fhorbairt laistigh de na suímh úd.

	Conláistí & Turasóireacht **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
Ru-AT-1	Forbairt slite siúlóide maraon le clóis pháirceála in áiteanna oiriúnacha chun cur le deiseanna caitheamh aimsire inmharthana amuigh faoin aer agus chun iad a spreagadh sa cheantar feidhme.
Ru-AT-2	Cláir eolais do thurasóirí a fheabhsú agus comharthaíocht oiriúnach a spreagadh in áiteanna cuí.
Ru-AT-3	Tionscadail litríochta, ceoil, ealaíne spórt agus oidhreacht chultúrtha eile a chosaint agus a spreagadh.
Ru-AT-4	Forbairt a éascú chun 'slí glas' a chruthú ar bhonn inmharthana ar feadh an seanbhóthar iarainn idir Gabhal An Choma agus Daingean Uí Chúis. Bheadh an slí glas seo oiriúnach don siúlóid, rothaíocht agus d'fhairtheoireacht an dúlra.
Ru-AT-5	Leathnú agus malartú áiseanna turasóireachta a éascú.
Ru-AT-6	Forbairt a éascú chun 'Slí Rothar' a chruthú idir Ceann Trá agus Daingean Uí Chúis.

	An Oidhreacht Ailtireachta **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
Ru B-1	Athúsáid agus athchóiriú ciallmhar ar thithe folmha/tréigthe a spreagadh.

	Fostaíocht agus Geilleagar **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
Ru-EE-1	Malartú inmharthana i ngeilleagar na tuaithe éascú
Ru-EE-2	Bonneagar i dtreo fostaíochta a éascú idir phoist nua agus malairte ar bhonn inmharthana, tionscail áitiúla i réimse an eolais san áireamh.

	An Ghaeltacht **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
Ru-G-1	Oidhreacht na Gaeltachta a chosaint idir theanga agus cultúr maraon leis an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.
Ru-G-2	A chinntiú gur Gaeilge amháin a bhíonn ar chomharthaí bóthar sa Ghaeltacht. Féadfaidh comharthaí eile sa cheantar a bheith as Gaeilge nó dhátheangach. Bíodh an Ghaeilge chun tosaigh ar an mBéarla i gcónaí ar an gcomhartha.

	Céanna & Cuanta **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
Ru-PH-1	Tacú le forbairt céanna agus cuanta mar áis inmharthana agus eacnamaíoch don cheantar; díríú ar fhánáin agus a leithéid chun iad a chosaint in aghaidh aon mhí-úsáide..
Ru-PH-2	An rochtain a fheabhsú d'áiseanna lainséala agus agus gníomhaíochtaí mara ag na céanna ar bhonn inmharthana.

Objective No.	Bainistíocht ar Bhaol Tuilte Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:
FM-1	A chinntiú go ndéantar measúnacht ar bhaol tuilte i gcás aon fhorbairt ar na tailte seo.

Objective No.	Seandálaíocht Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:
Ru-AH-1	Caomhnú agus cosaint gach aon séadchomhartha seandálaíochta atá sna suímh Chosanta Speisialta a chinntiú.

AGUISÍN 1
LIMISTÉIR CHAOMHANTAIS AILTIREACHTA MOLTA

RÉAMHRÁ

Is mór iad na bailte agus sráidbhailte i gContae Chiarraí ina bhful saintréithe faoi leith agus iadsan difriúil astu féin, de bharr a bhfoirm stairiúil agus leagan amach. D'fhéadfadh dreach suntasach ar an iomlán a bheith ann mar a dtiocfadh foirgintí, cúlra, tírdhreach agus tréithe áitiúla eile go léir lena chéile. Bíonn tábhacht stairiúil chomh maith leis an ábhar agus leis an modh tógála, rudaí a chuireann le hanam an cheantair agus le haitheantas. Léiriú iadsan ar ár gcultúr agus dá bhrí sin táid fíorthábhachtach ó thaobh oidhreachta de. Caithfear iad a chaomhnú agus is chuige sin a ainmnítear ceantair áirithe mar ACA. Leagtar síos an bonn reachtúil do na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, nó ACA, san Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000.

'Ciallaíonn ACA 'áit, ceantar, grúpa struchtúr nó tírdhreach baile, línte agus airde foirgintí san áireamh, atá mar dhíol spéise ina cháilíocht féin'.

D'fhéadfadh mórán gnéithe a bheith san áireamh don ainmniúchán ACA. Mar shampla, chuimseodh sé foirgneamh aonair nó sraith tithe, bídís faoin dtuath nó i mbaile mór. Is bonn faoi pholasaí é an ACA chun ceantar a chaomhnú nó a fheabhsú; ar an gcuma san bíonn smacht bunúsach ar dhreach foirgintí lasmuigh, rud a chuireann le saintréithe na háite. Rialú níos leithne atá i gceist maidir le pleanáil agus ní mór iad na díolúintí a thugtar. Caithfear cead pleanála a lorg i gcás aon oibreacha a chuirfeadh athrú mór ar dhreach nó ar shaintréithe aon ACA.

Ní mór d'úinéirí nó d'fhorbróirí a thuiscint nach mbaineann na gnáthrialacha maidir le díolúine le ceantar atá laistigh de ACA. Agus cás díolúine á mheas acu, ní hamháin tionchar na forbartha ar an struchtúr féin ná ar struchtúir eile a bheadh sínte leis a bheidh i gceist, de réir Alt4(1)(h), ach caithfidh an tÚdarás Pleanála cuimhneamh ar a tionchar ar shaintréithe an cheantair mar a éilítear de réir Alt 82(1).

Cé gur féidir cead pleanála a fháil chun struchtúr atá cheana féin ann a athrú, ní mór na hathruithe a bheith ag teacht le saintréithe, le dreach agus le cur chun cinn an cheantair. Is é sin an slat tomhais a bheidh ag an Údarás Pleanála agus iad ag tabhairt breithiúnais ar aon fhorbairt mholta.

Moltar dhá ACA, Arda Mór agus Cill idir Dhá Shruth.

ARDA MÓR Limistéar Caomhantais Ailtireachta Molta

Fíor. 1 Arda Mór ón aer

Suíomh agus Teorainn an Limistéir Chaomhantais

Tá an limistéir ACA molta suite i mbaile fearainn Arda Mhóir, thart ar 1.7 cm ó thuaidh ó Bhaile na nGall. Níl sé fiú 400 méadar ón gcósta.

Fíor. 2 Teorainn an ACA

Forbairt Stairiúil an Cheantair

Chítear an ionad seo don chead uair ar an gcéad eagrán den léarscáil OS (1841) agus arís sa dara eagrán (1896). Tá na foirginti fós ann agus iarmaí iad d'ionad ar bhonn clochán a mbíodh a leithéid an-choitianta ar Leithinis Chorca Dhuibhne.



Fíor. 3 Learscáil OS 1896

Liosta Struchtúr Cosanta agus Séadchomharthaí Taifeadta

Níl aon Struchtúr Cosanta ná Séadchomhartha Taifeadta laistigh de nó taobh leis an gceantarACA.

Cuntas ar an dTimpeallacht Ailtireachta mar atá faoi Láthair

Struchtúir aon stór nó le lochta in airde atá i gceist agus iad déanta den ruachloch ghainimhe gharbh agus díonta slinne nó iarainn roctha orthu. Tá na foirgintí scaipthe óna chéile ach iad ar fad sa treo Thiar Thuaidh soir ó dheas agus aghaidh ag an mbinn thiar thuaidh ar an bhfarraige. Cloch ghainimhe an gheolaíocht atá fúthu, rud is léir ón dtógáil sna seanfhoirgintí traidisiúnta sa cheantar. Deineadh athnuachaint ar Struchtúr B sna blianta beaga anuas ach maireann gnéithe den seanfhoirgneamh fós ann. Seomra amháin atá iontu agus sínte fada leis na sleasa.

Fíor 4 Struchtúr A

Fíor 5 Struchtúr B

Fíor 6 Struchtúr C

Fíor 7 Struchtúr D

Fíor 8 Struchtúr A

Fíor 9 Struchtúr D

Achoimre ar Charachtar Sainiúil

Ag seo a leanas príomhthréithe na hailtireachta:

- *Cuid an-thábhachtach d'oidhreacht ailtireachta Chorca Dhuibhne is ea na struchtúir agus samplaí maithe den déanamh traidisiúnta sa cheantar.*
- *iad go léir a bheith déanta den ruachloch ghainimhe*
- *clochán áras cónaithe agus bothán bailithe le chéile.*

IMPLEACHTAÍ PLEANÁLA

Oibreacha nach gcuireann isteach ar thréithe an ACA (ní gá cead pleanála a lorg)

a) Cothabháil agus Deisiúcháin. Ní gá cead pleanála a lorg do ghnáthoibreacha cothabhála ná do dheisiúcháin choitianta laistigh den ACA (mar shampla *díon, fuinneoga ná earraí uisce báistí*) má choimeádtar an t-ábhar bunúsach nó i gcás soláthar nua má úsáidtear an t-ábhar céanna arís. Ní mór chomh maith tréithe bunúsacha na saoirseachta agus/nó fallaí bríce a choimeád.

b) Saintréithe a Athchóiriú. Má chuirtear ábhar nua míchuí in áit pé ábhar a bhíodh ann ón tús, ní gá cead pleanála chun na saintréithe a athchóiriú ach an modh, na hábhair agus na sonraí ar fad a aontú roimh ré le *Comhairle Contae Chiarraí.*

Oibreacha a théann i bhfeidhm ar charachtar an cheantair (is gá cead pleanála a lorg)

a) Scartáil

Ní cheadaítear scartáil san ACA ach amháin más léir lochtanna nó teip struchtúrtha. Chun a leithéid a chruthú, caithfear sonraí deisiúchán agus/nó oibreacha feabhsúcháin a úsáidtear a sholáthar maraon le heolas a mhíníonn cén fáth nár éirigh leosan sa chás áirithe úd.

Beidh ar an bhforbróir suirbhé cuimsitheach fótagrafach ar an struchtúr atá le scartáil a sholáthar.

CILL IDIR DHÁ SHRUTH ***LIMISTÉAR CAOMHANTAIS AILTIREACHTA MOLTA***

Fíor. 1 Cill idir Dhá Shruth ón aer

Suíomh agus Teorainn an Limistéir Chaomhantais

Tá an ACA molta suite i mbailte fearainn Cill idir Dhá Shruth Thoir agus Cill idir Dhá Shruth Thiar, atá suite thart ar 4Cm ó Cheann Trá ar shleasa thoir Sliabh an Fhiolair.



Fíor. 2 Teorainn an ACA

Forbairt Stairiúil an Cheantair

Suíomh mar a raibh ceallúnach nó reilig is ea Cill idir Dhá Shruth agus is ansiúd freisin a bhí Teampall Beag, seipéal ón ochtú no ón naoiú aois is nach maireann ach iarsma beag de. Sampla maith is ea Cill idir Dhá Shruth den rud ar a dtugtar clochán. Focal ó Ghaidhlig na hAlban is ea *clachan* a chiallaíonn sráidbhaile beag gan aon séipéal, oifig an phoist ná aon áras eile cathartha ná tráchtála. De ghnáth is tithe aon stór a bhíodh iontu agus an pobal ag maireachtaint ar iascaiareacht nó ar fheirmeoireacht. Is minic na tithe anois ina mbotháin. Tá saibhreas seandálaíochta sa cheantar.



Fíor. 3 Learscáil OS 1896

Fíor 4 Cill idir Dhá Shruth

Liosta Struchtúr Cosanta agus Séadchomharthaí Taifeadta

Tá seacht gcinn de Shéadchomharthaí Taifeadta laistigh de nó in aice leis an ACA.

KE052-035	Ráth	KE052-036	Tobar Naofa
KE052-037	Cloch Bhulláin	KE052-03801	Láthair séipéil
KE052-03802	Reilig	KE052-03803	Clós
KE052-03804	Cros greanta ar Chloch		

Cuntas ar an dTimpeallacht Ailtireachta mar atá faoi Láthair

Struchtúir aon stór nó le lochta in airde atá i gceist sna struchtúir is sine, iad déanta den ruachloch ghainimhe gharbh agus díonta slinne nó iarainn roctha orthu, tá díon fód/ceann tuí ar cheann amháin. De bharr feabhas an déanaimh is é is dóichí ná gur tithe cónaithe a bhformhór. Tá ábhar seanda go leor i gcuid éigin díobh. Tá na foirgintí scaipthe óna chéile. Cloch ghainimhe an gheolaíocht atá fúthu, rud is léir ón dtógáil sna seanfhoirgintí traidisiúnta sa cheantar.

Fíor 5 Foirgneamh Traidisiúnta

Achoimre ar Charachtar Sainiúil

Ag seo a leanas príomhthréithe na hailtireachta:

- Cuid an-thábhachtach d'oidhreacht ailtireachta Chorca Dhuibhne is ea na struchtúir agus samplaí maithe den déanamh traidisiúnta sa cheantar.
- iad go léir a bheith déanta den ruachloch ghainimhe
- clochán áras cónaithe agus bothán bailithe le chéile.

IMPLEACHTAÍ PLEANÁLA

Oibreacha <u>nach</u> gcuireann isteach ar thréithe an ACA (ní gá cead pleanála a lorg)

c) <u>Cothabháil agus Deisiúcháin</u>. Ní gá cead pleanála a lorg do ghnáthoibreacha cothabhála ná do dheisiúcháin choitianta laistigh den ACA (mar shampla *díon, fuinneoga ná earraí uisce báistí*) má choimeádtar an t-ábhar bunúsach nó i gcás soláthar nua má úsáidtear an t-ábhar céanna arís. Ní mór chomh maith tréithe bunúsacha na saoirseachta agus/nó fallaí bríce a choimeád.

d) <u>Saintréithe a Athchóiriú</u>. Má chuirtear ábhar nua míchuí in áit pé ábhar a bhíodh ann ón tús, ní gá cead pleanála chun na saintréithe a athchóiriú ach an modh, na hábhair agus na sonraí ar fad a aontú roimh ré le *Comhairle Contae Chiarraí.*

Oibreacha a théann i bhfeidhm ar charachtar an cheantair (is gá cead pleanála a lorg)

a) <u>Scartáil</u>

Ní cheadaítear scartáil san ACA ach amháin más léir lochtanna nó teip struchtúrtha. Chun a leithéid a chruthú, caithfear sonraí deisiúchán agus/nó oibreacha feabhsúcháin a úsáidtear a sholáthar maraon le heolas a mhíníonn cén fáth nár éirigh leosan sa chás áirithe úd.

Beidh ar an bhforbróir suirbhé cuimsitheach fótagrafach ar an struchtúr atá le scartáil a sholáthar.

AGUISÍN 2
STRUCHTÚIR CHOSANTA MOLTA

LEATHANACH 1

Údarás Pleanála: Comhairle Contae Chiarraí

Uimhir Uathúil Aitheantais: RPS KY042-002

Seoladh: Imleach, Baile na nGall

Cuntas: Struchtúr aonair, aon stór, sé chuas, díonn slinne

Léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis: 5661

Comhordanáid Greille Náisiúnta: 37,713M : 106,361M

Saintréithe: Staire, sóisialta,ailtireachta

Léarscáil an tsuímh *(níl de réir scála)*



Measúnacht: Struchtúr aonair simplí aon stór mar dhronuilleog is ea é, díon slinne air agus tógadh é sa bhliain 1851. Maireann na hoscailtí cearnógacha fuinneog, leaca den chloch ghainimhe agus trí os cionn a trí fhuinneog saise adhmaid ach iadsan anois dúnta le cláir. Sampla maith is ea é de na scoileanna a tógadh san am san in Éirinn. Cé nach n-úsáidtear an foirgneamh tá crot cuíosach maith air mar sin féin.

LEATHANACH 2

Údarás Pleanála : Comhairle Contae Chiarraí

Uimhir Uathúil Aitheantais: RPS KY

Seoladh: Baile na nGall

Cuntas: Fothrach

Léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis:

Comhordanáid Greille Náisiúnta: 38,745M: 111,287M

Saintréithe: Staire, ailtireachta.

.

Léarscáil an tsuímh *(níl de réir scála)*



Measúnacht: Tógadh an struchtúr seo thart ar 1801 mar cheann den ghréasan túr comharthaíochta a tógadh ar feadh an chósta theas, thoir agus thiar go luath sa naoiú haois deag chun freagairt a chinntiú go tapaidh i gcás teacht na bhFrancach. Bhí sé folamh ó lár na mblianta 1800 ach úsáideadh é le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Cé gur fothrach anois é don chuid is mó, foirgneamh trí stór cearnógach a bhí ann agus tá iarsmaí tigh an gharastúin fós le feiscint chomh maith leis an dtúr fein. Tá roinnt struchtúr eile da leithéid thart fé chósta Chiarraí.

LEATHANACH 3

Údarás Pleanála: Comhairle Contae Chiarraí l

Uimhir Uathúil Aitheantais: RPS KY045-004

Seoladh: Baile an Tearmainn

Cuntas: Aon stór, ceithre chuas, díon iarainn roctha, simléir bhinn an tí. Ar thaobh an bhóthair.

Léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis: 5661

Comhordanáid Greille Náisiúnta: 60,374M: 102,512M

Saintréithe: Sóisialta, ailtireachta

Léarscáil an tsuímh *(níl de réir scála)*



Measúnacht: Sampla maith d'fhoirgneamh traidisiúnta aon stór mar a maireann an fhoirm agus an t-ábhar. Bhíodh a leithéid le feiscint go fairsing tráth i gContae Chiarraí ach is annamh anois iad.

LEATHANACH 4

Údarás Pleanála: Comhairle Contae Chiarraí

Uimhir Uathúil Aitheantais: RPS KY

Seoladh: Abhainn an Scáil

Cuntas: Caidéal iarainn uisce is péint air, ní úsaidtear.

Ceann méiríneach agus ceann leon cabhraithe.

Hanla agus sconna ar lár. Stampa na teilgcheárta: *Glenfield and Kennedy, Kilmarnock.*

Léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis: 5661

Comhordanáid Greille Náisiúnta: M595 018

Saintréithe: tionsclaíoch, sóisialta

Léarscáil an tsuímh *(níl de réir scála*



Measúnacht: Níl ach aon chaidéal iarainn mhúnla amháin eile mar é ar an sráidbhaile. Cuid suntasach den troscán sraide is ea é. Cuireann an stampa teilgcheárta leis an suim ann. É de dheantús Albanach ag comhlacht a bunaíodh sa bhliain 1865.

LEATHANACH 5

Údarás Pleanála: Comhairle Contae Chiarraí

Uimhir Uathúil Aitheantais: RPS KY

Seoladh: Abhainn an Scáil

Cuntas: Caidéal iarainn uisce is péint air, ní úsaidtear.

Ceann méiríneach agus ceann leon cabhraithe.

Hanla ar lár agus sconna nua. Stampa na teilgcheárta: *Glenfield and Kennedy, Kilmarnock.*

Léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis: 5661

Comhordanáid Greille Náisiúnta: M597 021

Saintréithe: tionsclaíoch, sóisialta

Léarscáil an tsuímh *(níl de réir scála)*



Measúnacht: Níl ach aon chaidéal iarainn mhúnla amháin eile mar é ar an sráidbhaile. Cuid suntasach den troscán sraide is ea é. Cuireann an stampa teilgcheárta leis an suim ann. É de dheantús Albanach ag comhlacht a bunaíodh sa bhliain 1865.

AGUISÍN 3

STRUCHTÚIR ATÁ COSANTA

Ainm & Seoladh

1. Séipéal na Carraige, Cill Chúile, An Mhuiríoch

RPS Uimh. 21303301

2. Séipéal Naomh Uinseann, Baile an Fheirtéaraigh

RPS Uimh. 21304201

3. Tigíní, An Riasc

RPS Uimh. 21304202

4. Teampall Eaglais na hÉireann (tráth), Cill Maoilchéadair

RPS Uimh. 21304203

5. Tigíní, An Mhuiríoch

RPS Uimh. 21304204

6. Séipéal Naomh Eoin Baiste, Lios Póil

RPS Uimh. 21304401

7. An Tarbhealach, Lios Póil

RPS Uimh. 21304402

8. Séipéal An Chroí Rónaofa, Abhainn an Scáil

RPS Uimh. 21304403

9. Tigh Aonair, *Brackloon*, Abhainn an Scáil

RPS Uimh. 21304404

10. An Seandroichead, Abhainn an Scáil

RPS Uimh. 21304405

11. Tigh Aonair, *South Pole Inn*, Abhainn an Scáil

RPS Uimh. 21304406

12. Séipéal Chaitlín Naofa, Ceann Trá

RPS Uimh. 21305201

13. An Túr, *Hussey's Folly*. An Loch, Daingean Uí Chúis

RPS Uimh. 21305302

4. Tigh Aonair, *Lough House*, Daingean Uí Chúis

RPS Uimh. 21305303

15. Coláiste Íde, *Burnham* Thoir, Daingean Uí Chúis

RPS Uimh. 21305304

16. An Máisiléam, Ceann Trá

RPS Uimh. 21305305

17. Túr An Eisc, Cnoc na Ceathrún, Daingean Uí Chúis

RPS Uimh. 21305306

18. Séipéal Naomh Ghobnait, Dún Chaoin

RPS Ref. No. KY 052-001

19. An Túr Rabhcháin, An Rinn Bheag, Daingean Uí Chúis

RPS Ref. No. KY 053-001

20. An Teach Solais, An Loch, Daingean Uí Chúis

RPS Ref. No. KY 053-002

Phlean Ceantair Áitúil
Cheantair Feidhme an Daingin

Léarscáil Ru1
Criosú Ceantar Tuaithe

Nollaig 2011

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

- Tionscal Éadrom
- Tionscal
- Limistéar Taitneamhachta Speisialta Príomh-
- Taitneamhacht Speisialta Tánaisteach
- Láithreán Deise
- Radhairc agus Ionchais
- Teorainn an Bhaile
- Teorainn Limistéar Feidhme

Phlean Ceantair Áitúil
Cheantair Feidhme an Daingin

Léarscáil Ru2
Criosú Ceantar Tuaithe

Achar an cuspóir RU-A-2

Teorainn an Bhaile

Teorainn Limistéar Feidhme

An tAonad Polasaí Pleanála
Comhairle Contae Chiarraí

Nollaig 2011

MÍR 5
Ráiteas SEA

RÉAMHRÁ

1.1 Téarmaí Tagartha

Agus Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis (FALAP) 2012-2018 á ullmhú acu thug Comhairle Contae Chiarraí san am céanna faoi Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA).

Séard is brí le SEA ná measúnú eagraithe sula nglacfar leis, ar an dtionchar suntasach a leanfadh Plean nó Clár áirithe a chur i gcrích. Aistríodh Treoir 2001/42/AE a bhaineann le measúnú tionchar pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaoil isteach i reachtaíocht na hÉireann faoi:

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Comhshaoil um Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004)
- Rialacháin (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) um Phleanáil agus Forbairt 2004 (I.R. Uimh. 436 de 2004)

Cuireadh an Dréacht-Phlean agus an Tuairisc Comhshaoil ar taispeáint go poiblí idir an Chéadaoin 11 Eanáir 2012 agus an Déardaoin 23 Feabhra 2012 agus dhein an tÚdarás Pleanála athbhreithniú ar gach aon aighneacht agus athrú molta a fuarthas ina leith. Cuireadh Leasuithe/Athruithe Ábhartha ar an dTuairisc Comhshaoil in aguisín leis an ndoiciméad a mhínigh torthaí an phróisis úd. Trín gcur chuige úd cinntíodh gur aithníodh aon tionchar diúltach comhshaoil a leanfadh an Plean ionas go bhféadfaí é a sheachaint nó a laghdú.

Is é an doiciméad seo (an Ráiteas SEA) de chuid an Phlean FALAP Daingean Uí Chúis 2012-2018 céim dheiridh na riachtanas faoin Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus é á ullmhú i dteannta an phlean mar a glacadh ar deireadh. Tá gá leis an Ráiteas SEA seo de réir I.R. Uimh. 435 de 2004 agus I.R. Uimh. 436 de 2004. Sna Rialacháin úd leagtar amach an t-eolas a chuirfear isteach i Ráiteas SEA. Pléitear iad siúd sa mhír anso thíos.

1.2 A bhfuil sa Ráiteas SEA

Caithfear an t-eolas seo a leanas a choimriú i Ráiteas SEA:-

1. An ceann a tógadh de cheisteanna comhshaoil agus an plean á chur le chéile

2. Conas mar a cuireadh san áireamh is an tuairisc comhshaoil á hullmhú, aon aighneacht nó tuairim a fuair an t-údarás pleanála mar fhreagra ar fhógra faoi Alt 12(1) nó (7) den Acht agus aon chomhairliúchán a tharla faoi Alt 13 F.

3. Na fáthanna a bhí leis an bplean, mar a glacadh, a roghnú thar na roghanna eile réasúnta a bhí faoi chaibidil, agus

4. Na bearta a cinntíodh chun monatóireacht a dheanamh, de réir Alt 13J, ar an dtionchar suntasach comhshaoil a leanfaidh cur i gcrích an phlean.

Pléifear le gach aon chritéar as féin i ranna ar leith sa Ráiteas SEA seo. I bhFíor 1.1 léirítear an t-imoibriú a bhí ar bun idir an Fhoireann SEA agus Aonad Polasaí Pleanála de chuid Comhairle Chontae Chiarraí le linn dóibh an Plean Ceantar Aitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis a chur le chéile.

Figure 1.1 SEA and Plan Interaction



2 CEISTEANNA COMHSHAOIL Á GCUR ISTEACH SA PHLEAN

2.1 Réamhrá

Is féidir próiseas an SEA a roinnt ina chéimeanna difriúla. Ag gach céim sa phróiseas úd meastar tionchar an Phlean ar an gcomhshaol agus ar an bpobal. Moladh bearta maolaithe nuair ba léir go bhféadfadh an Plean a bheith ag teacht salach ar na cuspóirí comhshaoil. Don chuid is mó bhíodh na bearta maolaithe mar leasú ar an nDréacht-Phlean nó mar chuspóir breise a cuireadh isteach ann. Tharla measúnú ar an nDréacht-Phlean le linn na gcéimeanna seo a leanas: -

- Fairsinge – comhairliúchán leis na páirtithe reachtúla agus neamhreachtúla
- Measúnú ar chuspóirí agus ar pholasaithe an Dréacht-Phlean (istigh sa tuairisc comhshaoil)
- Measúnú ar aighneachtaí agus agus ar thuairimí faoin nDréacht-Phlean
- Measúnú ar na leasuithe molta/athruithe ábhartha ar an nDréacht-Phlean
- Measúnú ar na leasuithe/athruithe ábhartha ar an nDréacht-Phlean .

2.1.1 Fairsinge

Sa tuairisc fhairsinge don Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil de chuid an phlean ceantar Aitiúil ceantar Feidhme mínítear na cleachtais a tharla agus an Tuairisc Fhairsinge á hullmhú i dteannta Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis, rud a tharla mí na Samhna 2010. Bhíothas ábalta an SEA agus an plean a shníomh isteach lena chéile toisc go mbíodh teagmháil rialta idir na daoine a bhí ag plé leis an SEA agus leis an bPlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme. San áireamh ansiúd bhí céimeanna tábhachtacha na fairsinge, athbhreithniú ar an scéal mar a bhí sa cheantar ag an am agus measunú ar chuspóirí an Phlean Ceantar Áitiúil. Sa phróiseas fairsinge freisin smaoiníodh ar roghanna eile don Phlean, cuspóirí comhshaoil, spriocanna, tascairí agus socruithe monatóireachta. Ar deireadh thiar ba é an toradh a bhí ar an bpróiseas fairsinge ná aird agus acmhainní a dhíriú ar na ceisteanna comhshaoil ba thábhachtaí a leanfadh cur i gcrích an Phlean. I bhFíor 1.1 léirítear na cleachtais inmheánacha a úsáideadh chun próiseas an phlean a shníomh isteach leis an SEA.

2.1.2 Measúnú ar chuspóirí agus ar pholasaithe an Dréacht-Phlean

I Mír 2 den Tuairisc Comhshaoil mínítear an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an Dréacht-Phlean agus an Tuairisc Comhshaoil a ullmhú. Sa Tuairisc Comhshaoil tá measúnú ar aon tionchar suntasach comhshaoil a leanfadh an Plean i gcomhthéacs na sonraí bunúsacha comhshaoil a bailíodh le linn an phróisis fhairsinge. Mar a luadh anso thuas úsáideadh an Tuairisc Comhshaoil chun measúnú a dhéanamh ar aon tionchar diúltach comhshaoil a leanfadh an Plean agus lena chinntiú gur aithníodh agus gur cuireadh san áireamh aon tionchar suntasach comhshaoil agus an Plean á ullmhú.

Phléigh an Tuairisc Comhshaoil roinnt roghanna éagsúla seachas an Plean seo. Deineadh measúnú ar na roghanna úd agus roghnaíodh an straitéis ab fhearr. Tá a thuilleadh mar gheall air seo i Mír 4 den Raiteas SEA seo.

Mhínigh an Tuairisc Comhshaoil bearta maolaithe a leigheasfadh/laghdódh aon tionchar suntasach a d'fhéadfadh a tharla agus forbraíodh clár monatóireachta chun tionchar an Phlean ar an gcomhshaol a mheas. Léirítear an clár monatóireachta i Mír 5 den Ráiteas SEA..

De reir Mír (f) de Sceideal 2B de na Rialacháin SEA éilítear measúnú ar aon tionchar suntasach comhshaoil a tharlódh de dheasca an Phlean. Deineadh measúnú ar chuspóirí an Phlean i gcomhthéacs na gcuspóirí a bhí sa Tuairisc Comhshaoil sula raibh an Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme ar fáil. Tá cur síos faoi réimse topaicí ar na Cuspóirí Comhshaoil atá i Mír 4 den Tuairisc Comhshaoil agus ina theannta san sa dhoiciméad gaolmhar atá mar aguisín SEA, caighdeáin is ea iad siúd chun cuspóirí forbartha an Phlean a mheas agus chun réimsí mar a dtarlódh tionchar diúltach suntasach a aithint.

2.1.3 Measúnú ar na leasuithe molta/athruithe ábhartha ar an nDréacht-Phlean

Tharla measúnú ar na leasuithe molta/athruithe ábhartha ar an nDréacht-Phlean FALAP tar éis comhairliúcháin phoiblí agus aighneachtaí a fháil trí gach aon athrú molta a mheas i gcomhtéacs cuspóirí caomhnaithe comhshaoil a cruthaíodh mar chuid den phróiseas SEA. Ar dtús tharla próiseas scagtha chun leibhéal nó méid an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe molta don bPlean ar chuspóirí comhshaoil an SEA nó a mhalairt. Le linn céim mheasúnaithe eile pléadh athruithe molta don bPlean a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar fad ar na cuspóirí caomhnaithe comhshaoil. Ina leithéid de chás moladh bearta maolaithe. Do na bearta maolaithe ar an mórgóir bhíodh gá le hathdhréachtadh, leasú nó le téacs breise a chur isteach i gceann de chuspóirí an Phlean. Tharla roinnt leasuithe maidir le zóin sa dréacht-phlean a ainmniú. Deineadh measúnú comhshaoil arís orthu siúd. Tá torthaí an mheasúnaithe ar fáil i dtuairisc a d'ullmhaigh Comhairle Contae Chiarraí '*Doiciméad mar Aguisín SEA Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis Aibreán 2012 ".* D'iarr leasuithe Uimh. 18 agus 47 struchtúr amháin a bhaint den liosta struchtúr cosanta agus struchtúr amháin a bhaint den liosta struchtúr cosanta molta. Chinntigh an doiciméad aguisín SEA ná tiocfadh a leithéid le scata Cuspóirí Caomhnaoithe Comhshaoil agus go gcaillfí stair ailtireachta dá dheasca san i mbaile dúchasach Daingean Uí Chúis.

Deineadh 11 aighneacht bhreise ar an hathruithe ábhartha molta maraon leis an ndoiciméad gaolmhar mar aguisín a bhí ar taispeáint go poiblí idir 18 Aibreán agus 17 Bealtaine 2012.

Tábla 2.1; Ceisteanna comhshaoil á gcur isteach sa phlean deiridh

Tionchar a tharlódh gan aon mhaolú	Bearta maolaithe a mhínítear sa phlean
Measúnú tionchar an phlean ar an uisce	Cuspóir Uimh. T-3, Tm-2, Abhainn an Scáil; OO-1, OO-3, Ceann Trá; OO-4, Baile na nGall OO-1, OO-4 A-2, Baile an Fheirtéaragh; OO-1, OO-4, Dún Chaoin; PSA-1, OO-5, Lios Póil; OO-3, OO-6, An Mhuiríoch; OO-5, OO-6, Ceantar Tuaithe; Ru-3
Measúnú tionchar an phlean ar an mBithéagsúlacht agus ar Iascaigh	Réamhrá; S3.9.3 agus S3.9.4 leasaithe, Daingean Uí Chúis; TM-10 leasaithe, T-4 leasaithe. TM-6 leasaithe Ru-PH-2 leasú. Ceantar Tuaithe; cuspóirí breise RU-BIO-1, RU-BIO-2, RU-BIO-3, Baile na nGall; NE-6 leasaithe, cuspóir breise OO-3,
Measúnú tionchar an phlean ar an dTírdhreach	Daingean Uí Chúis; cuspóirí breise; SIA-6, H-8
Measúnú tionchar an phlean ar Shláinte Daonna	Ní bhaineann
Measúnú tionchar an phlean ar Bhuanna Ábhartha	Daingean Uí Chúis; T-3 agus TM-2 leasaithe, Baile na nGall; ICF-1 leasaithe,
Measúnú tionchar an phlean ar Bhuanna Cultúrtha	Ní bhaineann
Measúnú tionchar an phlean ar Aer agus ar Aeráid	Daingean Ui Chúis; Cuspóirí leasaithe; RD-2, OO-9
Measúnú tionchar an phlean ar Thuilte	Daingean Uí Chúis; cuspóir breise FM-2, Ceantar Tuaithe; FM-2, cuspóir breise FM-3 .

3 AIGHNEACHTAÍ AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN Á GCUR ISTEACH

3.1 Réamhrá

Sa mhír seo de chuid an SEA mínítear an plé a tharla ar na haighneachtaí a fuarthas le linn an dá phróiséas don SEA agus don Dréacht-Phlean agus an Plean á ullmhú. Faoi Alt 13D de na Rialacháin SEA 2004 tá sé de dhualgas ar an Údarás Áitiúil fógra a thabhairt do na hÚdaráis Chomhshaoil maidir le fairsinge an Tuairisc Comhshaoil. De réir Alt 13D(2)(c):

'*deirtear gur féidir aighneacht no tuairim maidir le fairsinge agus leibhéal sonraí an eolas a chuirfear isteach sa Tuairisc Comhshaoil a sheoladh chuig an údarás pleanála laistigh de thréimhse ainmnithe a leanfaidh go ceann ceithre sheachtaine ar a laghad ó dháta an fhógra*'.

Faoi Alt 13A(4)(a) de na Rialacháin SEA 2004 is iad seo a leanas na hÚdaráis cheaptha Comhshaoil:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
- An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ) agus
- Más léir don údarás pleanála go bhféadfadh an plean nó an clár dul i bfeidhm ar bhonn suntasach ar iascaigh nó ar an dtimpeallacht mhuirí, chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara is chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nadúrtha.

3.1.1 Fairsinge Comhairlúchán SEA

Chuaigh Comhairle Contae Chiarraí i gcomhairle le comhlachtaí agus le páirtithe eile ceaptha le linn próiseas fairsinge an SEA. Chomhlíon Comhairle Contae Chiarraí riachtanais reachtúla an Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2000 maidir leis na comhlachtaí ainmnithe a chur ar an eolas go rabhthas ag obair ar LAP agus ar an SEA a théann leis.

Ar dtús seoladh litir dar dáta 21 Deireadh Fómhair 2010 agus coip den dTuairisc Fhairsinge SEA a bhaineann le Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis chuig na comhlachtaí cuí. Fáiltíodh roimh aighneachtaí agus tuairimí orthusan go dtí 24 Samhain 2010, an lá deireanach san áireamh.

Tábla 3.1 Sonraí Fairsinge Comhairliúcháin SEA

FREAGRÓIR	CEIST
EPA	Ar na príomhcheisteanna le cur san áireamh san SEA beidh: • Cumas & Acmhainn Iompair Cóireál Fuíolluisce • Cáilíocht Fíoruisce Inólta • Measúnú Carachtar Tírdhreach • Bainistiú Comhtháite Zón Cósta • Bithéagsúlacht na Mara

	• Straitéis Chomhtháite a Sholáthar um Bhainistiú Turasóireachta • Smaoineamh ar Mháistirphlean a bhunú/athbhreithniú do na hoileain laistigh de cheantar an Phlean • Plean Comhtháite um Bhainistiú Trachta
RCORÁ	• Ní mór ceann a thógaint mar is cuí de cheisteanna seandálaíochta ag gach aon chéim den phróiseas forbartha pleanála. • Ceann a thógaint den phlean Oidhreachta Náisiúnta • Tabharfar dréacht den CDP nó LAP don RCORÁ • D'fhéadfaí brú forbairtí a sheachaint nó a laghdú trí leanúint na gcritéar atá sa "treoir agus prionsabail um chaomhú oidhreacht seandálaíochta"
RCFAN	• Níl aon agóid/ráiteas
NPWS	• Níl aon ráiteas faoi láthair
An Taisce	• Níl aon ráiteas faoi láthair
OPW	• Ní mór na treoracha a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil ar bhaol tuilte a chur san áireamh sa chóras um bhainistiú pleanála agus forbartha faoi Alt 28 den Acht Pleanála, 2000. • Spreagadh na húdaráis phleanála i leith cuspóirí an údaráis réigiúnaigh phleanála a chur san áireamh agus zóin á n-ainmniú agus i gcuspóirí nó polasaí á leagan síos laistigh de phleananna spásúla • Spreagadh i leith glacadh le cuspóirí comhshaoil a thacódh leis an bpolasaí céanna. • Spreagadh an Ú.P. i leith bunmheasúnú baol tuilte a chur i gcrích (scagadh agus fairsinge) i dteannta nó le moladh, mar chuid den phróiseas scagtha agus fairsinge, mar a leagtar síos sna Treoracha • Ar na modhanna tábhachtacha a bhaineann le measúnú oiriúnach tá léarscáilíocht tuilte an OPW agus léarscáileanna CFRAM.
Iascaigh Intíre	Ar na príomhcheisteanna a luadh bhí; • Cóireáil Fuíolluisce • Soláthar Uisce • Zóin Uiscíocha • Úsáid talún agus hidreolaíochta
C C Luimnigh	• Níl aon ráiteas faoi láthair
C C Chorcaí	• Níl aon ráiteas faoi láthair
Fáilte Éireann	• Fáiltíodh roimis an Próiseas SEA • Sásta lena bhfuil sa dhoiciméad fairsinge SEA • Dealraíonn sé go dtéann na EPO aitheanta lasmuigh de réimse an mheasúnú comhshaoil.

3.1.2 An Céad Chomhairliúchán Poiblí

Bhí an Dréacht-Phlean agus an Tuairisc Comhshaoil ar taispeáint go poiblí ar feadh sé sheachtaine ón 11 Eanáir 2012. Ar an iomlán fuair an tÚdarás Pleanála 61 aighneacht faoin nDréacht-Phlean. Bhain thart ar a ceathair díobh siúd leis an bpróiseas SEA. Tar éis an chéad tréimhse chomhairliúcháin cuireadh 58 leasú/maolú ar an nDréacht-Phlean. Bhain an-chuid de na leasuithe/maoluithe ar chuspóirí an Phlean mar a bhí le haighneachtaí a tháinig ó na Páirtithe Reachtúla (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil) agus ón ngnáthphobal. Tréimhse taispeána don chéad uair a bhí ansiúd.
Fuarathas aighneachtaí faoin bpróiseas SEA ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Iascaigh Intíre agus ó Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt. Dhein Comhairle Contae Chiarraí measúnú ar na haighneachtai úd lena gcur isteach sa Dréacht-Phlean.

I Márta 2012 ullmhaíodh Tuairisc an Bhainisteoir Chontae agus Moltaí ar na haighneachtaí a fuarthas agus pléadh iad siúd ag cruinniu na Comhairle 16 Aibreán 2012.

3.1.3 An Dara Chomhairliúchán Poiblí

Bhí na leasuithe/athruithe ábhartha do Dhréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis agus an doiciméad gaolmhar mar aguisín SEA ar taispeáint ar feadh ceithre sheachtaine ó 18 Aibreán go 17 Bealtaine an dá lá úd san áireamh. Fuarthas 11 aighneacht le linn na dara tréimhse sin. Níor bhain aon cheann díobh leis an bpróiseas SEA. Is fíor áfach, gur mhol An Taisce agus Grúpa Inmharthana Daingean Uí Chúis gan dul ar aghaidh le leasuithe Uimh. 18 ná le hUimh. 47.

4 NA FÁTHANNA GUR GLACADH LEIS AN BPLEAN ÚD, TAR ÉIS ROGHANNA EILE A BHEITH FAOI CHAIBIDIL

4.1 Réamhrá

Faoin dTreoir SEA tá dualgas orainn malairt gníomh (nó roghanna eile) a fhorbairt agus a mheas. Faoi Alt 5 (O.J. 2001) caithfidh lucht molta pleananna agus clár a chinntiú:

- Go n-aithníonn, go sonraíonn agus go measann lucht molta roghanna réasúnta, ag cur san áireamh cuspóirí agus fairsinge geografaíoch an phlean nó an chláir a bhíonn faoi chaibidil acu (Alt 5.1)
- Go mbíonn 'achoimre ar na fáthanna gur glacadh leis na roghanna a bhíonn i gceist' sa Tuairisc Comhshaoil (Aguisín 1(h))
- Go n-ullmhaítear ráiteas a choimríonn '… na fáthanna gur glacadh leis an bplean nó leis an gclár mar atá, i gcomhthéacs na roghanna eile réasúnta a pléadh' (Alt 9.1(b)).

Sa chuid seo den Tuairisc Comhshaoil aithnítear agus cuirtear síos ar na scéalta éagsúla forbartha ar dhein Comhairle Contae Chiarraí agus an fhoireann SEA measúnú orthu. Sa mheasúnú a deineadh ar roghanna eile togadh ceann den bhfís atá sa Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme agus fairsinge geografaíoch an phlean.

4.2 Cur síos ar Roghanna Eile

Mar chuid de phróiseas an phlean seo smaoiníodh ar roghanna éagsúla mar a leanas:-

Pléitear straitéisí éagsúla laistigh de Chaibidil 4 den doiciméad Measúnú Straitéiseach Comhshaoil – Tuairisc Comhshaoil a ullmhaíodh don doiciméad dréacht-phlean. Ar dtús smaoiníodh ar an straitéis go bhfágfaí cúrsaí mar a bhí ag an am gan cur leo ná baint uathu agus arís smaoiníodh ar an straitéis idirghabhála. Ar deireadh cinntíodh ar an straitéis idirghabhála toisc gur ceapadh í a bheith oiriúnach ar an mbonn go gcuirfi le pleanáil cóir agus le forbairt inmharthana na lonnaíochtaí dá bharr.

Smaoiníodh chomh maith ar straitéisí difriúla chun zóin a ainmniú. Ba iad seo a leanas na roghanna inmharthana:

(i) Na zóin mar atá faoi láthair a leathnú chun forbairt an bhaile amach anseo a chuimsiú.
(ii) Na zóin mar atá faoi láthair a dhaingniú laistigh den déanamh uirbeach atá anois ann.
(iii) An leibhéal zónála a laghdú de réir cosaint daonra idir réigiúnach agus contae agus dóthain tailte a zónáil chun freagairt do na riachtanais úd.

4.3 Roghanna á Meas i gcomhthéacs Cuspóirí Comhshaoil

Chuir Comhairle Contae Chiarraí leibhéil inmharthana fáis sa Limistéar Feidhme san áireamh agus an plean á ullmhú. Is de réir na spriocanna daonra d'Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt a d'eisigh an RCORÁ atá figiúirí an fháis chéanna. Cuireadh na spriocanna úd isteach sa FALAP. Tuigeann Comhairle Contae Chiarraí go bhféadfadh forbairtí dul i bhfeidhm go mór ar an gcomhshaol agus go bhfuil gearghá dá bhrí sin lena cinntiú go mbíonn an fhorbairt ag teacht le pleanáil cóir agus le forbairt inmharthana an cheantair.

Sna codanna anso thíos mínítear na roghanna eile forbartha a bhíodh faoi chaibidil ag an údarás pleanála agus an plean á gcur le cheile maraon le míniúcháin ar na fáthanna gur roghnaídh bearta áirithe seachas a chéile.

4.3.1 Cúrsaí a Fhágaint mar atá gan Chur leo ná Baint uathu

Séard is brí leis an rogha 'a fhágaint mar atá' ná go nglacfaí leis an bplean reatha gan aon athrú ábhartha. Ní thógfaí aon cheann d'fhorbairt a tharla le linn tréimhse an phlean deireanach ná do mhonatóireacht ar a leithéid d'fhorbairtí maidir le pleanáil na lonnaíochtaí amach anso. Caithfear monatóireacht a dheanamh ar cheantar plean agus caithfear gníomhú da réir maidir le pleanáil sa todhchaí. Ní bhainfí an cuspóir úd amach trín rogha úd. Ina theannta san ní bheadh an rogha úd ag teacht le dul chun cinn i dtreoir phleanála, le deachleachtas i bpolasaí pleanála ná leis an dtaithí atá againn ar an bplean deireanach. Diúltaíodh don rogha seo ar an mbonn ná beadh sé ag teacht le pleanáil cóir ná le forbairt inmhartahana na lonnaíochtaí.

4.3.2 Straitéis Idirghabhála

Sa straitéis idirghabhála dhéanfaí athbhreithniú ó bhonn ar an bplean agus scrúdófaí na roghanna éagsula i gcomhthéacs aon fhorbairt a tharla le linn tréimhse an phlean deireanach, an dul chun cinn atá déanta i dtreoir phleanála agus an straitéis do na lonnaíochtaí ina iomláine.

4.3.2.1 Zónáil

Bhí roghanna éagsúla againn maidir le zónail laistigh de na lonnaíochtaí. Ag seo go príomha na roghanna a bhí i gceist:

A) Na zóin mar atá faoi láthair a leathnú chun forbairt an bhaile amach anseo a chuimsiú.

Fairsinge agus láthair na dtailte zónálta sa phlean reatha á gcur san áireamh maraon leis an leathnú a leanfadh cur i gcrích an rogha seo, meastar go dtarlódh forbairt sa todhchaí a bheadh ar bhonn *'ad hoc'* agus 'de réir treoir forbróirí' agus ná beadh aon chreat iomlán straitéiseach ann chun treoir a thabhairt d'fhorbairt inmharthana sa todhchaí. Níl a leithéid seo ag teacht le treoracha reatha pleanála agus chothófaí leathnú fánach uirbeach maraon le patrúin taistil neamhinmharthana.

B) Na zóin mar atá faoi láthair a dhainginiú laistigh den déanamh uirbeach atá anois ann

Sa rogha seo iarrtar ar fhorbairt sa todhchaí a éascú laistigh den déanamh uirbeach mar atá – ar shuímh athfhorbraíochta agus líonta isteach. As féin, d'éascódh an cur chuige úd úsaid/athúsáid inmharthana ar shuímh neamhfhorbartha agus líonta isteach agus laghdódh an úsáid mótar príobháideacha laistigh de lonnaíocht. Ar an lámh eile áfach, ní bheadh rogha ró-mhaith ag forbróirí/lucht tógtha tithe amach anseo 7rl. a bheadh ag iarraidh tógaint lasmuigh de lonnaíocht ar thalamh ainmnithe d'úsáid ghinearálta sa Phlean reatha Forbartha Contae. Dá bhrí sin d'fhéadfadh tionchar diúltach comhshaoil a bheith ag an gcur chuige céanna is é ag cur isteach ar ghnéithe mar cháilíocht uisce, cailíocht aeir nó tírdhreach agus d'fheadfaí patrúin coimitéarachta/taistil neamhinmharthana a chothú dá dheasca.

C) An leibhéal zónála a laghdú de réir cosaint daonra idir réigiúnach agus contae agus dóthain tailte a zónáil chun freagairt do na riachtanais úd.

Sa chás seo dhíreofaí ar an bpatrún lonnaíochta mar atá a dhaingniú, tús áite a thabhairt do shuímh lár baile nó líonta isteach ach spás a dheanamh do leibhéal inmharthana fáis laistigh den lonnaíocht. Bunaítear an leibhéal fáis ar an spriocanna idir Reigiúnach agus Contae agus deineadh measúnú straitéiseach orthusan dá réir. Faoin gcur chuige seo ligfear le comhordú bonneagair agus forbartha ar shlí phleanálta agus éascaítear úsáid inmharthana a bhfuil cheana féin ann.

4.4 An Stratéis is Fearr

Ón mheasúnú comhshaoil a deineadh ar na roghanna polasaí éagsúla, fuarthas amach gurb í Straitéis 2c, an straitéis idirghabhála, is fearr a oiriúnódh don Chontae. Aithníonn an straitéis úd go gcaithfear na gnéithe úd an comhshaol, cáilíocht na beatha agus an fhorbairt a choimeád cothrom lena chéile. (Féach Aguisín 2).

Toisc go bhfuil sé de chuspóir lonnaíocht dlúth a bhaint amach agus an leas is fearr a bhaint as an mbonneagar a bhíonn ar fáil, ceapadh go mbeadh sé oiriúnach an leibhéal zónála a laghdú de réir cosaint daonra idir réigiúnach agus contae agus dóthain tailte a zónáil chucusan. D'fhéadfai zóin a ainmniú i measc tailte neamhfhorbartha laistigh den déanamh uirbeach mar atá faoi láthair.

Laistigh den straitéis roghnaithe aithníodh go bhféadfaí fós a bheith ag teacht salach ar roinnt cuspóirí straitéiseacha comhshaoil. Dá bhrí sin moladh bearta maolaithe chun aon tionchar diúltacha a laghdú/dhíbirt agus chun cuspóirí breise comhshail a tabhairt isteach. Deineadh measúnú freisin ar na bearta molta maolaithe agus cinntítear anois anso go bhfuil dóthain déanta sa Phlean trí réimse cuspóirí chun an comhshaol a chosaint. Maidir le cur i gcrích cuspóirí an Phlean bíonn forbairt agus cuspóirí comhshaoil chomh tábhachtach lena chéile. Má ghlactar leis an straitéis seo tarlóidh an mhaolú dá bharr. Ar an mórgóir éascú is ea an Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis (FALAP) ar fhorbairt agus ar bhonneagar a choimeád ar bhonn dlúth inmharthana agus laghdófar an gá a bheadh lena leithéid a sholáthar ar bhonn *ad hoc* amuigh faoin dtuath.

Tábla 4.1 Roghanna a Mheas taobh le EPO

	Go ródhócha beidh feabhas ar EPO	Go ródhócha gan mhaolú tionchar ar EPO	Go ródhócha maolú tionchar diúltach ar EPO	Níltear cinnte faoi thionchar ar EPO	Is ar éigean a bheidh tionchar ar EPO
Rogha 1	-	✓	-	-	-
Rogha 2a		✓	-	-	-
Rogha 2b	✓ (gearr-théarma)	✓ (fad-téarma)	-	-	-
Rogha 2c	✓(fad-téarma)		✓	-	-

De thoradh *na n-athruithe ábhartha molta ar Dhréacht-Phlean Daingean Uí Chúis FALAP 2012-2018*, dhein an *"Doiciméad aguisín SEA Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis 2012-2018"* anailís ar na leasuithe molta/athruithe ábhartha taobh leis na Cuspóirí Cosaint Conhshaoil (EPOs). Bhí sé chinn de na leasuithe/athruithe ábhartha ag teacht salach ar roinnt EPO. I measc na sé gceann úd níor aithníodh aon leasú/athrú ábhartha; leanadh de dhá cheann, maolaíodh dhá cheann eile trí thagairt do chuspóirí breise agus níorbh fhéidir an dá cheann eile a fheabhsú.

Ar deireadh cinntíodh sa *"Doiciméad aguisín SEA Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis 2012-2018"* go raibh an leasú/t-athrú molta Uimh. 18 agus 47 ag teacht salach ar roinnt Cuspóirí Cosaint Conhshaoil agus nár dhócha go laghdófaí an dá leasú/athrú molta, bhain siad le struchtúr a bhaint den liosta struchtúr cosanta agus le struchtúr eile a fhágaint ar lár ón liosta molta struchtúr cosanta.

Cheap comhaltaí tofa na Comhairle nár ghá ceachtar den dá struchtúr úd a bheith ar an liosta struchtúr cosanta ná ar an liosta molta struchtúr cosanta. Tógtar ceann den bhfíric gur ghlac an Chomhairle le leasú/athrú molta Uimh. 18 agus 47 in aghaidh moltaí an SEA.

5 CLÁR MONATÓIREACHTA

5.1 Réamhrá

Faoi Alt 10 agus Cuid (i) i Sceideal 2B de na Rialacháin SEA, bíonn gá le monatóireacht a dheanamh go luath chun aon tionchar diúltach an Phlean a aithint gan ró-mhoill. Ar an gcuma san is féidir bearta feabhsaithe a chur i gcrích. Trín mhonatóireacht is féidir tionchar fíor an Phlean a thomhas taobh lena raibh beartaithe. Ligtear mórfhadhbanna a aithint agus a leigheas in am tráth agus eolas bunlíne comhshaoil a bhailiú mar áis d'athbhreithniú ar Phlean i bhfad na haimsire. Cinntítear freisin go ndeintear na bearta molta maolaithe agus nach mbíonn aon agóid gan choinne.

Bunaítear an mhodheolaíocht a úsáidtear sa chlár monatóireachta ar Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis ar tháscairí agus spriocanna, ar dhualgais a riaradh agus ar dhátaí cuí deiridh. Clúdaítear a mbeadh le déanamh i gcás tionchar a tharlódh gan choinne.

Don mhonatóireacht deintear cur sios ar tháscairí agus ar spriocanna a bhaineann leis na gnéithe éagsúla comhshaoil chun patrúin bhunlíne sa todhchaí a mheas. Dá réir sin is féidir tionchar comhshaoil idir dearfach agus diúltach a mheas. Léiríonn na táscairí aon athruithe a leanfadh cur i gcrích an Phlean. Go háirithe, bheadh rabhadh á thabhairt gan mhoill faoi aon tionchar nár smaoiníodh go dtí sin air nó arís faoi aon ghné a bhí ní ba mheasa ná mar a ceapadh ar dtús. Mar shampla, léiríonn táscairí um cháilíocht uisce idir fheabhas ar an gcáilíocht agus a mhalairt. Muna sroichtear na caighdeáin a éilítear agus an cháilíocht uisce ag dul in olcas dá réir beidh gá le hidirghabháil sna cúrsaí sin ar an toirt.

Díreoidh an mhonatóireacht ar na gnéithe comhshaoil a d'fhéadfadh teacht faoi thionchar an Phlean ag leibhéal suntasach. Aithníodh táscairí agus spriocanna do na príomhréimsí comhshaoil sa cheantar staidéir, mar atá uisce, bithéagsúlacht, oidhreacht chultúrtha agus tírdhreach.

Roghnaíodh na táscairí ag leibéil chuí a bheadh oiriúnach don Phlean; is iad Áisínteachtaí éagsúla Rialtais a thuairiscíonn, mar an EPA, OPW, Páirceanna Náisiúnta agus Fia-dhúlra maraon le ranna éagsúla laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí.

Is fíor go bhfuil an-chuid den eolas riachtanach á bhailiú agus á thuairisciú mar is cóir ag leibhéal atá oiriúnach a dhóthain do riachtanais an Phlean seo. Leagadh síos an mhinicíocht mhonatóireachta sa reachtaíocht ábhartha.

Léirítear an clár monatóireachta don SEA i dTábla 5.1.

Tábla 5.1: Clár Monatóireachta don SEA

Cuspóirí Comhshaoil		Táscaire	Údarás Freagrach	Minicíocht	Sprioc	Idirghabháil riachtanach
WO1.1	**<u>UISCE</u>** Cáilíocht barruisce a choimeád /fheabhsú	Athruithe ar cháilíocht uisce a aithnítear trí mhonatóireacht uirthi don SWRBMP déanta ag CCC agus an EPA Grádú cáiliocht Bhitheach uiscí aibhneacha ag na láithreacha monatóireachta EPA	CCC EPA	De réir timthriail mhonatóireachta faoin gClár Monatóireachta WFD De réir timthriail mhonatóireachta faoin gClár Monatóireachta WFD	Dea-stádas barruiscí a bhaint amach de réir WFD faoi 2015 Feabhas nó ar a laghad gan aon laghdú ar cháilíocht barruisce faoi 2015	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir
WO1.2	Córais Inmharthana um Dhraenáil Uirbeach (SUDS) a chur chun cinn	Pleananna draenála a sholáthar ar bhonn SUDS d'fhorbairtí molta sa cheantar staidéir	CCC	Plean draenála a ghéilleann do SUDS a sholáthar le gach aon fhorbairt mholta	Plean draenála a ghéilleann 100% do SUDS i dteannta gach aon iarratas pleanála	Ní ghlacfar le haon iarratas pleanála lena mheas muna mbíonn pleananna draenála in éineacht leis nuair is gá.
		Sruthanna cainníochtaithe barruisce ó fhorbairtí molta mar chuid den phróiseas pleanála Leibhéil abhann a thomhas	CCC EPA	Measúnú hidreolaíoch ina mbeidh cainníochtú ar uisce isteach a sholáthar le gach aon iarratas pleanála Tuairisc ar leibhéil abhann de réir timthriail tuairisce an EPA	Plean draenála a ghéilleann 100% do mheasúnú hidreolaíoch i dteannta gach aon iarratas pleanála Leibhéil abhann a choimeád mar chéatadáin reatha de réir sonraí hidreolaíocha an OPW	Ní ghlacfar le haon iarratas pleanála lena mheas muna mbíonn measúnú hidreolaíoch in éineacht leis nuair is gá
WO13	Cáilíocht screamhuisce a choimeád/fheabhsú	Athruithe ar cháilíocht screamhuisce a aithnítear i gcláir mhonatóireachta ag CCC agus ag an EPA faoi na RBMP	CCC WFD	De réir timthriail mhonatóireachta faoin gClár Monatóireachta WFD	Deacháilíocht screamhuiscí a bhaint amach de réir WFD faoi 2015	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir

Cuspóirí Comhshaoil		Táscaire	Údarás Freagrach	Minicíocht	Sprioc	Idirghabháil riachtanach
WO1.4	Cáilíocht soláthar fíoruisce inólta a choimeád/fheabhsú	Cáilíocht an fhíoruisce inólta, cuntas baictéarach agus minicíocht fógraí 'uisce le beiriú' is fógraí RAL ón EPA. Minicíocht fograí 'ganntanas uisce'.	CCC	De réir gá ag daonra an cheantair staidéir agus faoi réir ag riachtanais na Rialachán um Fhíoruisce Inólta	Gan aon fhógra 'uisce le beiriú' a eisiúint. Gan aon RAL ón EPA. Laghdú ar líon na bhfógraí ganntanas uisce a eisítear	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir
WO1.5	Cáilíocht fuíolluisce a choimeád/fheabhsú	Líon na bhforbairtí nua a ceadaíodh nach bhfreastalaítear orthu mar is cóir de réir sainchuntair reatha um chóireáil fuíolluisce an EPA	CCC EPA	-	Gan aon fhorbairt nua a cheadú nach bhfreastalófar uirthi mar is cóir de réir sainchuntair reatha um chóireáil fuíolluisce an EPA	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir
BO 1.1	**BITHÉAGSÚLACHT** Gnáthóga agus gnéithe ainmnithe a chaomhnú agus a chosaint, suímh Natura 2000 san áireamh	Tuilleadh ceantar a ainmniú mar gheall ar bhithéagsúlacht luachmhar nó geolaíocht. Céatadán gnáthóg agus gnéithe uathúla a cailleadh i suímh ainmnithe trí phatrúin a fhaightear ó shuirbhéanna in aghaidh bliana/dá bhliain.	CCC RCORÁ	-	Gan aon ghnáthóg ná gné cosanta a chailliúint	-

Cuspóirí Comhshaoil		Táscaire	Údarás Freagrach	Minicíocht	Sprioc	Idirghabháil riachtanach
		Líon measúnaithe Alt 6 faighte i dteannta iarratais phleanála d'fhorbairtí i suímh a chlúdaíonn nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shuíomh Natura 2000 sa cheantar staidéir.	CCC RCORÁ	-	Measúnaithe Alt 6 a sholáthar le gach aon iarratas pleanála do shuíomh a chludaíonn nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shuíomh Natura 2000 sa cheantar staidéir.	Ní ghlacfar le haon iarratas pleanála lena mheas muna mbíonn measunú Alt 6 in éineacht leis nuair is gá.
BO1.2	Éagsúlacht gnáthóga agus gnéithe i suímh nach bhfuil ainmnithe a chaomhnú agus a chosaint	Céatadán gnáthóg agus gnéithe uathúla a cailleadh i suímh atá gan ainmniú trí phatrúin a fhaightear ó shuirbhéanna in aghaidh bliana/dá bhliain. Céatadán crann a cuireadh idir chrainn dhúchasacha agus leathanduilleacha Céatadán moltaí a bhíonn gar don uisce nó do zóin bhruacha.	CCC SWRFB	-	Gan aon fhál sceach a chailliúint mar Fhálsceach mar Theorainn Baile Fearann nó iad siúd ar thaobh an bhóthair. Ní mór d'éinne a ghearrann fál sceach go meicniúil an caighdeán cumais MT 1302 – Gearradh Fál Sceach go Meicniúil de chuid Teagasc a bhaint amach. 30% den bhforaoiseacht leathanduilleach Gnáthóga gan ainmniú a aithint agus a afhorbairt mar chrios glas. Zóin bhruacha a chur isteach i moltaí a bhionn gar do chórais uisce.	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir Riachtanas cead pleanála. De réir cinneadh CCC beidh plean bithégasúlachta mar riachtanas iarratas pleanála

Cuspóirí Comhshaoil		Táscaire	Údarás Freagrach	Minicíocht	Sprioc	Idirghabháil riachtanach
LO1.1	**TÍRDHREACH** Tírdhreach álainn, radharcra, turais agus gnéithe luachmhara tírdhreach a chosaint.	Líon agus cineál forbairtí i radhairc fhairsinge ainmnithe	KCC	Athbhreithniú ar gach iarratas pleanála de réir mar a thagann isteach.	Gan aon chur isteach suntasach ar radhairc fhairsinge	Ní ghlacfaí le haon iarratas pleanála dá bhféadfadh sé teacht salach ar radhairc fhairsinge ainmnithe nó ar cheantair chonláistí speisialta.
LO1.2	Dreach uirbeach a chosaint i mbailte mora agus i sráidbhailte.	Líon forbairtí gan chead sna lonnaíochtaí a chuirfidh isteach ar an gcarachtar atá iontu faoi láthair.	KCC	Bliantúil	Gan aon fhorbairtí gan chead i lonnaíochtaí an Phlean a chuirfidh isteach go suntasach ar an gcarachtar atá iontu faoi láthair.	Ní ghlacfaí le haon iarratas pleanála gan Measúnú Tionchar Ailtireachta nuair is gá.
PO1.1	**DAONRA AGUS SLÁINTE DAONNA** Comhshaoil/dearadh uirbeach ar bhonn sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur chun cinn	Líon aonad cónaithe a fuair cead pleanála. Líon iarratas pleanála ag a mbíonn Ráiteas Deartha Uirbeach.	KCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an Phlean.	Cóiríocht chuí a sholáthar don daonra méadithe le linn tréimhse an Phlean seo. Méadú ar an líon iarratas ag a mbíonn Ráiteas Deartha Uirbeach	Foinse na faidhbe a scrúdú

Cuspóirí Comhshaoil		Táscaire	Údarás Freagrach	Minicíocht	Sprioc	Idirghabháil riachtanach
PO1.2	Spás glas agus conláistí a bhíonn ar fáil ag an bpobal a chosaint agus a chaomhnú.	Líon Spás glas agus conláistí a bhíonn ar fáil ag an bpobal .	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An líon spás glas agus conláistí a bhíonn ar fáil ag an bpobal a mhéadú.	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir
PO1.3	Áiseanna míochaine, oideachais agus pobail a chosaint agus a fheabhsú.	Sláinte an duine ag dul in olcas in aon slí. Líon áiseanna oideachais a fuair cead pleanála. Líon áiseanna pobail a fuair cead pleanála	FSS RCORÁ CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	Gan sláinte an duine ag dul in olcas go suntasach de dheasca aon fachtóirí ccomhshaoil. An líon áiseanna oideachais a mhéadú. An líon áiseanna pobail a mhéadú.	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir
PO1.4	Deiseanna fostaíochta agus forbairt eacnamaíoch a chosaint agus a fheabhsú.	Rataí fostaíochta le linn tréimhse an Phlean.	DoET&E CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean..	Rataí fostaíochta a mhéadú.	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir

BUANNA ÁBHARTHA						
Cuspóirí Comhshaoil		**Táscaire**	**Údarás Freagrach**	**Minicíocht**	**Sprioc**	**Idirghabháil riachtanach**
MAO1.1	**<u>BUA ÁBHARTHA</u>** Bonneagar is cleachtais inmharthana iompair a chur chun cinn	**MAI1.1a** An líon bóithre ceangail/seachród atá ar fail **MAI1.1b** An líon mótar príobháideacha mar cheatadán den AADT. **MAI1.1c** An fad lánaí rothar atá ar fáil **MAI1.1d** An líon both fothana atá ar fáil do rothair	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An líon bóithre ceangail/seachród a mheadú. An líon mótar príobháideacha a laghdú. Méadú in úsáid iompair phoiblí. An líon lánaí rothar agus both fothana atá ar fáil a mhéadú.	-
MAO1.2	Bonneagar is cleachtais inmharthana bainistiú dramhaíola a chur chun cinn	**MAI1.2a** An méid dramhaíola a théann chuig líonadh talún **MAI1.2b** An méid bruscar tí a sheoltar chun athchúrsála **MAI1.2c** An líon ionad beir chuige agus fóntas pobail atá ar fáil	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An méid dramhaíola a théann chuig líonadh talún a laghdú. An méid bruscar tí a sheoltar chun athchúrsála a mhéadú. An líon ionad beir chuige atá ar fáil a mhéadú go mbeidh ionad in aghaidh 1,000 daonra.	-

BUANNA ÁBHARTHA						
Cuspóirí Comhshaoil		**Táscaire**	**Údarás Freagrach**	**Minicíocht**	**Sprioc**	**Idirghabháil riachtanach**
MAO1.3	Bonneagar is cleachtais inmharthana teileachumarsáide a chur chun cinn	**MAI1.3a** An líon tithe/ áitreabh ag a bhfuil ceangal leathanbhanda	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An líon tithe/áitreabh ag a bhfuil ceangal leathanbhanda a mhéadú	-
MAO1.4	Bonneagar is cleachtais inmharthana a chur chun cinn (seachas iompair)	**MAI1.4a** An líon uasghráduithe ar ghréasán fuinnimh	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	Uasghrádú ar ghréasáin fhuinnimh (leictreachas agus Gás) laistigh de cheantar an phlean	-
MAO1.5	Bonneagar is cleachtais inmharthana draenála a chur chun cinn	**MAI1.5a** Uasghrádú WWTP a chríochnú **MAI1.5b** An céatadán cead pleanála bronnta ag a raibh gá le caidéalú fuíolluisce	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	Dóthain bonneagar cóireála fuíolluisce a sholáthar agus a uasghrádú de réir éileamh daonra idir reatha agus beartaithe An céatadán cead pleanála ag a raibh gá le caidéalú fuíolluisce a laghdú	-

OIDHREACHT CHULTÚRTHA						
Cuspóirí Comhshaoil		**Táscaire**	**Údarás Freagrach**	**Minicíocht**	**Sprioc**	**Idirghabháil riachtanach**
CHO1.1	**<u>OIDHREACHT CHULTÚRTHA</u>** Gnéithe Seandálaíochta a chosaint	An líon forbairtí gan chead le linn tréimhse an Phlean gur cailleadh suíomh tábhachtach seandálaíochta go pointe áirithe nó go hiomlán mar gheall orthu	CCC RCORÁ	Athhreithniú ar an bPlean Oidhreachta Contae i lár slí.	Ní ligfear d'aon forbairtí gan chead le linn tréimhse an Phlean más rud é go go gcaillfi suíomh tábhachtach seandálaíochta go pointe áirithe nó go hiomlán mar gheall orthu.	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir
CHO1.2	An Oidhreacht Ailtireachta a chosaint	An líon forbairtí gan chead ar shuímh nó ar láithreacha cosanta	CCC	-	Ní ligfear d'aon forbairtí gan chead le linn tréimhse an Phlean más rud é go go gcaillfi struchtúir chosanta nó foirgintí tábhachtacha stairiúla go pointe áirithe nó go hiomlán mar gheall orthu. A chinntiu go seolfar ar aghaidh chuig an RCORÁ aon iarratas pleanála a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an oidhreacht ailtireachta agus go gcloítear lena dtuairimí agus lena moltaí siúd.	-

OIDHREACHT CHULTÚRTHA						
Cuspóirí Comhshaoil		**Táscaire**	**Údarás Freagrach**	**Minicíocht**	**Sprioc**	**Idirghabháil riachtanach**
CH01.3	Tionscadail um fhorbairt litríochta, ceoil, ealaíon, spóirt agus réimsí eile a bhaineann leis an oidhreacht seo againne a chosaint agus a spreagadh	Maoiniú a sholáthar de réir Plean Ealaíon Chiarraí 2007-2012	CCC	-	Imeachtaí litríochta agus ealaíon a mhéadú le linn tréimhse an Phlean	-

AER AGUS AERÁID						
Cuspóirí Comhshaoil		**Táscaire**	**Údarás Freagrach**	**Minicíocht**	**Sprioc**	**Idirghabháil riachtanach**
ACO1.1	Astuithe Gáis Cheaptha Teasa	**ACI1.1a** An líon mótar príobháideacha mar chéatadán den AADT. **ACI1.1b** Úsáid iompair phoiblí **ACI1.1c** Soláthar lánaí rothar agus slite siúlóide	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An líon feithiclí príobháideacha a laghdú. Méadú in úsáid iompair phoiblí An líon lánaí rothar agus slite coisithe a mhéadú sa cheantar staidéir	-
ACO1.2	Cáilíocht Aeir	**ACI1.2a** Táscairí cáilíocht aeir	CCC EPA	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An cháilíocht timpeallach aeir a choimeád nó a fheabhsú trín líon feithiclí príobháideacha a laghdú.	-

ACO1.4	Foirgnimh Fheidhmiú Fuinnimh	**ACI1.4a** An líon iniúchtaí fuinnimh a tharla An líon foirgneamh fulangach/fuinnimh íseal a cheadaítear / thógtar	CCC SEI	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An líon foirgneamh fulangach/fuinnimh íseal a cheadaítear / thógtar a mhéadú is feidhmiú fuinnimh na bhfoirgneamh atá tógtha cheana a fheabhsú. An líon iniúcthaí ar áiseanna is áitribh nua a mheadú.	-
ACO1.5	Cleachtais chomhtháithe bainistíocht zón cósta a chur chun cinn	**ACI1.5** An líon iarratas deonaithe ar thailte a luaitear ar léarscáil OPW maidir le baol tuilte ó thuilte cósta	CCC OPW	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	Feasacht a chur chun cinn maidir le tionchar athrú aeráide ar bhainistiú zón cósta	-

ITHREACHA AGUS GEOLAÍOCHT						
Cuspóirí Comhshaoil		**Táscaire**	**Údarás Freagrach**	**Minicíocht**	**Sprioc**	**Idirgabháil riachtanach**
SGO1.1	**<u>SOILS AND GEOLOGY</u>** An leas is fearr a bhaint as úsáid inmharthana suíomh Athfhorbraíochta.	**SGI1.1** An céatadán forbairtí nua ar shuímh athfhorbraíochta	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An céatadán iarratas nua deonaithe a bhí suite ar shuímh athfhorbraíochta.	-
SGO1.2	An leas is fearr a bhaint as úsáid inmharthana suíomh Úrnua.	**SGI2.1** An ceatadán iarratas pleanála deonaithe i gcás tithe cónaithe mar a mbíonn gá le doimhne 50cm barrithreach sa gháirdín cúl	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	An céatadán iarratas pleanála deonaithe i gcás tithe cónaithe mar a mbíonn gá le doimhne 50cm barrithreach sa gháirdín cúl.	-
SGO1.3	An leas is fearr a bhaint as úsaid inmharthana acmhainní ithreach agus geolaíocha	**SGI3.1** An líon NHA agus CGS a ainmníodh le linn tréimhse an Phlean	CCC	Athbhreithniú le linn tréimhse an phlean.	Le linn tréimhse an Phlean roghnaítear suímh d'ainmniúchán NHA agus CGS is cuirtear an próiseas ainmniucháin i gcrích le linn na tréimhse úd.	-

BAOL TUILTE						
Cuspóirí Comhshaoil		**Táscairí**	**Údarás freagrach**	**Minicíocht**	**Sprioc**	**Idirghabháil riachtanach**
FRO1.1	Cleachtais inmharthana um smachtú baol tuilte a chur chun cinn	Líon agus cineál na bhforbairtí sa cheantar aitheanta tuilte	CCC	-	Laghdú Iar an lion áitreabh a bhí faoi uisce. Cloí leis an dTreoirde chuid an RCORÁ mar atá sna Treoracha um Bhainistiú Baol Tuilte.	Foinse na faidhbe a scrúdú is gníomhú dá réir
		Measúnaithe baol tuilte a sholáthar in éineacht le forbairtí molta/athruithe ar zónáil tailte is an héim ar bhainistiú baol tuilte	CCC	-	Idir bhaol tuilte agus dhíobháil d'áitreabh de dheasca tuilte a mhaolú	Ní ghlacfar le haon iarratas pleanála lena mheas I limistéar mar a mbionn tuilte nó limistéar leas draenála gan mheasúnú a bheith in éineacht leis an iarratas
		No. of proposed surface water diversions supplied with hydrological assessments	CCC	-	Maolú ar athrú deilbheolaíocht an bharruisce agus ar bhaol tuilte in áiteanna nár bualadh cheana	Ní ghlacfar le haon iarratas pleanála lena mheas gan mheasúnú hidreolaíoch a bheith in éineacht leis

MÍR 6

Measúnú faoin dTreoir Gnáthóg

Cinneadh Tuairisce nár Aimsíodh Tionchar Suntasach

1. Réamhrá

Séard is brí le Measúnú faoin dTreoir Gnáthóg (HDA) ná measúnú ar an dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag plean nó ag clár ar stádas caomhnaithe suíomh Natura 2000 agus ar an bhforbairt a dhéanfar, nuair is gá, ar bhearta maolaithe nó seachanta chun cosc a chur le tionchar diúltach. Toradh air sin is ea an tuairisc nár aimsíodh tionchar suntasach ag an bplean/gclár a raghadh i bhfeidhm ar bhonn suntasach diúltach ar shuímh Natura 2000.

Ullmhaíodh Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil maraon le Tuairiscí Measúnaithe Comhshaoil agus faoin dTreoir Gnáthóg do Phlean Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis mí na Nollag 2012. Tharla próiseas comhairliúcháin phoiblí agus phléigh na baill Tuairisc an Bhainisteora ina dhiaidh sin; aontaíodh 'Leasuithe Molta' agus bhíodar siúd ar taispeáint go poiblí. Ina dteannta san bhí na Tuairiscí um Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus um Mheasúnú faoin dTreoir Gnáthóg. Arís tar éis comhairliúcháin phoiblí phléigh na baill Tuairisc an Bhainisteora agus glacadh leis an bPlean Ceantar Feidhme Ceantar Áitiúil Daingean Uí Chúis 2012-2018 mí an Mheithimh 2012.

D'aontaigh na baill freisin glacadh le hAthrú Uimh. 7 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 chun forálacha Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis 2012-2018 a thabhairt isteach, is chun zónáil tailte a leasú ionas go gcuirfí san áireamh forálacha an Phlean Ceantar Aitiúil do lonnaíochtaí ceantar an phlean is in aice leo. Leasaíonn an t-athrú na zóin ainmnithe laistigh de na lonnaíochtaí úd agus ins na dúthaí máguaird. Chomh maith leis an méid sin feidhmíonn an t-athrú Cuspóir SS 3-10(a) sa Phlean Forbartha Contae a dhearbhaíonn go bhfuil sé mar aidhm ag an gComhairle 'pleananna ceantar áitiúla a ullmhú do gach aon cheantar feidhme sa Chontae le linn tréimhse an phlean de réir reachtaíocht lena mbaineann mar na Rialacháin (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) um Phleanáil agus Forbairt 2004'.

Sa Tuairisc seo deintear measúnú ar an dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Plean glactha Ceantar Feidhme Ceantar Áitiúil Daingean Uí Chúis 2010-2016 agus ag an Seachtú Athrú glactha do Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 ar shuímh Natura 2000.

<u>*NB: Ní mór an tuairisc seo a léamh i dteannta na ndoiciméad seo a leanas:-</u>

- Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis (Comhairle Contae Chiarraí, Nollaig 2011).
- Dréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis Imleabhar 3 - Measúnú faoin dTreoir Gnáthóg (Comhairle Contae Chiarraí, Nollaig 2011).
- Athruithe Ábhartha Molta ar Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis 2012-2018 (Comhairle Contae Chiarraí, Aibreán 2012).

- Athrú Molta ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 – Athrú Uimh. 7 (Comhairle Contae Chiarraí, Meitheamh 2012).
- Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015
- Tuairisc um Scagadh Measúnú Oiriúnach do Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015

Ní ligtear do phlean ná do chlár dul ar aghaidh muna gcinntítear roimh ré nach gcuirfear isteach ar bhonn suntasach diúltach ar iomláine suíomh Natura 2000. Nuair nach féidir a léiriú gan aon dabht nach dtarlódh a leithéid de thionchar, caithfear roghanna difriúla a scrúdú chun an baol díobhála do shuímh ainmnithe a sheachaint. Leasaítear nó bainfear codanna, mar chuspóirí nó moltaí, a bhíonn i bplean nó i gclár chun tionchar suntasach diúltach a sheachaint sula gcuirtear i gcrích. Ligtear freisin don phlean nó don chlár dul ar aghaidh má bhíonn dóthain bearta maolaithe nó cúitimh ann chun carachtar an tsuímh as a iomláine a chinntiú.

2. Teideal an Tionscnaimh nó an Phlean

Séard is brí leis an bhfocal 'plean' sa tuairisc seo ná 'Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis (FALAP) 2012-2018' agus ina theannta san an doiciméad 'Athrú Uimh. 7 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015'.

3. Ainm agus Láthair na suíomh Natura 2000

- SAC 000332 - Akeragh, An Bheannach agus Bearrún
- SAC 000343 – Cuan Chaisleán na Mainge
- SAC 000365 – Páirc Náisiunta Chill Airne, Na Cruacha Dubha agus Abhantrach Abhainn Chárthaí
- SAC 000370 - Loch Yganavan & Loch Na mBreac Dearg
- SAC 000375 – Cnoc Bhréanainn
- SAC 002263 – Báire Cheann Chiarraí
- SAC 002070 – Cuan Trá Lí agus Leithinis Na Machairí, siar go dtí An Clochán
- SAC 002172 Na Blascaodaí
- SAC 002185 – Sléibhte Sliabh Mis
- SAC 002261 – Oileáin Na Machairí
- SAC 002262 – Cuan Dairbhre/Caol An Caladh
- SPA 004008 – Na Blascaodaí
- SPA 004011 – Loch Gile
- SPA 004018 – Cuan Trá Lí
- SPA 004079 - Akeragh, An Bheannach agus Bearrún
- SPA 004029 – Cuan Chaisleán na Mainge
- SPA 004125 – Oileáin Na Machairí
- SPA 004153 – Leithinis Chorca Dhuibhne
- SPA 004154 – Leithinis Uíbh Rathach

I dtuairisc an HDA a ullmhaíodh agus an Plean a Dhréachtadh aithníodh na suímh Natura 2000 seo a leanas mar shuímh go bhféadfadh an plean dul i bhdeidhm orthu.

- SAC 000343 - Cuan Chaisleán na Mainge
- SAC 000375 – Cnoc Bhréanainn
- SAC 002172 – Na Blascaodaí
- SPA 004008 – Na Blascaodaí
- SPA 004029 – Cuan Chaisleán na Mainge
- SPA 004153 – Leithinis Chorca Dhuibhne

I **bhFíor 3.1** léirítear na cSAC atá suite laistigh de cheantar an phlean agus i **bhFíor 3.2** tá na SPA atá laistigh de cheantar an phlean. Léiríonn **Fíor 3.3** na príomhghnéithe uisce ar bharr talún agus na lonnaíochtaí atá laistigh de Cheantar an Phlean agus i **bhFíor 3.4** tá láithreacha na suíomh Natura 2000 atá gar do cheantar an Phlean, suímh *ex situ* san áireamh. Is féidir eolas, sonraí, agus léarscáileanna reatha na suíomh Natura 2000 in Éirinn, iad siúd a luaitear anso thuas san áireamh, a fháil ón Roinn Learscáileanna agus Sonraí ar shuíomh an NPWS ag www.npws.ie



Fíor 3.1: Limistéir Chaomhnaithe Speisialta, san áireamh tá Limistéir cheaptha Chaomhnaithe Speisialta



Fíor 3.2: Limistéir Chosanta Speisialta agus Limistéir mholta Chosanta Speisialta san áireamh

Fíor 3.3: Príomhghnéithe Uisce ar Bharr Talún agus Lonnaíochtaí laistigh de Cheantar an Phlean



Fíor 3.4: Suímh Natura 2000 atá gar do cheantar an phlean, suímh *ex situ* san áireamh

4. Cur síos ar an dTionscnamh nó ar an bPlean

San FALAP Daingean Uí Chuis tá straitéis, polasaithe, cuspóirí agus léarscáileanna um úsáid talún don cheantar atá laistigh dá theorainn, san áireamh tá na lonnaíochtaí Daingean Uí Chúis, Abhainn an Scáil, Baile an Fheirtéaraigh, Baile na nGall, Ceann Trá, Dún Chaoin, Lios Póil and An Mhuiríoch. Mairfidh an plean go ceann sé bliana ón ndáta glactha mí an Mheithimh 2012. Cludaíonn an Plean treoir um fhorbartha feidhmíochta chun a chinntiú go gcomhlíontar na haidhmeanna aontaithe, cuspóirí straitéiseacha agus polasaithe. Sa dhoiciméad FALAP Daingean Uí Chúis chomh maith tá polasaí do cheantair thuaithe (An Blascaod Mór san áireamh) nár cuireadh isteach sa Phlean Forbartha Contae toisc go bhfuil dálaí speisialta áirithe ag baint leo.

Dearbhaítear go bhfuil an straitéis do Cheantar an Phlean, mar a mhínítear sa FALAP Daingean Uí Chúis, ag brath ar fhás na lonnaíochtaí trí fhostaíocht a mheallfaidh daoine isteach iontu a chruthú; ar an gcuma san neartófar an déanamh uirbeach agus beidh éileamh ar sheirbhísí áitiúla. Meastar go bhfuil sé ríthábhachtach lonnaíochtaí a thaitneoidh le daoine a sholáthar chun go mbogfar isteach chun maireachtaint iontu.

Ina theannta san cuirtear baile Daingean Uí Chúis chun cinn sa straitéis fhorbraíochta is é ina lárionad forbartha i gceantar an Phlean mar a bhfuil mianach idir eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Laistigh den FALAP tá tacaíocht ag Daingean Uí Chúis agus lucht na lonnaíochtaí beaga is na dúthaí thart orthu ag tarraingt ar an mbaile ar son a gcuid riachtanas in aghaidh an lae. Tá sá tábhachtach freisin go bhfanfaidh muintir na lonnaíochtaí beaga mar a bhfuil acu ionas go mbeidh seirbhísí ar fáil iontu agus iad mar ionaid phobail a bheidh suite idir mhuintir na tuaithe agus na bailte móra sa cheantar.

Tá gá leis an athrú gaolmhar ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 chun zónáil tailte a leasú ionas go gcuirfí san áireamh forálacha an Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme do lonnaíochtaí ceantar an phlean, iad siúd san áireamh atá i gcomharsanacht na lonnaíochtaí de réir an FALAP is in aice leo.

Leasaíonn an t-athrú na zóin ainmnithe laistigh de na lonnaíochtaí úd agus ins na dúthaí máguaird chomh maith. I gcásanna áirithe, bíonn sé i gceist zónáil a leasú lasmuigh de na lonnaíochtaí. Mar shampla i bhFionnn Trá/Imleach Slat, tá suíomh deiseanna suite gar do Cheann Trá. Ina theannta san d'fheidhmeodh an t-athrú Cuspóir SS 3-10(a) den Phlean Forbartha Contae mar a leanas *'pleananna ceantar áitiúla a ullmhú do gach aon cheantar feidhme sa Chontae le linn tréimhse an phlean de réir reachtaíocht lena mbaineann mar na Rialacháin (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) um Phleanáil agus Forbairt 2004'*.

San athrú ligtear do léarscáil a chur isteach a léireoidh fairsinge Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme agus a mharcálann na lonnaíochtaí laistigh den phlean seo. Ar an léarscáil atá mar chuid den athrú/Phlean Forbartha Contae léirítear ceantar an Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme maraon leis na lonnaíochtaí a clúdaíodh maidir le polasaithe, cuspóirí agus forálacha zónála sa Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme.

Mar chuid den athrú, leasaítear léarscáileanna 12.1d, 12.1e, 12.1h, 12.1i de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 chun ceann a thógaint de na leasuithe ar zónáil tuaithe agus de zónail uirbeach na lonnaíochtaí de réir forálacha Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis.

5. An mbaineann an tionscnamh nó an plean seo go díreach le bainistiú na suíomh nó an bhfuil sé riachtanach don chúram? (Luaigh sonraí)

Pleananna um úsáid na talún is ea an doiciméad FALAP agus an Plean Forbartha Contae agus dá bhrí sin ní bhaineann siad go díreach le bainistiú na suíomh Natura 2000 ná níl siad riachtanach don chúram céanna.

6. Seachas an tionscnamh agus an plean atá faoi chaibidil sa mheasúnú an bhfuil aon tionscnamh nó plean eile ina theannta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na suímh? (Luaigh sonraí)

Mínítear na tionscnaimh/pleananna seo sa doiciméad Measúnú faoin dTreoir Gnáthóg (HDA) a bhí in éineacht leis an nDréacht-Phlean Ceantar Aitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis (Imleabhar 3). Go príomha meastar gurb iad na pleananna i dteannta an doiciméad FALAP Daingean Uí Chúis a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shuímh Natura 2000 ná Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 agus Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chiarraí 2008-2012.

7. Mínigh an tionchar (as féin nó i bpáirt) a d'fhéadfadh a bheith ag an dtionscnamh nó ag an bplean ar shuímh Natura 2000.

Tá stráice an-mhór de cheantar an phlean suite laistigh de nó i gcomharsanacht suíomh Natura 2000. Is iad seo a leanas go príomha na ceisteanna tábhachtacha a aithníodh maidir le hiomláine suímh a chosaint:- Soláthar uisce agus hidreolaíocht, cáilíocht uisce, cáilíocht aeir, suaitheadh, satailt agus creimeadh a leanfadh caitheamh aimsire agus turasóireacht, caillteanas/briseadh gnáthóg de dheasca ceisteanna forbairtí, brú ar an gcósta, bainistíocht suíomh agus gnéithe bradaí. D'fhéadfadh forbairtí dul i bhfeidhm, go díreach nó go hindíreach ar an-chuid de na ceisteanna úd.

8. Mínigh cén fáth go Meastar nach mbeidh an Tionchar úd ar bhonn Suntasach.

Ullmhaíodh Measúnaithe faoin dTreoir Gnáthóg in éineacht leis an nDréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis, leis na hathruithe ábhartha molta ar Dhréacht-Phlean FALAP Daingean Uí Chúis agus leis an seachtú athrú gaolmhar ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015. Cinneadh nár dhócha go mbeadh aon tionchar suntasach orthusan ar na suímh Natura 2000. Dá bhrí sin baineann an measúnú atá faoi chaibidil anso leis na leasuithe glactha ar an nDréacht-Phlean (tionchar carnach agus tionchar i bpáirt á gcur san áireamh). Mar chuid den mheasunú seo scrúdaíodh gach aon mhaolú ar leasú/athrú ábhartha maidir le tionchar a bheadh ar shuímh Natura 2000 (féach Aguisín 1 leis an dtuairisc seo).

Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag na leasuithe/athruithe ábhartha molta, mar a maolaíodh, ar shuímh Natura 2000 mar a leanas :-

- Ní chothófar forbraíocht

- Ceapadh iad chun an timpeallacht nádúrtha, bithéagsúlacht san áireamh, a chosaint (féach Alt 10 sa Treoir)
- Ceapadh iad chun an timpeallacht nádúrtha, ailtireachta nó stairiúil a chaomhnú agus a fheabhsú agus ní dócha go raghaidh siad i bhfeidhm ar shuíomh Natura 2000
- Stiúraítear forbraíocht ar bhonn dearfach amach ó shuímh Natura 2000 agus ó láithreacha leochaileacha eile lena mbaineann
- Cinntítear ar bhonn dearfach nach raghaidh cur i gcrích polasaí/cuspóra i bhfeidhm go suntasach diúltach ar iomláine aon suímh Natura 2000, nó
- Féadfar plé le polasaithe agus le cuspóirí ar bhonn *caveat* nó faoi choinníollacha maraon leis an ngá, nuair is cuí, le HDA in aghaidh an cháis aonair.

Tá torthaí measúnuithe cruinn scagtha ar chleachtadh le feiscint in Aguisín 1 leis an ndoiciméad seo.

9. Liosta na nÁisínteachtaí comhairliúcháin

Agus na doiciméid Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis is an dá Mheasúnú idir Straitéiseach Comhshaoil agus Treoir Gnáthóg á n-ullmhú, chuathas i gcomhairle le réimse leathan comhlachtaí idir reachtúla agus eile, na húdaráis chomhshaoil san áireamh.

10. Freagra ar an gComhairliúchán

Tá achoimre ar na freagraí a tháinig isteach ar an bpróiseas comhairliúcháin le feiscint i dTuairisc an Bhainisteora ar na haighneachtaí/tuairimí a fuarthas maidir le Plean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis is i dtuairisc an Bhainisteora ar na haighneachtaí/tuairimí a bhain leis na leasuithe molta.

11. Sonraí a bailíodh don Mheasúnú

- Aithníodh suímh Natura 2000 atá suite laistigh de cheantar an phlean nó lámh leis idir *in situ* agus *ex situ*
- Léarscáilíocht ar suímh Natura 2000 atá suite laistigh de cheantar an phlean
- Learscáilíocht ar na príomhghnéithe uisce ar bharr talún agus ar na lonnaíochtaí atá laistigh de cheantar an phlean (féach ar Dhréacht-Phlean FALAP Daingean Uí Chúis imleabhar 3)
- Aithníodh na fáthanna a bhí le hainmniú suíomh (féach ar Dhréacht-Phlean FALAP Daingean Uí Chúis imleabhar 3)
- Aithníodh na cuspóirí (dréachta) comhshaoil (féach ar Dhréacht-Phlean FALAP Daingean Uí Chúis imleabhar 3)
- Aithníodh na dálaí comhshaoil a bhí riachtanach chun tacú le hiomláine suímh (féach ar Dhréacht-Phlean FALAP Daingean Uí Chúis imleabhar 3)
- Achoimre ar na ceisteanna tábhachtacha a bhí riachtanach chun iomláine suímh a chosaint
- Aithníodh suímh Natura 2000 a d'fhéadfadh a theacht faoi thionchar an Phlean
- Cuspóirí, polasaí agus straitéis i bPlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis agus san athrú gaolmhar/comhlántach

12. Cé a chuir an Measúnú seo i gcrích?

An tAonad um Phleanáil Polasaí i gComhairle Contae Chiarraí a chuir an measúnú seo i gcrích.

13. Foinsí na Sonraí

Bunaíodh an Measunú seo faoin dTreoir Gnáthóg ar an dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag plean nó ag clár ar iomláine suíomh Natura 2000 ar - chomhairliúchán, léirmheas ar an litríocht ar fáil, ar Shonraí reatha Achoimre Suíomh Natura NWPS 2000 a bhain le hábhar, Leasa Cáilithe, Pleananna um Bhainistiú Caomhnaithe agus ar na Cuspóirí (dréachta) Caomhnaithe. Tharla cigireachtaí suíomh/seiceáil fíricí talún maraon le hathbhreithniú ar an Measúnaithe faoin dTreoir Gnáthóg a deineadh le déanaí maidir le pleananna/tionscnaimh eile sa cheantar – mar a bhí Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 agus Dréacht-Phlean um Bhainistiú Abhantrach don Iardheiscirt agus ceantar na Sionainne.

14. Leibhéal an Mheasúnaithe déanta

Scagadh Céim a hAon

15. Cá bhfuil teacht ar thorthaí iomlán an mheasúnaithe agus radharc orthu?

Tá torthaí iomlán an mheasúnaithe laistigh den doiciméad seo. Is fíor áfach go mbaintear an-úsáid as a bhfuil sna doiciméid seo a leanas is dá bhrí sin nár mhór iad siúd a léamh ina theannta; Imleabhar 3 de Dhréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis (Nollaig 2011) agus an Tuairisc um Scagadh Measúnú faoin dTreoir Gnáthóg ar na hAthruithe Molta ar Dhréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí

Chuis (Aibreán 2012) agus ar Athrú Molta Uimh. 7 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 (Feabhra 2010). Tá torthaí an mheasúnaithe úd le feiscint sa tuairisc um Scagadh Measúnú Oiriúnach a ullmhaíodh do Phlean Forbartha Contae Chiarraí.

16. Moltaí agus Cinntí ar an Iomlán

Ar an iomlán cinntíonn an tuairisc seo nár aimsíodh aon tionchar suntasach i bPlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis 2012-2018 ná ins an Seachtú Athrú ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 ag a bhfuil dealramh go raghadh sé i bhfeidhm ar bhonn diúltach ar shuímh Natura 2000.

17. Conas a thángthas ar chinneadh ar an iomlán nach bhfuil aon tionchar suntasach diúltach ar na suímh Natura 2000?

Cinntíodh ar an iomlán nár aimsíodh aon tionchar suntasach ar shuímh Natura 2000 tar éis measúnú modheolaíoch a dhéanamh agus na doiciméid treoracha seo a leanas á gcur san áireamh:-

- RCORÁ (2009) Measúnú Oiriúnach ar Phleananna agus ar Thionscnaimh in Éirinn – Treoir d'Údaráis Phleanála.
- Coimisiúin na hEorpa: *Bainistiú Suíomh Natura 2000. Forálacha Airteagal 6 sa Treoir 'Gnáthóg' 92/43/CEE*
- Coimisiún na hEorpa: *Measúnú ar phleananna agus ar thionscnaimh ag dul i bhfeidhm ar shuímh Natura 2000, Treoir Mhodheolaíoch ar fhorálacha Airteagal 6 (3) agus (4) sa Treoir 'Gnáthóg' 92/43/CEE*
- Doiciméad Treorach ar Airteagal 6(4) den 'Treoir Gnáthóg' 92/43/EEC
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil (RCORÁ) Ciorclán SEA 1/08 & NPWS 1/08 dátaithe 15 Feabhra, 2008.
- An Roinn Comhshaoil (1994). *Treoir Phleanála agus Polasaí: An Dúlra a Chaomhnú (PPG9)* (HMSO).

Agus ceisteanna á n-aithint a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar iomláine na suíomh úd tógadh ceann de réimse leathan fachtóirí, cuireadh san áireamh go bhféadfadh tionchar teacht chun solais sa ghearrthéarma, sa bhfadtéarma nó idir an dá linn, i bpáirt le tionchar eile agus cuimhníodh freisin ar athrú aeráide. Chomh maith leis an méid sin go léir bhíothas thar a bheith cáiréiseach i bprionsabal maidir leis an measúnú seo a chur i gcrích.

Meastar nach dtacaíonn cuspóirí, polasaithe agus an téacs mínithe atá sa phlean mar a glacadh agus an athrú gaolmhar/comhlántach leis, le haon rud eile ach le forbairt inmharthana ar láithreacha oiriúnacha agus gur cinntíodh tríothusan gur cosnaíodh leas caomhnú an dúlra ar shuímh Natura 2000 sa chomharsanacht mar is cóir.

Cinntíonn an tuairisc seo <u>nach</u> beidh aon tionchar suntasach ag Plean glactha Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis ná ag an Seachtú Athrú Molta ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 ar Shuímh Natura 2000.

Táthar den tuairim dá bhrí sin nach bhfuil aon ghá sa chás áirithe seo le Measúnú Oiriúnach Céim II.

Aguisín 1: Scagadh sonraithe do Mhaoluithe Glactha ar na hAthruithe Ábhartha Molta ar Dhréacht-Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis 2012-2018 *

*Níor mhór é seo a léamh i dteannta na ndoiciméad 'Athruithe Molta ar Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Daingean Uí Chúis, 'Athrú Molta Uimh. 7 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015' agus an Tuairisc um Mheasúnú faoin dTreoir Gnáthóg a ullmhaíodh le linn Céim Dréachta an Phlean.

Uimhir an Mhaolaithe Molta	**Baol ar 'Thionchar Suntasach' (san áireamh tionchar carnach agus i bpáirt)**	**Maoluithe Molta/ Cuspoirí Nua / Polasaithe / Téacs Tacaíochta**
Leasuithe Molta (Ginearálta)		
Maolú Uimh1	Gan aon Tionchar Suntasach	Níl aon ghá
Leasú Uimh 2	Gan aon Tionchar Suntasach	Níl aon ghá
Leasú Uimh 3	Gan aon Tionchar Suntasach	Níl aon ghá